



Terms and Conditions of Use of Digitised Theses from Trinity College Library Dublin

Copyright statement

All material supplied by Trinity College Library is protected by copyright (under the Copyright and Related Rights Act, 2000 as amended) and other relevant Intellectual Property Rights. By accessing and using a Digitised Thesis from Trinity College Library you acknowledge that all Intellectual Property Rights in any Works supplied are the sole and exclusive property of the copyright and/or other IPR holder. Specific copyright holders may not be explicitly identified. Use of materials from other sources within a thesis should not be construed as a claim over them.

A non-exclusive, non-transferable licence is hereby granted to those using or reproducing, in whole or in part, the material for valid purposes, providing the copyright owners are acknowledged using the normal conventions. Where specific permission to use material is required, this is identified and such permission must be sought from the copyright holder or agency cited.

Liability statement

By using a Digitised Thesis, I accept that Trinity College Dublin bears no legal responsibility for the accuracy, legality or comprehensiveness of materials contained within the thesis, and that Trinity College Dublin accepts no liability for indirect, consequential, or incidental, damages or losses arising from use of the thesis for whatever reason. Information located in a thesis may be subject to specific use constraints, details of which may not be explicitly described. It is the responsibility of potential and actual users to be aware of such constraints and to abide by them. By making use of material from a digitised thesis, you accept these copyright and disclaimer provisions. Where it is brought to the attention of Trinity College Library that there may be a breach of copyright or other restraint, it is the policy to withdraw or take down access to a thesis while the issue is being resolved.

Access Agreement

By using a Digitised Thesis from Trinity College Library you are bound by the following Terms & Conditions. Please read them carefully.

I have read and I understand the following statement: All material supplied via a Digitised Thesis from Trinity College Library is protected by copyright and other intellectual property rights, and duplication or sale of all or part of any of a thesis is not permitted, except that material may be duplicated by you for your research use or for educational purposes in electronic or print form providing the copyright owners are acknowledged using the normal conventions. You must obtain permission for any other use. Electronic or print copies may not be offered, whether for sale or otherwise to anyone. This copy has been supplied on the understanding that it is copyright material and that no quotation from the thesis may be published without proper acknowledgement.

Tráchtas

dar teideal:

Tadhg mac Gearóid Uí Rodaighe
agus a mhuintir

atá á leagan isteach ag

Ciarán Seosamh Mac Muirí


don chéim Ph. D.

i gCOLÁISTE na TRÍONÓIDE,

OLLSCOIL ÁTHA CLIATH

sa bhliain 2003.

Imleabhar a Dó.



THESIS
7709.2

Clár an Tráchtas

Imleabhar a hAon

An Leathanach Teidil.	Lch.	i
An Deimhniú.		ii
Buíochas		iii
An Achoimre.		v
An Clár.		1
An Réamhrá.		4
Giorrúcháin.		6
1. Tadhg mac Gearóid Uí Rodaighe, ‘an scoluidhe tréitheach’.		7
2. Fionnghuala Nic Con Mara, Bean Thaidhg mhic Gearóid Uí Rodaighe.		31
3. An ‘Treas’ Tadhg nó Tadhg Óg Ó Rodaighe, mac Taidhg.		35
4. Tuairisc lámhscríbhinní a bhain le Tadhg (mac Gearóid) Uí Rodaighe agus lena mhuintir: Leabhair Thaidhg mhic Gearóid Uí Rodaighe.		44
5. Ré na hIarphátrúnachta agus Nótáí Eagarthóireachta		73
6. Eagar ar na duanta seo a leanas gona gcuid nótáí téacs agus leagain lámhscríbhinne.		
(A) Péire a chum Tadhg :		
(i) Tugas tuile tromghráidh duit, (ina láimh féin) ls. 24 P 33, lch. 239; 15 rann deibhí.		79
(ii) Binn le neach a mholadh féin, ls. TCD H. 6. 15, 310 v.; 14 rann deibhí.		91

(B) Duanta a mholann Tadhg agus a mhuintir, as TCD H. 6. 15. agus eile :	
	lch.
(iii) Beannacht uaim ó rún croidhe, lch. 297 v.; seacht rann deibhí.	106
(iv) Niamhadh na huaisle an eagna, lgh. 273 - 278; 52 rann deibhí.	117
A niamhadh in uaisle gan oil, lgh. 278 - 279; ceithre rann deibhí.	
(v) A fhír thaistil chríche Cuinn, lgh. 279, 289, 290 - 292; 34 rann deibhí.	142
(vi) Truagh an mhaidhmsi ar mhaicne hÍr, lgh. 292 - 293; 22 rann deibhí.	157
Oighre Gearóid Dia dhá dhíon, lch. 293 v.; trí rann deibhí.	
(vii) Barr orchra ar fhréimh Rosa, lgh. 294 r.- 294 v.; 17 rann deibhí.	170
(viii) Barr orchra aicme Rosa, lgh. 295 r.- 296 r.; 20 rann deibhí.	181
A dearmad ní dleaghthar dhín, lch. 296 r.; rann amháin deibhí.	
(ix) Lúirioch Chríost fá chosaibh Thaidhg, lgh. 296 v. - 297 r.; 15 rann deibhí.	194
Inghion Donnchaidh an ghlóir ghlé, lch. 297 r.; dhá rann deibhí.	
 <u>Imleabhar a Dó</u> 	
	lch.
(x) A mhic Gearóid an ghlóir ghloin, lch. 297 v.; trí rann deibhí.	206
Triath Mhaigh Réin na mbratach ngeal, lch. 297 v.; rann ógláchais.	
(xi) Fíorchrádh d'Éirinn turus Taidhg, lgh. 298 r.- 299 v.; 35 rann deibhí.	213
Inghion Donnchaidh an ghlóir ghlain, lch. 299 v.; dhá rann deibhí.	
(xii) Cá dream is fearr ná sliocht Ír, lgh. 299 v.- 300 r.; 12 rann deibhí.	233
A ghaol na geuradha nár bhfurus ar tain do chlódh, lch. 300 v.; dhá rann amhráin.	
(xiii) In ainm Chríost an ceangalso, lgh. 300 v.- 301 v.; 18 rann ae freislí.	243
(xiv) Cinnim comhairle le Dia, lgh. 301 v.- 303 r.; 26 rann deibhí & amhrán.	253
(xv) An chraobh chumhra uaim don tsaoi, lch. 304 r.; trí rann deibhí.	269
A shaoi le scaoiltear gach nod, lch. 304 r.; rann ógláchais.	
A chuid ronna de na mnáibh ar leith, lch. 304 v.; rann ógláchais.	
(xvi) Deirbhshiúr don uaisle an eagna, lch. 304 v.; 20 rann deibhí.	276
Go mba buan bail a bhfuil inghean dil déidgheal Donnchuidh, lch. 306 r.	
An screaptra fa ttáirim tugthar uaidhim re deaghthoil, lch. 306 r.; trí rann.	
(xvii) Slán fa éirghe Eilíse, lch. 307 r.; trí rann & amhrán.	297
(xviii) Mó ná mionca triall go Tadhg, lgh. 308 r.- 309 v.; 30 rann & amhrán.	301
(xix) Uaibh mo théarnódh, a Thaidhg chroidhe, lch. 311 r.; dhá rann séadna.	318
(xx) Is gnáth dhá naomhadh Síol Róigh, lch. 311 v.; ceithre rann deibhí.	320

(C) Ábhar ar léirigh Tadhg spéis ar leith ann :	lch.
(xxi) Laoi na mBuadh, (ina láimh féin) TCD H. 5. 19, 77.	327
(xxii) Suaitheantas Chlann Iosrael : Aithne dhamh gach meirge mór (ina láimh féin) ibid., 139 et seq.	338
 (D) Dánta a bhain le Tadhg mac Taidhg Uí Rodaighe, TCD H. 6. 15. :	
(xxiii) Maith tráth do thraigheacht, a Thaidhg, 303 r.- 304 r.; 12 rann deibhí.	351
(xxiv) Aoinsciath chosnaimh na cceall, 304 r.;trí rann deibhí.	361
 Aguisíní :	
(A) Donnchadh Mac Con Mara (mac Donnchaidh mhic Sheáin Riabhaigh)	367
(B) Ruaidhrí Ó Seachnasaigh	369
(C) Eolas ar Mhuintir Rodaighe, nó Rodacháin: Comharba Chaillín	372
(D) - (F) Trí alt Laidine a leagaim ar Thadhg	380-381
 Clár na bhFoinsí.	382
 Treoir na Sleachta Filíochta :	
(A) An Ghluais.	390
(B) Clár Ainmneacha(daoine, leabhar, déithe srl.)	407
(C) Clár Logainmneacha.	413
 Clár na Línte Tosaigh.	414
 Clár na bhFilí.	415

A mhic Gearóid an ghlóir ghloin

TCD H. 6. 15., 297 v. - 298 r.

Ó Raghnallach, Tomás, 1938, 371.

McAdoo, H. R., 1939, 161-162.

Peadar Ó Maoil Chonaire a chum.

Scríobh Muiris Ó Nuabha an nóta seo a leanas, as an lamhscriúbhinn os a chomhair, is dócha, mar mhíniú ar an bhfocal ‘ollamhnacht’ roimh an dán gairid seo :

Ollamhnacht, *eadhon* spré nuachair, *eadhon* eadach go coitchionn do bhi Tadhg do chongbail go hainndlightheach ó Pheadar Ó Maol Chonaire.

(H. 6. 15., 297 v.)

Ciallaíonn ‘ollamhnacht’ *the office of an ollave*’ de réir DIL agus roinneann an fhoinsé chéanna samplaí linn ina luaitear ‘ard-ollomnacht Ulad’, ‘ard-ollamhnacht Connacht’, ‘cathaoir ollamhnacht chóiged Chonnacht’, ‘ollamhnacht Eirenn’, ‘cuairt ollamhnachta’ agus ‘ollamhnacht Í Uid *the bardic estate of Ó hUid*’.

Is spéisiúil faoin ngluaiseas thusa gur ‘éadach’ a luadh a bheith á choinneáil go haindleathach ó Pheadar. Luaitear an ‘tuighean’ i scéal aighnis ollúnachta, Immacallam in Dá Thúaradh (Henry, P. L., 1978, 49). Tharla Néde mac Adna a bheith ag siúl le cladach lá gur chuala foghar is glór caointe ar an toinn :

Chaith sé briocht nó ortha ar an tonn le go léireofaí dó cad a bhí cearr. Léiríodh dó ansin gur ag caoineadh a athar Adna a bhí an tonn agus go raibh Ferchertne file ceaptha ina chomharba d’Adna agus go raibh ollúnacht Éireann is an fhallaing a ghabh léi ina sheilbh (ibid.).

Chomh maith le suí i gcathaoir an ollaimh, ghabh sé an tuighean uime. Míníonn Henry an tuighean :

Fallaing ollaimh ba ea an tuighean. Bhí trí dhath ann, eití geala éan i lár baill, breacarnach, *findruine* in íochtar agus dath órga in uachtar. (ibid., 50)

Measadh gur cumasc de ‘tugae’ > tuí agus ‘én’ ba bhun leis an bhfocal seo, ‘tuigen’ > tuighean. Faoin bhfocal ‘tuigen, tugen’, míntear gurbh é ‘*a mantle worn by poets acc.*

to Corm. made of birds' skins (feathers ?)' (*DIL*) Níor ghlac cách leis an tsanasaíocht sin áfach :

Atkinson, Laws Gloss., suggests that this may be merely for sake of etymology : t. quasi togen i. a toga ... aliter: tuighen i. tuge en [= én], ar is do chroicenib en [= én] finn & ildathach dognither in t. filed ó a chris sí, & do bráigdib cailech loichen (lachan v.l.) & dia cuircib ó c[h]ris súas co [a] mbráigit. (*ibid*)

‘Spré nuachair’, nó ‘éadach’ a luas ó chianaibh le gluais tosaigh an dáin seo thíos. Ba nós é sin a mhair anuas fada go leor. Bhí trácht in Albain, anuas go deireadh an 17ú haois, ar éadach a bheith á bhronnadh ar an bhfile i ndiaidh na bainise :

Ba é éadach an fhir a d’éisíodh an file in Albain, áfach - ‘The Poet or Bard had (formerly) a title to the Bridegroom’s upper Garb, that is, the Plade and Bonnet, but now he is satisfied with what the Bridegroom pleases to give him on these occasions’. (Williams, J. E. & Ní Mhuiríosa, M., 1979, 179)

Luach airgid, cúig ghní, a luaitear le dán dar chum Muiris Ó Gormáin don Príomhrúnaí rialtais, Sir George Macartney, chomh deireanach le 1772 AD. (*ibid.* 180). Ba roimhe sin i bhfad a mheath córas na pátrúnachta, áfach, agus ní baol go mbeadh scór de mhuirear, nó de thromdháimh, ag an bhfile in am Pheadair Uí Mhaoil Chonaire. Is léir fós féin nár bh aon ribín réidh é, mar fhile, an fear céanna. Níor chuir aon fhile eile an oiread saothair air féin is a chuir seisean ag moladh Thaidhg Uí Rodaighe. Nuair a áirítear na ceithre dhuan eile a chum sé agus ceithre rann an chinn bhig seoanois, cuimsíonn sé 91 rann filíochta ar fad do Thadhg agus dá bhean. Níorbh ionadh ar bhealach, gurbh é siúd file an éilimh ‘Ollamhnachta’ seo.

Caithfear an rann seo a leanas, as áit eile sa lámhscríbhinn chéanna seo, a lua anois mar go mbaineann sé go dlúth le hábhar :

A uí Rodaighe an ghlóir ghlain,
a Thaidhg an aighnigh (sic) uasail,
a chrann connail gan dorrdhacht,
tabhaigh gach am mh’ollomhnacht. (H. 6. 15., 306 v.)

Tá an chuma air mar rann go bhfeilfeadh sé idir rann 1 agus 2 thíos, sin, nó mar dhúnadh, dá mba rud go dtosófaí an duan thíos leis an líne ‘M’ollamhnacht uasal gan mhraig,’ is é sin, dá dtosódh sé le rann a dó. Tá an rann céanna, focal ar fhocal nach mór, sa chuid eile de lámhscríbhinn Mhuiiris Uí Nuabha atá anois in Acadamh Ríoga

Éireann. Is dhá chuid d'aon lámhscribhinn ó cheart an dá cheann acu, ceann Choláiste na Tríonóide agus ceann an Acadaimh. An leagan atá san Acadamh:

A uí Rodaighe an ghlóir ghlain,
a Thaidhg an aignigh fhortail,
a chraín chonnail gan dorrdhacht,
thabhaigh gach am m'allamhnacht. (RIA 23 L 34, 154)

Cuireadh an rann deiridh sin i leith Pheadair mac Fhir Fheasa go sainiúil :

Peadar mac Fhirfeassa uí Mhaoil Chonaire, cecinit (*ibid.*).

An raibh an file i ndáiríre faoi éileamh na hollúnachta, an spré nuachair, nó arbh é an chaoi nach raibh ann ach leithscéal aige leis an dán a chumadh? Is cosúil go raibh míshásamh áirithe air ceart go leor. Níor ina aonar as féin a tugadh an rann sin ‘A uí Rodaighe an ghlóir ghlain’ mar a léiríodhanois díreach. Cuireadh an rann dar túis ‘Fa ghníomhra meastar mac ríogh’ leis i lámhscríbhinn Choláiste na Tríonóide (TCD H. 6. 15., 306 v.). Tugtar le fios sa lámhscríbhinn sin gurbh é ‘Goffraigh Fionn Ó Dálaigh, ardmhaighistir i ndána ríogh’ an té a chum an dara rann, ach snaidhmeadh ina chéile an dá rann (*ibid.*). Ní miste an dara rann úd a roinnt anseo, gona għluais bheag ar Ghofraidih Ó Dálaigh ina dhiaidh :

2

Fa ghníomhra *meastar* mac ríogh,
'na bprabscór meas taobh re taobh,
fa dheaghstair na ndeaghmhac ríogh,
meastar gníomh na *seangslat* saoí.

Arsa Goffraigh Fionn Ó Dálaigh, ardmhaighistir i ndána ríogh. Cuma mac ríogh gan gníomh, *et is* fíor sin. (ibid.)

Leis an tagairt don chaint a leagtar ar ‘goffraigh fionn ó Dálaigh’, is é is dóigh gur féile mar chodarsna ar an nganntar, ganntar Thaidhg Uí Rodaighe atá i gceist. Ba é Gofraidh Fionn Ó Dálaigh an té a cheap an duan iomráiteach ‘Filidh Éirionn go haointeach.’ (Williams, J. E. & Ní Mhuiríosa, M., 1979, 165).

Is é is dóigh gurbh fhearr é Peadar nach mbeadh aon daille air i dtaoibh a chúlra litríochta. Ba é a athair, Fear Feasa Ó Maoil Chonaire, fear de na Ceithre Máistrí (Walsh, P., 1947, 61). Ba é a shin-sin-seanuncail, Muirghius mac Páidín Uí Mhaol Chonaire, an té a leasaigh agus a nuachóirigh seanleabhar Chaillín do Thadhg mac

Taidhg, mhic Uilliam Uí Rodaighe sa bhliain 1516 AD, is é sin, do shin-sin-seanathair Thaidhg mhic Gearóid Uí Rodaighe (Walsh, P., 1947, 53, 54, & agúisín 2). D'aistrigh Muirghius *Visio Thugdali* go Gaeilge mar *Aisling Tundail* (Williams, J. E. & Ní Mhuiríosa, M., 1979, 142). Bhain sé le Leabhar Bhaile Uí Mhaoil Chonaire agus le leagan de Lebor Gabála Érenn chomh maith (Walsh, P., 1947, 34). Ba é Flaithrí Ó Maoil Chonaire, col ochtair a athar mhóir, an fear a d'aistrigh saothair mhóra go Gaeilge agus a shaothraigh an Ghaeilge féin agus an Laidin agus a bhí ina ardeaspag ar Thuaim lena linn (O'Rahilly, T.F., 1955, xiii - xiv).

Is féidir gur mhothaigh Peadar mac Fear Feasa Uí Mhaoil Chonaire tábhacht, ar bhonn na sinsearachta mar sin, le duais na dáncheirde a fháil ó Thadhg mac Gearóid Uí Rodaighe. Nuair a chuimhnítéar nach raibh de mholadh ar Thadhg i líne ‘c’ an rainn bhreise, ach gur ‘chrann connail’ é Thadhg agus gur dúradh ann nach raibh sé dorrga, rithfeadh sé leat nár de thimpiste a chuaigh an rann de leataobh le blianta. An méid sin ráite, meabhraímis freisin i dtaca le ‘spré nuachair’ i ngluas an duain seo idir lámha againn, go bhfuil cuma na hoifigiúlachta ar dhuan eile an ffile a raibh comóradh bainise iníon cheleamhnaí Thaidhg Uí Rodaighe mar sprioc aige, ‘In ainm Chríost an ceangalso’ (TCD H. 6. 15., 300 v.). Má bhaineann an dá dhuan lena chéile, is dóichí ná a mhalaírt gurbh é an ceann eile a ceapadh i dtosach agus gur éileamh i ngeall air siúd is ea an duan seo, ‘A mhic Gearóid an ghlórí ghloin’.

Ba údar aoire, tráth den saol, bó a thabhairt ar dhán :

Ro-cúala, ní tabair eochu ar dúana,
do-beir a n-í as dúthaig dó,
Bó! (Ó Fiannachta, P., 1974, 73)

‘Each’, ‘bó’ nó ‘brat’, bhí ré na pátrúnachta sna smeachanna deiridh le héileamh Pheadair Uí Mhaoil Chonaire, ní foláir. Níl a fhios againn ar suaimhníodh a mhíshásamh, ach níor tugadh faoi Thadhg ní ba thréine ina dhiaidh sin, go bhfios dúinn, ar aon chuma.

A mhic Gearóid an ghlóir ghloin

TCD H. 6. 15., 297 v.

Ó Raghallaigh, Tomás, 1938, 371

Peadar Ó Maoil Chonaire a chum.

Ollamhnacht, *eadhon* spré nuachair, *eadhon* éadach go coitchionn
do bhí Tadhg do chongbháil go hainndlightheach ó Pheadar Ó Maoil Chonaire.

1

A mhic Gearóid an ghlóir ghloin
seach¹ oram, amharc mh' easbhaigh,
mo cheart ná léigidh fa lár,
beart nach féidir do² iompádh.

830

2

Mh'ollamhnacht uasal *gan* mhairg,
dúinn/e] tabhaigh, a thréanTaidhg;³
d'fhior, donaide a chion sa chol,
sonaide an teagh ó dtugthar.

835

Ós

lch. 298 r.

3

Ós tusa thuigios *gan* sal,
foghlaim na bhfádh 's na bhfeallsamh,
a fhréamhaigh an Eoil⁴ ághaigh,
treoir déanaidh dár ndeagh-bhráthair.

940

A Mhic. *et cetera.*

4

Triath Mhaigh Réin⁵ na mbratach ngeal,
tearc neach ag nach bhfuil a ghrádh,
Ua Rodaigh mhóir Mhuighe Sléacht,⁶
nár mhuigh⁷ éacht dá ndearna a lámh.

.....

An rann breise :

TCD H. 6. 15., 306 v. = *H*

RIA 23 L 34, 154 = *L*

5

A uí Rodaighe *an* ghlóir ghlain,
a Thaidhg an aighnigh uasail,
a chrann connail gan dorrdhacht,
tobhaigh gach am mh'ollomhnacht.

845

Foinsí : TCD H. 6. 15., 297 v. - 298 r. agus 306 v.

Teideal : Ní teideal ó cheart atá os a chionn, ach gluais ar an bhfocal ‘Ollamhnacht.

An Mheadaracht

Deibhí na trí rann, $7^x + 7^{x+1}$

Ógláchas ar an Rannaíocht Mhór is ea an ceathrú rann, $7^1 + 7^1$.

Deibhí an rann breise, $7^x + 7^{x+1}$

Cuibheas déanach : Seachas 3c/d ághaigh : ndeagh-bhráthair, comhardann gach rinn agus ardrinn i rainn 1-3. Comhardadh slán i rann 4 b/d : ghrádh / lámh.

Cuibheas inmheánach : Comhardadh faoi dhó c/d i rainn 1-3 agus 5. Aicill i rann 4, a/b : ngeal / neach; c/d : Sléacht / éacht.

Uaim : Ar gach líne na rann 1-3 agus 5. Ar líne c amháin i rann 4 : móir / Mhuighe.

Is í an uaim an lúb ar lár sa rann deiridh, tharla cuibheas inmheánach ar línte a/b, comhardadh slán c/d.

Níl dúnadh an dáin i rann 4.

Léamh na Lámhscríbhinní

(*Gluais* :) Ollamhnacht eadhon spré nuachair eadhon eadach go coitchionn / do bhi Tadhg do chongbhail go hainndlightheach ó Pheadair Ó Maol Chonaire.

1 a ghloir ghloin; 1 b oram amhairec mheasbhaigh; 1 c na léigigh fa; 1 d féidir do iompádh; 2 a Mhollamhnacht; 2 b dhuinn tabhaigh a thréuntaidhg; 2 c dfior donaide, chionn; 2 d o ttugthar; 3 b bfallsamh; 3 c a fhreamhaigh, Eóil agháigh; 3 d treoir déanaidh dar ndeaghbhrathair; 4 b aig; 4 c mhuighe sleucht; 4 d mhuíghe éucht da ndearnaigh. 5a uí *H*, ghloir *L*; 5b a thaidhg *HL* fshortail *L*, 5d tabhaig, mhollomhnacht *H* chrainn chonnaill, *L*, 5d thabhaigh gach am mallamhnacht *L* dorrdacht *H*; Peadar mac firfeassa uí Mhaoil chonaire cecinit *L*. (*Gluais* :) Airse goffraigh fionn ó dálaigh, árdmhaihdistir an dana ríogh, gníomh, as.

Nótaí

1. ‘Seach oram’ atá sa ls. Bheadh cathú ar dhuine glacadh le ‘féach orm.’ Is féidir gur ‘féach’ a bhí i gceist an chéad lá riabhach gur léadh an litir ‘s’ in áit ‘f.’
2. ‘Do’ mar shiolla ann féin, seachas ‘d’iompádh.’
3. Níl ach sé shiolla ar líne na lámhscríbhinne. Chuireas leasú idir lúibíní ann, ‘dúinn[e].

4. ‘an Eoil’ : Measaim go dtagraíonn seo do ‘Eolas,’ fear de shinsir Thaidhg as ar ainmníodh an treibh, Muintir Eolais. Bunaíodh an t-ainmfhocal ar an ainm.
 5. Magh Réin : Deisceart Liatroma.
 6. Magh Sléacht : Iarthar an Chabháin in aice láimhe.
 7. Bhaineas siolla breise as le ‘mhuighe’ > mhuigh.

Béarla ar ‘A mhic Gearóid an ghlóir Ghloin’

1

O son of Gearóid of the clean speech
passing me, look to my need,
my rights do not overlook,
a present which is not possible to forestall.

2

Cause my faultless noble professional due
to be given to me, o strong Tadhg;
worse is the man for his sin of violating a vow,
happier is the house from which it is given.

3

As you are one who clearly understands
the learning of the prophets and the philosophers,
o descendant of the valorous Eol,
give direction to our good brother. O son. et cetera.

4

Prince of Magh Réin of the bright flags,
few are they who do not have his love,
the great Ó Rodaighe of Magh Sléacht
who never boasted of any feat done by his hand.

An rann breise:

O Ó Rodaighe of the clear voice,
O Tadhg of the noble mind,
O prudent bulwark without gruffness,
cause every time my professional due to be given [to me].

Fíorchrádh d'Éirinn turas TaidhgTCD H. 6. 15., 298 r. - 299 v. = *H*;Maigh Nuad M 8, 365 = *M*;Coláiste Cholmáin 23, 263 = *F*

Ó Raghallaigh, Tomás, 1938, 372-378

Diarmuid mac Laoighsioch Mhic an Bhaird a chum.

Is duan sách fada an ceann seo a chum Diarmuid mac Laoighsioch Mhic an Bhaird, file a luadh le Contae an Dúin sa réamhrá a ghabhann leis an duan i lámhscríbhinn TCD H. 6. 15. (298 r.). Níl an réamhrá úd i lámhscríbhinn Mhaigh Nuad ná i lámhscríbhinn Choláiste Cholmáin, Mainistir Fhear Maí, ná ní thugtar ach fiche rann i leagan an dá lámhscríbhinn sin. Tugaim réamhrá Choláiste na Tríonóide thíos roimh an duan. ‘Laoiseach Dubh’ a tugadh ar athair Dhiarmada sna trí lámhscríbhinní. Cheap Diarmuid Mac an Bhaird duan eile darb ainm ‘A Chormaic, cuimhnigh an chóir’ agus cheap fear de mhuintir Dhonnghaile, Eoghan mac Séamais Óig Uí Dhonnghaile, duan a fhreagair é darb ainm ‘Is nár an scéal so teacht dá thigh.’ (Ó Fiannachta, P., 1973, 67, & Ó Fiannachta, P., 1972, 117). Tá an péire seo, ‘A Chormaic, cuimhnigh an chóir’ agus ‘Freagra ó Eógan ó Dongaile’ i lámhscríbhinn Choláiste Cholmáin, Mainistir Fhear Maí, CF 23, ceann i ndiaidh a chéile (CF 23, 259 - 260 & 260 - 261). Ina ndiaidh arís atá ‘Fíorchrádh d'Éirinn turas Taidhg’ (ibid., 263).

Is léir go raibh féith na filíochta in athair Dhiarmada freisin mar chum seisean, Laoiseach Mac an Bhaird, ceithre dhuan (Walsh, P., 1947, 152).

Marbhna is ea an dán seo a cumadh sa bhliain 1691, cé nach raibh Thadhg marbh ag an am :

34

Míle sé chéad deich ’sa haon,
is ceithre fichid fíorchaomh,
ó thocht Dé *gan* chol, *gan* chalg,
go cré do chur *ar* chaomhThadhg. (TCD H. 6. 15., 299 v.)

Thug Seán Ó Donnabháin tuairisc ar aois Thaidhg i gcountas a scríobh sé Mí Iúil na bliana 1845. Bhí Thadhg ag bordáil ar cheithre scór go leith bliana d'aois sa bhliain 1702 AD. (Todd, J. H., 1846, 118). D'áirigh Tomás Ó Raghallaigh 1706 mar bhliain a bháis do Thadhg sa teideal a chuir sé síos dó ina leabhar *Filí agus Filidheacht Chonnacht* : ‘Tadhg Ó Rodaighe agus a Sgoil 1623 - 1706’ (Ó Raghallaigh, T., 1938,

350). Bhí Ó Raghallaigh ar na dátaí céanna leis an bhfeair a chuaigh roimhe, Tadhg Ó Donnchadha, a d'fhoilsigh *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe* sa bhliain 1931 :

Deir Ó hArgadáin (Hardiman) gur rugadh Tadhg san bhliain 1623, agus go bhfuair sé bás 1706 (Ó Donnchadha, T., 1931, xxix).

Bhí John Logan arís ar na dátaí sin (Logan, J. *Breifne* 1971, 324). Tá údair *Beathaisnéis 1560-1781* ag teacht le bliain a bháis freisin (Ní Mhurchú, M. & Breathnach, D., 2001, 167). Má bhíothas ag cur is ag cúiteamh faoi am a bhreithe, lean cách le tagairt a bháis don bhliain 1706.

Más leathbharrúil é féin mar scéal is a rá gur le barr míthuisceana a ceapadh marbhna Thaidhg Uí Rodaighe cúig bliana déag roimh a bhás, d'fhéadfadh sé comharthú ag an am céanna nach rómhinic a theagmháiodh an bheirt acu lena chéile (Logan, J., 1971, 324). ‘Marbhna’ a tugadh air i réamhrá an duain agus dúradh gur sheol Diarmuid chuig Tadhg ar ball é nuair a tuigeadh dó Tadhg a bheith ar mairthinn fós :

... ar chlos a bháis do Dhíarmuid mac Laoighsioch *Mhic an Bháird* i gCondae an Dúin, duine rófhoghuma, príomhfhear dána do righne an marbhna seo dó, agus do chuir chuige í iar ttáin. (TCD H. 6. 15., 298 r.)

Is é dualgas na filíochta atá á chomhlíonadh anseo trí dhuine a mhóradh go poiblí scathamh maith i ndiaidh an bháis, seachas an caoineadh pearsanta mar a dhéanfadh bean ghaoil i dteach an tórraimh nó í ag leanacht taisí an mhairbh chun na reilige.

Tharla gur ceapadh marbhna i gcás Thaidhg agus é ina bheatha, is féidir a lua mar mhíniú ar sin, go raibh sé ar a sheachnad ag an am i ndiaidh eachtraí na bliana 1689 AD. Cuidíonn dhá nota leis an tuairim sin. Breacadh an nota seo a leanas i lámhscríbhinn TCD H. 6. 15., mar réamheolas le ‘Sadly Irelands care, and fatal loss of late,’ an marbhna Béarla do Ruairí Ó Seachnasaigh :

Ó Sheaghnasy came home sick, not wounded from ye battle of Boine where King James and ye Irish were routed by the Prince of Orange and died at Gort 11-7-1690. Thady Roddy was then living in ye County of Clare at Deradda within 4 miles of Gort. (TCD H. 6. 15., 271)

Scríobh John Logan faoi ar an dul sin, san iris *Bréifne*, Tadhg a bheith ar a sheachnad :

... and with its [an Pharlaimint] passing he took refuge in Co. Clare with his wife's family at Deradda..... (Logan, J., 1971, 324).

Tugann nóta eile, a cuireadh leis an duan 'Barr orchra aicme Rossa', le fios gur díshealbhaíodh Tadhg ceithre bliana ina dhiaidh sin :

'as a thigh, do righne sé a gCarraig an tSleabháin, agus iar ccennach na háite go mistéurtha, míbhéusach gan fhios do Thadhg anno domini 1694 do rinneadh an cleas air Thadhg'

(TCD H. 6. 15, 294 r.)

De réir an réamhrá a ghabh leis an duan thíos 'Fíorchrádh d'Éirinn turas Taidhg' i lámhscríbhinn Choláiste na Tríonóide, bhí scéala a bháis ag daoine in 'íochtar Connacht' chomh maith le Contae an Dúin. An dtarlódh míthuiscent mar sin ina cheantar dúchais féin mura raibh an luайдreán á scaoileadh thart d'aon aidhm? Ní miste cuimhneamh ach an oiread, go mb'fhéidir nach raibh sa dán seo i ndeireadh thiari thall, ach cuid den uisce faoi thalamh a bhain leis an am corraitheach sin i ndiaidh Chogadh an Dá Rí. Ba ghá dhá bheochaoineadh le Seán Clárach Mac Domhnaill a thabhairt slán ó mhuintir Dawson faoi leath tosaigh an 18ú aois (Ní Mhurchú, M. & Breathnach, D., 2001, 78). Cé nach bhfuilim le dóigh a dhéanamh dem' bharúil sa chás seo, an féidir nach raibh sa duan an chéad lá riámh ach sciath thar lorg do Thadhg go dtí go síothlódh saol na cogáiochta?

Ní raibh an rann áirithe sin (r. 34) ina bhfuil trúcht ar bhliain chumtha an dáin roimh Sheán Ó Laochadh sa tréimhse 1745 -'47 agus é ag scríobh lámhscríbhinn Choláiste Cholmáin, ná ní raibh sé roimh Sheághan Ó Muláin, an té a scríobh cóip Mhaigh Nuad (M 8, 365) den duan 'Fíorchrádh d'Éirinn turas Taidhg' thart ar 1817 (CF 23, 263 & féach Clár I, 76, 320). Bhí abairt teidil an dá lámhscríbhinn móran díreach mar a chéile freisin :

Diarmuid mac Laoisigh dhvibh mhic Bhaird cecinit do Thaidg ó Rodaighe anaímsir an choga. Anno Domini 1691. (CF 23 263 & M 8, 365)

Tá péire Mhaigh Nuad agus Choláiste Cholmáin gearr. Níl ach 20 rann acu. Is ionann rann 17 acusan agus rann 18 Choláiste na Tríonóide. Is ionann rann 18 acu agus 19 cheann na Tríonóide agus is ionann 19 acusan agus 20 TCD. Críochnaíonn an péire ar fhiche rann an ceann ar an bhfocal 'ccómhdháil', rud is ionann agus rann 21 TCD. Fanaim i dtaobh le lámhscríbhinn Choláiste na Tríonóide, dar dáta 1711 - 1715, le cruth a chur ar uimhriú na rann thíos.

D'fhéadfaí a shamhlú go furasta gur chúrsaí polaitíochta a thug Diarmuid Mac an Bhaird agus Tadhg Ó Rodaighe le chéile. Is eol dúinn Tadhg Ó Rodaighe a bheith saíte i ngnóthaí na Parlaiminte dhá bhliain roimhe sin, mar atá pléite sa tráchtas seo cheana. Ghlac Diarmuid páirt i gconspóid filíochta inar scríobh sé duan eile fós darb ainm 'Lámh Dhearg Éireann Uíbh Eachach.' (Maigh Nuad M 3, 43). Is amhlaidh a cháin Diarmuid fear darb ainm 'Cormac' as a bheith ag iarraidh armas Uladh a ghoid (Knott, E., 1922, iml. 1, lch. xvii). Ní fios dúinn sloinne an Chormaic seo ach mheasfainn go bhféadfaí an obair chéanna a chuíseamh ar éinne de mhuintir Uí Néill, tharla gur acusan an t-armas agus an mana 'Lámh Dhearg Éireann.' Feictear d'údar amháin de chuid an lae inniu an scéal a bheith droim ar ais, is é sin, gurbh ó mhuintir Uí Néill a fuair an cúige an t-armas :

... the most famous family of Ulster, from whose arms the famous Red Hand symbol is taken (Bell, R., 1988, 209).

Bhí iomrá ar Chormac mac Sir Féidhlim Uí Néill, feisire do Pharlaimint Rí Séamas, le linn Diarmada mhic Laoisigh Mhic an Bhaird agus is dó siúd a chum Tadhg Ó Rodaighe an duan 'Tugas tuile tromghráidh duit' (RIA 24 P 33, 239).

.....

TCD H. 6. 15., 298 r.

‘Fíorchrádh d’Éirinn turas Taidhg’

Ar ndul do Thadhg Ó Rodaighe go Contae an Chláir, *agus* dá mhuintir, an dara bliain den chogadh, *Anno Domini* 1689, aithrisíodh go coiteann a bhás faoi íochtar Connacht, *agus* faoi Chúige Uladh in *gach* áit a raibh eolas *air* (cé go raibh beo i bhfad ina dhiaidh sin). Ar chlos a bháis do Dhíarmuid mac Laoighsioch *Mhic* an Bháird i gContae an Dúin, duine rófhoghlama, príomhfhear dána, do rinne an marbhna seo dó, *agus* do chuir chuige í i ndiaidh tamaill.

Diarmuid mac Laoisigh Dhuibh, *Mhic an Bhaird* do Thadhg Ó Rodaighe in aimsear an chogaidh, Anno [Dominii] 1689.

1

Fíorchrádh d'Éirinn turas Taidhg
go crích Mhumhan is mórmhairg,
cúis do ísligh eagna so,
grísnimh¹ gach freagra an fearso.

850

2

Do ísligh uaisle gach am,
do laghdaigh séan na saorchlann,
do thuras is táir gach tan,
donas na ndámh dá dhearbhadh.

855

3

Truagh an scéal do scaoileadh sonn,
ó Thadhg fhial ba chaoin cumann,
a bhás do thocht i gcrích Chuirc,
díth is docht² ná gach díoghait.

860

4

Do shíol Róigh is rann cumhadh
bás Taidhg, trá, dhá athrughadh,
fíoroil a ráidhim gan rath,
ní áirmhim ríoghfuil Ruarcach.

5

Do chrú Chonchobhrach *Connacht*,
a bhás-san is buantromolc,
in anchruth ón díoghail dúr
's d'fhíorfhuil Mhanchach ní mórchlúdh.

865

6

Róchóir dóibh aonbhrón uile,
fá rath Thadhg³ Ua Rodaighe,
roighne gach seanfhóid 's a snas⁴
fá oidhre Ghearóid ghríobhdhos.⁵

870

de léan
H lch. 298 v.

7

Do lean ar Chúige *Connacht*,
mar tá riamh, ba rán tromolc,⁶
samhail Taidhg d'imtheacht aisti,
cailg go gcinn-teacht tubaiste.

875

- 8
- Do thimchill an turbhaidh⁷ thoir,
 Laighnigh, *Muimhnigh de mhórmhaidh*,⁸
 (óigfhear⁹ umhal ba bhuaine)
 's cóigeadh curadh Craobhruaidhe. 880
- 9
- Do shear¹⁰ iúl agus aithne,
 do leonadh na lántoirthe
 san uairse 's gach tan faoi shal
 's uaisle *gan* bhladh dá bhás-san.
- 10
- Mairg* (ó'r imghidh a aithghin)
 do Chruachain, do Chonmhaicnibh,
 searc-chlanna 's *gach* goil ba ghlé,
 's a bhfuil eatorra uile. 885
- 11
- Do thimchill troiméag an óig,
 lán d'urbhaidh *agus* d'urchoid,
 ó Chorcaigh mhóir go Macha,
 róimh¹¹ fhortail¹² gach ealatha. 890
- 12
- Sa mBéarla Theibidhe¹³ trá,
 ba chursóir glan *gan* iar-ghná,
 ar Ladin 's i mBéarla bhil,
 ' chaidriomh a dtéarma thuirmhidh.¹⁴ 895
- 13
- Fuair ó Dhia intleacht ardghlan;
 'na chorp, trá, do tiomargadh,
 gléire *gan* aithis, *gan* on
 's féile maithis do mhóradh. 900
- 14
- Caillín do gheall eacht oile,
 do mhórchloinn réidh Rodaighe,
 trí buadha¹⁵ d'fhágbháil orra,
 cuana ógnáir¹⁶ anradha :
- 15
- Buaidh féile *agus* gaiscigh ghrinn,
 buaidh foghlama go foirtill,
 fian fódghráidh, slata go seadh,
 d'fhágbháil aca dá éis-sean. 905

16		
Na trí bhuadha sa mbuadha, bhíodar ar Thadhg thréan-Chruachna,	910	
's a lán d'iolbhuadhaibh oile, lámh fhionnfhuaraidh ¹⁷ antoile.		
17		
Do choiseonadh Tadhg don thír, buadha an cheartnaoimh Caillín,		
	mar	
	<i>H lch. 299 r.</i>	
mar bheith ¹⁸ neart an bháis dá bhrefh, Páis a cheart ar gach caoimhchleith.	915	
18		
Cosmhail bhós re bás oile, fuair laoch de fhréimh Rudhroighe in gach cás, (cé cailg breise) le ¹⁹ bás Taidhg, mo thruaighese.	920	
19		
Gluaisis macaomh grinn goile go magh Mumhan d'áiridhe roighin ar thréanaibh ba teann d'fhéaghain oirir na hÉireann.		
20		
Dobhéar uaim d'iúlfhios scoile, ainm an uasail d'áiridhe, slat fhírfhial, crobhaing gan choir, Írial mac Conaill Chearnaigh.	925	
21		
Tar éis cuarta do chur dhó Írial, ba líofa an laochso, tig teachtaire Dé 'na dháil, beachtruire nár chlé i gcomhdháil.	930	
22		
An teachtaire seo, gá dtám ris, truagh ná tréan ní théid thairis, gníomh gan chleith is cná an curso, gan bhrefh den tsaoighalso. ²⁰	935	

23

An bás bhiothchnaoidhios *gach* fial,
 goiris an t-áirsidh Írial,
 go ndeach, d'éag i Mumhain mhóir,
 curaidh *gan* bhéad ba bhronntóir.

940

24

Do thuit Ulaidh d'éis an óig
 i *gceas*²¹ cumhadh san urchoid,
 gurbh í úidh *gach* aoin aca,
 gan súil le craoibh churata.

25

Mar do thuit meas mhacraidh Ír,
 tar éis Irial crann cinfl,
 cúis do loit síoth is sultrath,
 do thuit an chríoch *C[h]onnachtach*.

945

26

Mar buaidhreadh trí bhás Iriail,
 Clann Rudraighe róthuirghliaidh²²,
 do bhean tolg d'Éirinn *gach* am,
 fá Thadhg an séimhgrinn súlmhall.

950

27

Is mó an scéad scaithfios Éireann,
 de mhúchadh sa móirléigheann,
 gníomh ór faon an slógh solaíd,
 'na drong caomh dá gcuradhaibh.

955

28

Do cnaidheadh *Connachtaigh* sonn,
 d'éag an uasail *gan* iomroll,
 's a churaidh claoen *gan* mheanma
 solaíd a ghaol ghineamhna.

960

29

Iúl na hÉireann d'imthigh lais,
 ó lucht suaitheanta seanchais,
 ionnas nach feas d'aon aca,
 cionnas bheas gaol glanmhaca.²³

30

Ar an Laidin do luigh meirg,
 Gaodhealg ghlan faoi dhíbhfheirg,
 tar éis éaga Thaidhg Teamhra,
 'stréada i gcailg chinneamhna.

965

iúl.
H lch. 299 v.

- 31
- An uaisle go héinirt de,
a-tá sí *gan* treoir inn-te,
gníomh do scrios an t-aos ághach,
gan fios aos ná annálach. 970
- 32
- Is baintreabhach dhúr dhona,
dhá éis-sion gach ealadha,
gach lá, dhá lot mar *gach* dall,
gan chorp, trá, is *gan* anam. 975
- 33
- Dá mba í toil Dé na ndúl,
ba chóra Tadhg do théarnúdh,
ná cré do chur ar a chorp,
an cur nár clé in *gach* tábhocht. 980
- 34
- Míle sé chéad deich 's a haon,
is ceithre fichid fíorchaomh,
ó thocht Dé *gan* chol, *gan* chalg,
go cré do chur ar chaomhThadhg.
- 35
- Ár mbeannacht ris rádh go gcéill,
Rudhraidheach rathmhar rúinréidh,
laoch séimhghrinne 's gach nós nár nár,
do Éirinn fós is fíorchrádh. 985
- Fíorchrádh d'Éirinn. *et cetera.*
- 36
- Iníon Donnchaidh an ghlóir ghlain,
fuair sise go fíor turbhaidh,
trí bhás Taidhg *an* toirbhirt thim,
cailg is oirdhirc fá Éirinn. 990
- 37
- A slán a²⁴ aithghin oilé
d'fhagháil don chloinn chumhraighe,
sás déinimh dín don *deaghfhóir*,
Éimhir, Ír, nó Eireamhóin. 995
- Inghion, *et cetera.*

Foinsí : TCD H. 6. 15., 298 r. - 299 v., Maigh Nuad M 8, 365 - 367 agus CF 23, 263.

Teideal : Réamhrá mar atá, leasaithe, thus dar tosach ‘Ar ndul do thadhg ó Rodaichc co Conntae an Chlair.’ TCD H. 6. 15., 298 r.

An Mheadaracht

Deibhí $7^x + 7^{x+1}$

Níl ach sé shiolla ar líne 22d. Is féidir gur fágadh an focal ‘trá’ nó a mhacasamhail as an lámhscríbhinn, tharla an focal ‘cná’ os a cionn.

Cuibheas déanach : An rinn agus an airdrinn ag comhardadh seasta. Samplaí den chuibheas ina gcuirtear guthaí fada is guthaí gearra chun a chéile agus siolla amháin fada sa rinn ag 10c/10d : glé/uile; & 21a/21b : dhó/laochsa. Tagraíonn Cáit Ní Dhomhnaill don ‘chuibheas neamhgnách’ seo :

Amach ón difear idir fada is gearr, is leor comhchaol nó comhleathan an dá ghuthaí inchuibhis. Dá bhrí sin, cuirtear -á le -a, -é le -e (nó le -i), -í le -i (nó le -e), -ó le -a (nó le -o in áit -a), (Ní Dhomhnaill, C., 1975, 28 - 29).

Cuibheas inmheánach : Comhardadh slán faoi dhó in gach comhad seachas corrshampla den chomhardadh briste, thuras : donas 2c/d; goil : bhfuil 10c/d. Is fearr a dhéanfadh an focal ‘locht’ céile cuibhis do ‘corp’ ná an focal ‘lot’ i rann 32 c/d, ach ‘lot’ atá sa lámhscríbhinn.

Uaim : Cloíonn go dlúth le huaim. Uamann dhá fhocal ar gach líne síos a fhad le rann a 9c, mar a bhfuil sí ar iarraigdh. Níl mórán línte gan uaim ina dhiaidh sin : 32 d, 34a agus 36b agus tá fíoruaim ar iarraigdh ar líne 33d.

Léamh na Lámhscríbhinní

CF 23, 263 = F

TCD H. 6. 15., 298 r. - 299 v. = H;

Maigh Nuad M 8, 365 - 367 = M;

(As *H*, An Réamhrá :) .. do thadhg ó Rodaichc co Conntae an Chlair, *et* da mhuinntir; bliadhain don chogadh, *anno Domine* 1689. do haithrisiugh co coitcionn a bhas fa iachtar Connacht, *et* fa choigeadh Uladh an gach ait; *elous air* (ce go raibh beo a bhfad

na dhiaigh soin) ar chlos a bhais do Dhíarmuid mhic Laoighsiocc, *mhic* an Bháird i gcondae an dúin, duine ro fhoghluma, priomfhear dána do righne an marbhnae sa do, *et* do cuir chuige í iarttái.

1 a Fíorchradh *F* Fiorchrádh *M* deirinn *F* deírind *H* deírinn *M* turus *H* turras *M* Thaidhg *F* Tádhg *M*; 1 b críoch *F* chríoch *M* crich *H* Mumhan *F/M* as *H/M* mor mhairg *F/H*; móirmhairg *M* 1 c cuis *F* is *F/M* ísle *M* do isligh *H* eagnaso *M*; 1 d grisnimh *H* grísneimh *M*; freagradh *F* 2 a Do isleagh *F* Do isligh *H* Do ísleagh xaisle [*cealaithe le poncanna*] *M* ám *F* amh *M*; 2 b laghdáigh sén *H* sean *M*, saorchland *H* saóschlan *M*; 2 c do thurus *H* dá thuras *M* as *H* tár *M*; 2 d donnas da *H*; 3 a Truaigh *F* Truadh *M* sgéal *F/H/M* saoileadh *F* sgaoileadh *H* saoileadh *M*; 3 b fhíal *H* budh *F* badh *M* caoin *F/H/M* cúman *F* coman *H* cuman *M*; 3 c agcríoch *F* ccríoch *H* ccríoch *M* Chuirc *F* Cuirc *M*; 3 d diáoth *F* dith *H* dioth *M*, na gach *H* diáothait *F* dioghait *H* docht *M*; 4 a Ríogh *F* Ríogh *M*, as *H* rann *H/M*; 4 b taidhg *H* taídhg dá *M* thrá dha *H*; 5 c fioroil *H/M* airbhim *F* aráidhim *M*; 4 d ní áirbhim *H/M* Ríoghfuil Rúarcach *M*; 5 a Conchubharach *F* chonchúbhair *M*; 5 b a bhásan *H* abás san *M* as búantromolc *H* is trómolc *F/M*; 5 c ananchruth *H* anan chruth *F/M*, dúir *F/M*; 5 d sdfíorfhuil *F/H* sdfhiorfhuil *M* Mhancach *F* Manchach *H*; morthludh *F* 6 a Ro choir *F* Rochóir *H* Ró chóir *M* dhaibh *F/H* dháibh *M* aon bhráon *M*; 6 b fa *H* rath Thaidg *F* rath thadhg *H* ua *F/H* úa *M* Ródáighe *F* Rodaíghe *H* Ródáighe *M*; 6 c roíghne *M*, sa snas *H*; 6 d fa oighre *F/H*, oidhre *M* gheáróid *H* Gearóid *M* Ghríobhdhos *F/M* ghriobhdhos *H*. (*ar bun lgh. 298 r.*) do lean. 7 a Do *F/H/M* lean *F/M* air *M*, choigeadh *F* choigiodh *H/M*; 7 b ta *H* atá *M*, fa *F/H* sa *H* rántromolc *H* rántrómolc *H*; 7 c samhuil *F* Taídhg *F/M* dimtheacht *F* Dimtheacht *H* eisde *F/M* eisdi *H*; 7 d calg *F/H* ccinniocht *F* ccinniocht *H* cínteacht *M* tubaisde *F/M* tubaside *H*; 8 a Do thimchil *F/H* Do timchill *M*, túrbhaidh toir *M*; 8 b laíthnigh *M* do *H/F/M* mhormhaidh *H* Múmnaigh *M*; oigfhear *F*, buaine *F* 8 d sgóigeadh *F* scoigiodh *H* sgáigadh currradh *M* craobhruadhe *F* craobhruaidhe *H* Craobhrúaidhe *M*; 9 a Do fhearg *H* iul *F/M*; 9 b do leónadh *H* do leónnadh *M* lantorrtha *F* torrrtha *M*; 9 c uairsi *H* uairso *M* sgach *H/M*, fa *F/H*; 9 d suaisle *F/M* súaisle *H*, bladh *F/H* bhladh *M* da bhásan *H* bhásan *M*; 10 a or *H* ór *F/M* imghidh *F/H/M*, aithchin *F/H* aithghein *M*; 10 b do chruachain *F/H* do Chrúachuinn *M*, choimhcainibh *M*; 10 c searc chlanna *F* searc-chlanna *H* searcchlanna *M* sgach goil fa gle *F/H/M*; 10 d sa *H/M* eatorrtha *F/M* eatorra *H* uille *M*; 11 a Do thimchil *F/H* Do timchill *M* trom eag *F/M* troiméig *H*, óigh *M*; 11 b lan *H* durbhaidh *F/H* dúrbhaidh *M*, durchoid *H* dúirchoid *M*; 11 c Chorcaigh *F* Chorca mhoir *H*; 11 d róimh *H/M* foirtail (.i.laidir os cionn na líne) *H* ealadhna *F* éaladhna *M*; 12 a Is an *F/H/M* mbearladh *F/M* mBérla *H* téibídhe *M*; 12 b badh *F/H* cúrsóir *F/M* cursóir *H*, íarghna *H* iargná *M*; 12 c i *F* Laitinn *M* sa mbearladh *F* mBerla *H* bearladh *M*; 12 d caidriomh *H* coidriomh *M* attéarmo *F* attéarma *H*

attearmodh *M* thuirmidh *H* thírmidh *M*; 13 a Fúair *M* inntleacht árdghlan *F/H* árd ghlan *M*; 13 b na chorp *H* na corp *M* thrá *H*, tiomhargadh *F* thiomargad *H* tíomarccaidh *M*; gleire *F* 13 c don aithis gan olc *M*; 13 d sféile *F/H* is féile *M*, is daonnacht *F* is d'aonnacht *M*; 14 b [] mhor chloinn *F* mhór chláinn *M* réigh *F* réigh Réigh *M* Rodaíghe *F* Ródaíghe *M*; 14 c tri buadha (*scriosta* : sa mbuadha) *H* búadha *M* dfaghbhail *H* dfhágbhil *M* orra *F/H* órra *M*; 14 d cuanna *F/H/M* ognár *F* ógnár anrata (*os a cionn* i. roneartmhar) *H* o onnar *M* anrata *F/M*; 15 a Buadh *F* Bíúadh *M*, eag *F/M* gaisge *F* gaisgeadh grinn *M*; 15 b buadh *F* foghluma *F* fogluma *H* fóghlumtha *M*; 15 c fían *F* fian *H* fiad *M* fódghraíd *F* fhód ghráidh *M*, is brigh *F* seadh (*os a cionn* i. mbrígh) *H* ag brígh *M*; 15 d dfágbhail *F* dfágbháil *H* dghágbáil *M* acca *H* aco *M* da *H/M* éision *H* eision *M*; 16 a buada *M*, mbúadha *M*; 16 b bhadar *F/H* bhádar *M* air *F/M*, Thaidg *F* Tadhg *H* thréanchruachhna *F* thrénchrúachna *H* tháidhg tréanchsúana *M*; 16 c sa *H/M* lón *F* diolbhuadhaibh *F/H* d'bhuadaibh solle *M*; 16 d lamh fhionfhuardh *H*, fuair laoch *F/M* do *F*, phréimh *F/M* Rúghraighe *F* Rúghríge *M*; 17 a Do choiseónadh; 17 b Caillaín; (*or bun lgh.* 298 v. :) mar; 17 c bhas da; 18 a Cosmhail *F/H* Cosmuil *M* bhós *F* bhos *H/M* oille *M*; 18 b fúair *H* fionnfhuaradh *F* fionnfhuarad *M* ántoile *F* anntoile *M*, Rudhráighe *H*; 18 c an gach *F/H/M*, gidh *F/M* giodh *H*, calg *F/M* breisi *H*; 18 d lé *M*, Taidg *F* táidhg *M*, Thruaighese *F* thruaighsi *H* trúaghéire *M*; 19 a macaoibh grinn *M*; 19 b maigh *F* máigh Múmhán *M*, madh *H*, dáiridhe *F* dairidhe *H* dáirridhe *M*; 19 c roíghin air *M*, trenaibh *H* badh *F/M* teánn *M*; 19 d déaghaín *F* dféghain *H* déagáin *M*, héireann *F* heirionn *H* héirionn *M*; 20 a bhear *F* úaim *H* diuifhios *F* diúlfhios *H/M* sgoile *F/M*; 20 b ainim *F/M* dáiridhe *F/H* dáirridhe *M*; 20 c flaith *M* fhíorfhial *F* fhioruasal Chrobhaing *M*; 20 d Íríall *H* Irail *M*, Chonnill *M* Cearnaig *F* cheáarnaigh *H* cheáarnaig *M*; 21 a eis *F* cúarta *H* chúarta *M*, chor *F/M* do *F* dhó *H*; 21 b Írial *H* Iariail *badh M*, líomtha *F* liomhtha *H* líomhtha *M*, laochsa *H* laochíd *M*; 21 c dé na *F/H/M*; 21 d beacht Ruire *M* nar *F* chle *H* clé *M*, ccomhdháil *F* ccómhdháil *H* a ccómhdháil *M*;

(As ls. *H amháin feasta* :) 22 a teachtairisi, gá ttám ris (*faoiin líne* 2; *de leataobh* 2 ttám); 22 b na trén; 22 c gniomh, as, cursa; 22 d bhreith don tsaoghalsa; 23 a fíal; 23 b társidh; 23 c neach dég; 23 d béd, bronntoir; 24 a deis; 24 b i cceas; 24 c gur bhí, aoín; 24 d suil re; 25 a ÍR; 25 b Iríal; 25 c cuis, sith; 25 d chrioch; 26 a tré, Iríal; 26 b rothuirghliaidh; 26 c Tolg Déirinn; 26 d fa, iúlmhall; 27 a As, sgéal sgaithfhiós Eirionn; 27 b do, moirleighionn; 27 c or faón; 27 d na, ccaomh da curadhaibh; 28 a craidhiodh Connachtaicc; 28 b déag; 28 c sa curaidh, meanma; 28 d gheineamhna; (*bun lgh.* 299 r :) iúl; 29 a Iul na heirionn dimthigh lais, 29 b suaithionta; 29 c daon; 29 d glanmhacha; 30 a laidin; 30 b gaoidhealg, fa dibhfheirg; 30 c teamhra; 30 d stréda i ccailg; 31 a hinirt de; 31 b ata, innte; 31 c

sgrios, taos; 31 d áos na annalach; 32 a As baintreabhthach; 32 b dha éision, Ealadha; 32 c da lot; 32 d corp thrá; 33 a Da mad, dé; 33 b ba cora, thearnudh (*gluais os a cionn* : i. *teacht as*); 33 d cle an, tabhocht; 34 a chéud. deich, sa háon; 34 b cheithre fithchid fíorcháomh; 34 c dé, calg; 34 d chaomhthadh; 35 a Ar, ris rad, cceil; 35 b Rudhraidiach Rathmhar; 35 c sgach; 35 d do eirinn, as fíorchradh. Fíorchradh Deirinn. *et cetera*.

36 a Inghion, ghloir; 36 b sisi, turbaidh (*gluais os a cionn* : i. tubaisde); 36 c tre; 36 d cailg ás, fa Eirinn; 37 a aithchin (*gluais os a cionn* : i. a shamhail); 37 b dfaghail; 37 d ÍR, nó Eiriomhóin. Inghion ET *cetera*.

Nótaí

1. grís nimh : grís, compds. grís nim glowing virulence : íslig grís nim anfuid th'intinne. *DIL* Is é Tadhg neartnimh gach freagra; is é Tadhg a fhreagródh gach ceist.
2. Is ait nach í an fhoirm threise ‘doichte’ atá againn anseo, ach d’fhoinn comhardaigh le ‘thocht’ ar 3c a fágadh le ‘doch’’ sinn.
3. rath-Tadhg : Ní gann eiseamláirí an chineáil chumaisc seo. Mar ‘... caomh-Thadhg’ atá sé ar líne 34 d an duain seo féin.

Tuiseal ginide : ... laoch-Thaidhg (IX 13b); agus tuiseal gairme : a thréan-Thaidhg X 2b; as an dá dhuan ‘Lúireach Chríost fá chosaibh Thaidhg’, uimhir IX an tráchtas seo, agus ‘A mhic Gearóid an ghlórí glain’ uimhir X an tráchtas (TCD H. 6. 15., 297 r. agus lch. 297 v. faoi seach).

4. sa snas : snas B, snas nó sal an pheacaidh *DIL*;
snas³ slime, mould, scum, stain. *Ó Dónaill*
5. Ghearóid ghríobhdhos : gríobh + dos. 2 dos : poet of the third year or fifth grade. ..insce duis denam lánchor láide, ceathrur do dus. *DIL* Is cosúil go raibh meas ar athair Thaidhg mar fhile.
6. rán tromolc : rán, aidiacht o/á-tamhan (< ro-án) very noble, pre-eminent, srl. Compds. ránfher, ránghlé, rántor. *ibid.*
7. turbaidh : turbaid 1, (b), aimbhriathar disaster, srl. *DIL*
8. mórmhaidh : (?) maidhm 2, an briathar, var. maidh, maigh. *Ó Dónaill* Is ionann ‘maígh’, i gcás gáire, agus ‘leathnaigh’, leathnú gáire ar éadan duine. Is féidir gurb ainm briathra a chiallódh ‘mórmhaidhm’ atá anseo.
9. óigfhear : Comharthaíonn ‘cóigeadh’ ar líne d nach ‘ógh-’ atá anseo. óg (f) common in compds ... in sense entire, complete. *DIL*
10. Do shearg : Do fhearg atá i lámhscríbhinn H. Is dócha gur léadh ‘f’ in áit ‘s.’ ‘Do shearg’ atá ag F/M.
11. róimh : róm (< Róm) ag tagairt sa chás seo do Thadhg Ó Rodaighe féin atá an ‘róimh.’ *DIL*

12. fhoirtil : B'fhearr 'fhortail' mar chéile comhardaigh le 'Chorcaigh'. Is é H an léamh is gaire dó: foirtail.
13. Sa mBéarla Theibidhe : Bélrae io-tamhan, n. also bérла (note -rl- in Wb. ex. cited below, 1 (a) Speech, language ... 2 In various technical phrases of special forms of language. Of the five divisions of Gaelic ... *DIL*
14. thuirmidh : ? tuirmech, aidiacht o/á-tamhan, numerous. *DIL* Sin an chiall is soileire mar aidiacht. '-dh' is ea an consan deiridh, áfach.
 tuireamh, tuireadh & tuirmhim ag an Duinníneach agus ciallanna 'enumerate', 'reckon', 'celebrate' agus 'lament' leo (Dinneen, P., 1927). Séimhiú ar an 'm' atá i samplaí an Duinnínigh, ach 'm' lom atá ar an lámhscríbinn. An féidir gur foirm éigin den mhír bhriathair 'tarmi-' é, móide foirceann eile? 'derives', 'across', ba chiall dó i gcás mar sin? *DIL*
 tuirmech o/a-tamhan (tuirem) numerous, prolific (?) famous (?) ... See tairbech. Tairbech See tairptech. tairp(th)ech o/a-tamhan ... Strong, violent, vigorous, impetuous. ... ? Cf. tegait go tric tairptennta 'haughtily (?)' *DIL*
- Bhí ainmfhocal ann a raibh 'd' ina deireadh: tormaid (toirm) a-tamhan resounds, makes a loud noise *tourmaid* [fogur in gotha] *ibid*.
- B'fhéidir gurbh fhearr an chiall sin a léamh leis anseo.
15. trí buadha : Áirítear iad sa chéad rann eile. Bua na féile, bua na gaiscíchóchta agus bua na foghlama.
 Scríobhadh 'sa mbuadha' ar an líne seo freisin, ach cealaíodh le poncanna arís é. Ní foláir gur tharla iomrall súile - homoteleuton - ó líne 16a.
16. ógnáir anradha : Scríobhadh '*eadhon roneartmhar*' os cionn na líne.
17. fhionnnshuaraidh : ind(fh)uaradh u-tamhan later o, ... (a) act of cooling, refreshing; coolness.. *DIL*
18. bheith : 'bheith' atá sa lámhscríbhinn. Is ionann 'do bheith' agus 'do bheadh' (Bergin, O., 1931, xx).
19. Cosúil fós le bás .. (18a) ... le bás Taidhg, ... 18d. Tá comhréir na habairte as alt anseo. Ní gá athbhuelle an réamhfhocail.
20. Níl ach sé shiolla ar an líne seo.
21. ceas cumhadh : Imirt ar 'ces noíden' na n-Uladh.
22. ró+thuir+ghliaidh < gleo (c) o, m. gs. gliaidh, ... A fight, a combat. *DIL*
23. glanmhaca : Tá an 'c' séimhithe sa lámhscríbhinn. 'glanmhadha' atá ag Ó Raghnalláigh (1938, 377) sa leagan foilsithe. 'C' lom atá mar chéile comhardaigh sa rinn roimhe, 'aca.' *DIL* macu (moccu), nó foirm áinsígh iolra an ainmfhocail 'mac' 1 (b) mar ginideach iolra?
24. Gluais os cionn na líne : *eadhon* a shamhail.

Béarla ar
'Fíorchrádh d'Éirinn turas Taidhg'

1

Tadhg's journey is a great torment to Ireland,
to the territory of Munster, it is a great anguish,
this matter has depressed morale;
a burning venom to every question (was) this man.

2

Nobility weakened every time,
the joy of the noble families lessened;
of a trip, it is an eternal degradation,
the misery of the literary caste affirms this.

3

Pitious the news that broke here,
from generous Tadhg whose friendship was perfect;
that his death has come in Munster,
is a loss more severe than all punishment.

4

To the progeny of Róch, a matter of sadness
is the death of Tadhg, which moreover, changes them,
a true upset, say I, lamely,
not to mention the royal sept of Ó Ruairc.

5

To the Ó Conchobhair family of Connachta,
his death is a heavy lasting blow,
{wretched are they by the evil punishment,}
and to the true-blood of Fir Manach it is not good news.

6

Too meet is it for them all, the choicest of all old homesteads and
their best, to be in complete sadness
about the successful Tadhg Ó Rodaighe,
because of the heir of the warrior-poet Gearóid.

7

It lead on to the province of Connachta
like it has heretofore been, it was an eminently heavy blow,
that the likes of Tadhg should leave it
is a loss with certainty of disaster.

8

The disaster rounded to the east
 (on) the Laighin, (on) the Muimhnigh of a great burst (?),
 (a young humble man who was most constant)
 and (on) the champions' province of the Craobh Ruadh.

9

Knowledge and recognition withered,
 the full fruits were damaged
 on this occasion and every time, defiled,
 and nobility without esteem because of his death.

10

Woe from whom his like has gone
 to Cruachain, to the Conmhacne
 lovable peoples in every finest valour
 and (to) all those who live among them.

11

The serious loss of the youth went around
 (full of harm and malice)
 from great Corca (Caisil) to (Eamhain) Macha,
 strong principle seat of all learning.

12

In the Abstractive Dialect indeed,
 he was a neat leader without distress,
 at Latin and in sweet English,
 dealing with their resounding turn of expression. (?)

13

He received from God a clean noble intellect,
 in his being, moreover, was brought together
 faultless and stainless distinction
 and an admiration of goodness in abundance.

14

Saint Caillín promised on another occasion
 to the great people of placid Rodaighe,
 to bestow on them three gifts,
 the modest young valiant families.

15

The gift of generosity and keeness of arms,
the gift of great learning,
(he) would leave to them in his wake,
a band who love the land, vigorous youths,

16

The three gifts and their accomplishment
strong Tadhg of Cruachain possessed
and many other innumerable gifts,
a hand to cool evil inclination.

17

Tadhg would defend for the country,
the true saint Caillín's gifts
were it not for the strength of death taking him;
Passion is the entitlement of every fine chief.

18

Like another death still
which took a hero of the race of Rudhraighe,
in every way, although of greater pain,
is the death of Tadhg, alas.

19

A youth of keen valour went
to the plain of Munster, certainly,
(the choicest of the stout heroes)
to see the territory of Éire.

20

I will relate scholastic knowledge,
the name of the noble precisely,
a youth of generosity, a faultless family,
Irial, the son of Conall Cearnach.

21

After his paying a visit,
Irial, a warrior proper was this hero,
a real lord who was never wrong in conference.
a messenger from God came to him,

22

This messenger, in short,
does not pass by the wretch or the powerful
(this is an undisguiseable and fretful matter)
that he doesn't remove, indeed, from this life.

23

Death which wastes away all the warm-hearted,
called the venerable Irial
so that he died in vast Munster,
a champion without bad tidings who was a bestower.

24

After the youth died Ulster fell
into a sadness-sickness from the injury,
so that everyone of them felt that
no valiant champion was to be expected.

25

As the esteem of the youths of Ír fell
after Irial the leader of the tribe,
something which spoiled peace and success of pleasure,
the territory of the Connachta fell (also).

26

As the Clanna Rudhraige of great combat
was upset by the death of Irial,
Éire was overcome by an onset
about the placid-keen Tadhg of the lingering knowledge.

27

This is a tremendous story which will wear down Éire
by means of the quenching of higher learning,
a matter from which the successful people are weak,
their champions are a retiring group.

28

The people of Connachta are exhausted here,
as a result of the passing of the noble, without flaw,
and his battered champion is dispirited,
advantageous is his consanguinity of birth.

29

The knowledge of Éire has passed with him
from the well known group of historians,
so that none of them know
how the genealogy of the pure families will be.

30

Latin has become rusted
good Gaeilge is being plundered
since Tadhg of Teamhair has died
and droves [are] in a treacherous destiny.

31

(All of) the nobility is enfeebled as a result of it,
is weakened by it,
a matter which has ruined the warrior class,
without knowledge of generations nor chronicle.

32

A poor dour widow is
every art in his wake,
each day, being injured like every blind person,
bodiless, indeed, and without a soul.

33

Were it the will of the God of nature,
Tadhg should more properly recover
than have clay put on his corpse,
a warrior who was not wanting in all importance.

34

One thousand six hundred, ten and one
and four score truly fine
from Gods birth faultlessly, without deception,
until the clay was put on fine Tadhg.

35

Our blessing - it is a profound word -
a successful placid-in-purpose man of the Clann Rudhraighre,
a mild discerning warrior who was admirable in every way,
to Éire it is still a real torment.

A great torment to Éire. et cetera.

36

The daughter of Donnchadh of the mellifluous voice,
she truly suffered a tragedy
through the death of Tadhg of the tender presentation,
the most illustrious loss in Éirinn.

37

I challenge her to obtain his likes again
for the pleasant family,
the means of protection for the virtuous tribe,
Éimhir, Ír and Eriomhóin.

Daughter et *cetera*.

Cá dream is fearr ná sliocht Ír?

TCD H. 6. 15., 299 v.

Níc Philibín, Mairgréad, 1938, 111-113.

Éamonn Ó Caiside, mac Néill Ruaidh cecinit

I dtaca leis an bhfilíocht agus muintir Chaiside de i gcoitinne, tá a fhios againn gur le gnóthaí leighis a tháinig siad i dtír leis na cianta, ach go ndeachaigh fear sé nó seachrán díobh ag saothrú fonn na filíochta ó am go céile. Shíothlaigh Gilla Mochuda Mór Ó Caiside sa bhliain 1143 A.D. agus cáil na filíochta air. Tháinig blaiseadh de shaothar Thomáis Uí Chaiside, nó An Caisideach Bán mar is fearr aithne air, anuas chugainn le béalaithris chomh maith leis an bpeann (Nic Philibín, M., 1938, 15). Ceathrú tosaigh an naoú haois déag, is é is dóichí, scríobh an tAthair Ambrose Cassidy an dán ‘Ó d’imthigh Mac an Amha, úrsgoth na cléire’ (RIA 1287). Bhásaign an tAthair Ambrose in aois 69 bl. sa bhliain 1824 A.D. agus tá sé curtha i reilig na Corradh, Co. Liatroma. Tharla gur i gcomharbacht ar an Athair James Forde, Inis Mhic Craith, Co. Liatroma, a tháinig an tAthair Ambrós sa bhliain 1801 A.D. (Mc Kiernan, F. J., 1972, 370). B’fhéidir gurbh é an tAth. James Forde an ‘Mac an Amha’ seo, recte Mac Con Shnámha, gurbh ‘úrscoth na cléire’ é.

Níorbh é ‘Cá dream is fearr ná Sliocht Ír’ an t-aon dán a cheap Éamonn Ó Caiside do mhuintir Rodaighe. Chum sé duan deibhí 27 rann atá cúpla leathanach eile amach sa lámhscríbhinn seo, ‘Cinnim comhairle le Dia’ (TCD H. 6. 15., 301 v.). Cheap sé leis, trí rann agus amhrán do dheirfiúr Thaidhg Uí Rodaighe, Eilís. ‘Slán fá éirghe Eilíse’ is ainm dó agus is deas an sampla casbhairdne é (ibid., 307 v.). Scríobh Éamonn duan eile ag móradh Thaidhg Uí Rodaighe é féin. Is é sin, ‘Mó ná mionca triall go Tadhg.’ Scór go leith rann ar an rannaíocht mhór atá ann agus arís, is snasta an iarracht í (ibid., 308 r.).

Glastar leis gur bhain sinsear Éamoinn Uí Chaiside le Fir Manach (Nic Philibín, M., 1938, 99). Ba sheanbhunadh tábhachtach iad a áiríodh i measc ‘da comarba decc M’Aodhócc’ a fheiseadh Rí na Bréifne :

Is amlaíd so riogthar ri Breifne i. da comarba decc M’Aodhócc do techt ’na thimcell, & prosesum do denam doibh i. O Fairceallaigh & O Fergusa O Sealbaigh & O Connachtaigh & Magechrain Ó Dubhtaigh & O Duibhghennain & **O Caiside**; comarba Caillin, & comarba Cruimtir Fraoch, & comharba espucc Fionn con. Ocus íad-sein ina thimcell... (CELT).

Chum Éamonn dhá dhán mholta d'fhear de Shíol gColla, Brian Mag Uidhir. ‘Faoilidh Teamhair, Teafa is Fiadhmaigh caoimh’ agus ‘Faoilidh Fir Manach anocht’. Tá sé rann déag sa chéad cheann acu agus scór go leith rann sa dara ceann. Táid in eagair ag Mairghréad Níc Philibín sa leabhar *Na Caisidigh agus a gCuid Filidheachta* (120 - 130). Tá an dán seo thíos, ‘Cá dream is fearr ná sliocht Ír’ in eagair aici ann freisin chomh maith le dáonta eile dá chuid (*ibid.*, 111 - 113).

Tharla ‘conspóid’ mar a tugadh air, idir beirt, ‘Gearit O Cuilean a fryer’ agus ‘Émond mhac Néill Ruaidh’áirithe. Mheas Robin Flower go mb’fhéidir gur Raghallach é an tÉamonn sin, ach shíl Cuthbert Mhág Craith ‘nár leor sin leis an scéal a chur ó amhras.’ (Mhág Craith, C., 1980, 265). Tháinig Standish Ó Grady níos gaire do láthair sa *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Museum* nuair a shamhlaigh sé fear thaobh eile na conspóide le Fir Manach seachas an Cabhán, ar an mbun gur Raghallach fear acu (O’ Grady, S., 1926, 605 - 606). Is é is dóichí gur i ngeall ar an líne (4a) : ‘Ata an da bhreifne aig eagcaoin ’s gan bó aca,’ a shíl O Grady gur **Chú** Chonnacht Mag Uidhir a bhí i gceist leis an tagairt (4b) ‘na caolchoin on Éirne ata beo bradach.’ (Mhág Craith, C., 1980, 265). Is léir gurbh as Fir Manach agus an Bhréifne an bheirt fhile a cheap an chonspóid bheag seo. Ó thaobh na Bréifne de, tá muintir Cullen neadaithe in iarhar an cheantair agus bhí muintir ‘Collian’ áirithe le fáil i gContae Liatroma le fada an lá. Tugadh maithiúnas do ‘Une O Collian of Droymororie, Tirlaugh O Colliaghe agus Ferrall O Collian of same’ (= Drummury, Cill Fhearga, an lae inniu?) in aonáireamh le Ruarcaigh, Clann Tiarnáin agus eile de réir Fiant Eilíse na bliana 1590 (15th Rept. P.R.I., 1883, 125). Is cosúil, measaim, gur le fear den mhuintir Collian sin, a bhí an chonspóid agus cé déarfadh nár bh é Éamonn Ó Caiside an ‘Éamonn mac Néill Ruaidh’ a bhí ag dul i dtreis focal leis? Ba é sin ainm a athar mar a tugadh é os cionn an duain mholta seo thíos do Thadhg Ó Rodaighe, ‘Cá dream is fearr ná Sliocht Ír’ (TCD H. 6. 15., 299v.).

An duan atá idir lámha againnanois, ‘Cá dream is fearr ná Sliocht Ír,’ d’ainneoin easpa uama na chéad líne agus d’ainneoin an cuibheas inmhéánach a bheith lag, is deas an dán deibhí é, i ngeall ar an oiread tagairtí atá ag Éamonn do phearsana na litríochta.

Is léir ar ainm an dáin ‘Cá dream is fearr ná Sliocht Ír’ gur á cheistiú féin roimh ré a shaoil filíochta atá sé. Is intuigtheas ainm an dáin eile ‘Mó ná mionca triall go Tadhg’ go raibh Éamonn ag taithiú ‘brugh’ Thaidhg ar bhonn seasta agus gur mór an buntáiste aige Tadhg agus an scoil dá chuid. D’fhéadfaí a shamhlú mar sin go bhfuil saothar Éamoinn mar atá sé sa lámscríbhinn seo, TCD H. 6. 15., leagtha amach in ord ceart am a cheaptha.

Éamann Ó Caiside, *mac Néill* Ruaidh cecinit.

1

Cá dream is fhearr ná Sliocht Ír,¹
drong dá nach déanta dimbrígh,
curaidh chródhghlan Cláir Logha,
móradh áigh, is eangnomha?

1000

gach

lch. 300 r.

2

Gach áit in Éirinn uile
ar chomhnaigh Clann Rudhraidhe,²
ba leosan buaidh *gach* báire,
leosan duain gach *deagh-dháine*.

3

Dream do chuir a gcíosa i bhfad,
na triatha tháinic romhad,
a chrú[dh] fhírfheadhna Uladh,
a shúgh fíneamhna *ar* bhfuarughadh.

1005

4

Iomdha dream ar a sliocht soin
nach síltear le gach seanchaíd
do shíol mínbheach gach maighe,³
díobh go díreach Rodaighe.

1010

5

Tadhg Ó Rodaighe rún ban,
file fial, duine uasal,
fear dáir dual *deargadh* i dtreas,
cuan is cedgadh na n-éigeas.

1015

6

Laoch mar Laoghaire Bhuadhach,⁴
nó mar Fheargas⁵ fhearuallach,⁶
Scótus⁷ i Ladin dar linn,
mórtus aignidh is innill.

1020

7

Conghal Cláiringeach⁸ oilé,
i gcath Mhuirne⁹ Molbhthuighe,
nó Ceat¹⁰ ag teach Dha Thó¹¹ thall,
go *teacht* don chródha Conall.¹²

- 8
- Deagh-mhac Colmáin¹³ ag díol dámh,
mílidh maorga mar Mhongán,¹⁴
Fear Dia[dh]¹⁵ ag tachar i dtreas,
fial nach bhfaghtar a chóimeas.
- 1025
- 9
- Athairne¹⁶ an Gaoidheal geal,
[N]éidhe,¹⁷ Fircheirt[ne],¹⁸ Fítheal,¹⁹
sultmhar a mheas i measc dámh,
fear curtha ceast mar Dhallán.²⁰
- 1030
- 10
- Tighearna Fiadhna na bhfleadh,
Ó Rodaighe na ngormghreadh,
ciodh dian, is déanta d'oineach,
an fial féata foisdineach.
- 1035
- 11
- An Coimhde dhá chumhdach slán,
aonmhac Gearóid, grád[h] bandál,
bile go mbuaidh le filleadh,²¹
file nach uair aidhmhilleadh.
- 1040
- 12
- 'S a chaomhthach d'fhuil Éibhir Fhinn,²²
don tSíol Aodha dob' inghill,
bean gan bhraise nár chlaon meang,
bean is taise taobh 's timcheall.
- 1045
- Cá dream. *et cetera.*
- lch. 300 v.*
- 13
- A ghaol na geuradh nár bh urus ar táin do chlódh
an laoich Chon Colainn ba chumusach lámh i ngleodh,
an Rígh Chonchobhair, is Conaill an Cearnach cóir,
is trí mhic Uisneach, do chomairce ar Mháire an Óigh.
- 1050
- 14
- A Rí do chruthaigh an chruinne 's an Ádhamhfhuil mhór,
A Íosa shuthain do fhulaing an Pháis dot' dheoin,
dár saoradh uile ar choirthibh (ciodh ádhbhál dóibh)
ar naomhthacht Mhuire goir chugad sinn lá an tionól!

Octobris 28octavo 1715. A ghaol.

Foinse : TCD H. 6. 15., 299 v. - 300 v.

Teideal : Mar atá thuas.

An Mheadaracht

Deibhí an aiste, $7^x + 7^{x+1}$

Cuibheas Déanach : Comhardadh slán síos tríd.

Cuibheas Inmheánach : Comhardadh briste cuid mhaith : 1 c/d cróghlan / móradh; 4 c/d mínbheach / díreach; 6 c/d Scótus / mórtus & Ladin / aignidh; 7 c/d Ceat / teacht; 8 c/d tachar / bhfaghthar; 9 c/d mheas / fear; 10 c/d déanta / féata.

Uaim : Uamann dhá chonsan nó dhá ghuta ar gach líne seachas 10 b. Is locht é an droichead uama a tharlaíonn ar líne 10 d : an file féata foisidineach.

Meadar an amhráin, atá sna rainn 13 - 14.

Léamh na Lámhscríbhinné

Eamann Ó Caiside, *mhic Neill* ruaidh cecinit :

1a no sliocht ÍR; 1b da; 1c chrodh ghlan cláir logha; 1d iseangnomha; 2a inÉirind; 2b chomhnaigh clann Rudhraídhe; 2c budh leosumh; 2d leosumh dúain, deaghdháine; 3a ccíosa a fhfad; 3b tríatha tháinuic; 3c a chrú; 3d ar fhfúarughadh; 4a Iomdha, slios; 4b saoilter; 4c do, muighe; 4d dhíobh, Roduíghe; 5b fíal; 5c dáir dúal, i ttreas; 5d céad gad na néicceas; 6a laoghaire bhuadhach; 6b no; 6d Mórtus; 7a cláiringeach; 7b a ccath; 7c no ceat, Dhátó; 8a Deaghmhac Colmáin, damh; 8b milidh maórrdha; 8c fear-día, attreas; 8d fhaghthar achoímeas; 9a Gaoidhiol; 9b Meidhe firceirt, no fitheal; 9c amheas ameasg; 9d churtha ceasd; 10a fiodhnach na fhflead; 10b Ó Rodoighe; 10c dían, dénta doineach; 10d an fialfeatá foisdioneach; 11a An coimdhé; 11b gearóid grád; 11d bhfúair aidhmhiolliodh; 12a Sa caomhtheach dfuīl Eimhir fhinn; 12b tshiol Aedha; 12c braisi; 12d as taise, timcioll. 13a nár bhurus; 13b Chonccolainn budh cumusach, ingleódh; 13c Chonchobuir, conuill an cearnach; 13d thrí, chumairce, Mhaire; 14a Arigh, san, mhór; 14b ádhbhál; 14c dheóin; 14d chugad, tinóil. octobris 28⁰ 1715. A ghaol.

.....

Nótaí

1. Sliocht Ír : Ír mac Míleadh a adhlacadh ag Sceilg Mhichíl de réir Leabhar Gabhála. ‘An treas ainm deug ‘Irlanda’; agus measaim gurab é fáth fa dtugadh an t-ainm sin uirre, do bhrígh gurab é Ir mac Míleadh ceud duine do hadhnaiceadh fa úir Éireann do chlannaibh Míleadh, ..’ (Comyn, D., 1902, 102, 104). Tharraing Clann Mhic Raghnaill an t-ainm baiste ‘Ír’ chucu féin ag deireadh na meánaoise (Ó Corráin/Maguire, 1981, 117). cf. innéacs *Ann. Conn* agus ‘Ire’ i measc Clann Raghnaill sa ‘List of Grants made by James I in Leitrim (1621 - 2).’ (Mac an Ghallóglacha, D., 1971, 252, 253).
2. Clann Rudhraidhe : ‘agus sliocht Rudhruidhe mic Sithrighe táinig ó Éibhear mac Ír mic Míleadh i nUlltaibh (Dinneen, P., 1908a, 98). Ba díobh Corca M’ruadh, Ciarraighe agus Conmhacne (*ibid.*, 100).
3. ‘de shíol mínbheach gach maighe’ : Samhlaítar an bheach le saothar agus le modh diamhrach aimsiú na meala agus le seachadadh an eolais. Ní fheadar an raibh an file, Éamonn Ó Caiside, faoi thionchar duain Pheadair Uí Mhaol Chonaire, ‘Lúireach Chríost fá chosaibh Thaidhg’ (TCD H. 6. 15., 296) mar a bhfuil an nath ‘beach an eolais’ :

14

Ós d’fhíorlorg an Ír fhortail
beach an eolais arrachtaigh,

4. Laoghaire Buadhach : laoch in Ultaibh (Dinneen, P., 1908a, 198). Séimhiú an tabharthaigh ar an aidiacht ‘Bhuadhach, i ndiaidh ‘mar’.
5. Feargus : Feargus mac Róich, laoch in Ultaibh a chuaigh le Connachtaibh. Ba shliocht leis ‘gach Conmhacne da bhfuil i gConnachtaibh’ (*ibid.*, 194). Thagair Éamonn Ó Caiside dó arís ar líne dheiridh an duain ‘Mó ná mionca triall go Tadhg’ (TCD H. 6. 15., 308 r.) :

‘a ua Fearghuis nár mheabhraigh na claon-nósá’

6. fear + uallach? Aidiacht a roghnaíodh ar son comhardaiddh, is cosúil agus a shéimhíodh, sa tuis. tabh. tar eis ‘mar’, ar son na comhuaimse. Níl aon trácht agam ar an ainm dílis ‘Fearuallach’, ná ‘Feruallach’ (Ó Corráin, D. & Maguire, F., 1981; O’Brien, M. A., 1976; *DIL; CELT*). Fearghus mac Róch a bheadh i gceist sa chomhtéacs seo, mar a bhfuil trácht ar Laoghaire Buadhach agus ar Chonghal Cláiringeach.
7. Scótus i Laidin : Eoin Duns Scotus, (c. 1265 A.D. - c. 1308 A.D.) scríobháí fealsúnachta as Éirinn ar an Mór-Roinn, nó Joannes Scotus Érigena (c. 810 - c. 877)? Rinne Aodh Mac Aingil taighde ar leith agus scríobh tráchtas ar Eoin Duns Scotus (Ó Maonaigh, C., 1952, Ich. viii).

8. Conghal Cláiringeach : Mac Rudruighe, faoi nota 3 thuas. ‘Do ghabh Conghal Cláiringeach mac Rudruighe mic Sithrighe ... do shliocht Ír mic Míleadh ríoghacht Éireann cúig bliadhna déag; gur thuit lé Duach Dallta Deaghaidh.’ (Dinneen, P., 1908a, 180, 182).
9. cath Mhuirne Molbhthuighe : Ní fheicim aon trácht ar an ainm seo go fóill. Arbh é *Mairne*; ds.; The Mearns in Scotl.? (Hogan, E., 1910 /1993, 535).
10. Ceat : mac Mághach, ‘tréanfhear do Chonnachtaibh.’ (Dinneen, P., 1908a, 200, 202). Tháinig in iomarbhá le Conall Cearnach i *Scéla Mucce Meic Dathó* (Thurneysen, R., 1935, 15). D’fhoilsigh an tOllamh Bergin leagan Nua-Ghaeilge an scéil *Aided Conchobuir* mar ‘Bás Chonchubhair’ (Bergin, O., athchló 1981, 5).
11. teach Dhathó : Scéal an-eachtrúil de chuid na Rúraíochta is ea *Scéla Mucce Meic Dathó*. Ríomhann sé imreas na curadhmhíre dúinn mar a dteilgidh laochra Uladh agus Chonnacht roscanna achasáin lena chéile. Is é cloigeán a leathbhádóra, Anluain, a theilgtear i leith Ceit mhic Mhágach mar cheann cainte ag pointe amháin agus an ‘loim fola fora beolu’ leis. Meastar gur tuairim 800 I. C. a ceapadh an scéal sa riocht a dtainig sé anuas chugainn (Williams/Ní Mhuiríosa, 1979, 4-5).
12. Conall : Conall Cearnach, laoch iomráiteach in Ultaibh. Chuaigh in achrann na curadhmhíre le Cú Culainn agus le Laoghaire Buadhach. Ligeadh leis í ar noctú inchinn Mheas Geaghra, ‘eadhon, tréinfhear calma do Laighníbh do mharbhadh leis féin i gcomhlann aoinfhir’ (Dinneen, P., 1908a, 198).
13. Dea-mhac Cholmáin : Guaire an Oinigh, Rí Aidhne, fear a raibh cáil na féile air (Dinneen, P., 1908b, 62, 64). Is iomaí scéal a luitear Guaire. Guaire a bheith craite ag dámh filí is ábhar don scéal *Tromdámh Guaire* (Joynt, M., 1941). Luitear é in iomrall sa scéal *Caithréim Cellaig* atá in eagair ag K. Mulchrone (1978) agus luitear é arís in *Scéla Cano Meic Garndáin*, téacs atá in eagair ag D. A. Binchy (1975). Chuir Éamonn Ó Caiside Tadhg Ó Rodaighe i gcomórtas le Guaire ina dhiaidh seo arís sa duan ‘Mó ná mionca triall go Tadhg’ :
- Nó mac Colmáin saoirfhear sáimh / ar chongbháil aoidheadh gach uair
(TCD H. 6. 15., 309 r., líne 21a).
14. Mongán : Tuairiscítear a bhás leis an mbliain 620(.7) A. D. ARÉ (CELT) agus 626 A. D. (Mac Airt, S., 1988, 86). Leagtar duan darb ainm ‘A Fhiachnae ná ráid in gae’ air (Ó Briain, M. A., 1976). Mongán mac Fiachnai, mac Rí Dhál nAraide, deirtear, ach is léir gur bhunábhar scéalta go leor an fear céanna (Ó hÓgáin, D., 1991, 301).
15. Fear Diadh : Fear Diadh mac Damhain, laoch iomráiteach de chuid scéal na Tána a thit le Cú Culainn (Dinneen, P., 1908a, 220).
16. Athairne : File in Ultaibh a d’éisigh leathshúil mar dhuais ar rí caoch (Williams/Ní Mhuiríosa, 1979, 26).
- Aithirne Amhnas, file ré na páigántachta agus fear de phríomhúdair an tseanchais in Éirinn (Dinneen, P., 1908b, 32, 34).

17. Néidhe : Breitheamh anallód, Néde mac Adna. Príomhcharachтар ‘Immacallam in dá thuaradh,’ scéal a chuir W. Stokes in eagair sa *Revue Celtique xxvi*, Páras 1905. Tugann P. L. Henry cur síos ar an scéal san alt : Na Filí 1. Néde mac Adnai : Santú na Cumhachta (Henry, P. L., 1978, 49). Luagh Seathrún Céitinn gurbh é Néidhe fear de chéad údair an tseanchais in Éirinn (Dinneen, P., 1908b, 34).

Ghlac Muintir Uí Mhaoil Chonaire an t-ainm baiste seo, Néidhe, chucu fén roinnt céadta bliain ó shin (Ó Corráin/Maguire, 1981, 144).

18. Fircheirtne : Is cosúil gurb é an t-ainm dílis Feircheirtne atá i gceist anseo. Ollamh le filíocht do Chú Roí mac Dáire ab ea Feircheirtne. Ferchertne File mac Oengusa Beldeirg (O'Brien, M. A., 1976, 18, 272).

19. Fítheal : Ardbhreitheamh Chormaic mhic Airt (Dinneen, P., 1908a, 338). Is é Fítheal a thug Senbhriathra nó Senráite Fíthail dúinn (Williams/Ní Mhuiríosa, 1979, 40). Tá leagan amháin den téacs seo smálaithe ag an aois ar leathanach cíul Leabhar Caillín, is é sin, ls. RIA 23 P 26 (Walsh, P., 1947, 71).

20. Dallán : Dallán Forgaill, ardollomh Éireann a mhair in am Cholm Cille agus a cheap Amhra Cholm Cille atá i gceist. Eochaídh Éigeas mac Oiliolla mic Eirc ab ainm eile dó (Dinneen, P., 1908b, 94). Féach *Gaelic Personal Names* (Ó Corráin/Maguire, 1981, 69).

Ní dócha gurb é Dallán mac Móire, ollamh le filíocht do Cheaphall, Rí Laighean, (Comyn, D., 1902, 80) ná ní móide gur Dallán mac Dubhthaigh atá i gceist (Dinneen, P., 1914, 250).

21. le filleadh : Ní ‘silleadh’ atá ann faoi mar atá sa leabhar *Na Caisidigh agus a gcuid filidheachta* (M. Níc Philibín, 1938, 113). Is soiléir go leor an ls. seo agus tharla cúpla ionrall, ní mórán iad, i gcás leagan foilsithe an duain sa leabhar *Na Caisidigh agus a gcuid filidheachta*. Mar shampla, 9a ‘án’ sa bhrefis; 11b, ‘sa’ recte ‘grád’ = grádh. ‘Filleadh’ is ea an focal anseo, ach an filleadh Thaidhg as Co. an Chláir - circa 1692 A.D. - atá i gceist, ní fheadair mé? Luaitear an turas seo Thaidhg ar an gClár sna duanta ‘Fíorchrádh d’Éirinn turus Taidhg’ agus ‘In Ainm Chríost an ceangal so’, XI, XIII anseo.

23. ful Eibhir Fhinn : Éibhear mac Míleadh. ‘Clann Mac Con Mara (Macnamara) sprung from.’ (Dinneen, P., 1914, 277).

Tá dhá ghlúin déag idir Fhionnghuala, bean Thaidhg Uí Rodaighe, agus Cú Mheadha Mór, ‘ceap shíol Aodha’ (TCD H. 6. 15., 311 r.).

Béarla ar ‘Cá dream is fearr ná sliocht Ír?

1

What group is better than the sept of Ír,
people who are not to be disparaged,
clean pedigree champions of the Plain of Lugh,
ennobling of valour and dexterity.

2

Every where in Éire entirely
where the offspring of Rudhraidhe has lived,
the victory of every contest has been theirs;
(every) stanza of every good poem has been theirs.

3

A people who put their rent afar (as presents)
were the princes who preceeded you,
o blood of the true band of Ulaidh,
o vintaged sap of the vine.

4

Many are the groups of their tribe
not accounted for by every historian
as being of the seed of fine bees of every plain,
of them exactly is (Ó) Rodaighe.

5

Tadhg Ó Rodaighe is the desire of women,
a generous poet, a gentleman,
a man whose nature is to strike in an engagement,
a haven and beguiler of the learned class.

6

A hero like Laoghaire Buadhach
or like proud, manly Feargus,
a Scotus in Latin is he I believe,
pride of mind and ability.

7

Another Conghal Cláiringeach
at the battle of Muirne Molbhthuighe,
or Ceat at the house of Dathó yonder
until the coming of the brave Conall.

8

The fine son of Colmán giving to the poets,
 a majestic soldier like Mongán,
 a Fear Diadh meeting in battle,
 a generous one whose like is not to be found.

9

Athairne the bright Gael,
 Néidhe, Fircheirtne, Fitheal,
 it is pleasant to equate him with the literary caste,
 an enquiring man like Dallán (Forgaill).

10

The lord of Fiadhach of the feasts,
 Ó Rodaighe of the dark grey steeds,
 although swift, made of honour is he,
 the handsome calm generous one.

11

May the Lord keep him safely,
 the only son of Gearóid, the love of women-folk,
 the returning triumphant man of distinction,
 a poet who never was ruined,

12

and his companion of the blood of Eibhear Fionn,
 of the seed of Aodh who was trustworthy,
 a woman without flippancy who refrained from deceit,
 a woman of most gentle flank and form.

What group, etc.

13

O relative of the champions who were not easily tamed on a hosting,
 of the warrior Cú Culainn who was powerful at arms in battle,
 of King Conchobhar, and of Conall the justly Victorious,
 and of the three sons of Uisne, may the Virgin Mary protect you.

14

O Lord who created the world and the great race of Adam,
 O everlasting Jesus who suffered the passion of your own free will,
 releasing us all from sins (though great they are),
 through the saintliness of Mary call us to you on the day of judgement.

October 28, 1715. O relative.

In ainm Chríost an ceangalso.

TCD H. 6. 15., 300 v.

Ó Raghnalláigh, Tomás, 1938, 378-381.

McAdoo, H. R., 1939, 164-166

Peadar Ó Maoil Chonaire,*mhic Fhir Fheasa, mhic Lochlainn, cecinit*

Cheap Peadar Ó Maoil Chonaire an duan seo do Mháire Nic Con Mara sa bhliain 1701 AD. de réir na gluaise a ghabhann lena thús. Iníon chleamhnaí Thaidhg Uí Rodaighe ba í an Mháire sin. Chum an file céanna seo an duan molta is mó dár cumadh riámh do Thadhg Ó Rodaighe, ‘Niamhadh na huaisle an eagna’ (TCD H. 6. 15., 273). Breis is 52 rann atá ann. Scríobh sé duan molta eile fós do Thadhg, ‘Lúireach Chríost fá chosaibh Thaidhg,’ duan a bhfuil 15 rann deibhí agus dhá rann amhráin ann (ibid. 296).

Is cosúil gur tráth a bpósta ag Máire Nic Con Mara agus an Calbhach Ó Maoil Sheachlainn is ea a cumadh ‘In ainm Chríost an ceangal so’ :

In ainm Chríost an ceangalso

do rónadh **insan uairse** (ibid. 300 v., 1b).

Tharraing an file, Peadar, rial an ae fhreislí chuige féin leis an ócáid mhór a chomóradh. Deibhí, áfach, ba ea an dá dhuan eile thuasluaite a dhírigh a n-aird ar Thadhg Ó Rodaighe is ar a bhean, Fionnghuala. Ní raibh Máire ach 17 mbliana d’aois am a pósta. Más ea, tá ábhar an dáin seo uaillmhianach go leor ós rud é go n-áirítear seansleachta Gael agus sean-Ghall lár na hÉireann a bheith ‘thimpeall Chalbhaigh.’ (5d). Ní áireamh iomlán é dar le Peadar - ‘s mórán eile nach áirbhim’ a deir sé (6a) - ach aithnímid cuid éigin de shlua *Topographical Poems* le Seán Mór Ó Dubhagáin agus Ó hUidhrín : Ó Fearghail, Ó Flannagáin, Síol gCeallaigh agus roinnt eile nach iad (Carney, J., 1943). Luitear Muimhnigh, Síol gCárthaigh, Ó Cinnéide, Ó Briain, is Ó Cearbhaill Ó bhFailí a bheith ‘fá Mháire,’ (rann 9) agus deir an file go raibh Búrcaigh (Chaisleán Ó gConaing Thuamhan, nó Clainne Riocaird?) ‘timpeall na deise’ acu (10b). Áiríonn an file dhá shliocht rompu sin go léir agus in aon rann lena chéile :

Airdshliocht cróga Chonchobhair,
is crú Mhaoil Sheachloinn mheannmnaigh,

TCD H. 6. 15., 301 r.).

Is ionann seo is a rá go bhfuil tábhacht idirchúige ag baint leis an scéal agus go bhfuil beannacht an dá chúige, Connachta agus an Mhí, faoi Shíol gConchobhair agus faoi Chlann gColmáin, ar an gceangal pósta seo.

Breacadh craobh ghinealaigh i mBéarla i ndeireadh na lámscríbhinne seo TCD H. 6. 15. agus an lánúin seo Máire Nic Con Mara lena fear céile, an Calbhach Ó Maoil Sheachlainn, ar an ggraobh sin chomh maith le Tadhg Ó Rodaighe agus Fionnghuala Nic Con Mara, a bhean. Measaim gur i bhfad i ndiaidh am scríofa na lámhscríbhinne féin a cuireadh an ginealach seo léi, laistigh den chlúdach cíul. D'fhoilsigh Tomás Ó Raghallaigh an ginealach céanna, ach ní fhéadfaí adhmad ceart a bhaint as ar aon bhealach an chaoi a bhfuil sé curtha i gcló (Ó Raghallaigh, T., 1938, 412). Tugaim le seo é mar is fearr a réiteoidh sí leis an lámhscríbhinn féin dar liom, agus d'fhoillt na críochnúlachta, rianfaidh mé líne an Chalbhaigh freisin, fear céile Mháire, sa chló Iodáileach ar dheis. (Tá an chraobh bun os cionn ar chlúdach na lámhscríbhinne féin.)

TCD H. 6. 15.,
faoin gclúdach cíul (i láimh dhéanach)

[Clann Mhic Con Mara]

Seaan na nGeimhleach

Seaan Riabhach

Donnchadh died at Achadh na Croise

4th Feb. 1696 80th year

Fionnghuala ni Conmara

married Teige O Rody

Seaan, son and heir

Mathghamhain

Máire married **Calbhach Ó Maoileachlainn**

mac Thoirrdhealbhaigh,

mhic Néill óig,

mhic Néill Uí Mhaoil Sheachlainn

Sláine married Murough

mc Donnell mc Turlough O Brien.

Caithfidh sé gur bhraith Peadar Ó Maoil Chonaire dualgas an fhile air féin do Thadhg Ó Rodaighe sách móir is a rá gur chum sé dán bainise do ghirseach 17 mbliana d'aois, cleamhnaí óg Thaidhg. Míníonn agusín próis a cuireadh le deireadh an duain baint na brídí le Tadhg. Bhí sí tigh Thaidhg Uí Rodaighe ón am a raibh sí ocht mbliana d'aois (TCD H. 6. 15., 301 v.).

B'fhéidir gur duan oifigiúil é seo níos mó ná bronntanas saor in aisce agus is féidir gurb é Tadhg fear a cheannaithe. Cuimhnímis brí údair na gluaise a ghabh le duan eile trí dhuilleog roimhe seo ar an lámhscríbhinn i dtaca le h'Ollamhnacht, *eadhon spré nuachair'* (TCD H. 6. 15., 297 v.). Más ea go mbaineann an dá dhuan seo, "A mhic Gearóid an ghlórigh ghloin' agus 'In ainm Chríost an ceangal so', lena chéile, is é is dócha gurbh é an duan seo idir lámha anois an chéad cheann den phéire acu a cumadh.

.....

'In ainm Chríost an ceangal so',
móide a réamhrá :
TCD H. 6. 15., 300 v.

Péadar Ó Maoil Chonaire, *mac Fhir Fheasa, mhic Lochlainn, cecinit don Chalbhach Ó Maoil Sheachlainn, mac Thoirdhealbhaigh, mhic Néill Óig, mhic Néill*, et do Mháire Nic Con Mara, iníon Mhathúna, *mhic Dhonnchaidh, mhic Sheáin Riabhaigh, mhic Sheáin na nGeimhleach.* *et cetera. July 7 1701.*

1

In ainm Chríost an ceangalso
do rónadh insan uairse
de thaobh chlúidh¹ is cheannasa,
de réir oirbhirt is uaisle.

1055

2
Úrmhac teastach Thoirdhealbhaigh,
is Máire Nic Con Mara,
dias dár dhual *gan* oirbhearaidh,
eineach is féile d'fhaire.²

1060

3
Beid de réir a ndúchasa,
ag coimhéad clúidh *gan* fhuaradh,

an
lch. 301 *r.*

an Calbhach go húrmholta,
is Máire dár *cheart buanbhladh.*

4
Gach athair ó dtángadar,
an cúpla measta maordha,
dearbh *gur* chóir don ghlanmhogal,
eineach is clú do chaomhna.

1065

5

Airdshliocht cróga *Chonchobhair*,³
is crú Mhaoil Sheachloinn mheannmaigh,
(foireann ba mhaith tromchobhair),
ar dteacht timpeall an Chalbhaigh.

1070

6

Ó Fearghail⁴ an fíreinigh,
is Ó Flannagáin⁵ fáidhghrinn,
ar dteacht, thrá, fán tsaoirgheinse,
's móran eile nach n-áirmhim.

1075

7

Ó Birn⁶ an chraobh bhuanmholta,
is Mag Oisdeálbhaigh⁷ d'fhuathaigh
olc gach am an cruadhchursa⁸
's gach taobh timpeall *an uasail.*

1080

8

Síol gCeallaigh,⁹ na coinghleacaigh
fán dá chraoibhse d'fhuil Mhílidh
's Clann tSiúrtáin¹⁰ na toirbheartaigh
do char an fhéile fhíre.

1085

9

Síol gCárthaigh 's Ó Cinnéidigh
is Ó Briain searc gach dáimhe
's Ó Cearbhaill i dtinnéigin,
gan lot, gach am, fá Mháire.

10

An fhian Bhúrcach bheodhamhail
atá timpeall na deise,
an slua bríomhar, i ngleochogaidh¹¹
ba mhaith tréan agus treise.

1090

11

Mac *Con Mara* móruasal,
's lorg Éibhir Fhinn¹² án, cuire,
dearbh go bhfuil an róshluagsa
ar dteacht fán inghin uile.

1095

12

Dá dtaoibh *sin* is inmheasta
don Chalbhach is do Mháire
bheith go síor, go grinnseasta,
i méin 's i meas gan cháidhe.

1100

Is
lch. 301 v.

- 13
- Is dual don dá dheirbhgheinsi,
a n-ainm 's a gclú, *gan* míothoil,
(an dá phlanda dheilbhdheimhin)
do chur *gach* am fá chríochaibh.
- 14
- Cuirfidh deaghmhac Thoirdhealbhaigh¹³ 1105
splanc san einioch *gan* amhras
's beidh Máire dá choimhleanmhain
de réir cumhacht san amsa.
- 15
- Más maith uaisle fíorfhola
do bheith iontu le chéile, 1110
do nóscheirt an ríoghrolla,¹⁴
fíor go bhfuil san déidhe.
- 16
- Mar sin* is cóir comhadhais,
i gceangal sonn mar mheasaim,
do thaobh áigh is urradhais,
gan chlaoine ná lot leatrom. 1115
- 17
- Teagaibh¹⁵ oide is banoide
ag Máire in iúl 's i dtréidhibh;
Ó Rodaighe¹⁶ an glanoide,
's Fionnghuala¹⁷ an chaomh chéillidh. 1120
- 18
- Fíorbhuaidh cloinne is caomhchonáigh,
go raibh orthu san amsa
's buaidh anma 's gach saor-ródháil,
an chóraid¹⁸ *nach* críon crannda.

In ainm Chríost an ceangalso.

Do bhí an Mháire Nic *Con Mara* seo i dteach Thaidhg Uí Rodaighe ó aoís a
hocht mbliana, Anno Domini 1692, *gur* pósadh ann í, Anno Domini 1701.
Iníon do Mhathúin Mac *Con Mara*, *mac* Dhonnchaidh, *mhic* Sheáin Riabhaigh,
mhic Sheáin na nGeimhleach. *et cetera*. Fionnghuala Nic *Con Mara*, deirfiúr a
hathar, bean Taidhg réamhráite. Ora pro scriba. M. Newby.

.....

Teideal fada mar atá thus : Peðair (sic) ó Maolchonaire, [srl.] *mhic Seðan* na ngeimhlioch. *et cetera.* July 7 1701.

An Mheadaracht

Ógláchas ar an Ae Freislí an aiste, $7^3 + 7^2$

Cuibheas Déanach : Comhardadh briste is minice, línte a/c, b/d. Uaithne shlán ar gach líne a/c, b/d, seachas 2 b/d (Mara / d'fhaire), 5 b/d (mheanmnaigh / Chalbhaigh).

Léamh na Lámhscríbhinné

1a An, ceangal so; 1b is an úairse; 1c do, chluidh as ceannasa; 1d do rhéir, úaisle; 2a teasdach toirrdhealbhaigh; 2b Mhaire ní Conmhara; 2c días dar, oirbheradh; 2d einioch, dfaire; 3a Beíd do; 3b coimhéd; 3c calbhach, húrmolta; 3d dar; 4a ttángadar; 4b cupla meðsa máordha; 4c chóir don (*cealaithe le poncanna* : don chóirp) ghlan mhogal; 4d einioc, chaomhnadh; 5a Aírdshliocht crodha; 5b cruMaoileachloinn; 5c (foirionn, maith tromhchobhair); 5d ttocht tiomchiol, Calbhaigh; 6b as ó, fáidhghrind; 6c tteacht thrá fan; 6d smorán, nach áirbhim; 7a Ua Birn; 7b mac Goisdealbhaigh dfuathaigh; 7c cruadhchursa; 7d sgach, tiomchiol; 8a Siol gcealllaigh, coingleacaigh; 8b fan, dfuil; 8c sclann Tsiúrtáin, toirbhiortaigh; 9a Cártha so ó chinnéididh; 9b aso Bríain; 9c só ceárbail, ttinnéigion; 9d fa; 10a bhúrcach; 10b ata tiomchiol; 10c an slógh bríoghmhar a ngleóchogaidh; 10d ba maith; 11a Conmhara; 11b slorg eibhir fhinn, cuiregh; 11c rós luagsa; 11d ttocht; 12a Da ttaoibh, as inmheasda; 12b don Calbhach, don Mhaire; 12c grinnseasda; 12d a méin sa meas; As; 13a As dúil; 13b an ainm sa cclú, míothoil; 13c da phlannda; 13d fa chriochaibh; 14a Cuirsidh deaghmhac toirrdhealbhaigh; 14b sblangc; 14c sbíaidh, da; 14d de; 15a úaisle fíorfhola fíorfhola; 15b ionnta re chéile; 15c rioghrolla; 16a sin as; 16b a cceangal; 16d chlaoíne na; 17a Teagaibh; 17b Maire an, sa ttréidhibh; 17c Ó Rodaige (*os cionn na líne* i. Tadhg); 17d sfionghuala (*os cionn na líne* i. deirbsiur a hathar), cheillidh; 18a Fíorbhuaidh, as caomhconaig; 18b orra; 18c búaidh, sgach sáor rodháil; 18d an cáraid, crion crunnda. An, chriost.

an Mháire ní Conmhara i tteach, aoís, mbliadhan, anno. posadh, anno 1701. ingshion, Mathghamhain mhac Connara, Donnchaidh, Seðain riabhadh, Seðain, ngeimhlioch. ní Chmhara, deirbhshiur a a hathar, bean, roimhraidhte. orapro.

Nótaí

1. chlúidh : Cloid, (somet. also clu- ...) briathar; ... clód, ainm briathara
2. Mara / d'fhaire (1b/d) : Is réchúiseach an iarracht í seo glacadh le r-caol agus r-leathan san áit nach bhfaighfí uaithne ar aon bhealach go brách.
3. Airdshliocht Chonchobhair : Sliocht ríthe Éireann, Uí Chonchobhair Ó mBriúin Áí nó Ros Comáin, ní foláir.
4. Ó Fearghail : Ó Fearghail Anghaile nó an Longfoirt, is dócha, bíodh gur iomaí cine den sloinne in ionaid éagsúla.
5. Ó Flannagáin : Líonmhar mar shloinne in ionaid éagsúla. Luann *Top. Poems* Uí Dhubhagáin cúig chineál éagsúil Ó bhFlannagán (Carney, J., 1943, 143). Shílfeá gurbh é a bhí i gceist, Ó Flannagáin na Mí, comharsa mhuintir Uí Mhaoil Sheachlainn :

Deighrígh an Chomair chornaigh
Ó Flannagáin flathfhoghlaidh (*ibid.* líne 94).

6. Ó Birn : Is fiú cuimhneamh ar dhá dhream na Mí, is é sin, An Iarmhí agus Mí an lae inniu (Breagha), cé go rabhaid difriúil ó thaobh litriú an tsloinne de :

beidid rem thaoibh inn uile,
Ó Braoin binn ós Breaghmuine (*ibid.* líne 96)

agus :

dlightear cuimhne ar craoibh Lí libh,
Ó Braoin, rí Luighne an laighidh (*ibid.* líne 36)..

Ní dócha go raibh Ó Broin Chlár Life i gceist tharla níos faide ó dheas iad, cé go mbíodh an fhuaim ‘Boirn/Byrne’ lena sloinne siúd.

Clár Life na laoidheang ndubh,
tír uaine as áille toradh,
siar tar Teamhraigh Tighe Cuinn
Ó geal-Bhroin, bile an bhánfhuinn. (*ibid.* líne 1049).

7. Mag Oisdealbhaigh : Is iondúil gur le Sliabh Lugha a luaitear an sliocht Normannach seo. Ceantar Uí Ghadhra é sin in oirtheor Mhaigh Eo na linne seo.
8. an cruadhchursa : ‘cruadhchursa’ atá ar an lámhscríbhinn. ‘cor’ an focal Sean-Ghaeilge + forainm taispeántach agus glacaim leis faoi uimhir 11 ag *DIL* :
‘cor’ 1 ... 11 In phrases : in cursa *this time*, LL 7650 (TBC) .. 16 state, condition, plight, ... 17 Act of tiring, tiredness, fatigue (late; always cur).
9. Síol gCeallaigh : Sa Mhí. Sluagh do cheangail na calaidh,
Ó Ceallaigh, Ó Conghalaigh (Carney, J., 1943, líne 27).
10. Clann tSiúrtáin : Sliocht Normannach a bhain le Co. Lú i dtosach.
11. i ngleochogaidh : Tuiséal ginide in áit an tabharthaigh le teann comhardaidh (briste), bheodhamhail : ngleochogaidh (10 a/c).

12. Éibhir Fhinn : Éibhear mac Míleadh. Is uaidh a síolraíodh Clann Mac Con Mara (Dinneen, P., 1914, 277).
13. dea-mhac Thoirdhealbhaigh : An Calbhach Ó Maoileachlainn, luaite thusa ag 2a :
Úrmhac teastach Thoirdhealbhaigh (2a).
14. ríoghrolla : An Réim Ríoghraide. ‘the Succession of the Kings, an Irish tract in the books of the Seanchas.’ (Dinneen, P., 1914, 427).
15. Teagaibh : Ar an dul gurb ionann ‘teagaim’ agus ‘tigim’ (*Dinneen*); Modh Ordaitheach, dara pearsa iolra, an briathar *Tig*.
16. ‘eadhon Tadhg’ mar ghluais os cionn na líne.
17. ‘eadhon deirbsiur a hathar’ os cionn na líne.
18. an chóraid : *an cáraid* atá sa lámhscríbhinn. Measaim gur ‘chóraid’ a bhí i gceist. Tagairt do phósadh na beirte é seo. [córait Used of the fastening together of two working animals. fastening, yoke. *DIL*
- Córaid, -e, f. a pair, couple, brace; a yoke of cattle, srl. *Dinneen*.

.....
Béarla ar ‘In ainm Chríost an ceangalso’

1

In the name of Christ is this wedding
just now performed
from the point of victory and leadership,
according to good deed and nobility.

2

The famous young son of Toirdhealbhach
and Máire Nic Con Mara,
two to whom, without reproachment, it would be natural
to watch over honour and hospitality.

3

They shall be by their nature
watching relentlessly over victory,
the much freely praised Calbhach
and Máire to whom eternal renown ought to be due.

4

Both of their fathers from whom they descend,
the esteemed majestic couple,
the pure cluster definitely ought to
preserve honour and reputation.

5

The brave royal sept of Conchobhar
 and the blood of spirited Maol Sheachlainn
 (a group which was be good at giving plentiful assistince)
 have come around Calbhach.

6

Ó Fearghail of the true honour
 and the accurate foreseeing Ó Flannagáin
 have come, indeed, around this one of noble birth
 and many others which I don't enumerate.

7

Ó Birn, the eternally praised champion
 and Mag Oisdealbhaigh who hated
 evil always these hard times
 in all quarters around the noble.

8

The Ó Ceallaighs, the fighters
 around the two scions of the blood of Mílidh
 and the Mac Siúrtáins, the presenters
 who loved true hospitality.

9

The Mac Carthys and the Ó Kennedys
 and Ó Brians the love of every gathering,
 and Ó Carrolls in dire emergency,
 unharmed, always around Máire.

10

The lively soldiery of the de Búrcas
 which is around the couple,
 the vigorous host, in the din of battle
 whose strength and might were good.

11

The great noble Mac Con Mara
 and the line of elegant Éibhir Fionn, a troop,
 it's definite that this great host
 has come around the girl entirely.

12

Because of them it is plausible
that Calbhach and Máire
(will) be always, perpetually,
in faultless esteem and opinion.

13

It is the nature of these two of noble birth,
their name and their good repute to willingly
(the two offspring of definite design)
send always throughout the territories.

14

The good son of Toirdhealbhach will put
a spark into honour no doubt
and Máire will be following him
as by right of the present time.

15

If it is good that true noble blood
be in both of them similarly
as befits the royal roll-call,
it is truly in the couple.

16

It is therefore fitting justice
in this wedding, I feel,
from the point of success and assurance
without bias nor the hurt of inequality.

17

Come (?) teacher and lady-teacher (sic)
to Máire in knowledge and in arts,
(Tadhg) Ó Rodaighe the pure teacher
and Fionnghuala the gentle intelligent one.

18

May true success with children and good wealth
be theirs at this time;
and may victory of spirit and all noble council
(attend) the couple who are neither wizened nor enfeebled.

In the name of Christ is this wedding

Cinnim comhairle le Dia

TCD H. 6. 15., 301 v.

Ó Raghallaigh, Tomás, 1938, 381-386.

Éamonn Ó Caiside, mhic Néill Ruaidh a chum.

Cheap Éamonn Ó Caiside an duan deibhí seo ar an téama céanna ar ar bhunaigh sé an duan eile úd ‘Cá dream is fearr ná Sliocht Ír.’ (TCD H. 6. 15., 299 r.). Amhail is a rá go raibh sé ag meá cheist na pátrúntachta dó féin mar fhile is ea a scríobh sé an péire acu. Beartaíonn sé, sa dá dhuan, Tadhg Ó Rodaighe a leanacht mar phátrún. Is léir ar rann 5 go raibh sé i ndiaidh cinneadh ar chomhairle sa duan seo ‘Cinnim comhairle le Dia’ :

5

Fionnaim gurab í mo leas,
an chomhairle air ar chinneas,

Más freagra de chineál é an méid sin ar cheist a chuir Éamonn Ó Caiside air féin sa duan eile a luas ar ball, ‘Cá dream is fearr ná Sliocht Ír,’ d’fhéadfaí a rá fós féin gur fhreagair sé an cheist cheana sa duan céanna sin inar spreag sé an cheist. Más ceadmhach dul i mbun tomhais i dtaobh cé acu den dá dhuan ba thúisce a chum sé,ní féidir aon cheann díobh seachas a chéile a dheimhniú glan. Níl de rogha againn ach leathghlacadh leis an gceann a bhfuil an cheist ina theideal ‘Cá dream is fearr ná Sliocht Ír?’ agus a rá gur chosúil go n-aithneofaí siúd mar cheann tosaigh ó thaobh am a gceaptha.

Leag an file amach roimhe roinnt áirithe a rá agus chrom sé chuig na spriocanna sin. Luann sé Dia ar an gcéad líne agus cuireann an cheist chéanna is a chuir sa duan eile leis roimhe seo, ‘Cá dream is fearr ná Sliocht Ír?’ :

cé leis a rachaidh sé mar fhile : rann 1 -3;
molann Dia dó Sliocht Ír a thaobhú : rann 4;
is sásamh dó an cinneadh a ghlac sé : rann 5;
molann Éamonn triúr réamhstaire de Shliocht Ír le rann an duine acu : rann 6 - 8;
molann sé Tadhg ar aon dul leis an triúr a chuaigh roimhe : rann 9;
leanann leis á mholadh go ceann sé rann ina dhiaidh : rann 10 - 15;
molann sé teach Thaidhg agus a bhfuil ann : rann 16 - 19;
cuireann sé trí rann cráifeach leis agus an dúnadh ‘cinnim’ leo : r. 20 - 22;
tiomnaíonn an file é féin do Dhia agus do Mhuire : rann 23;
tosaíonn ar bhean Thaidhg a mholadh le trí rann agus amhrán 24 - 27.

Tugann an file ‘Bile Buadhach Mhuighe Sléacht’ ar Thadhg le linn dó a bheith á mholadh. Samhlú le crann ginealaigh is ea líne 9 d, ‘go gnás a ghlún ghinealaigh’. Ar aon dul le h’Aisling Mháthar Chormaic’ atá sa mhéid sin, gur ghéag den chrann é, ‘ríghéag’ i gcás Thaidhg (Bergin, O., 1981, 17). Tarlaíonn san Aisling úd, go líonann an mhuir os cionn an chéad bhole :

agus tainig an mhuir ós cionn an bhole sin, gur trasgradh é, agus dá eis sin
fásais bile oile a préimh an chéid-bhole, ibid.).

Is spéisiúil mar mheafar eile, seoladh rainn 12, gur ‘snámhaidh’ ‘ar mhuir mhóir an léighinn láin’ é Tadhg agus go samhlaítar an léann lán seo ina theach sa chomhad, teach a bhfuil ‘doirsidh’, ‘froighthe’ agus ‘urlár’ ann. Is cineál eachtraíochta laoche é seo, an snámh ‘go neamhnáir’ agus an tumadh leis an muir, an saol fó thuinn, a thomhas. Cuimhní ar an obair chéanna a bheith ar bun in ‘Echtra Fergusa Maic Léti’, an chaoi a bhfuair Léte brat, nó cumhdach, ó na lúchorpáin le snámh faoi thoinn, ach gur fágadh d’iallach air gan tumadh i Loch Rudhraí ina cheantar féin (Mc Cone/Ó Fiannachta, 1992, 120). Bhris Léte an coinníoll seo, thum san áit nár cheadmhach dó agus ghlac ainimh éadain roimh mhíol uafar uisce. Thum sé i ndeireadh an scéil le taom buile agus thug fogha lae agus oíche faoin muirdhris a d’fhág an loch ag coipeadh ar feadh an achair. Tháinig sé aníos le ceann na péiste ach thit mír marbh tar éis a éachta. Bhí an loch dearg uathu go ceann míosa. Canadh faoin eachtra :

Is desom rochet :

Fergus mac leidi in ri(g)
luid i fertus rudraig
huath do [d]narfas fa gann [n]gle
ba he fochond a ainme
(Binchy, D. A., 1952, 39).

Is faoi sin a canadh :

Fearghas mac Léide, an rí,
chuaign ar fheartas Rudhraí,
taibhsigh uafás dó, dian gleo,
cúis a ainmhe ab ea é dó
(Mc Cone/Ó Fiannachta, 1992, 121).

Is spéisiúil go raibh an t-ábhar faoin tumadh agus faoi shnámh faoin uisce ag Éamonn Ó Caiside. Ní fheadar ar de chomhtharlú go bhfeictear an t-ainmfhocal ‘fochond’ de chuid an rainn sin Fherguis mic Leidi, díreach tugtha, sa duan seo de chuid Éamoinn do Thadhg Ó Rodaighe? :

2

Ar mbeith anbhfann ársa damh
ar lorg éigeas is ollamh,
idir ghallaibh Ghuit Logha,
fachuinn m’uilk an chomhrogha.

Is í an chrógacht seo, an tumadh san uisce, is bun le bás foireann bheag eile a tharlaíonn chugainn i litríocht na Gaeilge, Cormac Conn Loingeas agus Fergus mac Róich ina measc (Ó hÓgáin, D., 1991, 120, 196).

Bhí snámhaí file agus péist lúbtha faoi uisce céad bliain i ndiaidh am Thaidhg fós faoi thrácht i litríocht na Gaeilge. Thagair Mícheál Ó Braonáin as Ros Comáin do chás den chineál sin ag foinse abhainn na Sionainne sa bhliain 1794 AD :

7

an loch is doimhne in Éirinn uile,
mar a dheimhnós snámhaí sámh ba fhile
a thástáil locha is aibhne an oileáin
ó loch go loch is ó shruth go sruthán (Ó Braonáin, M., 1994, 7).

11

is beithíoch dubh ba mhó ná capall
ina lúba, feachta fillte timpeall, ... (ibid., 9).

Thug Máirtín Ó Cadhain taitneamh don líne tosaigh i rann 12 i dtaobh an léighinn láin mar bhí sí, faoi uaschamóga, aige i gcaint Stoc na Cille. :

Anseo sa gcill atá Neamothú ag coilleadh cónraí, Ní cás leis Ná an inchinn a bhí ina réalt eolais tráth do gach mairnéalach “ar mhuir mhóir an léighinn láin ” (Ó Cadhain, M., 1949, 114).

Tharla gur foilsíodh an duan i leabhar Thomáis Uí Raghallaigh *Filí agus Filidheacht Chonnacht* sa bhliain 1938, 10 mbliain roimh Chré na Cille, measaim go nglacfar leis gur uaidh sin a ghlac Máirtín Ó Cadhain chuige féin an t-am sin é.

Luann Éamonn Ó Caiside, sa duan seo thíos, cnuasach cumasach litríochta a bheith tigh Thaidhg Uí Rodaighe :

18

Leabhair iris Achaidh Airt,
tána, toghla, is tochmhairc, ... (TCD H. 6. 15., 302 v.).

Thug Gearóid Ó Murchú cur síos ar na ranna scéalaíochta éagsúla mar a rangaítí iad :

Togla, Tána, Tochmarca, Catha, Uatha, Immrama, Aitte, Fessa, Forbasa, Echtrai, Aitheda, Airgne, Tomadmann, Slúagaid, Tochomlada, Físi agus Serca (Murphy, G., 1961, 19).

Dhírigh Ó Murchú aird, i bhfriotal a linne, ar a bhfiúntas mar litríocht le hais fhiúntas leagain na hinsté béis :

When we think of the well-constructed narratives which even the unlearned peasant narrator to-day can produce, and when we judge of the greater power of Old Irish story-tellers by consideration of certain passages scattered through the inartistic manuscript versions of their tales which have been preserved, we can be fairly certain that the tales, as really told to assembled kings and noblemen at an ancient *óenach*, were very different from the poorly-narrated manuscript versions noted down by monastic scribes as a contribution to learning rather than to literature.

(ibid., 13).

Bhí an saibhreas seo, dá laige, nó dá láidre, agus tuilleadh le blaiseadh tigh Rodaighe, de réir an fhile.

Imríonn Éamonn Ó Caiside cleas focal le sloinne agus le hainm baiste bhean Thaidhg, Fionnghuala Nic Con Mara, sa rann amhráin ag deireadh an duain seo thíos. Caitheann sé línte 27 a, b, agus c ag cur na siollaí éagsúla ‘Fionn+ghua+la’ abhaile orainn. Tugann ‘mac miochair don leannmhuir’ an sloinne go deas cliste dúinn ar líne 27 d. Aithníodh an imirt focal sin ina dhiaidh ag an té a chéadbhreac an nóta ina dheireadh agus a mhol é as a chumas.

.....
TCD H. 6. 15., 301 v.

Éamonn Ó Caiside, *maic Néill Ruaidh cecinit.*

Cinnim

lch. 302 r.

1

Cinnim comhairle le Dia, 1125

le haonmhac muirneach Maria,

is múineadh mé ar mo leas ,

an Dúileamh nach déan m'aimhleas.

2

Ar mbeith anbhfann ársa damh

ar lorg éigeas is ollamh,

idir ghallaibh Ghuit Logha,¹

fachuinn² m'uilc an chomhrogha.

1130

- 3
- Clann ar a dtáinic treabha,
 trí mhic Míleadh aimsheana,³
 cé díbh dana⁴ déinimh dóich,
 Síol Éibhir, Ír, nó Eireamhóin? 1135
- 4
- Ar gcur comhairle 'na dháil,
 Críost cruthaitheoir *an domhnáin*,
 go mín um meanmain⁵ do chuir,
 Sliocht Ír leánbaigh do leanmhuin. 1140
- 5
- Fionnaim gurab í mo leas,
 an chomhairle *air ar chinneas*,
 ós iad nár fheall ar ollamh,
 's gurb iad dob fhearr fuaradar.
- 6
- Fachtna Fáthach⁶ mac Rossa,
 rí rathmhar mar chualussa,
 níor bhaois a bhuaidh nó a ghairm,
 a ghaois do fuair an forainm. 1145
- 7
- Ar éigse, ó do bhí bail,
 cé díobh do chuaidh tar Chathbhaidh,⁷
 níor dhocht a dhaonnacht, dar leam,
 dá laochdhacht, níor locht léigheann. 1150
- 8
- Ollamh Fódhla fuair d'onáir
 tar ríoghaibh Phoirt Pharthaláin,
 a ainm, cé cuire ar chalmacht,⁸
 a ghairm uile ón ollamhnacht. 1155
- 9
- Bile Buadhach Mhuighe Sléacht,⁹
 Tadhg Ó Rodaighe an ríghéag
 do fhás go húr a hEamhain
 go gnás a ghlún ghinealaigh. 1160
- 10
- File féata nár bhris móid,
 Tadhg toirbheartach *mac Gearóid*,
seanchaidh saor Inse Fáil,
teanchair na gcaor do chongbháil.

eochair
lch. 302 v.

- 11
- Eochair na héigse uile,
Tadhg rathmhar Ó Rodaighe,
don choiléar chloch is buaine,
coiléan Chon na Craobhruaidhe.
- 1165
- 12
- Ar mhuir mhóir an léighinn láin,
snámhaidh seisiomh go neamhnáir,
toimhsidh na troighthe tré a lár,
doirsidh, a froighthe, a hurlár.
- 1170
- 13
- Madh dleachtfial do rádha ris,
ní fhéadann aos an aimhlis
a rádh nach maith an mílidh,
tá 'na shaith¹⁰ do sheandaoinibh.
- 1175
- 14
- Uaisle Fódhla insan bhfeur,
eagna, fortún thart timcheal,
is ágh buaidhe do bhunadh
sás na huaisle d'ardughadh.
- 1180
- 15
- Atáid na trí tréithe ann,
eagna, ful féile, fulang,
a cháil do chleith, ní linne,
ní breith le báidh fírinne.
- 16
- Ní raibh i Sidh Bhóinne Breagh¹¹
aoibhneas nach bhfuil 'na timcheal,
'na bhrugh díonmhar, duasach, bog,
líonmhar cnuasach mo charad.
- 1185
- 17
- Iomad ilcheol, miodh is leann,
fíon Frannceach, imirt fithcheall,
faoi bhannaibh an bhrogha bhric
's gach teangaídhe ón Tor¹² táinic.
- 1190
- 18
- Leabhair iris Achaidh Airt,
tána, toghla, is tochmhairc,
ceasta suadh ag á scaoileadh,
freastal druadh is dea-dhaoineadh.
- 1195

- 19
- Seanchas seanaibhneadh Éireann,
a loch, a cnoc, a cathbhéimeann,
a dún, a dionn, a bailte,
ag mion[n] súl na saormhaicne. 1200
- 20
- Cé maith airgead agus ór,
cé maith corma is comhól,
is fearr an Coimdhe do chum,
oirne nach teann fá dtugann.
- Tuigeadh
lch. 303 r.
- 21
- Tuigeadh Tadhg mhac Gearóid Óig 1205
nach cóir tréigean don Tríonóid
an saoghal santach salach,
baoghal *annsacht* urbhadhach.
- 22
- Adhradh an tAthair Neamhdha,
déanadh toil an Tighearna 1210
chongbas connailbhe mhór linn,
dó mar chomhairle, cinnim. *et cetera.*
- 23
- Taobhaim m'anam le mac Muire,
aon Dia suthain síordhaidhe,
's ní taobh thollairbhe¹³ ro feas, 1215
caomh an chomhairle chinneas.
- 24
- Ní déanta dearmad do Nualaith,
don mhnaoi Mhuimhnigh an mhórullaigh,¹⁴
an chaoinbhéan is cian ó cheas,
ag riár aoidheadh is éigeas. 1220
- 25
- Eimhear¹⁵ inghean Fhorgaill Mhonach,
don mhnaoise is meadh sonnrathach,
i bhfoighid, i bhféile, i meas,
goirid ó chéile, i gcoibhneas.
- 26
- Dár dhearlaig, ní diomdhach neach, 1225
ná do mo dhóich, Dia Dúileach,
cé saith fir ó na féasta,
gach maith di, ní doidhéalta. *et cetera.*

Bánsruth Finne, is siolla do ainm na mná,
 's an darna siolla sa tsion[n]ach¹⁷ bheag mheabhlach lách, 1230
 tá an treas siolla go fuineadh gach am 'na lá,
 mo ghrádh dhá slointheadh mac miochair don leannmhuir láin.

Die Merchury. Novembry. 9. 1715.

Is cumusach do chuir Éamonn an t-ainm, *agus an slointheadh*, .i. Fionnghuala Nic Con Mara san amhrán úd.

.....

Foinse : TCD H. 6. 15., 302 r.

Teideal ar Ich. 301 v : Émunn Ó Caisside, mac Neill *ruaidh cecinit*.

An Mheadaracht

Deibhí 7^x + 7.^{x+1}

Cuibheas déanach : Rinn agus ardrinn ag comhardadh. Comhardadh briste faoi dhó:

9 a/b Sléacht : ríghéag; 26 c/d féasta : doidhéanta.

Cuibheas inmheánach : Thart faoi ocht gcinn de phéirí ar líne c/d nach gcomhardann.

Uaim : A laghad éaguama is nach fiú a áireamh.

Nótaí

1. Ghuirt Logha : Lugh. Éire atá i gceist. Lug n. pr. m. gen. *Logha, Lagha* ... Name of pagan god. *DIL* D'fhág Céitinn cuntas air :

Do ghabh Lughaidh .i. Mac Con mac Maicniadh mic Luighdheach ríoghacht Éireann deich mbliadhna fichead. ... Ar ngabháil arrachtais do Mhac Con agus iar dteacht ó n-a dheoraidheacht agus iar geur Chatha Maighe Muchruimhe amhail adubhramar thuas ag tráchtadh ar Art Aoinfhear, do bhean flaitheas Éireann amach ré haoinsheachtmhain, agus do chotuigh triochad bliadhan é, amhail léaghthar san duain darab tosach : Cnucha cnoc ós cion Lithfe. Ag so mar adeir san dá rann-so :

Ré seacht láithibh, líth nach gann,
do ghabh Lughaidh iath nÉireann;
táinig da ríge neartmhair
táth Éireann ré haoinsheachtmhain.

Tríochad bliadhan gan míne,
do Mhac Con i n-airdríghe,
nó go dtorchair an cur cas,
gan léan for a aireachas (Dinneen, P., 1908 a, 282, 284).

2. fachuinn : fochnn (-unn, -ann) o-tamhan, ... fochain, fachaind, .. *cause, occasion* fachain (fochain, fochnn) i. adhbhar. *DIL*
3. airmsheana : Is ait an cumasc é. Ar mhaithe le slánú meadarachta, ní foláir, a aisiompaítéar ‘seanairm’ go ‘airmsheana.’
4. dana : cé díobh de-n-a déanamh dóigh?
5. um meanmain : ‘m’ lom tosaigh ar mheanmain mar gheall ar na consain chomhghaolmhara, ar nós : ‘am baiste’, ‘am briathar’?
6. Fachtna Fáthach : Athair Chonchobhair mhic Nessa. Fachtna Fáthach mac Cais mic Rudhruighe do shliocht Ír (Dinneen, P., 1908. 214).

Sanas an fhocail ‘Fáthach’ is ciall don tagairt do ‘fhorainm.’ Fáthach o/a-tamhan ... (a) *possessed of knowledge or skill; wise, sagacious. DIL*

7. Chathbhaidh : ‘Cathbad drui’ a thugtar air sa Táin. Is iomaí tairngreacht a rinne sé. Thuar sé cáil ar an té a ghlaofadh arm faobhair ina láimh an lá cinniúnach a ndeachaigh Cú Culainn ag éileamh airm dó féin :

‘.. óclach no gébad gaisced and, for-biad a ainm ar gnímaib firu Érenn *ocus* no
mértais a airscélae co bráth’ (Strachan, J., reprint 1976, 11).

Ba oide Conchobhair Rí é :

‘tri meic iarum la Rus Ruad *no* a *cethir* ut alii *dicunt* i. Cathbad drui aite Conchobair meic Nessa *in cethramad* (O Brien, M. A., 1976, 118 b 2).

8. Ollamh Fódhla a ainm, cé chuire ar chalmacht : D’ainneoin an-mhéid a chrógachta, is ó fheabhas an léinn aige a gineadh an t-ainm, Ollamh Fódhla.

As npr. in the name (prob. a title) of Ollam Fodla, one of the early kings of Ireland : dá mac la Fiacha Finsgothach i. Eochaid (qui et Ollam Fodla) *agus* ... *DIL*

Teist Céitinn air :

Do ghabh Ollamh Fódla mac Fiachach Fionscothaigh ríoghacht Éireann deich mbliadhna agus a éag ’n-a mhúr. Is uime ghairthear Ollamh Fódla dé, do bhrígh go raibh ’n-a ollamh i n-eagna agus i n-eolus ré reachtaibh is ré dลighthibh d’ordughadh i nÉirinn ’n-a ré, agus is leis do rinneadh Feis Teamhrach ar dtús i nÉirinn, amhail adeir an file :

Ollamh Fódla feochair gal
do rinne mór na n-ollamhan;
an céidrí rán, réim go rath,
lé n-a ndearnadh Feis Teamhrach. (Dinneen, P., 1908 a, 130, 132)

Curtha i Roiligh na Ríogh ag Cruachain de réir an scéil :

Atáid fád líg 'na luighe,
Cobhthach Caol is Ughuine;
Agus Badhbhcha, réim go rath,
agus Ollamh ard uallach. (ibid. 352)

Is cosúil gur Eochaídh Rí-Éigeas is ainm dó ó thús (Ó hÓgáin, D., 1991, 77).

9. Bile Buadhach Mhuighe Sléacht : bile io-tamhan .. Esp. *ancient and venerated tree* fo bun in bili buadha ... *magical tree* *sacred tree* ar barr in bile buada ... *scion, hero* *DIL* Luaitear ‘Bile theined’ Mhaigh nEalta na Mí, i Leabhar Caillin (Hennessy/Kelly, 1875, 378).

10. shaith : ‘saith’ 2 ...*wealth*.

11. Sidh Bhóinne Breagh : ‘Brugh na Boinne, an Brugh os Boinn, Brugh Mic-an-Oig, a place on the river Boyne near Stackallen Bridge, Co. Meath, Fm.22; ... name seems to have lingered till recently in Bro Park, Bro Mill, Bro Cottage, ...’

(Dinneen, P., 1914, 191).

12. Tor : Rinne Tadhg Ó Rodaighe tagairt don Túr agus do ‘Fhenius Farsaeus’ sa litir a sheol sé chuig Edward Llwyd sa bhliain 1700 A. D. :

... the Milesian invasion, they being the greatest lovers of learning in the world, their predecessor, Niulus fitz Fenius Farsaeus, being borne at the Tower when a building, and a little before the confusion, and the onely man in the world that learned the 72 languages, and taught them, etc., as our chronicles sette forth at large. (Todd, J. H., 1846, 121).

13. ní taobh thollairbhe : toll + airbe; airbe vn. of ar-fen io-tamhan, baininscneach ar ball, (a) *hedge, fence, paling*. *ibid.*

1 toll .. Compds. -airbe *broken fence* (usually metaphorically) : ní taobh re tollairbhe tolltar fa trí ... ní taobh re tollairbhe dhuinn ... Hence -airbech *defenceless, helpless* *DIL*

14. Ocht siolla atá ar an líne seo.

15. Eimhear : Bean Con Culainn (Ó hÓgáin, D., 1991, 134).

‘Ní ionadh go bhfuil cuntas le fáil ar an mbealach ina bhfuair Cú Chulainn a bhean (*Tochmarc Emire*). Tá sé seo ar cheann den dá thochmarc is iomráití i litríocht na Gaeilge.’ (Williams/Ní Mhuiríosa, 1979, 10).

16. Trí shiolla an ainm bhaiste a chuimsítear le línte a, b, c agus an sloinne féin atá i gceist le líne d, mar is léir. Is é sin, Fionn + (n)ghua + la, agus Nic Con Mara.

Cuireadh leagan Béarla den rann seo agus den nota a leanann é i láimh dhéanach ar lch. 303 r. an chóipleabhair ina bhfuil an lámhscríbhinn agus ní ar an lámhscríbhinn féin é :

Fin. i. e. a River of Tirconnell

“The fair Stream of Fin, is a syllable of the woman’s name,

“The second Syllable is found in the cunning Wily Fox,

“The third Syllable to the end of time signifies “a day”

“I venerate the surname a fair offspring of the full briny ocean.”

Ably indeed has Edmond O’Cassidy put the name

and surname Finguala ni Connara in the above song.

17. ‘san tsionach bheag’ na lámhscríbhinne : Os cionn ‘bheag,’ tá an focal ‘nua’ mar ghluais. Cuidíonn an ghluais ‘breaga,’ is é sin, ‘bréaga,’ atá os cionn an fhocail ‘laac’, ar cheann na líne, leis an léamh seo. Is é sin, gua (> gó) = bréaga. gáu (also gáo, góo, gó) ... ap. goa, gúa. *DIL* Níl aon rian den dara ‘n’ san fhocal ‘tsionach.’ Arbh é gléas foghraithe an dara siolla, nó sine gutha, atá i gceist? Is cosúil gurb é an t-ainmhí, an sionnach, atá i gceist. Mheas an té a scríobh an leagan Béarla, faoi nota 16 thusa, gurbh é an sionnach a bhí i gceist.

Léamh na lámhscríbhinne

Émunn, Caisside, Neill ruaidh. 1 a Día, 1 b háonmhac, 1 c múineamh, 1 d duileamh, nacha dén mhaimhleas. 2 a arrsaigh dhamh, 2 b eiccios, 2 c ghuirt logha, 2 d fachuin mhuilc. 3 a ttainic, 3 b Mílidh, 3 c cia, deinimh, 3 d siol Eibhir, ÍR, no. 4 a Arccur, na, 4 b cruithaighróir, 4 c mheanmuin do cuir, 4 d sliocht íR. 5 a Fionnuim, 5 b chomhuirle, chineas, 5 c ó síad nar, 5 d sgur bíad, bfeárr fúaradar. 6 a fathach, 6 b righ rathmhur, chualusa, 6 d no. 7 b cía, cathbhaidh, 7 d dha, leighionn. 8 a Ollam fódhla fúair danáir, 8 b Rioghuibh Phuirt. 9 a sleacht, 9 b Rodaige, ríghghéag, 9 c da, húr a, 9 d co ghnás, geiniolaichc. 10 a nar, 10 b mhic gearóid, 10 c innse fail, 10 d na ccáor. 11 b ó Roduidhe, 11 c choilér, búaine, 11 d coilen, craobhrúaidhe. 12 a leaghinn, 12 b snámaigh seisiomh, 12 c toimhsigh, troidhthe. 13 a fíal, radha, 13 b ní fhéadan, 13 c milidh, 13 d ta na shaitch, sheandaoínibh. 14 a Úaisle fodhla isan, 14 d Egan, 14 d sas, dárdúghadh. 15 a treighe. 16 a a síth bhoinne breagh, 16 b na timcheall, 16 c na, díonmhur, 16 d líonmhur chnúasach. 17 a miodh, lionn, 17 b frannach, imbheirt fithchioll, 17 d sgach, tor táinic. 18 a Leabhuir, Achaigh, 18 b tana, 18 c ceasda súadha aga sgaoiliodh, 18 d freasdal, deaghdaoiniodh. 19 a Seanchus, Eirionn, 19 b cathbhéimionn, 19 d mion, 20 a Ciadh, airgiot, et ór, 20 b ciadh, 20 c coimdhe, 20 d óirne, fa ttugann. 21 a mhac gearóid óig, 21 b treigion, Trinoid. 22 a tathair neamhdha, 22 c chongbus, 22 d dho, chomhuirle. 23 a Taobhúim mhanum, 23 b aondia, siordhuídhe, 23 c sní. 24 b mhuimhnigh, mhórualaichc, 24 c cían, 24 d ríar,

ecceas. 25 a Eimher (*os cionn na líne* : .i. bean Conculuinn) inghion Fhorguill mhonach, 25 b (*os cionn na líne* : .i. samhuil) sonradhach, 25 c ibhfoighid, ibhfeile,imeas, 25 d iccoibhneas. 26 a diomdhach, 26 b na, dhoich dá duileach, 26 c ciodh saithch, óna, 26 d dhi. 27 a Ban sruth finne, (*os cionn na líne* : .i. fionn, abhann i ttír Chonuill 27 b tsionach bheag (*os cionn na líne* : .i. nua ----- bréaga), laac, 27 c ta(*os cionn na líne* : et. la) na. Emunn, tainm, et, fionnghuala ní *Con mhara*, abhrán.

.....

Béarla ar ‘Cinnim comhairle le Dia’

1

I decide to take counsel with God,
with the only beloved son of Maria,
and may the Lord who does not do me wrong,
teach me to my betterment.

2

My having been enfeebled, aged,
remaining after men of wisdom and master poets
amongst the Foreigners of Ireland,
the common selection is the cause of my disdain.

3

A family from whom came tribes,
the three sons of Mílidh of the venerable weapons,
in which of them should one put trust, (?)
the descendants of Éibhear, Ír, or Eireamhón?

4

Having taken counsel of him,
Christ, the creator of the world,
gently encouraged me
to follow the sons of Ír the junior.

5

I recognize that it is my betterment
the council upon which I decided
as it is they who didn’t fail a master poet
and it is they whom they found to be the best.

6

Fachtna Fáthach the son of Ross,
 a prosperous king as I have heard
 idiocy was not his virtue nor his trade;
 his wisdom was the cause of the sobriquet.

7

From when the poets were in a prosperous state,
 who of them had surpassed Cathbhadh?
 his humanity wasn't strict, I thought,
 learning didn't harm his heroism.

8

Ollamh Fódla, although full in courage,
 obtained his name as an honour
 above the kings of Parthalán's Fort,
 his entire title, indeed, was derived from his professorship.

9

The sacred tree of Magh Sléacht,
 Tadhg Ó Rodaighe was the royal branch
 who grew freely from Eamhain
 in accordance with the manner of ancestry.

10

An attractive poet who didn't break an oath,
 the generous Tadhg son of Gearóid,
 noble historian of Inis Fáil,
 tongs who holds the live coals.

11

The key to all knowledge,
 is the successful Tadhg Ó Rodaighe
 of the quarry of most permanent stones,
 a whelp of Cú (Culainn) of the Craobh Ruadh.

12

On the great expanse of full learning
 he swims undaunted,
 he measures the feet through its centre,
 [its] doors, its interior walls, its floor.

13

If it is proper for him to be described as generous,
the detractors cannot
say that he is not a good soldier
is he who is a wealth to the aged.

14

The nobility of Ireland is in the man,
wisdom, fortune abounding
and from (his) origin, usually, valour of victory
the apparatus to raise up nobility.

15

The three traits are in him,
wisdom, the heart of hospitality, suffering,
to hide his fame, is not for us (to do),
truth is not sympathetic judgement.

16

There was not in the Sídh of the Bóinn of Breagh
pleasance which is not in its surroundings,
in his protected, generous, soft palace
plentiful is the collection of my friend.

17

Plenty of variations of music, mead and beer,
French wine, playing of chess
under the bonds of the speckled palace
and every language which came from the Tower.

18

Books of knowledge of Ireland,
cattle raids, sackings and wooings,
philosophers problems being settled,
magicians and gentle folk being served (by Tadhg),

19

Lore of the venerable rivers of Ireland,
her lakes, her hills, her battle-victories,
her forts, her citadels, her towns,
is possessed by him who is in the cynosure of the noble class.

20

Though money and gold are worthwhile,
though feasts and drinking bouts are good,
better is the Lord who created them,
upon us He is not strict about what He gives.

21

Let Tadhg the son of Gearóid Óg understand
that it is not normal for the Trinity to desert
the dirty, avaricious world, (?)
(a world which is) baneful affection is dangerous.

22

Let him adore the Heavenly Father,
let him do the will of the Lord
who keeps great sympathy for us;
(this is what) I decide as advice for him. et cetera.

23

I commend my soul unto the son of Mary,
the only everlasting eternal God
and it is not a hollow dependence, it is known,
fine is the counsel which I decided.

24

One cannot forget Nualaith,
the truly proud Munster woman,
the fine woman who is far from being debilitated
serving guests and wise ones.

25

Eimhear the daughter of Forgall Monach
to this woman she is an exact replica
in patience, in generosity, and in opinion,
close to each other in relationship.

26

With what she has granted, no one is displeased,
nor to my knowledge, is God of the elements,
although men are satiated from the feasts,
all good to her, an impossible feat. et cetera.

The white stream of Finne, is a syllable of the woman's name,
and the second syllable is in the small, pleasant, deceitful fox,
the third syllable is always to the end a day,
I love her surname, a friendly son of the full liquid sea.

An chraobh chumhra uaim don saoiTCD H. 6. 15., 304 r. = *H*;RIA F. v. 3., 180. = *F*;

Ó Tuathail, Éamonn, 1923, alt 39.

Ó Raghallaigh, Tomás, 1938, 390.

Séafraidh Ó Ruairc a chum.

Trí rann, amhrán agus dhá rann bhrefise atá anseo ó Shéafraidh Ó Ruairc do Thadhg mac Gearóid Uí Rodaighe agus dá bhean, Fionnghuala. Is cuí nóta iarmhíre a ghabh leis na rainn bhrefise i lámhscríbhinn Choláiste na Tríonóide a tharraingt aniar chun tosaigh. Tugann an nóta le fios go neamhbhalbh, i mbeagán focal, nár cheart a bheith ag dréim le fíorcheart na ceapadóireachta ó dhuine uasal. Díríonn an nóta ar an léitheoir agus iarrann air gan súil a bheith aige le ‘fíorcheart ná le ceapaireacht dána ó dhuine uasal’, ach an dán mar atá a ghlacadh i gcéadfa mhaith, sin, nó ‘déan féin dán ceart den ionmlán’ (TCD H. 6. 15., 304 v.). Ní údar iontais gur bhreac sé amhlaidh, óir is fíorlag an píosa ceapadóireachta í iarracht Shéafradha. Tugann rann a trí mórán an méid céanna le fios. Comharthaíonn an nóta sin gur dhearc Séafraidh air féin mar ‘dhuine uasal’ agus go bhfaca sé difríocht ghairme idir an ‘duine uasal’ agus an file. Is spéisiúil gur fhéach sé le sciar rannta a scríobh mar a rinne. Is gnáthghnéithe molta a fheidhmíonn Séafraidh sa dán thíos. Is aisteach fós féin an breisín rainn a cuireadh le deireadh gach líne an amhráin. Is féidir a léamh as féin, bíodh nach saibhreas ealaíne d'aon chineál fós féin é, ná baol air :

- a chara mo chroí,
- más maise leat í,
- cead acu is bíodh,
- go maíridh tú *an chraobh!*

Is é is fearr glacadh leis na rannta seo thíos, measaim, mar chuid den ábhar filíochta a bhain le saol Seacaibíteach Thaidhg Uí Rodaighe. Is é an chaoi gur ainmníodh an bheirt, Thadhg mac Gearóid Uí Rodaighe agus Séafraidh Ó Ruairc, mar choimisinéirí don ‘Patriot Parliament.’ (Preston, C., 1950, 151). Bhí teideal aim ag Séafraidh de réir na buntuairisce :

‘Lt. Geoffrey O Rorke’ agus ‘Thady Rody’

(Óstaí an Rí, H. H. 12., Levy i gCnuasach Bolton)

Níorbh é an chéad tréimhse chorraíola do Shéafraíd é. Is ríchosúil ar a ainm baiste atá sách gann, Séafraíd, gurbh é an ‘Geoffwey/Goffroy’ ar maíodh mar chúis ina choinne gur ghníomhaigh seisean nó a athair in Éirí Amach na bliana 1641. Mhaigh James Stevenson ‘pawson of the pawwish of Kiltough[art] Co. Leitrim’ an méid seo sa bhliain 1643 :

... Teige o Roddy of Phonah *and also a monge(s?) Ye Rebell(s?) the kinges atturney, whoe was occownted cheoyf instrument in this Rebellion[,?]* Goffroy o Roirk of ye barrony of Carrickgallen a fweeholder[,?] Edm. mc Gwanold ..

(micreascannán TCD 831, 3 - 4)

Is é is dócha gurbh é Tadhg Óg mac Taidhg an fear de mhuintir Rodaighe a luadh ansin, tharla gur Ruarcach mná a mháthair siúd (H. 6. 15., 304 r.). (Feicfear cuntas air faoin dán thíos, ‘Maith, tráth, do thraigheacht, a Thaidhg’). Thug fear darb ainm George Gonane fianaise in éadan an dreama seo a leanas i ndeisceart Liatroma i dtaoibh an Éirí Amach chéanna, 1641 :

Geffrey oge ó Rork, Geoffrey o Rork, Teige o Rork, Sheely ny Rourk, John o Rodie, Doneill o Rodie, Brian Boy o Rody, Thomas o Ruiddaghan, ..

(micreascannán TCD 831, 4)

Bhí John Winder ‘late of Stackowy in the pawwish of Kiltogher, Co. Leitrim yeoman’ ag iarraidh a chuid eolais a roinnt freisin le húdaráis na linne i gcoinne daoine eile agus ‘Teige o Ruddy’ luate arís ina measc. :

Conn o Roirk, Teige o Ruddy, Teige o Rowke and Mark ó Cwynen of the pawwish of ffenan (ibid.).

Má ba é Séafraíd an dáin seo an ‘Geffrey oge’ thuasluaité ag George Gonane, chiallódh an méid sin go raibh na fiacla curtha go maith ag Séafraíd, an ‘duine uasal,’ faoi am na Pairliminte Seacaibítí, 1689. agus faoi am cumtha an dáin seo, 1702. Bheadh sé ag bordáil ar aois Thaidhg mhic Gearóid Uí Rodaighe, is dócha.

H, 304 r.

F, 180

Bronntanas na bliana nua, ó Shéafraidh Ó Ruairc, *mhic Thoirrdhealbhaigh*,
mhic Fheidhlim, chun Taidhg Uí Rodaighe, *mhic* Gearóid. *Anno Domini* 1702

An

H, 304 v.

1

An chraobh chumhra uaim don saoi,
do Thadhg shuairc Ó Rodaighe,
an cainteoir líomhtha, *an Laidneoir glic*,
scrúdóir fírcheart an Bhéarla Scoitic.

1235

2

File, fealsamh, *breitheamh* binn,
ní feas domhsa a chéile in Éirinn,
ughdar *nach* faiteach i leith an cheirt
is cú craite gach éigeirt.

1240

3

Ní le báidh mo bhreith *air sin*,
ní sum¹ *ach fear* mar chách sa chás *sin*,
an chraobh de ghlór *gach* duine
i gCrích Fodhla mhórcheart Ughaine.²

Abhrán an dána ón bhfeár réamhráite. ---

4³

An chraobh għlas tá dībhse ó fhearaibh Chrích Fáil -- a chara mo chroí, 1245
saoilim *gur* dīlios dībh a faicsin 'do lámh -- más maise leat í,
bíodh saoithe is draoithe ag tagra 'na dheáidh -- cead acu is bíodh,
taoi an mhír leat don scríbse ós murrach⁴ ar chách -- go mařridh tú an chraobh!

Beannacht ón ughdar céanna.

5

A shaoi le scaoiltear gach nod,
mo chéile 'na géinnioch⁵ chugud;
gach tráth 'na bharr mhór ar sin,
ligim a lán do mhnáibh don sórt sin.

1250

A chuid ranna de mhnáibh ar leith,
d'iníon Dhonnchaidh dáltear uaimse,
do leath hiomdhaidh dod' ghealtaobh ghlan, 1255
flaithchéile ar mhéin an deaghbhean.

A léitheoir ná hiar[r], agus ná bíodh súil agat le fíorcheart ná le ceapaireacht
dána ó dhuine uasal. Má bhíonn, féach, cá bhfaighe tú é? Glac an chéadfaidh
mhaith, agus is leor sin, nó déan féin dán ceart den iomlán. *et cetera.*

.....

Foinsí : TCD H. 6. 15., 304 r. agus RIA F. v. 3., 180.

Teideal : Bronntanas na bliana nua, ó Shéafrairdh Ó Ruairc, *mhic Thoirrdealbhaigh*,
mhic Fheidhlím, chun Taidhg Uí Rodaighe, *mhic* Gearóid. *Anno Domini 1702.*

An Mheadaracht

7, 8, nó 9 siolla ar an líne go hiondúil agus iarracht ar éigean déanta le siolla amháin sa
bhreis a sholáthar san ardrinn.

Amhrán, rann 4, ar an dul : í - - í - - a - - á --- - a - - í.

Cuibheas Déanach : Is go leathrialta a chomhardaíonn rinn agus ardrinn. Féachadh, fiú
amháin, leis an bhforainm ‘sin’ a chomhardadh leis féin faoi dhó, 3 a le 3 b, agus 5 c le
5 d.

Nótaí

1.ní sum : Caithfidh sé gur ‘sum’ na Laidine atá anseo seachas foirm ársa na copaile
Gaeilge, céad phearsa uimhir uatha, mar tá an chopail san abairt roimhe cheana.

2. Ughaine : Ughaine Mór.

‘Is uime ghairthear Ughaine Mór de, do bhrígh gur mhór a fhlaiteas, óir do bhí
cur ar oiléanaibh iarthair Eorpa aige; agus do bhádar cíigear ar fhichid do
chloinn ag an Ughaine sin, mar atá, dias is fiche do chloinn mhac is triar
inghean’ (Dinneen, P., 1908 a, 156).

3. Tá línte an rainn seo scartá ag fleiscín gearr ar an lámhscríbhinn féin. Ar an aon líne amháin atá gach líne fhada agus ghearr. Tagraíonn gach líne ghearr cúig shiolla don líne fhada go díreach roimpi.

4. marrach : Is é ‘muireach’ an leagan a thugann RIA F. v. 3., 180, dúinn agus féach, murrach o/a-tamhan .. a form of 2 muirech? *DIL*

Mar sin, cf. ‘1 muirech’, o-tamhan *A leader, commander, chief?* *ibid.*

muirech Cf. murrach ‘able, capable’ murrachas ‘superiority’ O’R. *ibid.*

Ní miste ‘muiredach’, o-tamhan, *A lord, master, proprietor (DIL)* a chur sa mheá le hadhmad a bhaint as an athrú ‘murrach’ > marrach/muireach.

Mar thuairisc eile ar athrú na fréimhe, ‘muir-’ > ‘mar-’, féach ‘muiride’ :

As subst. io, m. *a seafarer, mariner ... A variant form with non-palatal r is maraide.* *DIL*

5. geinnioch : Is é sin, ‘bénneach’. A bhean ina bean nocht chuige, is é sin, ina ‘beannacht mhór’ chuige.

Léamh na lámhscríbhinní

TCD H. 6. 15., 304 r./v. = *H*

RIA F. v. 3., 180 = *F*

Pronntanus *F/H* blíadhna *F* bliadhna *H* nuайдhe o *F/H* Sheafruigh *F* Sheaffruigh *H* ó *F/H* Rúairc *F* Torirdhealbhuidh *F* Toirrdhealbhaigh *H* feidhlime *F* Feidhlim *H* chum *F/H* ui *F* uí *H* Roduighe *F* Roduíghe *H* gearoid *F/H* anno *F* Domini 1a chraibh *F* chráobh *H* úaim *F* tsaoí *F* tsaoi *H* 1b thadhg shúairc ua *H* o Roduígh 1c berlóir *F* cainteoir liomhtha *H* lannoir *F* laidneoir *H* 1d sgrúdthóir *F* sgrúdóir *H* primhcheart bhearlá *F* bhearlá *H* Sgotaic *F* 2a fallsamh *F/H* breithe *F* 2b sa namsa *F* dhamhsa *H* acheile ineirinn *F* inéirind *H* 2c úghdar *F* ughdar *H* ileith *F* a leith *H* 2d cu craidhte *F* éigceirt *F* écceirt *H* 3a Ni *F* Ní lé *H* mar *F* 3b som *F* acht *F/H* chach san *F* ccás *H* 3c dho *F* 3d iccrich *F* i crích *H* fódhla *F* fodhla *H* moircheart iugaine *F* tabhran *F* Abhrán *H* on *H* reimhráidhte *H* --- 4a díbhsí *F* dhibhsí *H* shearuibh *H* chrích *F* chrich *H* fáil *F/H* chroídhe *F/H* 4b saoílim *F* afaicsin *F* laimh *F* mas *F/H* maiseach *F* 4c biodh *H* saoíthe *F* et *H* na *F/H* daigh *F* dhéaidh *H* céad *F* aca *F/H* do shíor *F* 4d taoí *F* míor *F* mhir *H* sgríbsi *F* scríbsi *H* os *F* muireach *F* air *F* chach *F/H* mairidh tu *H* chrao[bh] *F* úghdar *F* ughdar *H* cheadna *F* ceadhna *H* 5a shaoí *F* lé sgaoiltear *F/H* nód *F* 5b na *F/H* géinnneach *F* geinnioch *H* chugud *F/H* do mhéad mo ghrádh *F* 5c na *F/H* bhárt móir air *F* 5d leigim *F* léigim *H* alán *F* mhnaibh *F* mnaibh *H* tsórt *F/H*

(As *H* anseo síos) : Do chum Fionghulann ní Con mara, ceadhna 6a ronna, mnáibh, 6b dinghin, 6c dod gheal taobh, 6d flaithcheile. A leaghthóir na hiar, na biodh, agad,

fiorceart, lé ceapuiracht, úasal, madh bhionn feuch ca bhfuighe, chéudfaidh, et is lór sin. deain fein, don

.....

Béarla ar

‘An chraobh chumhra uaim don saoi’

1

The fragrant laurel from me to the wise man,
to the pleasant Tadhg Ó Rodaighe,
the fluent speaker, the wise Latin scholar,
the truely correct examiner of Irish speech.

2

A poet, a philosopher, a mellifluous judge,
I don't know of his like in Ireland,
an author who is not afraid of (establishing) justice
and a hound who shakes every injustice.

3

My judgement on him is not from a point of bias
I am just a man like everyone else in that case,
the prize by unanimous opinion
in Ireland of the all-just Ughaine.

The poem-song from the same man -----

4

The fresh laurel which is from the men of Ireland to you,
-- O friend of my heart,
I feel that it is proper for you to see it in your hand,
-- if you prefer it,
let the wise and the ingenious be talking about it afterwards,
-- let them be so,
the (warrior's) portion is yours this time as you are a chief to all.
-- May you enjoy the prize!

A blessing from the same author :

5

O wise one who expands every (scribal) contraction,
my wife as a large person to you (I send);
every time, as a large addition to that
I send a lot of that type of women (to you).

To Fionnghuala Nic Con Mara from the same man :

6

O you allotted part of special women,
to the daughter of Donnchadh is given from me,
as a bed companion for your bright clean side,
a princely companion such as the good woman would choose.

Deirbhshiúr don uaisle an eagna

TCD H. 6. 15., 304 v.

Ó Raghallaigh, Tomás, 1938, 391-394.

An tAthair Patruic Ó Coirnín, mhic Cornáin cecinit.

Scríobh Pól Breathnach ocht leathanach de thrácht ar an Athair Pádraic Ó Coirnín agus ar a shaothar (Walsh, P., 1947, 125 - 132). Mhaígh Pól Breathnach gur shiúil dhá ainm leis mar Phádraic. Ba Cornán (Óg) Ó Cuircín in amanna é, ach dar leis, ba é ‘Pádraic Ó Coirnín’ a tugadh air mar bhall den chléir :

Over a period of about thirty years we find trace of a Curnán or Cornán Óg, who is also called Father Pádraic O Coirnín. (Walsh, P., 1947, 125).

The fact that he had two names would seem to indicate that he was a member of a religious Order; but there is no reference to this in his writings; (ibid. 131)

Níl deireadh ráite fós faoi éiginnteacht ainmneacha an duine seo, mar luagh Cuthbert Mhág Craith gur faoin sloinne ‘Currin’ a áiríodh an tAthair Ó Coirnín (Mhág Craith, C., 1980, 216) sna ‘*Parish Priests of Kilmore.*’ (Mc Kiernan, F. J., 1972, 383). Chuaigh scríbhneoir eile ó shin leis an tuairim chéanna sin : gurbh é an fear céanna sa dá chás é, an tAthair Patrick Currin, Sagart Paróiste Droma Liasa (= Droim dhá Thiar), agus an tAthair Pádraic Ó Coirnín, file (Ó Duigneáin, P., 1990, 72). Tá cuma mhaith ar an scéal go bhfuil an ceart acu. Scríobh Proinsias Ó Duigneáin mar seo a leanas :

Patrick Currin born 1653 - died c. 1735

Although this priest’s name as given in the 1704 Kilmore Clergy list is ‘Currin’ there is some evidence to suggest that in fact he was Fr. Padraig O Curneen, one of the best known Gaelic poets of the time. He was ordained priest in 1683, by Most Rev. Dr. Thady Keogh at Carrigin, near Headford, Co. Galway. His two sureties, in accordance with Penal legislation, were Thady Roddy of Crossfield, near Fenagh Co. Leitrim, and John Mc Keon of Cornamucklagh. Fr. Currin (or “O Curneen”?) resided in the Townland of Conagh hill, south east of Dromahaire.

It is interesting to note that Fr. O Curneen addressed a poem to the above-mentioned Thady Roddy of Crossfield. He addressed other pieces to : Thady O Rourke, Bishop of Killala; Isabella Mc Donagh of the famous Ballindoon family; Hugh O Donnell, of Larkfield, Manorhamilton, and to Charles O Connor, the well-known antiquarian of Bellanagare, Co. Roscommon. This

latter poem was written in 1725. Another poem of O Curneen, dedicated to the O Connors is dated 1734. If Patrick Currin and Padraig O Curneen are the same person, he was eighty one years of age in 1734.

This priest's father may have been Cornán Ó Curneen of Co. Sligo, who in 1700 sold a manuscript, now in Trinity College, Dublin to Edward Lhuyd, the Welsh antiquarian. (Ó Duigneáin, P., 1990, 72 -73)

Luann Ó Coirnín an 'chléir' i rann 17 sa duan thíos. Is dócha gurb í cléir na filíochta, seachas cléir na heaglaise, abraimis, atá i gceist agus go bhfuilid ag guí saol só agus seanchais uathu don 'dos,' amhail is a rá gur 'file' den chúigiú grád é Tadhg Ó Rodaighe.

17

Iomad d'éigsibh, iolar scol,
do chumhdaigh triath na dtéannchur,
's do cinneadh ón chléir don dos
dligheadh séimh agus seanchas (H. 6. 15., 305 v.)

Chomh maith lena bheith cruinn go maith i gcúrsaí comhardaide agus uama níl aon easpa toirte ar shaothar Uí Choirnín. Chomhair Pól Walsh, más beacht mo léamh air, trí dhán déag a chum an tAthair Pádraic Ó Coirnín. Tagraíonn sé i dtosach don duan atá idir lámha againn anseo, 'Deirbhshiúr don uaisle an eagna' :

The earliest trace of him known to me is in his poem addressed to the learned Thady Roddy of Crossfield, Co. Leitrim. The latter was living, but apparently extremely old, in 1704. The poem is published in O Raghallaigh, *Filí agus Filidheacht Chonnacht*, p. 391. The heading in the manuscript (H. 6. 15) describes Father Pádruiic Ó Coirnín, the author, as *mac Cornáin*.

(Walsh, P., 1947, 125)

Luann sé ansin duan a chum Pádraic Ó Coirnín do bhaintreach Thiarnáin Uí Ruairc, Isabella, máthair mhór Chathail Óig Uí Cionchobhair :

Manuscript E. .ii. i, p. 67 (old 41) in the R. I. Academy, contains the autograph of an address to Isabella, daughter of Brian m Seain Mac Donagh of Ballindown, co. Sligo, and widow of Captain Tiernan O Ruairc, killed in 1702. It is signed *P. C.*, and has *in nomine domini* at the head.

(ibid. 125, féach 126, 131)

Luann sé duan do shean-uncail Chathail Uí Chonchobhair, is é sin, Tadhg Ó Ruairc, Easpag Chill Ala :

Another autograph in the same manuscript (p. 69, old 29) is an address to Tadhg Ó Ruairc, appointed bishop of Killala in 1707. The piece is not signed, but it has the superscription *in nomine domini amen*, with the scribe's usual *probatio pennae*. (ibid. 125, féach 131)

Tagraíonn sé do dhuan eile a bhain le huachtar Thír Ailealla, taobh thíre an Chnoic Móir, an áit ar neadaigh Muintir Uí Chonchobhair agus iad ar díbirt seal óna n-oidhreacht :

The manuscript long known as the Book of the O Connor Don was transcribed for Captain Sorley Mac Domhnaill in the Low Countries in 1631. At all events a late entry in Captain Sorley's Book is a poem by Father Pádraic Ó Coirnín commencing *Fíor-ainm don Ghaobhaigh an gubhach*, Geevagh's correct name is *Gubhach* 'grieving.' The piece is a lament for Francis Mac Connidhe, son of Torloch. (ibid., 126)

Luann Pádraig A. Breatnach trí dhuan a chum an tAthair Pádraic Dubh Ó Coirnín in ómós chuid de Chlann Dálaigh :

I measc an chnuasach filíochta ar Chlann Dálaigh atá sa lámhscríbhinn G 167, a breacadh sa bhliain 1727, tá trí dhán curtha síos don Athair Pádraig Dubh Ó Coirnín, file agus scríobhaí a bhfuil eolas air ó fhoinsí eile faoin ainm 'Cornán Óg' (mar a thaispeáin Pól Breathnach), agus a bhfuil marbhna a chum sé ar Phroinsias Mac Con Midhe áiridhe (+ 1712) scríofa isteach i láimh dhéanach ar bhilleog de Leabhar Uí Chonchubhair Dhoinn. Do Chonall (mac Seáin mic Aodha mic Cuinn) Ó Domhnaill (*fl.* 1689) a cumadh ceann de na dánta uaidh in G 167, agus cumadh péire eile dá mhac sin Aodh (+ 1754), an pátrún ó Chontae Liatroma dár scríobhadh an lámhscríbhinn. (Breatnach, P. A., 1997, 60)

Ba de bhunadh Shliocht Néill Ghairbh na Dálaigh seo a chuir fúthu i dtuaisceart Liatroma (Ó Duigneáin, P., 1986, 390). Mhaígh Pól Breathnach go mb'fhéidir gur cheap Pádraic duan do bhean an Dálaigh, Flora Hamilton :

Three poems in National Library manuscript 167 were addressed to Hugh O'Donnell who settled at Larkfield, Co. Leitrim, about the early part of the eighteenth century. They were composed by Father Pádraic Dubh Ó Coirnín, and a fourth (perhaps by the same author) on the death of Flora Hamilton, wife

of this O Donnell, who died in 1716, is added on to the second in the same manuscript. (Walsh, P., 1947, 126 - 127)

Ní raibh sé de dheis ag Pól Breathnach ceann fáin de na lámhscríbhinní a fheiceáil :

A stray piece in the collection B. i. 2a. fragment 11, in the R. I. Academy (*Catalogue*, p. 3021), I have been unable to see. Father Pádraic Ó Coirnín is the ascription, and the first line is ‘Scuir dot chaoinedh a Chill Mhór (ibid. 127)

Áiríonn Pól Breathnach na duanta a chum Ó Coirnín do bhaill theaghlacha Uí Chonchobhair an Chnoic Mhóir agus Bhéal Átha na gCarr :

We possess three poems by this priest written for members of Charles O Connor's family. The first is in praise of the young boy himself, composed when he was turned fifteen, in 1725 :

Atá óigfher don fhéin úir
(mithid sgaoileadh ar sgíamhrúin)
lenfus an fhóir in gach acht
sheasfus a chóir ar Chonnacht. (ibid.)

Ceann sprice an duain féin, an scoláire Cathal Ó Conchobhair, scríobh sé nóta ina dhiaidh sin :

scripsit Cornanus O Corrin Anno 1725. (ibid. 128)

Scríobhadh an t-ainm ‘Cornan O Corrin’ in ogham i ndiaidh ceann eile dá chuid dánta, dár túis ‘Donchadh Cathail Óig cisde agus glóir.’ (ibid. 128). Scríobhadh an nóta seo i ndiaidh an dáin :

Being his composein Being his first composeing to y^e family of Knockmore
The above songs composed towards the family of Knockmore viz. M^r Dennis O Connor his lady & children by y^e w'thin poemwriter. (ibid. 129 - 130)

Ba é sin an dán ba thúisce a chum sé d'éinne de Mhuintir Chonchobhair (ibid. 129). Maireann duilleog fillte páipéir ar ar seachadadh dán do Mhuintir Uí Chonchobhair sa bhliain 1726 A. D. :

The w'thin poem was written of late of y^e req^t of M^r Charles og o Conor of Knockmore by Cornan Cornyn the first day of 7^{ber} anno domini 1726.

ollam breifne
Tá suil agam réd shuiluibh más ail leat féin (ibid. 130)

Is ar Mhuintir Uí Chonchobhair in éis a n-athlonnaithe i mBaile Átha na gCarr a cheap an tAthair Pádraic an duan deiridh a luann Pól Breathnach :

The last piece of O Coirnín to which I shall refer was composed on the family of Belanagare in 1734. It is preserved in the handwriting of Charles O Conor in E. ii. i., 62 (old 40). Three men of the household are mentioned by name : the bishop Thady O Ruairc, uncle to the mistress of the house, Donnchadh O Conor, and his son Cathal. The ladies were Eleanor, widow of Terence Mac Donagh, aunt of Mary O Ruairc; Isabella Mac Donagh, widow of captain Tiernan O Ruairc, mother of Mary; and Mary herself. (ibid. 131)

Caithfimid athleagan de dhán a chur le háireamh saothair an Athar Pádraic Ó Coirnín. Léiríonn an tOllamh Pádraig A. Breathnach gur baineadh feidhm as an duan ‘Ca bhfuair in t-eineach iostadh’ le beirt a mholadh, Aodh Ó Domhnaill, Contae Liatroma, ar láimh amháin agus Aodh mac Thoirdhealbhaigh Uí Raghallaigh ar an láimh eile (Breatnach, P. A., 1997, 60 - 61). Míníonn Pádraig A. Breatnach an chaoi gur cóiríodh agus gur insádh na sleachta inar luadh sloinne nó ginealach, agus freisin, go bhfuil dhá rann sa bhreis i gcás amháin acu, an ceann a mholann Aodh Ó Raghallaigh. Thairis sin, tá an péire acu gearrtha anuas dá chéile mar phastiche a deir sé :

Táid focal ar fhocal le chéile tríd síos (faoi bhun mionmhalaírt fhánach), ach amháin sa mhéid (i) go bhfuil téacs difriúil in G [= ceann an Dálaigh] ag freagairt do na rainn a bhfuil sloinne nó ábhar geanealaigh luaite iontu in R [= ceann an Raghallaigh], agus (ii) go bhfuil dhá rann a chuireann síos ar thréithe Aodha Uí Raghallaigh mar chléireach in easnamh sa dán d'Aodh Ó Domhnaill.

(Breatnach, P. A., 1997, 61)

Bhí an tOllamh Séamas Ó Cearnaigh den bharúil gurbh fhile d'aon iúl ama agus iompair le Tadhg Ó Rodaighe ab ea údar duain Aodha Uí Raghallaigh :

..... the present poem is a late effort to use a classical metre, and suffers by comparison with stricter verse. The frequent use of archaic words and forms contrasts strangely with the loose style. It would appear to be by a scholar of the generation and type of Tadhg Ó Rodaighe. The author writes syllabic verse

with difficulty, and overloads his lines with *chevilles*, *aidhbhle duadh*, *lí gan locht*, *is dál dil*, etc. The use of such words as *fochtuis* ‘asked’, *uais*, *Éire* (dat. sg.) immediately betrays the antiquarian. (Carney, J., 1950, 231)

‘Ráineodh sé’, a scríobh Pádraig A. Breathnach :

gurb é an Coirníneach féin a cheap an dán don Raghallach agus gur athchóirigh sé ina dhiaidh sin an téacs céanna d’Aodh Ó Domhnaill ag déanamh mionathraithe (ar leasaithe riachtanacha ó thaobh na meadarachta cuid acu) agus ag soláthar na rann breise. (Breathnach, P. A., 1997, 61)

Is ríchosúil go bhfuil an ceart aige. Más ea, an bhféadfáí a rá gur cineál ciorraithe a rinne Ó Coirnín ar an gcéad phátrún mar sin, is a rá go n-athreicfeadh sé dán faoina athchóiriú ar athphátrún? Arbh é nár chuitigh an chéad phátrún é mar ba chuí? Ní féidir a ráanois, ar chuma leis an mbeirt, Ó Domhnaill agus Ó Raghallaigh, go ndéanfaí aithris seo an dá dhán ar a chéile, is é sin, go gcoillfí an chéad dán a rinneadh leis an athdhán ‘a dhéanamh’. An té a fuair an t-athdhán, an mbraithfeadh sé nár dhán sainiúil dó féin é? Is dócha gur ar bhonn na leisce a rinneadh amhlaidh. B’fhusa an t-athchóiriú ná duan glan as an bpíosa a chumadh.

Scríobh Cuthbert Mhág Craith roinnt mhaith ar cheist na beirte Coirníneach, Cornán Ó Coirnín agus Cornán Óg nó an tAthair Pádraic Ó Coirnín (Mhág Craith, C., 1980, 215 - 217). Rinne sé achoimre ar an leathanach deiridh mar seo :

Fágann sin go bhféadfáí gurb ionann Pádraig Dubh Ó Coirnín agus The Rev. Patrick Currin, sagart paróiste; gurb é Cornán, file, a athair; agus gur dreatháir dó Cornán Óg, scríobhaí. Ach níl sa mhéid sin féin ach tuairimíocht gan mórán tacaíochta; agus b’fhearr a rá nach bhfuil eolas cinnte ar bith ar fáil faoin Athair Pádraig Ó Coirnín i láthair na huaire. (ibid.)

Níor bhí ionann a thuairim siúd mar sin agus tuairim Phóil Breathnaigh a mheas go mba é an fear céanna an file sagairt, Pádraic Dubh Ó Coirnín, agus an scríobhaí file, Cornán Óg Ó Coirnín. Scríobh Pól Breathnach i ndeireadh a shleachta féin gur mheas go bhfágfadh an Coirníneach leid ina litir chuig Thady O Ruairc faoina bheith sna Froinsiasaigh, nó ina shagart, sa chás go raibh, ach níor thagair sé d'aon ní mar é (ibid. 131)

Is gá tagairt do nota Cuthbert Mheig Craith ar láimh scríbhneoireachta beirt de Mhuintir Choirnín :

Scríobh Curnán Ó Coirnín A iv 4, 46 - 64 agus E ii 1, 67 - 76 (1725 - 26);
agus scríobh Cornán Óg Ó Coirnín C i 1. 95 - 97v, sa bhliain 1734, agus b'fhéidir E
ii 1. 48 - 49. Ní léir ón scríbhneoir eacht gurb ionann Cornán agus Cornán Óg.
(Mhág Craith, C., 1980, 215)

Tugann sé an nota (nota 5) seo a leanas ag bun an leathanaigh mar mháthair ar a leagan
féin den scéal :

Ón *RIA cat. Ir. MSS*, lgh. 2288 -89, 3014, an t-eolas seo faoi na lámha ins na
lss. (ibid.)

Cuirimis i geomórtas leis an geur chuige sin léamh Phóil Bhreathnaigh ar cheist lámh
Chornáin Uí Choirnín. D'aithin Pól Breathnach tréith suntais amháin de láimh
Chornáin Uí Choirnín agus rinne cur síos uirthi :

A disyllable pronounced as monosyllabic he marks with an apostrophe, for
example, *guidhim* and *tabhair*. This mannerism would identify O Coirnín's
handwriting anywhere. (Walsh, P., 1947, 128)

Bhí Pól Breathnach sách meáite de cér leis an lámh a bhreac an duan :

At the end of the piece Charles O Conor himself wrote : *scripsit Cornanus O Corrin Anno 1725*. Charles O Conor's hand is distinguished, and very easily
recognised. (ibid.)

Samplaí d'obair na láimhe seo as dán a cheap Pádraic Ó Coirnín do Mhuintir Uí
Chonchobhair is ea an méid seo :

Matiú gus Eógh'n
na sesadh na leogh'n
a maisi sa míon
do dhaithris don tsaógh'l (ibid. 129)

Caithfear géilleadh nach ionann cinnte lámh an té a cheap agus lámh an té a bhreac,
ach bheadh cathú ar dhuine glacadh le leagan amháin den scéal in ionad na
héiginnteachta.

Ní mé nach le barr buíochais as a sheasamh leis lá a oirnithe, 1683 in Áth Cinn, a cheap an file sagairt Pádraic Ó Coirnín an duan molta seo thíos do Thadhg Ó Rodaighe? (Ó Duigneáin, P., 1990, 72). Tugann sé ‘data dearghaol’ < ‘dhata dheirgghil’ (rann 11a) ar ‘mac Gearóid,’ is é sin, ar Thadhg. Is ionann ‘data’ agus aite nó oide, is é sin, athair altrama (*DIL*). Ar an ábhar sin, ní miste cuimhneamh go dtugtar ‘muimidh’ (rann 3d) ar Fionnghuala, bean chéile Thaidhg Uí Rodaighe sna rainn dar túis ‘Go madh buan bail a bhfuil,’ rainn a leanann an duan seo go díreach (TCD H. 6. 15, 306 r.). Cá bhfiosanois nach ag Tadhg agus ag a bhean, Fionnghuala, a bhíodh Cornán Óg ar altram?

Tá dhá dhán bheaga go díreach i ndiaidh an chinn seo sa lámhscríbhinn, TCD H. 6. 15. Tosaíonn an duan deibhí ceithre rann ‘Go mad búan bail a bhfuil’ (inghean dil deidgheal donnchuidh), leanann ceann gairid ‘An screaptra fa ttáirm’ ina dhiaidh agus ansin is ea a roinntear míniú ar na naoi ccuill linn, ar leathanach 306 r. - 306 v. Tharla go roinntear amuigh ansin linn é, d’fhéadfaí a rá gur cheart breathnú ar an dá dhuan ghairide, atá luaiteanois díreach agam, mar rainn iarchomhairc de chuid an duain seo ‘Deirbhisiúr don uaisle an eagna’. Tá an-chosúlacht ar an scéal gur mar sin a cumadh iad. Molann an chéad cheann díobh Fionnghuala le ceithre rann deibhí. Molann an dara ceann an bheirt acu, Tadhg agus Fionnghuala, le trí rann ógláchais ar an rannaíocht bheag. Tugaim leis an duan seo anois iad.

Leathcheileadh ar bhealach cliste ainm agus sloinne Thaidhg Uí Rodaighe agus Fionnghuala, a bhean, sna trí rann deiridh thíos. Measaim go raibh imeartas sanais agus imirt an dá theanga ar a chéile ina suí ag an bhfile sna rainn sin 25 - 27. Níor cuireadh cló ar na trí rann sin riámh go bhfios dom.

.....
TCD H. 6. 15., 304 v.

An tAthair Patruic Ó Coirnín, mhic Cornán cecinit

Sagart eisidhe.

Deirbhshiúr
305 r.

1

Deirbhshiúr don uaisle an *eagna*,¹
atáid cheana ag coimhfheagra,
dá roíle ó am go ham,
gan barr goile ná galann.²

1260

2

Atá an uaisle iodhan
 dá hóradh *in* gach aoīonionadh³
 feadh an domhain dámhaigh,
*fear a homhain*⁴ gach ní hionghrádhaigh.⁵

3

Don eagna, ní dál diamhair,⁶
 atá gach duine deaghchiallaidh,
crann cumhra go mbláth nach bocht,
lán d'umhla, agus d'annsacht.

4

Más rí, más ruire, más flaith,
 féinnidh, nó curaidh colgdhaith⁷
 bhíos *gan eagna* 'na chum chaoin,
*teagbha*⁸ go trom a dtathaoir.

5

Dá dtiadh⁹ thar mhodhaibh a-mach
*an tainér*¹⁰ eagnach eolach,
 ní bhí *gan* tathaoir gach tan,
 cé ní cathaoir do chosnad.

1265

1270

1275

6

Do aoinfhior thromthoice tug
an Coimdhé nach gcar formad,
 gan *eagla* aoinfhír 'ma-le,
eagna fhaolidh is uaisle.

1280

7

Mac Gearóid, glac *gan* dúnadh,
 saoi *gach eagna* d'fhíormhúnadh,
 é do fuair an toice trom,
 a bhuaidh, ní loitfe leatrom.¹¹

8

Tadhg Ó Rodaighe rún glé,
*tea[n]ga*¹² t[h]uirmheach¹³ *gan* tuisle,
 searc *gach* bandála, sciamb¹⁴ scol;
 a mhían anála d'adhnad.

1285

Tuigse 'na chlí do chaithrigh,
gach iúl dó is daghaithnidh,
bile *gan* a bhéin¹⁵ dá bhun,
file féigh¹⁶ agus feallsamh.

1290

10

Atá ris¹⁷ (móir re a mhaoidhéal),
seanchas dion¹⁸ is *deagh* dhaoineadh,
innsin¹⁹ Chobhthaigh na gcladhbh
borraidh a *mbladh mar* bhuabhall.

1295

11

Mac Gearóid dhata dheirgghil,
a aithghin, is é Aimhirgin,²⁰
saormhac Galoimh²¹ nár ghuin fann,
cé thabhaigh goimh gach galann.²²

1300

caor

lch. 305 v.

12

Caor fíneamhna mac Mílidh,
féighfhear an shuilt fhinnlighil,
áilghean a ghné go ngnaoi ngloin,
ba hé a saoi, 's a *seanchaidh*.

13

I bhfíorfhios bhfoirbhthe (radh glé),
Tadhg 'na Aimhirgin oilé,
crú na ríogh ó Eamhain áin,
díon ar dheabhuidh a *dheaghcháil*.

1305

14

Oigéan iomhuis²³ na hEorpa,
aigneadh búidh nach bitheonta,²⁴
daltán na suadh saor *gan* sal,
macámh caomh na ngruadh ngríosghlan.

1310

15

Cruas gcreididh, gloine gcníbhaidh,
baoi san fheadhain fhionndálaithe,
ór chin²⁵ an chaoinghin chneasta,
na fir fhaoilidh inmheasta.

1315

16

Céadna do chreid i gCríost cain,
 i nÉirinn an fhoinn iubhraigh,
 ríoghmhac Fachtna Fháthaigh²⁶ fhinn,
 do ghnáthaigh achta ingill.

1320

17

Iomad d'éigsibh, iolar scol,
 do chumhdaigh triath na dteannchur,
 's do cinneadh ón chléir don dos²⁷
 dligheadh séimh agus seanchas.

18

Geall inigh, ní hágh nuaidhe,
 fuair curaidh na Craobhruaidhe,
 sa mbarr goile geabhaidh geall,
 ó fhearaibh oile Éireann.

19

Tighearna Fiadhach crobh réidh,
 na curaidh sa gceann d'aoinmhéin,
 beacht do lean a los a n-aoi,²⁸
 an fear go bhfios 's go bhfíorghnaoi.

1330

20

A n-aoibh, a n-ineach nach dis,²⁹
 a n-iúl, a n-éimh,³⁰ a n-iris³¹
 a gcosg guaise, ní seol searbh,
 a n-eol³³ uaisle gan indearbh.³³

1335

Deirbhshiúr. *et cetera.*

2. naoi ccuill na ccnó iomhuis for boinn. vide tobar seagsa. p.³⁴

go madh
lch. 306 r.

21

Go madh buan baíl a bhfuil,
 inghean dil déidgheal Donnchuidh³⁵
 Mhic Con Mara, go miadh nglé,
 um fhala nár iadh a inne.

1340

22

Fionnghuala na bhfuighleadh nglan,
 nach gear acht aigneadh iodhan,
 bláth na gcnáobh ó Chaisiol Cuirc,³⁶
 an chaomh bhaisgheal mar Bhláthnuit.³⁷

23		
Ordan, ³⁸ aoibh <i>et [e]ineach,</i>		1345
adhbhacht, ³⁹ oghdhacht ⁴⁰ fhírinneach.		
toirchios do chruinnigh 'na cum,		
muimidh ⁴¹ oirchios dá n-altrom. ⁴²		
24		
Gach fios, <i>gach féile, gach fos,</i>		
dá <i>gcar an séaghainn solas,</i> ⁴³	1350	
ní dán <i>nach dú</i> ⁴⁴ don mhéirghil		
is lán de chrú caoinÉibhir. ⁴⁵		
id est codus poemate. go madh. <i>et cetera.</i>		
25		
An screaptra ⁴⁶ fá dtáirim,		
tugthar uaidhim ⁴⁷ le daghthoil,		
don días ⁴⁸ do char mise,	1355	
mar chara sise, Farbhlaidh. ⁴⁹		
26		
File ⁵⁰ sa teinm laoidhe, ⁵¹		
ainm an tsaoirfhir nach fallsa,		
agus borbaistear ⁵² a slonnadh,		
dóid is ullamh ⁵³ im almsa.	1360	
27		
Agus é re sneachta choimhgheal, ⁵⁴		
ionad iomchair ⁵⁵ an bhrosna, ⁵⁶		
a hainm, 's as ua don bhóchna ⁵⁷		
í, má seoltar a slonnadh.		
An. <i>et cetera.</i>		
.....		

Foinse : TCD H. 6. 15, 304 v. - 306 r.

Teideal roimh rainn na 1 - 20 amháin :

An tAthair Patruic Ó Coirnnín, mac Cornáin cecinit. Sagart eisidhe.

An Mheadaracht

Deibhí an aiste, $7^x + 7^{x+1}$

Ógláchas ar an deibhí, ar luaineacht siolla scaití (21 a, 21 d, 23 a) is ea rainn 21 - 24.

Ógláchas ar an rannaíocht bheag, $7^2 + 7^2$, is ea rainn 25 - 27.

Cuibheas Déanach: Caithfidh sé gur ‘gcorr’ a bhí ar líne 10 c ó cheart, ach ‘gcoir’ atá ar an lámhscríbhinnanois. Comhardann gach déanach eile lena chéile cuibhis.

Cuibheas Inmheánach: Comhardadh slán don chuid is mó, ach cuirtear consan singil le carn consan corráit, toice : loitfe (7 c/d); chaoinghin : fhaoilidh (15 c/d); cinneadh : dligheadh (17 c/d); guaise : uaisle (20 c/d).

Léamh na Lámhscríbhinne

304 An tathair Patruic ó Coirnnin, *mhic Cornáin cecenit*. Sagart eisidhe. 305
1 c dár, 1 d na galand. 2 a Ata, úaisle, 2 b aoínionadh, 2 d hionghradhuigh. 3 a
díamhair, 3 b ata, deighchíalluidh, 3 d ílán dumhla, et dannsacht. 4 a Madh Righ,
madh, madh, 4 b feinnid, no curuid, 4 c bios, na, 4 d a ttathaoir. 5 a Da tiadh tar
mhodhuibh, 5 b in tainér, 5 d ge. 6 b in cuimdhe, ccar, 6 c male. 7 a mac
Gearóid, 7 b dfiormúnadh, 7 d bhúaidh. 8 a ó Roduighe, 8 c smiamh sgol, 8 d
mían, dadhnadh. 9 a Tuigsi na, dcaithrigh, 9 b daghaíthnidh, 9 d feigh. 10 a rís, 10
b seanchus dion (.i. cnoc), 10 c Cobhthuigh, ccladh ccoir, 10 d borrfuidh a mbhladh
mur búabhall. 11 a Ghearóid dhata dheirggil, 11 c nar, 11 d gé, gach ach galand.
12 a fineamhna, 12 b feighfhear, 12 c ailghean, 12 d fá héasaoí, sa. 13 a (radh gla),
13 b Tadhg na, 13 d dheabhuidh. 14 a iomhuis (*faoin líne* : 2) hEórpa, 14 b búidh,
bitheóntha, 14 c sáor, 14 d cáomh, ngrúadh. 15 a Crúas ccreigidid, ccríbhaidh, 15 b
baóí, fheadhuin fionndalaigh, 15 c chaoínglinchneasda. 15 d inmheasda. 16 a
Cédna, a ccríost chaín, 16 b a nEirinn, shuinn iubhruigh, 16 c fhathuighfhinn, 16 d
ghnathuigh. 17 a déigsíbh, sgol, 17 b chumhduigh, tteannchur, 17 c sdo, 17 d
seimh, seanchus. 18 a hágh núaidhe, 18 c geabhuidh, 18 d fearuibh, Eireand. 19 a
fiodynach crobhreidh, 19 b curuidh, cceann daoimhchéin, 19 c a los a naoi (.i.
foghluma), 19 d in, sgo bhfíorgnaoí. 20 a Anaoibh anineach, dis, (.i. deireoil) 20 b
a níul, aneimh (.i. nuaisle), a niris (.i. iccreidiomh. nó neolus nó naimsior), 20 c a
ccosg gúaisi ní seól fearbh, 20 d a neól úaisle. deirbhshiúr.

2. naoi ccuill na ccnó iomhuis for boinn. vide tobar Seagsa .p.

21 a búan bhaíl; 21 b inghean, deidgheal donnchuidh; 21 c Mic Connmara, ngle, (.i.
maise noirdheirc); 1d im, íadh; 22 a Fionngúala na bhfuighleadh (.i. gealladh); 22 b
ccar (.i. ngradhuighionn), iodhan (.i. glan); 22 c bláth na ccráobh ó Caisiol cuirc, 22 d
in caomh bhaisgheal mur bhlathnuit; 23 a Ordan (.i. uaisle), et ineach; adhbhacht (.i.
binnios), oghdhacht (.i. ionnracus) fhírinneach; 23 c toirrchos, na cum; 23 d muimidh
(.i. buime), dia naltom; 24 a feile; 24 b da ccar , tséguind; 24 c mheirghil.

25 a fa ttáirim; 25 b úaidhim re; 25 c char; 25 d mar chara seisí farblaiddh; 26 a san; 26
c agus borbaisder a slonnadh; 26 d im; 27 a Agus é ré; 27 a ionadh iomchuir; 27 b in
bhrosna; 27 c sas úa, bhochna; 27 d ma seoltar.

Nótaí

1. Aon fhocal amháin de dhifear atá idir chéad líne an duain seo agus seanduan de chuid Flann mhic Lonáin (RIA 23 O 39, 179), duan a tháinig faoi thrácht ag Mícheál Ó Cléirigh sa bhliain 1643 (Walsh, P., 1947, 132). ‘Deirbhshiúr don eagna an éigsi’ ba theideal dó ansin. Níor cheart duan mhic Lonáin a áireamh ar shaothar Uí Choirnín mar a rinneadh i gClár na Lsí. i gColáiste na Tríonóide dá bhrí sin (ibid. 131). Níl aon bhaint acu lena chéile tar chosúlacht an dá theideal :

In ainneoin an mhacalla a bheith sa teideal, áfach, saothar neamhspleách is ea an dán do Thadhg Ó Rodaighe atá gan aon rian *pastiche* air.

(Breathnach, P. A., 1997, 62)

2. Galann : galann (gal?) gs. or gp. n-stem? ns. not found ds. galaind. Meaning uncertain. (a) Valour, warlike deeds (?) .i. gaisgeadh. *DIL*

3. Ocht siolla ar an líne seo.

4. homain : omun u-tamhan agus o-tamhan. 1 As subst. fear, the state of being afraid, absol. or with gen. of cause of fear; cor omna ‘a contract of fear’ (one entered into under intimidation). *DIL*

5. Naoi siolla ar an líne seo.

6. ní dál diamhair : Mheabhródh an nath ceann líne seo an méid a dúirt James Carney i dtaca leis an duan a luadh thusa ‘Ca bhfúair an tineach iosdadh’ :

It would appear to be by a scholar of the generation and type of Tadhg Ó Rodaighe. The author writes syllabic verse with difficulty, and overloads his lines with *chevilles, aidhbhle duadh, lí gan locht, is dál dil*, etc.

(Carney, J., 1950, 231)

Leagann P. A. Breathnach an duan *pastiche* sin ar an Athair Pádraig Ó Coirnín (1997, 60).

7. colgdhaith : Colg Also calg a-tamhan later o-tamhan, (b) sword (c) sting (d) awn of barley, (e) Fig. fury, rage. *DIL*

dath-, 2, 1. colour, complexion; Daith bright, nimble, swift, Compds. For colgdhaith see D. mar a bhfuil ‘ivory’ leis.

8. teagbha : Tecma happening, occurrence Is annsin tarla tecma tubaisdech. Tecmaicid happens, occurs in lucht tiagatar dorus D. amach.. tecmaicid drochut doib. Féach do-ecmaing. *DIL*

9. Dá dtiadh : téit. Irreg. vb. with forms from various roots. ... C Early Modern forms ... In syll. verse téi-, tia- may become do-éi-, do-ia- (except tiad), and may take conjunct endings, IGT cited Aith. D. Gloss. cf. 3s. da eid, Arch. iii 237, 22. do-éid, D. Dána 98.31.

10. tainér : An focal Béarla tanner?

11. ní loitfe leatrom : Is féidir gur díshealbhú Thaidhg atá i gceist anseo.
12. tea[n]ga : Teanga, is dócha, atá i gceist. Murab ea : teaga : Modh Foshuite Láithreach, 3ú p. u. u. foirm spleách an bhriathair Tigim (Bergin, O., 1981, xxv.i.).
13. tuirmheach : tuirmech o/a-tamhan (tuirem) numerous, prolific (?) famous (?) ... teangadh tuirmeach Met. Gl. 9, 3. *DIL*
14. sciamh : Is féidir gur ‘c’ an nod os cionn an ‘s’ ach is mó a chosúlacht leis an litir ‘m.’ Tá smeadhamh/smeámh (sméadhamh gaoithe) agus smeamh ag an Duinníneach ach ní haon chabhair an sméámh sa chás seo.
15. bhéin : béis (Conflation of béim and búain?) vn. of benaid and boingid ... Act of striking, beating; cutting, reaping, taking (away)... *DIL*
16. file féigh : féig i-tamhan ... in orig. sense used apparently of vision and of things visible. (a) of sight, seeing, keen sighted. *DIL*
17. ris : Forainm réamhfoclach 3ú p. u. u. firinscne/neodar.
18. seanchas dion : dinnseanchas. *gluais os cionn na líne* : *eadhon cnoc*.
19. innsin : Is mó cosúil le ‘n’ os cionn an ‘i’ comhartha na lámhscríbhinne ag an bpointe seo ná le síneadh fada os a chionn.
20. Aimhirgin : Aimhirgin Glúngel mac Míled. Saormhac Galoimh a thugtar air, ainm a mhíníonn cé acu atá i gceist. Féach an nota ina dhiaidh seo. File agus breitheamh ba ea Amargein Glúngel mac Míled. De réir an tseanchais, is é a chan an ortha ‘Am gaeth i mmuir : - Is gaoth i muir mé’ ar leagan na coise deise dó ar thalamh na hÉireann (Henry, P. L., 1978, 42, 44; Féach Ó Floinn, T., 1955, 10).
- ‘Gidheadh ré linn na Págántachta, is iad so síos na príomh-ughdair do bhí ris an seanchus ó aimsir go haimsir, mar atá Aimhirgin glúin-gheal, ...’ (Dinneen, P., 1908b, 32)

Airioch Feabhruadh ’s Donn go ngladh,
 Ro geineadh iad san Scitia;
 Rugadh san Éigipt aibhnigh
 Éibhear Fionn is Aimhirgin (Dinneen, P., 1908a, 46).

Tháinig sé go hÉirinn (ibid. 80)

21. Galoimh : Galomh : ainm bunaidh Míleadh Easpáine :
 Tuig nach í so an Scota fá bean do Ghalamh da ngairtheor Mílidh Easpáinne
 agus rug seisear mac dó (ibid. 20).
- Mar a chéile ag Ó hÓgáin, D. (1991, 296)
22. Féach ‘galann’ faoi nota 2 thuas.
23. Oigéan iomhuis : ocán, océn o-tamhan. also acían, acén, oicén, aicén, ... The ocean. Fig. oicéan ainbhis, i n-aigeun anbhail na hanmann.... ; *DIL*
- Tá an uimhir ‘2.’ scríofa faoin bhfocal ‘iomhuis.’ Ag bun an leathanaigh mar ar chríochnaigh an duan, scríobhadh an ‘2.’ arís agus an méid seo a leanas leis :

2. naoi ccuill na ccnó iomhuis for boinn. vide tobar Seagsa .p.
 imbas, imbus, o-tamhan (imb-fhiuss or imb-fhess ..).great knowledge; poetic talent, inspiration; fore-knowledge; magic lore. *DIL*
 Is léir gur ar an lámhscríbhinn gur ‘m’ lom ó cheart atá anseo. Trí chumasc a bhfuil an focal ‘fios’ ina ruball is ea ‘iomas,’ ‘oireas,’ ‘tuaileas.’
24. aigneadh ... nach bithleonta : Chuile sheans gur ag moladh Taidhg atá an líne seo, as an tslí ar théarnaigh sé ina chroí agus nár bhris ar a mheanma i ndiaidh a chur as seilbh.
25. ór chin : cinid is born, descends (from) Somet. with -nn- (b) Most freq. with ó ... ó Aeneas ro cinnset ind Romain. *DIL*
26. Fachtna Fháthaigh : Athair Chonchobhair mhic Nessa.
 (Dinneen, P., 1908a, 214, 216; agus Ó Corráin/Maguire, 1981, 92).
27. do cinneadh ón chléir don dos : Is túisce a chuimhneofaí ar chléir na filíochta, ach b'fhéidir chomh maith le sin, gur bhreith bhuíochais é seo ar Thadhg Ó Rodaighe as a sheasamh le sagairt lá i gCo. Lú. Thug Tadhg teist ar thrí shagart : 1677 AD. thug Thady Redahon as Crossfield, teist ar Darby Feenan, ábhar sagairt as paróiste Fiadhnaigh i nDún Dealgan i láthair Oliver Plunkett; (Ardclon., vol. I no. 2, Ich. 99).
 1679 AD. Thug Thady Roddy teist ar Charles Rodaghan, ábhar sagairt as Drumcroman (Kiltogher) nuair a oirníodh é faoi láimh Oliver Plunkett i nDún Dealgan
 1683 AD (ibid.). Thug Tady Roddy of Crossfield teist ar Patrick Currin as Conaghill, Droim dhá Thiar, Co. Liatroma, lá a raibh an Most Rev. Thady Keogh i láthair ag Carragin, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe (Ó Duígneáin, P., 1990, 72)
28. n-aoi : *gluais os a chionn* : *eadhon* foghluma. 2 aí t-tamhan, firinsneach Earliest form aui (monosyll.) Later f. ...Poetic inspiration, learning, metrical composition. *DIL*
29. nach dis : *gluais os a chionn* : *eadhon deireoil*. diss dispicable, mean, puny, insignificant : dis .i. dereoil. *DIL* Féach ‘dís-’ an Duinnínigh.
30. n-éimh : *gluais os a chionn* : *eadhon* nuaisle. Féach **2 néim** ag *DIL*.
31. n-iris : *gluais os a chionn* : *eadhon* iccreidiomh. nó neolas nó naimsior.
32. neol uaisle : Macalla déchiallach eile ar Mhuintir Eolais?
33. indearbh : Dúntar an duan le ‘**indearbh**;’ ‘**Deirbhshiúr**’ a thosaigh an chéad líne.
34. Gluais ar ‘oigéan iomhuis’ luaite faoi nóta 23 thuas.
35. Donnchadh (Mac Con Mara,) mac Seáin Riabhaigh, ... Féach thusa caibidil II faoin a iníon, Fionnghuala.
36. Luitear Corc ina chéad rí de réir na staire ar an Mumhain agus luitear Caiseal mar gurbh é Corc a bhunaigh é :

‘Corc mac Luighdeach laochdha an fear, ceid-fhear ro shuidh i gCaiseal.’

(Comyn, D., 1902, 124)

37. Iníon Mhanannáin mhic Lir, i.e. bean Con Roí, Blánaid, nó an easóg mná. Chuir Feirtcheirtne deireadh léi in éirc bhás Con Culann :

... agus mar do chonnaire an file Blánaid 'n-a seasamh ar bruach aille ann téid da hionnsuighe agus iadhaus a láimha uimpe, gur chuir é féin agus í d'urchor ris an aill, gur marbhadh amhlaidh sin iad (Dinneen, P., 1908a, 226)

38. Gluais le 'ordan' sa ls. i.e. uaisle.

39. Gluais le 'adhbhacht' i.e. binnios.

40. Gluais le 'oghdhacht' i.e. ionnracus.

41. Gluais le 'muimidh' i.e. buime.

42. Níl aon chomhartha 'r' sa ls. faoi 'dá'.

43. tséaghainn sholas : Solus, aid. *DIL*

44. dú = ceart.

45. Éibhear, tuis. gin. Éibhir. Thit i gCath Airgeadair 'amhail adeir an rann-so' :

Cheithre bliadhna déag rodfeas
D'Éireamhón i n-ardfhlaitheas;
Iar gCath airgeadair go n-ágh
Mar ar thuit Éibhear iomlán. (Dinneen, P., 1908a, 106)

Fágadh Leath Mhogha faoi smacht dá iarmhar de réir an Leabhair Ghabhála :

Tug fós dá Chúigeadh Mumhan do cheithre macaibh Éibhir, mar atá Ér
Orba Fearón is Feargna (ibid., 108)

Ba '.. Do shíol Eibhir tángadar' Clann Mhic Con Mara (Comyn, D., 1902, 28).

46. screaptra : scrioptúr.

47. Fágaim an fhoirm seo le huimhir na siollaí a shlánú.

48. Is fearr déshiollach an focal seo ar an ábhar céanna.

49. Gluais os cionn na líne : 'Ingen Righ Alban tug chion do Cearbholl Ó Dálaigh ut fingitur' (TCD H. 6. 15., 306 r.). Tagairt do scéal grá na beirte úd, atá in eagair ag Siobhán Ní Laoire mar 'Bás Clearbaill agus Fearbhlaidhe'.

50. Is é 'file' an tsainchiall is coitianta don ainm '**Tadhg.**'

51. Ceann de na 'trí neimhthigh' ba ea an 'teinm laída.' 'Imbas forosna agus dichedul do cennaib' is iad na cinn eile agus bhíti ag súil lena bhfoghlaim ochtú bliain fhoghlaim na filíochta. Tuisint na filíochta a bheadh i gceist anseo.

52. Is cliste an cumasc 'borbaistear' ar '**Rodaighe.**' Samhlaíodh 'aistear' le '**ród**', ní hionann is 'rod' agus scaoileadh nod linn le 'borb' agus 'aistear', péire a chiallaigh gur aistríodh a shloinne go borb.

53. Imríodh an focal Béarla 'ready' ar 'Roddy' chomh maith creidim sa líne 2d.

54. Is ionann 'choimhgheal' agus '**Fionn.**'

55. Is ar do '**ghuala(inn)**' a iompróidh tú brosna.

56. brosna : Tharlódh sé gur '**gual**' an brosna céanna.

57. Is ionann ‘ua don bóchna’ má scaoiltear é agus ‘Ní Mhic = **Nic** + Cú Mara’ nó té seolta na mara. Go bunúsach an sloinne Nic Con Mara.

Béarla ar :

‘Deirbhshiúr don uaisle an eagna’

1

Wisdom is the sister of nobility,
both are already corresponding
to each other from time to time
without dint of valour nor warlike deed.

2

Pure nobility is
being gilded everywhere
throughout the populous world;
the one who fears it is entirely worthy of affection.

3

As to wisdom, it is not a matter of mystery,
every sensible person is
(a fragrant tree with a respectable bloom)
full of humility and love.

4

Whether king, chief, prince,
soldier, or warrior swift of sword
who is without wisdom in his fine body,
their reviling comes heavily.

5

If the wise learned tanner
goes beyond what is proper,
(he) is never left without detraction,
even though he can cover a chair.

6

The Creator who does not like jealousy,
gave great wealth to one alone
- fearless of anyone around him -
cheerful wisdom and nobility.

The son of Gearóid, an eternally open palm,
 a philosopher to teach truly every wisdom,
 it is he who acquired the immense wealth,
 inequity will not ruin his inherent quality.

Tadhg Ó Rodaighe, a proper darling,
 a vigorous tongue which never stammers,
 the love of every gathering of women, the adornment of schools,
 he desires to quicken breaths.

Understanding has lodged in his bosom,
 he is well acquainted with every knowledge,
 a man of distinction who has not been struck from his root,
 a sharp poet and philosopher.

He has in his possession (he may be proud of it)
 lore of topography and of good people
 of the islands of Cobhthach of the round banks,
 their fame will spread like a ragwort.

The son of fine red-bright Gearóid,
 his double is Aimhircín,
 the noble son of Galamh who never hurt the weak,
 although he earned the enmity of every hero.

Berry of the vine of the sons of Míl,
 the sharp man of the bright-coloured mane,
 pleasant is his clean-featured face,
 he was their philosopher and their historian,

In matured true knowledge (a grand claim)
 Tadhg is another Aimhircín,
 blood of the kings of splendid Eamhan,
 his good repute a guard against trouble.

14

Europe's ocean of intuition
(is) the gracious mind which recovers from wounds,
student of the noble pure learned ones,
pleasant youth of the glowering cheeks.

15

Steadfastness of faith, purity of piety
was in the bright-gathering band,
the affable esteemed men,
from whom the kind pleasant child was born.

16

The same who believed in gentle Christ
in Éire of the yew-abounding land,
the princely son of fair Fachtna Fáthach
who practised reliable deeds.

17

The prince of the daring efforts protected
an abundance of learned men, a plurality of schools,
and by the poets for the poet it was decided,
a fine entitlement and history.

18

Certainty of honour, not a novel triumph,
the champions of the Craobh Ruadh obtained
in the heat of valour he shall obtain a prize
from the other men of Éire.

19

The lord of Fiadhna of the open hand,
the champions by unanimous wish,
accurately followed because of their poetic inspiration,
the man with knowledge and with true affection.

20

Their smile, their honour which is not mean,
their knowledge, their splendour, their faith,
their defeating of danger, not a bad guidance is
their knowledge of indubitable nobility.

Sister. et cetera

21

Long life to the place
where the white-toothed beloved daughter of Donncha
Mac Con Mara is, with brilliant honour,
who never harboured a grudge.

22

Fionnghuala of the proper pronouncements,
who loves none but a pure mind,
tree blossom from Caiseal of Cork,
the bright-palmed noble like Bláthnait.

23

Nobility, pleasance and honour,
sweetness of voice, true purity,
are fruits which gathered within her,
a fitting foster-mother to rear them.

24

All knowledge, all gererousity, all honour,
which the bright accomplished one loves,
is a destiny due to the bright-fingered one,
who is full of the blood of fine Éibhear.

25

The scripture which I obtain,
I present with good wishes,
to the pair whom I love,
as she, Farbhlaid, loves.

26

'A poet' in teinm laoidhe, (=Tadhg)
is the active nobleman's name,
and a crude journey is his surname, (=Rodaighe)
ready is his hand in almsgiving. (=Roddy)

27

When as bright as the snow, (=Fionn)
the part which carries the fuel/verse (=guala)
is her name, and a grandchild of the sea is (=Nic
she, if one expounds her surname. (=Con Mara)

.....

Slán fá éirghe Eilise

TCD H. 6. 15, 307 r.

Ó Raghnallagh, Tomás, 1938, 394-395.

Ó Dochartaigh, Cathair & Ó Baoill, Colm, 1996, 25.

Éamonn Ó Caiside a chum.

Scriobhadh réamhfhíniú leis an dán gairid seo a thugann ainm an údair agus dáta a chumtha duit :

Íar dteacht ón mbás do dheirbhshiair Thaidhg, Eilís Ní Rodaighe, *Anno Domini*. 1704, i Mí Jún, óir do haithriseadh a bás don ghalar bhreac go coitchionna an tráth sin. Do chuir Éamonn Ó Caiside na rainn seo de dhán casbháirdne chuici. (TCD H. 6. 15, 307 r.)

Cheap Éamonn Ó Caiside trí dhuan eile in ómós Thaidhg Uí Rodaighe :

‘Cá dream is fearr ná Sliocht Ír’ (ls. TCD H. 6. 15, 300 v.);

‘Cinnim comhairle le Dia’ (ibid., 301 v.);

‘Mó ná mionca triall go Tadhg’ (ibid., 308 r.).

Bhí péire díobh sin fada go leor, scór go leith rann agus amhrán sa cheann is faide, ‘Mó ná mionca triall go Tadhg.’ (TCD H. 6. 15, 308 r.). Dhírig an file, Éamonn Ó Caiside, a aird sna duanta sin ar Thadhg Ó Rodaighe é féin. Is iad na ceithre rann thíos an t-aon trácht díreach atá againn ar Eilís, deirfiúr Thaidhg. Léiríonn aithris chontrálte bhás Eilise agus an tagairt don ghalar breac dhá ghné de shaol na linne sin, mar atá, easpa cumarsáide agus tionchar galair nach mbuaireann a thuilleadh sinn. Mheabhródh trácht contráilte bás mar seo an tagairt a rinneadh d’eachtra don chineál céanna á lua le Tadhg Ó Rodaighe leis an duan ‘Fíorchrádh d’Éirinn turus Taidhg’ a cíoradh thusas (TCD H. 6. 15., 298 r. - 299 v.).

‘Mongbhuidhe’ a bhí Eilís má ba fhíor d’Éamonn (ibid., 307 r.). Níl bréagnú againn ar an méid sinanois, ach cuimhneofar go raibh a deartháir, Tadhg Ó Rodaighe, sa chnagaois mhór faoin am seo. Ní móide gur bhain aon tábhacht leis an tagairt don ‘mongbhuidhe’ seachas gnóthaí comhardaithe.

Ní fheadar an bhfuil roinnt éigin le léamh faoi Éamonn Ó Caiside as an líne seo a leanas in amhrán an dána thíos :

do thásc ó bhéal go béal sa Tír seo, chuaigh, (4 c).

Is cosúil go maith ar an lámscríbhinn gur ceannlitir ‘T’ atá i gceist, mar ní bhíonn ceannlitreacha an scríobhaí, Muiris Ó Nuabha, soiléir glan amach in gach cás. Bhí luí ar leith ag muintir iarthuaisceart na tíre go háirithe leis an bhfocal ‘tír’ thar mhuintir na coda eile, measaim. A shliocht ar an áit go sloinntear seantuatha agus barúntachtaí go leor an lae inniu le ‘tír’ móide ainm duine éigin ar nós Conaill, Eoghain, Fiachrach, Ailealla, Amhalghaidh, Aoidh, Cinnéide is mar sin de. Thug údair an leabhair *Irish PlaceNames*, léarscáil lena gcuntas ar an bhfocal ‘tír’ (Flanagan, D. & L., 1994, 153; cf. O Connor, P., *Atlas*, léarscáil 65). Ní fheadair mé nach raibh Éamonn Ó Caiside ag cuimhneamh ar an sean-nós Gaelach, ar an mbun gur compal a áite féin, nó **territory**, atá i gceist aige leis an bhfocal ‘Tír’ (4c). B’fhéidir gurbh i dTír Chinnéide, Contae Fhear Manach, a bhí Éamonn agus an dán á chumadh aige, ‘Mí Júin’ na bliana 1704. Tuigim áfach, gur lagáiteamh an méid sin.

.....
TCD H. 6. 15., 307 r.

1

Slán fá éirghe Eilise, 1365
bláth na scéimhe an tsearcmhnaoise,
barr ar phéin mo bhegchridhse,
i dtámh ’na déidh dá ndeachmaoisne.¹

2

Ríoghan ruithneach monghuidhe,
chrionna chruithgheal leánbaidhe, 1370
cheastach eolach² ollmhaidhe,
chneasta cheolach cheannsaidhe.

3

An bhé³ ’na cat, chualabhair,
sa tsaoirinnse sháireochadh,
gach⁴ gné ghalair ghuasachtaigh, 1375
saoilimse go sláineochadh. Slán fá. *et cetera*
lch. 307 r.

4

Slán fá t’éirghe, a réalt an taoibhe tuaidh
tá gan éiclips d’éis mo bhrí a ghoid uaim,
do thásc ó bhéal go béal sa Tír seo chuaigh,
is fearr an scéal gan mé bheith sínte ar th’uaigh. 1380
et cetera.

Teideal : Ní teideal atá leis, ach an réamhnóta mar a tugadh thús, dar tú : Íar tteacht on mbás do dheirbhshiair Thaidhg.

An Mheadaracht

Ógláchas ar an gcasbhairdne.

Léamh na Lámhscríbhinne

Íar tteacht on, Tadhg. Elís ní, *anno*, 1704. a mí jún. oir, haithriseadh a, go coithchionna, tráth sin, Eamonn o Caisside, so do, caisbháirne chuigaigh.

1a fa eirghe Elíse, 1b blath, sgéimhe, searcmhnaoise, 1c bárr, péin, 1d i ttámh na, da ndeachmaoisne.

2b chríona, leambuídhe, 2c cheasdach, ollmhuidhe, 2d chneasda cheólach cheannsuidhe.

3a An bhé (*os cionn na líne : eadhon an bean. eadhon in[ghean] righ fhorúisi na niongnadh air a mbíodh gach gné fa míon lé.*) na, 3b san, sháireochadh, 3c Gnach, 3d slaineochadh.

4a fád eirghe, túaith, 4b ta, eclips déis, bhrigh ghaid úaim, 4c do thasg, bél san Tírsi chúaidh, 4d sgéul, húaidh.

Nótaí

1. dá ndeachmaoisne : 1 p. u. iolra Modh Foshuite Aimsir Chaite. Pl. 1 -deachmaois (Knott, E., 1950, LXXXV).
2. eolach : An ghnáthdhéchiall is dócha.
3. An bhé : *gluais os cionn na líne : eadhon an bean. eadhon in[ghean] righ fhorúisi na niongnadh air a mbíodh gach gné fa míon lé.*
4. Gach : ‘Gnach’ atá sa lámhscríbhinn. ‘Gach’ a scríobhadh ar bhun an leathanaigh roimhe mar ghnáth-réamhleide cinn leathanaigh. Is dóigh go mba iomrall súile ar an bhfocal ‘gné,’ an dara focal, ba chúis leis an ‘gnach’ in áit ‘gach.’

Béarla ar ‘Slán fá éirghe Eilise’

1

Hail to the recovery of Eilís,
the flower of beauty is this loveable woman,
[it would be] an excess of my petty heart’s suffering
if I went into a stupor in her absence.

2

A radiant, fair-maned,
wise, bright of form, childlike,
inquiring, knowledgeable, magnificent,
kind, musical and refined queen.

3

The woman as a cat, [as] you heard,
who would overcome in the noble isle
every kind of perilous disease,
would, I believe, recuperate.

4

Hail to your recovery, o Northern Star,
who is without eclipse after stealing my strength from me,
your fame has gone from mouth to mouth in this country;
better is the fact that I am not stretched on your grave.

Mó ná mionca triall go Tadhg

TCD H. 6. 15, 308 r.

Níc Philibín, Mairgréad, 1938, 114-120.

Éamonn Ó Caiside,
mac Néill Ruaidh cecinit

Ní beag an saothar a chuir Éamonn Ó Caiside de mar mholadh ar Thadhg Ó Rodaighe. Ar leathanach 299 v. na lámhscríbhinné céanna seo, tá duan molta do Thadhg dar teideal ‘Cá dream is fearr ná sliocht Ír.’ Tosaíonn duan eile de chuid Éamoinn mar mholadh ar Thadhg, ‘Cinnim comhairle le Dia’ ar leathanach 301 v. Tosaíonn trí rann agus amhrán a chum Éamonn mar mholadh ar dheirfiúr Thaidhg, Eilís Ní Rodaighe, ‘Slán fá éirge Eilisé’ ar leathanach 307 r.

Seachas a bheith ag ceapadh duanta do mhuintir Rodaighe, chum sé péire, ‘Faoilidh Teamhair, Teathba is Fiadmhaigh caoimh’ agus ‘Faoilidh Fir-manach anocht’ do Shíol gColla, is é sin, Clann Mhig Uidhir. (Níc Philibín, M., 1938, 120 - 130).

Is é an duan seo, ‘Mó ná mionca triall go Tadhg,’ an ceann is mó dár chum Éamonn Ó Caiside. Tugtar an dúnadh, nó an t-iarchomharc, ‘mó,’ ar rann 25. Baineann na rainn 26 - 30 le Fionnghuala, ‘Ingean Donnchaidh dreach mar ghrís’ (27a) go huile is go hiomlán. Is í sin, bean chéile Thaidhg Uí Rodaighe agus á moladh sin atá na rainn deiridh seo. I measc rudaí eile, moltar Tadhg sa duan seo as a chumas ceisteanna a shocrú agus ba mhór ab fhiú a bheith ina láthair, dar leis an bhfile :

18

Eiseamh ag fuascladh na gceast,
 ’na bhreitheamh cheart ann gach cás,
 dul dá saidhidh leam níor leasc,
 uch, gan mé na measc go bráth.

Is é nádúr an dáin mholta, ar ndóigh, an formholadh agus ní taise d’Éamonn Ó Caisidhe é. Moltar sinsear Thaidhg idir rainn 3 agus 7 agus is é Tadhg é féin is oirirce orthu ar fad. Scaoileann an file Éamonn Ó Caiside cúpla leide linn i dtaoibh Thaidhg, dar leis, trí an duan. Bhíothas ag teacht chuig Tadhg ‘le dréachtaibh’ (11c), nó le dánta. Bhí lámhscríbhinní chuige agus uaidh, de réir cuntais a thug Tadhg Ó Rodaighe é féin. Thug Tadhg le fios gur thug sé leabhar ar iasacht do Ruaidhrí Ó Flaithbheartaigh :

My honoured friend, Mr. Roger Flaherty, lost a curious volume of the Mathematics (during) the last warre, in Gallway, which I lent him, the losse

whereof he wonderfully condoles in a letter to me; that greate man's sense of the losse of so rare a piece piercing his noble vitals, for being the instrument thereof, and blaming me in his letter for lending him the booke (tho' nothing in the world was more wellcome to him than the same, nor more ardently courted), etc. (Todd, J. H., 1846, 122).

Is spéisiúil mar sin rann 11, tharla go luaitear Gaillimheach ann. Ní dóigh liom gur Conallach ná Albanach a bhí i gceist. (Cuimhnímis go bhfuil Oileáin Árann sa dá áit sin freisin) :

11

Fear ó Árainn na naomh náir,
fear ó Mhálainn an taobh thuaidh,
fá seach le dréachtaibh 'na dháil,
fear ó Mhaigh, is fear ó Muaidh.

Bíodh gur le haghaidh comhardaídh a scríobhadh ‘Mhálainn’(11b) seachas áit ar bith eile in Éirinn, an bhféadfadh a mhalaírt a bheith i gceist, gur tháinig duine éigin chuig Tadhg ó Mhálainn? Ní miste an cheist a mheá, tharla gur bhain an lámhscríbhinn RIA 24 P 25 le hInis Eoghain de réir gluaiseanna go leor ann agus tharla go bhfuil gach cosúlacht ar an scéal go raibh sí i seilbh Thaidhg tréimhse fada go leor. Shínigh Tadhg Ó Rodaighe a ainm cúig uaire, dar liom, ar lámhscríbhinn RIA 24 P 25, lámhscríbhinn ar ar bhaist Pól Breathnach *Leabhar Clainne Suibhne*, óir ba dhuanaire Clainne tSuibhne thar aon ní eile an lámhscríbhinn chéanna. Shínigh Tadhg a ainm, ‘Tadag Roddy,’ ar leathanach 25 v. sa bhliain 1687 A. D. Chuir sé dáta eile lena ainm, ‘Tadhg va Rodoighe’, ar lch. 73 v. sa bhliain 1697 A. D. Comharthaíonn an tréimhse deich mbliana sin go bhféadfadh an lámhscríbhinn a bheith ina sheilbh i rith an ama. Ba é tuairim Sheáin Uí Dhonnabháin gurbh amhlaidh a bhí. :

Of all the MSS. which belonged to O' Rody, only two are known to the writer as now extant, namely the Book of Fenagh, now in private hands, and a parchment Ms., containing lives of Saints viz. Patrick and Columb Kille, and a curious history of the family of Mac Suibhne (Mac Sweeny), a branch of the northern Hy-Niall, viz. who emigrated to Scotland in the eleventh century and afterwards returned to Ireland in the fourteenth. This latter M. S., which contains many marginal memoranda, in O Rody's handwriting, in Irish and Latin, is in the possession of the proprietor and editor of this **Journal**. All O' Rody's other MSS. have either perished or are now entirely unknown. John O Donovan, Ll. D., in the Ulster Journal of Archaeology, Vol. ix p. 21 (Belfast, 1861) (Gearrthán faoi iamh céad chlúdach na ls.RIA 24 P 25).

Ní miste a lua gur shínigh fear de mhuintir Ghobáin ó íochtar Inis Eoghain an nóta seo sa lámhscríbhinn. :

This bill bindeth me Owen o Gobbin of Gadiduff in the pawish of Clonmany Barrony of Ennishowen and County of Donnegall fo th Console and acknowledge my self to be owin and stand justly indebted to m^r James mac Redy of fanie (Fanaid?) (RIA 24 P 25, 61 v.).

.....
TCD H. 6. 15., 308 r.

Éamonn Ó Caiside mhic Néill Ruaidh cecinit
rannaighacht mhór an dánso.

1

Mó ná mionca triall go Tadhg,
triath os Fiadhach na n-óg n-ard,
comhfhorba¹ 's a líth² mar ladhg,³
fríth don radhg⁴ go rógharma⁵ bard.⁶

2
Ní gan fhachain⁷ uair an ghairm,
an tí nar chathaigh um chuirim,⁸
a mhaith fá ionmhas⁹ tug ainm,
do fhlaith Fiadhach, modh is muirn.¹⁰

1385

3
Aostacht na fola dhá bhfuil,
an daonnacht thoghas dá thaíl,¹¹
a ghaois, a ghéire, 's a ghoil,
gan bhaois, ach bail féile fair.

1390

4
Barr ar bhrónntaibh rug sliocht Ír,¹²
ón am dob' orrdhuire¹³ an chliar,
dá n-athchur le reacht na ríogh,¹⁴
le neart gníomh gur fhastsad¹⁵ iad.

1395

5
Ó uaisle Fódhla,¹⁶ is gníomh,
is buaine sona Síol Róigh,¹⁷

sliocht
lch. 308 v.

sliocht Chonmhaic¹⁸ do chuir i gcéill
in iocht¹⁹ ghur chéim comhraic dhóibh,

1400

6
Ciar,²⁰ is Corc,²¹ is Conmhac²² caomh,
triar gan locht i gcomhrac chruaidh,
de Chloinn Fhearguis²³ fhéilmhic Róigh,
gealghais den fhóir fhéil rug buaidh.

7
Do chinn Conmhac ar an gcloinn,
an bhorbshlat nár shlim dob ard,
crainn dob' orrdhairc os gach coill,
ar chloinn Conmhaic do chinn Tadhg,

1405

8
ar fhéile, ar fhoirbheart, ar aoibh,
ar dhéine thoirbheart do dháimh,
ar bhronnamh airgid is óir,
moladh 's dóich nach dtéid i dtráigh.

1410

9
Seadh i séadaibh nochá gcuir,
an mheadh do mhéadaigh ar bail,
ainm orrdhairc gan claoen cuil
ar²⁴ ó gConmhac an saor saith.²⁵

1415

10
Gach ollmha úr ar an scál,²⁶
ag súr²⁷ na gcollchas²⁸ go bhfuair
an tobar ór fhás a bhfreimh,²⁹
lán a bhéil dá dtoradh,³⁰ thuair.

1420

11³¹
Fear ó Árainn na naomh náir,
fear ó Mhálainn an taobh thuaidh,
fá seach le dréachtaibh³² 'na dháil,
fear ó Mhaigh,³³ is fear ó Mhuaidh.³⁴

- 12
- Go himtheacht dóibh ní bhfuaras fail,³⁵1425
 m'innleacht uaim nó gur bhuing,³⁶
 le dhá bhliadhain (beagnach caill),
gan chead³⁷ rainn, fá riaghul dtruim.
- 13
- Ar ndul damhsa isin dún,1430
 mh'annsa dul san mbrugh mbán,
do
lch. 309 r.
- do chiú³⁸ mílidh Mhaighe Réin,³⁹
 rígh-gin d'Fhéin is gloine grán.
- 14
- Fuaras san mbrugh⁴⁰ is bláith buird,1435
 sluagh nach scuch⁴¹ le gáir ngairg,
 níor thearc críoch a dtugsad tuilg,
searc gach uird 's a mhion *gan* mhairg.
- 15
- Roighne ríoghan ag cur ghréas,
 soillse ag síorbhrath lucht na nduas,
 na baird ag moladh a mbéas
 os aird, ba ghléas do ghoradh cluas.1440
- 16
- Ollamhain ann is aos⁴² ciúil
 nár bh fhann fodhomhain 'na treoir,
 mar nach gceilid críoch gach iúil,
 gheibhid *gan* ghrúig fíon is feoil.
- 17
- Fuaras Tadhg ag teagasc druadh,1445
 i measc na sluagh sin go ceart
 iomad saoitheadh sean, is suadh,
 ag scaoileadh uadh 's a' cur cheast.
- 18
- Eiseamh ag fuascladh na gceast,1450
 'na bhreitheamh cheart ann gach cás,
 dul dá saighidh leam níor leasc,
 uch, *gan* mé na measc go bráth.

- 19
- Féinnidh Fiadhnaigh grádh na gclár,
géillidh le gnás biodhbha dhó,
saidhbhreas na mbocht is a mbiadh,
airgtheach⁴³ na n-olc ón sía gó.⁴⁴
- 1455
- 20
- Brughaidh nach dtéid céim ar gcúil,
mar Lughaidh⁴⁵ léir léim gach ágh,
nó Laoch Liathmhuine⁴⁶ dob' úr,
mo chaomh ciallaidhe, mo ghrádh,
- 1460
- 21
- nó mac Colmain⁴⁷ saoirshear sáimh,
ar chongbháil aoidheadh *gach uair*,
an Donn⁴⁸ déadhghathach gan ghráin,
nó Conn Céadchathach⁴⁹ ar bhuaidh,
- 22
- nó do⁵⁰ bhráthair Cú na gCleas,⁵¹
nó Cú Raoi⁵² i dtreas nár thim,⁵³
nó Fear Diadh mac Damháin deas,
an niadh⁵⁴ 's a⁵⁵ neart nár bha slim.
- 1465
- 23
- Oighreacht a n-oinigh do ghabh,
oirbheart ónar doiligh dol,
gan féile is grádh 'na ghar,
adh Bhar cléire chur tar mhodh.
- 1470
- 24
- Gach aimsir atá *gan teacht*,
dar thairrngir Pádraic na bport,
- aige
lch. 309 v.
- aige is fearr a bhfios go *beacht*,
geall gan laige a lios ag bocht.
- 1475
- 25
- Do chuir Tadhg fán bhféile fál,
mar laghdadh péine dá phór,
tá ag triathfhuil Ír *gach tráth*,
is biaidh go bráchníosa mhó. Mó ná. *et* ...
- 1480

26

Don chathair neamhdha tá mo thriall,
 's go bhfaghaidh dhamh ó Dhia an ógh
 Muire mhórmhuirneach na rún,
 comhuirleach san mór is mó.

27

Inglean Donnchaidh dreach mar ghrís,
 finnbhean chonchuir⁵⁶ nár chleacht cruas,
 searc na cléire in gach cás,
 madh ceart an gnás déine duas.

1485

28

Fíonfhuil Fhiacha,⁵⁷ is Chorbmaic Chais,⁵⁸
 san rioghain riaras 'na lios
 cliara is cearrbhaigh go tais,
 Niamh Dhál gCais, náriarr a bhfios.

1490

29

Aobhdha⁵⁹ a haigheadh thar gach mnaoi,
 naomhtha a caidreamh le gach cléir
 bhrith a gáire, a gean 's a gnaoi,
 a háille chaomh, a maith 's a méin.

1495

30

Gach a bhfuair ó Dhia na ndúl,
 an stuaidh ón sia dúr is brón,⁶⁰
 ní hiongnadh 's nach diomdhach dámh,
 dhá hionnmhas cá hágh is mó.

1500

inghean. et cetera.

Amhrán an Dána *pagina eundem*.

31

A shuairc leanbaidhe gan ainbhfios in aoineolus,
 dár luagh Cairbre,⁶¹ nó taringeartaigh Chrích Fodhla,
 buaidh labhra ort gan dearmad, gan díth comhachta,
 a ua Feargus,⁶² nár mheadbhraigh na clalon-nósa. et cetera.

.....

Foinse : H. 6. 15, 308 r.

Teideal : Emonn ó Caisside mhac Neill ruaidh cecinit / rannaighacht mhór an dánso.

An Mheadaracht

Rannaíocht Mhór an dán, 7¹ + 7¹ a bhfuil dúnadh ann agus rann amhráin leis.

Cuibheas Déanach : Comhardadh briste atá ag roinnt de na rainn. 9 b/d bail : saith; 17 b/d ceart : cheast; 18 b/d cás : bráth; 25 b/d pór : mhó; 26 b/d ógh : mó; 30 b/d brón : mó.

Cuibheas Inmheánach : Is annamh comhad nach bhfuil péire inmheánach amháin cuibhis ar a laghad ann. Is eisceacht mar sin iad rainn 25 agus 28.

Aicill : Aicill sa chomhad don chuid is mó, ach cuibheas briste ina háit sin scaití : 2 c/d ainm : flaith. Níl aon iarracht déanta i gcomhad roinnt rann 20, 21.

Uaim : Cúig rann (2, 3, 4, 9, 13) ceann fíoruama orthu. Is tearc líne gan aon uaim de chineál éigin : 7b, 7c, 10b, 18a, 28d.

Léamh na Lámhscríbhinné

Emonn ó Caisside, Neill, an dánso.

1a tríall, 1b triath, nóg nárd, 1d fríth, co rogharma bárd. 2a fhachuin, gháirm, 2b nar chathuidh, 2c fa, 2d fiodhnach. 3a Aosdacht, dha, 3b daonacht, da, 3d baoís, acht bei. 4a bhrontoibh, sliocht IR, 4b chlíar, 4c dha nathchur, 4d lé, gniomh, hasdsad íad. 5a Ouaisle fódhla, 5b búaine, siol róigh, 5c sliocht, ccéill, 5d iniocht ghur, dhóibh, 6a Cíar, 6b tríar, ccomhrac chrúaidh, 6c chloin fearguis fhéilmhic Roigh, 6d búaid. 7a conmhac, ccloinn, 7b árd, 7d Conmhaic. 8a áoibh, 8b dheáine thoirbheat, 8d ttéid i ttráigh. 9a iséaduibh, ccuir, 9c cláon, 9d ar (an) ó Ccomhac, sáor. 10a sgál, 10b ccolcas, bhfúair, 10c a bfrémh, 10d bhel da ttoradh túair.

11a Aruinn, 11b Mháluind, thúaith, 11c fa, dreactaibh, 11d Múaigh. 12a Go himceacht, bhfúarus, 12b uam no, 12d céad raind, fa riaguil ttruim. 13b mbrugh, 13c muighe réin, 13d Ríghghin dfÉin. 14a Fúarus, mbrugh, blaith búird, 14c attugsad, 14d úird, míon, mháirg. 15a ghrés, 15b siorbhrath, ndúas, 15c báird, mbés, 15d ós áird, bú ghlés, clúas. 16a aocht, 16b bhfand fúdhomhoin na, 16c mur, cceilid, 16d gruig, feoil. 17a Fuarus tadhg, teagasg drúadh, 17b a measg na slúagh, 17c sóithiodh, 17d sgoiliodh úadh sa. 18a Eisiomh, fúasgladh n ceast, 18b na bhreithiomh ann, 18c da sóidhidh leam nior leasg, 18d na measg. 19a fiodhnach, cclíar, 19d na nolc, síá. 20a Brúghaigh, ttéid, ccúil, 20b mur lughaign, gac, 20c laoch liathmuine, 20d caomh cialluidhe.

21a No, Colmain, 21b úair, 21c déudhghathach, 21d no Conn céudchathach, bhúaidh. 22a No do bhrathair cú, ccleas, 22b no cú righ a ttreas nar, 22c no ferdía

mhac Damhaín, 22d bho slinn. 23a *Oighreacht* a noinigh, 23b ó na, 23c gradh, 23d tar modh. 24a ata, 24b tairrngir Pátrraic, 25b *mur*, péaine da póir, 25c ta, 25d bíaidh, bráth nísa mhó. Mo na. 26a ta, 26b sgo bhfaghaigh dhamh, dhía an óig. 27a donnchaidh, *mur*, 27b cleacht crúas, 27c an gach, 27d dúas. 28a fhíacha, 28b riogain, na, 28c clíara, 28d Dhal ceais. 29a Dobdha, tar, 29b a caidreadh, 29c sa gnaoí, 29d a haille, sa maéin. 30a bhfúair ó Dhía, 30b sduaidh on, 30c hiognadhbh snach diomdhach damh, Abhrán

31a *leanbúidhe*, aóineólus, 31b lúaidh cairbre, no taringeartuicc chrích, 31c cómhachta, 31d a ua Fergus, nar, claón

.....

Nótaí

1. comhfhorba, *gluais os a cionn* : *eadhon comhthighearna*. Comharb(b)a io-tamhan, firinsneach. heir, successor. *DIL*
2. *lith* atá sa ls. *gluais os a cionn* : *agus a chruth mar*. Is cosúil ar an míniú sin gurb é an focal 1 lí, orig. perh. g. but freq. indecl. in s. and du. ns. líd of Trip. ii 552.6 is perh. for 1. (lí) Beauty, lustre, glory *DIL*
3. ladhg, *gluais os a cionn* : *eadhon shneachta*.
4. radhg, *gluais os a cionn* : flaith.
5. rógharma, *gluais os a cionn* : lánmholadh.
6. bard, *gluais os a cionn* : eígse
7. gan fhachain, *gluais os a cionn* : *eadhon fáth*.
8. um choirm : *gluais os a cionn* : *eadhon um fhleadh*.
9. ionnmhas : acmhainn, maoin. indmas earlier indbas u-tamhan firinsneach. *DIL*
10. muirn : meas, cion.
11. dá thail, *gluais os a cionn* : *eadhon dá bhrígh*.
12. Ir :

mac Míleadh ceud duine do hadhnaiceadh fa úir Éireann do chlannaibh Míleadh, agus d'á réir sin do hainmnigheadh an t-oiléan uaidh : ionann, iomorro, ‘Irlanda’ agus fearann Ir, óir is ionann ‘land’ i mBeurla, agus fonn nó fearann i nGaedheilg (*FFÉ I*, 1902, 104).

13. orrdhuire : urduired ... this probably belongs to ar-gair forbids, hinders. *DIL*
14. reacht na ríogh : Más cianstair atá faoi thrácht anseo is féidir gur Comhdháil Droma Ceat 575 I.C. a bheadh ar intinn ag Éamonn Ó Caiside. (Féach nota 15 ina dhiaidh seo.) Murab ea, is féidir gur reacht an Rí Séamas, 1689 I.C. a bheadh i gceist aige. ‘To many of James’s supporters the repeal of the restoration land-settlement was the primary object of the parliament’ (Simms, J. G., 1974, 9).

15. fhastsad iad : Más nuá-stair atá i gceist ag an bhfile, cuimhnímis gur fostáodh Tadhg Ó Rodaighe mar bhailitheoir cánach. Ní dóigh liom gur ‘fásc’ a bheadh i gceist ar chaoi ar bith.

‘Confirmation of this precedence among the native inhabitants of the county came in 1689 when Roddy was appointed, along with representatives from other leading Gaelic families to collect the land tax of the ‘Patriot Parliament.’’
(Logan, J., 1971, 323-324).

Is féidir gurb iad iarrachtaí na beirte Tadhg Ó Rodaighe atá i gceist ag Éamonn sa dá líne 4 c/d : Tadhg mac Taidhg ós comhair na cúirte i Londain circa 1640 agus fostú Taidhg mhic Gearóid mar bhailitheoir cánach do na Seacaibítigh sa bhliain 1689.

16. Fódhla : Éire agus Fódhla agus Banbha, trí hingheana Fhiachach, mic Dealbhaoith, mic Oghma (*FFÉ I*, 1902, 104).

17. Síol Róigh :

Roch Rioghfhoda inghean Ruaidh Mic Dheirg Dathfolá as i ro ail Feargus agus as uaithe ro hainmnigheadh Feargus Mac Roigh ris : no go madh i Roch inghean Daire Dhoimhthiigh a mhathair (*FFÉ III*, 1914, 428).

18. Sliocht Conmhaic :

‘In the same area (= between the Shannon on the west and the uplands on the east), also, was another branch of the Conmaicne.’ (Mac Niocaill, G., 1972, 38).

‘In Bréifne, the Uí Briúin overran and conquered a great number of scattered minor kingdoms such as the Conmaicne Réin’ (Ó Corráin, D., 1972, 10).

19. in iocht : icht 2. deed.

icht 3. u-tamhan, firinscneach, (a) race, people, tribe. *DIL*

‘a n-iocht (saoitheamhlacht?)’ agus an comhartha ceiste atá ag Níl Philibín leis (Níl Philibín, M., 1938, 137).

20. Ciar :

‘Is ón gCiar-so ráidtear Ciarraidhe Mumhan, agus is ar a shliocht atá Ó Conchubhair Chiarraidhe’ (*FFÉ II*, 1908, 194).

21. Corc : ‘Ó Chorc atá Corca Moruadh’ (*ibid.*).

22. Conmhac : ‘Ó Chonmhac ráidtear gach Conmhaicne dá bhfuil i gConnachtaibh’ (*ibid.*).

23. Chloinn Fhearguis :

‘cibe léighfeas an duain do rinne Lughair file Oiliolla darab tosach : Clann Fhearghusa clann ós cách : do-gheabhaidh go follus gurab mó an t-arrachtas is neart do ghabhadar an triúr mac soin Meidhbhe i gConnachtaibh agus san Mhumhain’ (*FFÉ II*, 1908, 194).

24. An t-alt ‘an’ scríofa anseo agus cealaithearís le poncanna.

25. saor saith : 2 saith glossed indmus *wealth DIL*
26. *gluais os cionn na líne* : *eadhon* gach foghluim iomlán ag an bhfeár.
27. *gluais os a cionn* : ag sur *eadhon* ag lorguiriocht no ag toroíghacht.
28. Tagairt do naoi gcoll na seaghsa os cionn na líne anseo. Scríobhadh na naoi gcoll seo ar lch. 306 v. na lámhscríbhinné seo. *An ghluais os a cionn* :
- na ccolchas *eadhon* naoí ccuill thobair seaghsa *eadhon* na boinne. Cé bé bhlaisios da ttoradh, biaidh gach eolas aige
29. *gluais os cionn na líne* :
- eadhon* an tobar ór fhás, *eadhon* an bhoinn, da ngoirthar tobar seagsa, as ar fháis na cuill, *agus* ar a bhfuil na cna.
- Is féidir gur ‘i bhfréimh,’ tuiseal tabharthach, a bhí i gceist ag an bhfile. Cuidíonn a chéile aicille, ‘béil’ (10d) leis an tuairim sin. Is é ‘a bfréimh’ gan séimhiú atá sa ls., ach glacaim leis an ‘a’ mar atá agus a bheith ag caitheamh leis mar aidiacht seilbhe.
30. *gluais os cionn na líne* :
- lan a bhél *eadhon* do na cnáibh ionuis fhasas ar na colluibh úd, feuch ainm na ccoll san leadhar sa *pagina*
- Fágadh uimhir an leathanaigh gan lónadh.
31. Línte b-c an rainn seo ar iarraig in Ní Philibín (Ní Philibín, M., 1938, 116).
32. *gluais os a cionn* : *eadhon* le dántaibh.
33. 6 Mháigh : Muff in Inis Eoghain, nó The Moy i dTír Eoghain, nó An Magh, ‘the Plain,’ ‘May Hill; in the eastern part of Saunderson demesne, Co. Cavan; ... a limit of Meath, I 114’ (FFÉ III, 1914, 369)? Ní thugtar aon leid, ach an oiread, ar an duine a bhí i gceist anseo, má bhí áit ar leith nó duine ar leith i gceist in aon chor.
34. 6 Mhuaidh : Ní fios cé a bhí i gceist anseo.
35. Ocht siolla ar an líne seo.
36. *gluais os a cionn* : *eadhon* sginn. nó ling uaim.
37. cead : Salaithe beagán. ‘x’ curtha faoi. ‘x’ scríofa faoi ‘mh’annsa’ (13 b) agus an focal ‘cead’ scríofa ansin.
38. Do chíu : Cuma na hiarsmaíochta ar an gcéad phearsa seo.
39. Mhaighe Réin : deisceart Liatroma.
40. mbrugh, *gluais os a cionn* : *eadhon* teach.
41. scuch : *gluais os a cionn* : scinnionn.
42. aos [ciúil] : ‘aocht’ a scríobhadh.
43. *airgtheach*, *gluais os a cionn* : *eadhon* díbiorthoir.
44. gó, *gluais os a cionn* : *eadhon* bréug.
45. Lughaidh, *gluais os a cionn* : *eadhon* lughaidh lamhfhada.
46. Laoch Liathmhaine, *gluais os a cionn* :
- eadhon* cuanna mac cailéin, mhic diá, mhic finnabhair.

‘cuanna mac cáilcin’ an léamh a bhí ag Mairghréad Níc Philibín ar an lámhscríbhinn (Níc Philibín, M., 1938, 118).

Rinneadh tagairt do Cuanna i bhForas Feasa ar Éirinn :

‘Is ’n-a bhflaitheas fuair Cuanna mac Cailchín rí bhFearmaighe .i. Laoch Liathmhaine bás; agus fá fear comhaimsire do Ghuaire mac Colmáin an Cuanna-so, agus do bhí coimhmheas oinigh is daonnachta eatorra; gonadh uime sin do rinne an dá óinmhid .i. Comhdhán is Conall an rann leathach iomarbhádha eatorra araon, mar a n-abraid, ‘Dáil gach neith dámbí ’n-a láimh’ (FFÉ II, 1908, 130).

47. mac Colmáin, *gluais os a cionn : eadhon Gúaire*.

Guaire mac Colmáin; féach nota 46.

‘Is i bhflaitheas Tuathail fós do ghabh Guaire mac Colmáin ceannas Connacht i ndiaidh Eoghain Béil agus tarla an tráth soin an mac fá sine ag Eoghan ’n-a dhalta foghluma ga Ciarán ar tí bheith ’n-a mhanach’ (ibid.).

48. Donn :

‘Tuig, a léaghthóir, go rabhadar an dias mac rug Seang inghean Reaflóir do Mhílidh, mar atá Donn is Airioch Feabhruadh, mar aon ris ag teacht don Éigipt iar n-éag a máthar san Scitia’ (FFÉ II, 1908, 42).

49. Conn Céadchathach mac Feidelmid Rechtada (O Brien, M. A., 1976, 563).

50. Tá *do* ar an ls. agus gan aon ghá leis, ná le *de*. Ní fheadar nach easpa siolla ar an líne a tharraing ann é.

51. Cú na gCleas : Cú Chulainn.

52. Cú Raoi, *gluais os a cionn : eadhon mac Dáire*.

53. dtreas nár thim, *gluais os a cionn : iccomlan nachar lag*.

54. niadh, *gluais os a cionn : .i. ingaisgeadh*.

Is fearr a d’fheilfeadh ‘nia’ mar chéile comhardaidh ag ‘Dia’ os a chionn (ach ceann éigin den bheirt a bheith as alt tuisil lena aghaidh sin). Leasaigh mé ‘feardía’ > Fear Diadh (mac Damháin), céile comhraic Con Culann, ar líne 22 c.

55. ’sa : An chopail atá anseo, móide forainm na seilbhe. cf. O Rahilly, T. F., 1955, xxv - xxvi :

Sa (made up of *as*, rel. pres. of copula, and *a*, poss. pron. of 3rd pers.) is used thirteen times in the sense of ‘whose’ e.g. *an mhaighden-so ’sa hainm an Tnuith*, ‘this maiden whose name is Envy’, 1652; *an tí ’sa fhoghnamh ’na bfhuilid*, ‘he in whose service they are’, 4060; *gach ceisd sa fios ful agam*, ‘every question of which I have knowledge’ (i.e. which I can answer), 255.

Is í an obair chéanna, an chopail atá le feiceáil amhlaidh sa duan seo féin ar líne 1c :

is a > sa (TCD H. 6. 15., 308 r.) > ’s a líth mar ladhg (rann 1c)

56. finnbhean chonchuir : Fionnghuala, bean Thaidhg Uí Rodaighe.

conchar (cú + car). Also -air. Properly *dog-loving* (see compar.) but usu. as vague laudatory adj. (verse and allit. prose) *DIL*

57. Fiacha : Fiachu Muillethan? Mac Eoghain Mhóir, mhic Ailella Óloim.
 58. Corbmac Cas : Cormac Cas mac Ailella Óluim, fear de cheapshinsir Dhál gCais agus Chlann Mhic Con Mara (*FFÉ II*, 270, 274).
 59. Aobhdha : 'Dobdha' a scríobhadh sa lámhscríbhinn.
 60. ón sia dúr is brón, *gluais os a cionn* : *eadhon* ór fada *cruas* is gorta.
 61. Cairbre, *gluais laistíos den rann* : A Cairbre Liffiochair dhá ndearnaidh corbmac *mhac Airtan teagasc ríogh*.
 62. Fearguis : Fergus mac Róich, laoch de chuid na Tána, luate faoi nótaí 17 & 23.
-

Béarla ar 'Mó ná mionca triall ar Thadhg'

1

More often than not [I] travel to Tadhg,
prince of Fiadhach of the tall youths,
a successor whose appearance is like snow,
the prince was found with the full praise of the poets.

2

It was not without reason he obtained the praise,
the one who was not bellicose at a feast,
his generosity with wealth gave acclaim,
honour and affection to the prince of Fiadhach.

3

The antiquity of the bloodline from which he is,
chooses human decency for his will,
his wisdom, his sharpness and his valour
with discretion, and yet he is an example of generosity.

4

The descendants of Ír surpassed givers of presents
from the time that the poetic class were proscribed,
restoring them by regal dictate
so that they employed them by dint of force.

5

Of the nobility of Fódhla, in deed,
 the progeny of Róch is a pleasant constancy,
 the Sliocht Chonmhaic let it be known
 by deed that they were on a battle-footing,

6

Ciar and Corc and fine Conmhac
 three who are faultless in hard combat,
 of Clann Fearghuis, the generous son of Róch,
 bright scions of the victorious generous breed.

7

Conmhac surpassed the other offspring,
 the tall stern prince who wasn't languid;
 most noble trees above every wood,
 Tadhg surpassed the offspring of Conmhac,

8

For generosity, for great deed, for pleasant demeanour,
 for dint of presentation to the poetic fraternity,
 for giving of money and gold;
 praise (of him) will probably never abate.

9

He didn't hold jewels in regard,
 the scales he increased properly,
 a noble name without blemish of condemnation
 on the descendant of Conmhac the wealthy noble.

10

The hero had each new learning,
 seeking the hazels until he found
 the well from which their root grew,
 he deserved the full of his mouth of their fruit.

11

A man (came) from Árainn of the modest saints
 a man from Málainn in the north,
 each in turn with poems to him,
 a man from the Maigh and a man from the Muaidh.

12

I didn't find an opportunity until they went,
so that my mind left me
for two years (I almost violated it),
not having permission to compose, under strict rule.

13

Upon my going into the fort,
it is my delight going into the white palace,
I see the soldier of Maigh Réin,
a royal offspring of a Fian of the most clear grain.

14

I found in the palace of the most bright tables
a gathering which does not burst out with a rough shout,
not few were the territories where they gave attack,
the love of every order whose oath is unfaulted.

15

The choicest of princesses embroidering,
lights continually revealing the givers/recivers of payments,
the poets praising their ways
aloud, it would warm ears.

16

Chief poets (were) there and the musical fraternity
who were not (as) a weak abyss towards her,
as they don't hide the ultimate of every knowledge,
they obtain willingly wine and meat.

17

I discovered Tadhg properly tutoring poets
amongst that crowd,
many old philosophers and scholars
answering his questions and putting questions.

18

He answering the questions
as a judge proper in every case,
I wasn't reluctant to go to visit them,
God but I would love to be amongst them forever!

19

The darling of the poets is the soldier of Fiadhna,
an enemy as a matter of practise, yields to him,
the wealth of the poor and their food [is he],
spoiler of evils from whom falsity is far removed.

20

Hosteller who retreats not a step
as perceptive Lughaidh who bounded over all danger,
or [like] the youthful Laoch Liathmhaine,
my darling intelligent one, my love

21

or [like] a noble pleasant man, son of Colmán
who always kept guests,
[or like] the sharp toothed Donn who wasn't unpleasant,
or [like] the victorious Conn Céadchathach,

22

or [like a] brother of Cú na gCleas,
or Cú Raoi who was not weak in battle,
or Fear Diadh son of fine Damhán
the warrior whose strength was not weak.

23

He took the inheritance of their honour,
a positive deed from which it is hard to escape,
there is not generosity and love like it,
he brought out the best in an apprentice poet.

24

All of future times to come
which (Saint) Patrick of the hymns prophesised,
he is the best to know accurately about them,
his house is an unfaltering guarantee to the poor.

25

Tadhg put a hedge around Generosity
as a lessening of pain to his people
which the princely sept of Ír always has,
and will always have forever more.

26

To the eternal city is my journey
and may the Virgin ever-loving Mary of the secrets,
counsellor in the greatest fort,
obtain [it] from God for me.

27

Donnchadh's daughter whose complexion is like embers,
a bright charitable woman who didn't practise niggardliness,
love of the poet class in every case,
if the rapid presentation of payments is the correct practice.

28

The wine-blood of Fiacha and Cormac Cas
(is) in the princess who administers indulgently in her house,
to the poetic fraternity and cardplayers,
'Niamh' of Dál gCais, who didn't question their credentials.

29

Beautiful her mind above every woman,
saintly her relationship with every poet
who felt her laughter, her affection, and her fondness,
her fine beauty, her goodness, and her disposition.

30

Everything she got from the God of Creation,
the beautiful woman from whom sorrow and gloom is far
it's no wonder that the poetic class is not downhearted,
of her wealth what triumph is greater?

31

O young cheerful one without ignorance in any knowledge,
whom Cairbre or the prophets of Ireland mentioned,
may you forever have the gift of faultless speech without loss of power,
o descendant of Feargus, who didn't contemplate the false habits.

et cetera.

Uaibh mo théarnódh, a Thaidhg chroidhe

TCD H. 6. 15., 311 r.

Ó Ciardha, Pádhraic P., 1977-78, 277.

Níl a fhios againn cé chum, ná cér dó a cumadh an dá rann seo, ach is dócha gur Thaidhg Ó Rodaighe éigin a bhí mar sprioc ag an bhfile anaithnid ós rud é go luaitear an ‘Tadhg’ seo ina ‘ardtriath Fiadhnaigh’ ann. Is amuigh i ndeireadh na lámhscríbhinne H. 6. 15. a scríobhadh é, gné a threiseodh leis an tuairim nár bh in ómós Thaidhg mhic Gearóid Uí Rodaighe a cumadh é. Bheifí ag súil lena fheiceáil taobh lena dhánta molta siúd, dá mba é a bheadh i gceist. Is é Tadhg ‘tréunmharr’, seanathair Thaidg mhic Gearóid, an duine ba ghiorra gaol dó a raibh an t-ainm céanna, Tadhg, air. Is í craobh ghinealaigh an Taidhg ‘tréunmhair’ seo :

Tadhg mac Gearóid mhic Thaidhg mhic Thaidhg mhic Uilliam Uí Rodaighe

(TCD H. 6. 15., 274 - 275).

Murarbh é sin é, is féidir gurbh é Tadhg ‘Óg’ mac Taidhg mhic Bhriain Bhuidhe Uí Rodaighe, fear a bhfuil dhá dhan eile dá mholadh thíos againn go fóill, ‘Maith tráth do thoigheacht, a Thaidhg’ agus ‘Aoinsciath chosnaimh na cceall’.

.....

Séadna an dá rann so thíos

1

Uaibh mo théarnódh a Thaidhg chroidhe,
scaradh coirp re hanmain é
a lámh, as a buaidh *nach bearair*,
do ghrádh *gach uair mhearaigh* mé.

1505

2

Atá barr ag ardtriath Fiadhnaigh,
ar uaislibh Fáil, fir gan cheas,
croidhe gan chruas, acht cruas séimhghrinn,
glaine is luas léighinn ’s gach lios.

1510

uaibh. *et cetera.*

Béarla ar an dá rann :

1

My parting from you, my dear Tadhg,
is [like] the parting of soul and body,
you, whose hand is not excelled,
loving you has me entirely perplexed.

2

The high prince of Fiadhach has precedence
over the nobles of Ireland, fearless men,
a heart without hardness, but a placidly firm hardness
purity and speed of learning in every court.

(My parting) from you, etc.

Léamh na Lámhscríbhinné

Seudna, da rann so shíos

1a thearnodh, thaidhg chroídhe; 1b sgarad cuirp, hanmhuin; 1d do ghradh, úair; 2a Ata, árdtriath fiadhach; 2b uaislib fáil, (.i. *gán* ainbfíos); 2c acht, séimh ghrind; 2d as luas leighinn sgach. uaibh. *et cetera*.

Is gnáth dhá naomhadh Síol Róigh

TCD H. 6. 15., 311 r.

RIA F. v. 3., 229

Is as Muintir Eolais, nó deisceart Liatroma, an dán gairid seo. Is léir an méid sin ar na tagairtí do ‘Caillín naomhtha’ agus do ‘Duibhginn uasal’ (rann 4a, 4b). Áirítear Duibhginn ar chraobh ghinealaigh mhuintir Dhuibhgeannáin (Dobs, M. Ní C., 1933 - 36, 19; Walsh, P., 1947, 4, 5.).

Ba é an dán seo an rud deiridh a chóipeáil Muiris Ó Nuabha sa lámhscríbhinn TCD H. 6. 15., 311 v.). Ba é Henri Mac an tSaoir a scríobh an lámhscríbhinn RIA F. v. 3. agus ba idir na blianta 1787 agus 1788 a scríobh sé í.

Tá blas an aortha ar an rann deiridh mar gur formholadh é. Tá Síol Róigh chomh fial is go bhfuilid ina n-ábhar grinn ‘ag uaislibh amhra na hÉireann’ (rann 4c - 4d). Cuidíonn cuma na dtagairtí ársaíochta anuas tríd an dán, chomh maith leis an gcomhardadh briste, leis an tuairim gur aor é. Ní fheadar nach mar sin a bhráith Henrí Mac an tSaoir é, scríobhaí RIA F. v. 3., mar dhá mhír ghrinn a leanann é sa lámhscríbhinn sin :

Gráin ar sgurbhí chuir sí me do threoir
bláth na suirghidh bhain sí dhíom go deoigh,
mná na ccuffiadhlúthigh sí thrí a ttón
a dhaoíne croidhe gríosuigh an ghríseach leobh (F.v. 3., 229).

Agus :

A Ghearóid na déan fanomhóid fa mo dhúil le mnaoí
agus go raibh bean óg ’na sheanóir ag Dáibhí an Rígh
FREAGRA

Maiseadh is neamhchóir an onóir sin do bhi ag Dáibhí an rígh
bean óg faoi na sheantóin agus a bhall gan bhrígh.

Níl mé a rá nach mbaineann an dá mhír ghrinn seo le hábhar, mar is tábhachtach, measaim, lua an dá ainm baiste, Gearóid agus Dáibhí. Samhlaítear dom, ar ceal fianaise ina éadan, gur rannta beaga grinn iad a tharla idir Dáibhí Ó Duibhgeannáin - as an tagairt do ‘Duibhginn uasal’ - agus Gearóid Ó Rodaighe - as na tagairtí do ‘Gearóid’, ‘Caillín Naomhtha’ agus ‘Síol Róigh’. Tá beirt den ainm Gearóid Ó Rodaighe ar eolas againn. Athair Thaidhg féin, an fear ar scríobhadh dó an dán thusa darb ainm ‘Truagh an mhaidhmsi ar mhaicne hÍr’ (TCD H. 6. 15., 292). ‘Gearóid’ a bhí ar shinseanathair Thaidhg mar a gcéanna, ach is dócha gurbh é athair Thaidhg a bheadh i gceist leis na

rannta seo mar is eol dúinn Dáibhidhe Ó Duibhgeannáin a bheith ar an bhfód san am céanna leis' sean (TCD H. 6. 15., 293 v. & Walsh, P., 1947, 31, 32). Is é an Dáibhidhe seo ba ábhar ailt ag Pól Breathnaach dar teideal 'David O Duigenan, Scribe' (ibid., 25 - 33). Bhí Dáibhidhe ag scríobh ag deireadh an 17ú aois idir 1 Aibreáin 1651 nuair a bhí RIA 24 P 9 idir lámha aige agus am a bháis 1696 (ibid., 31, 32). Tá a fhios againn go bhfuair athair Thaidhg, Gearóid Ó Rodaighe, bás sa bhliain 1680 (TCD H. 6. 15., 293 v.).

Braithim gur formholadh seachas aor atá againn sa dán seo. Ní bheadh buille an dáin thíos éagsúil mórán leis an dánfhocal úd a luann Guaire na Féile :

Dob' fhéile thú ná Guaire
an uair a bhí tú dona,
anois is leor do chruaidh,
mo thruaidh thú a bheith sona. (O Rahilly, T. F., 1921, 3).

Luaitear cuid de lucht an Leabhair Ghabhála agus na miotaseolaíochta síos tríd, Fionntan, Mílidh, Laoch Liathmuine, Fearghus mac Róigh agus Méadhbh, ach fós, níl aon chosúlacht rómhór ag aon ní i Leabhar Caillín leis an dán seo (Hennessy, W. M. & Kelly, D. H., 1875 & Macalister, R. A. S., 1939). Is ar éigean a thuill roinnt de phearsanra an dáin tagairt san Appendix XI a d'fhoilsigh Macalister (ibid., 88). Ní miste cuntas a thabhairt ar chuid acu.

Fionntan :

Tháinig i dtír ag 'Dún na mBárc i gerích Chorca Dhuibhne' roimh an Dílinn (Comyn, D., 1902, 142). Theith sé roimh slua ban 'i Laighníb' (ibid., 146). Chuir Seathrún Céitinn in éadan na tuairime gur mhair sé tríd an Dílinn (ibid., 146, 148). Tá sé curtha ag Feart Fionntain 'ós Tultinne i nDúthaigh Aradh' (ibid., 144). Ba é Fionntan a d'oil Naomh Caillín de réir an leabhair :

Sai frecra, sai feichemnias,
soi gacha dala ar doman,
sai legind, sai brethemnais,
sai gach dana gan oman,

sai crabaid, sai tredenais,
sai gacha aine gan longod
sai fesa, sai bfaitsine,
m'oidesi Finntan ollom.

(Hennessy, W. M. & Kelly, D. H., 1875, 98;
Macalister, R. A. S., 1939, 39).

Sheol Fionntan Caillín chun na Róimhe le barr léinn agus ‘fis coitchenn’ a thabhairt leis :

Ba he Findtan m’oide coir
do chuir mesi sair do Roim;
Eadh tuc m’oide dam do lon,
tri ced uinge do dearg or.

(Hennessy, W. M. & Kelly, D. H., 1875, 104;
Macalister, R. A. S., 1939, 39).

Mílidh :

‘mac arrachta oirbheartach ag Bile mac Breoghain do ngairthí Galamh, agus is ris ráidhtear Mílidh Easpáinne’ (Dinneen, P., 1908 a, 40).

Guaire, Rí Chonnacht :

‘Is i bhflaitheas Tuathail [Maoil Ghairbh] fós do ghabh Guaire mac Colmáin ceannas Connacht i ndiaidh Eoghain Béil.’ (Dinneen, P., 1908 b, 52).

Bhí cáil na féile ar Guaire a oiread is gur maíodh leathlámh fóirithinte na mbocht air a bheith níos faide ná an leathlámh lena dtíolacadh sé don éigse (ibid., 64). Bhí comh-mheas daonnachta idir Guaire agus duine eile a luaitear sa dán seo, Laoch Liathmhaine.

Laoch Liathmhaine, Rí Fear Maighe :

Dáil gach méith dá mbí ’na láimh;
do-ní Guaire mac Colmáin,
a mhian féin da gach nduine
dáiltear lé laoch liathmuine (ibid., 30).

Míníteari bhForas Feasa ar Éirinn gur Cuanna mac Cailchín ab ainm dó (ibid.). Tugtar an t-ainm ‘Cuanu mac Cailche’ ar an bhfeair céanna san áireamh i measc Múscreaghe (O

Brien, M. A., 1976, 368). Áiríodh bás an athar, ‘Cailchín’, faoin mbliain 631 A. D. in Annála Inis Faithleann (= AU 629) :

Guin Cailchíne meic Dímmai ó Liathmuine (Mac Airt, S., 1988, 88).

Fearghus mac Róigh Fiachaidh, fear na Tána :

Torrach Meadhbh i gCruachain chaoin
ó Fhearaghús nar thuill tathaoir;
go rug triar gan locht nar lag
Ciar is Corc agus Connmac (Dinneen, P., 1908 a, 194).

Meadhbh, iníon Eochadha Feidhlighe :

‘Do bhí cheana Meadhbh deich mbliadhna i righe Connacht d’éis Tinne gan feis lé fear ar bith ós ard, acht gach fear ós íseal da sanntuigheadh féin do bheith aici.’ (Dinneen, P., 1908 a, 188).

Luaitear Meadhbh faoi thrí i Leabhar Caillín (Hennessy, W. M. & Kelly, D. H., 1875, 174, 276 & Macalister, R. A. S., 1936, 88).

.....

TCD H. 6. 15., 311 r.

RIA F. v. 3., 229

IS gnáth dhá naomhadh Síol Róigh

1

*IS gnáth dhá naomhadh Síol Róigh,
ríoghraíd chalma an chaorshláigh
Fionntuin athardha Chláir Breagh,
Ar chaingle arsaíd mhac Míleadh,*

1515

2

*Guaire, nó naomh dhíobh gach duine,
gach fear dhíobh os Laoch Liathmhu[ine],
Point Pharthais ’s gan a gcur as,
do dáileadh dóibh mar dhúthcha[s.]*

1520

3
Do naomhadh *Fergus* 's Meadhbh féin,
naomhthar cách ó bheith róiréi[dh],
féile naomhas mná is maith,
féile Meadhbh nás *gach ardfhla[ith.]*

4
Caillin naomhtha d'fhág do bhuaidh,
ar Dhuibhginn uasal 's *ar a shliocht*,
is don fritheoilte bheith 'na ghreann,
ag uaislibh amhra *na hÉir[eann.]*

1525

Ógláchas ar an deibhí is ea an dán.

Athléamha

TCD H. 6. 15., 311 r. = *H*

RIA F. v. 3., 229 = *F*

1a gnath *F/H*, dha *F*, siol *F* síol *H*, Roigh *F*; 1a rioghraíd *H*, calma *F*, chaorshloigh *F*; 1c fionntuin *H*, chlain *F* chláir *H* breagh *F*; 1d Ar *H* chaingle arsuidh mhac Mileadh *F/H*. 2a Gúaire *H* no *F*, dhiobh *F/H*; 2b ós *H* laoch *F/H* liathmhu[ine] *H*; 2c puirt *F/H* parthuis *F* Parthuis *H* sgan *F/H* a cur *F/H*; 2d daileadh *F*, dhuthchas *F* dhúthcha[] *H*; 3a naomh *H*; 3b cach *F/H*, o *F*, róiréi[] *H*; 3c feile *F/H*, mna *F/H*; 3d feile *F/H*, nas *F*, árdfla[] *H*; 4a Caillin *F/H*, dfág *F/H*, do *F/H* bhúaíd *F*; 4b dhuibhginn *F* duibhginn *H*, sair *F* fár *H*; 4c an *F* as *H*, fritheoilte *F* fritheólite *H*; 4d uaisle *F*, heir[] *H*.

.....
Béalra ar :

‘Is gnáth dhá naomhadh Síol Róigh’.

1

It is the usual practice that Síol Róigh are sanctified
brave royalty of the glowing host
of paternal Fionntan of Ireland,
by venerable contract of the sons of Míl.

A Guaire, or a saint is each one of them,
every man of them greater than Laoch Liathmuine,
Heaven itself
was given to them as by natural entitlement.

Feargus and Meadhbh themselves were sanctified,
all are sanctified from being really ready;
generosity, sanctifies women who are good,
Meadhbh was more generous than every high prince.

Saintly Caillín left as a quality
in noble Duibhginn and his sept
and to the server, to be a matter of amusement
amongst the illustrious nobles of Ireland.

.....

Ábhar ar léirigh Tadhg (mac Gearóid) spéis ann

Laoi na mBuad

TCD H. 5. 19., 77;

Ní Ógáin, Úna, 1928, 86-87;

Ó Muirgheasa, Énrí, 1936, 179-183;

Ó Canainn, Pádraig, 1940, 265;

Ó Laoghaire, Diarmuid, 1975, 165.

.....

Is tábhactaí liom leagan an laoi i lámhscríbhinn TCD H. 5. 19. mar gur lámh Thaidhg Uí Rodaighe féin a scríobh é sin. Is páipéar ar leith é an duilleog ar ar scríobhadh an laoi faoina teideal, *Laigh na mbuadh a hainm*. Fágadh taobh eile na duilleoige bán agus is léir nár bhain an duilleog chéanna leis an lámhscríbhinn ón túis. Is í lámh Thaidhg Uí Rodaighe a scríobh í, gan aon amhras, mar is peannaireacht an-saitheanta a bhí ag Tadhg. Scarann an duilleog sin dhá chuid tosaigh na lámhscríbhinne. Is amhlaidh gur trí chuid san ionlán atá sa lámhscríbhinn seo, TCD H. 5. 19.

Baineann céad chuid na lámhscríbhinne TCD H. 5. 19. go dlúth le Clann Mhic Con Mara, le Sliocht Sheáin na nGeimhleach Mhic Con Mara go háirithe. Is é sin, an sliocht céanna ónar shíolraigh bean Thaidhg Uí Rodaighe, Fionnghuala Nic Con Mara (*ibid.*, 1 - 76).

A bhfuil idir leathanach 79 agus Ich. 138, maítear gurbh í lámh Mhuiris Uí Ghormáin a bhreac an sciar seo den lámhscríbhinn agus is eol dúinn gurbh ábhar é a bhain le Tadhg Ó Rodaighe, *Udhacht Morainn* agus Teagasc Chormaic, fágaim (TCD H. 5. 19., 83 & 97). I measc na dtéacsanna eile dá leadh sé, luaigh Tadhg ‘*Udhacht Morainn, treicceann Breatha, teagasc rígh Chormaic árdfhlatha*’ sa dán a chum sé, ‘Binn le neach a mholadh féin’ (TCD H. 6. 15., 310r.).

Is í lámh Thaidhg Uí Rodaighe arís a bhreac gach a bhfuil idir leathanach 139 agus an leathanach deiridh, 178. Is éard atá sa chuid deiridh seo :

The coats of arms of y^e 12 tribes of Israel, ar pháipéar ar leith arís (TCD H. 5. 19., 139 - 142);

Gluais Gaeilge - Béarla don leabhar *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe* (*ibid.*, 143 - 161);.

bearna bhán;

Leath deiridh, ón litir ‘M’ go dtí T, de Chlár na Neithi sa leabhar céanna (*ibid.* 167 - 173; = Ó Maonaigh, C., 1952, 209-212);

Clár na gCaibidleach as an leabhar céanna (TCD H. 5. 19., 173 - 178; = Ó Maonaigh, C., 1952, 213-216).

Tháinig samplaí go leor den laoi seo, Laoi na mBuadh, slán i lámscríbhinní eile. Ar an nós céanna le leagan Thaidhg Uí Rodaighe mar atá sé againn in TCD H. 5. 19., níor tugadh ach an chéad naoi rann den laoi sa chuid is mó de na lámhscríbhinní. Orthu seo a bunaíodh léamh an leabhair *Dánta Diadha Uladh* :

..... tá sé le fagháil ins na lsgbh. seo san R. I. A. - - 23 C. 19, F. 11. 2, F. VI. 1, 24 B. 31, agus 23 A. 8. An chead (sic) trí cinn annseo sé Mícheál Óg Ó Longáin a sgríobh iad, agus sé an leagan céadna atá san triúr. Seán Mac a' tSaoir a sgríobh 23 A. 8 san bhln. 1770. "Laoi na mBuadh" atá mar thiodal do'n dán ins na lsgbh. seo uile, agus deirtear ionnta gurbh é Colmcille a chum é. Acht níl ionnta seo uile acht an chead (sic) naoi gceathramhna. Tchífeart nach bhfuil ins na ceathramhna X - XVIII ach trácht ar bhuaidhe na laoi.

(Ó Muirgheasa, 1936, 183).

Bhí an Laoi ar fáil i lámhscríbhinn 24 de chuid Uí Muirgheasa freisin (ibid.). Mícheál Mac a' Báird a scríobh é sin sa bhliain 1825 (ibid.). Tá sí sna lsí. M 8, Ich. 334, agus M 72, Ich. 50 de chuid Mhaigh Nuad chomh maith (Ó Fiannachta, P., 1972, 68). Idir léamh an phéire díobh sin, léamh lámhscríbhinne Choláiste na Tríonóide agus eagrán an leabhair, is féidir go bhfuil cuntas cuimsitheach againn.

Rannaíocht Bheag $7^2 + 7^2$ leathchruinn go maith is ea na naoi rann tosaigh. A mhalaírt atá fíor i gcás na rann breise a tháinig anuas chugainn, sa traidisiún béis don chuid is mó. Is léir gur faoi ainriail ar fad iadsan. Níor bhac Diarmuid Ó Laoghaire leis na ceathrúna breise nuair a chuir sé cló ar an leabhar *Ár bPaidreacha Dúchais* (Ó Laoghaire, D., 1990, 165). Cuireadh cló ar Laoi na mBuadh faoin ainm 'Tiomna Cholmcille' sa leabhar *Filidheacht na nGaedhal* (Ó Canainn, Pádraig, 1940, 265). Lean Ó Canainn leagan *Dánta Dé* le hÚna Ní Ógáin, áit a raibh 'Tiomna Cholmcille' mar thiodal air (ibid.). Arís, níl san eagrán sin ach na naoi rann tosaigh. Caint dhíreach mar phaidir chuig Críost atá sa dán bunaidh, rann 1 - 9, ní hionann is an 'trácht' a luaign Énrí Ó Muirgheasa thusa i dtaoibh ceathrúna X - XVIII. Tabharfar faoi deara go dtosaíonn péire de na ceathrúna breise leis an nath, 'Is de bhuaidh mo laoi-se,' Tosaíonn péire eile leis na focail, 'A gabháil gach Déardaoin ...' Tosaíonn na ceathrúna 14 - 18 leis an treoir, 'A cur sna naoi gcéad cleata....' Tá na ceathrúna sin cineál ar nós liodán an Phaidrín Phairtigh sa mhéid is gur clabhsúr iad.

Thug Énrí Ó Muirgheasa faoi deara an meas a léirigh muintir na Gaeltachta ar an laoi ina leagan fada mar chosaint in am an gháibh, gábh farraige go háirithe. Léirigh

Séamas Ó Grianna an fheidhm a bhaineadh muintir na Gaeltachta as an laoi. Ní dheachaigh an cur síos sin amú ar Ó Muirgheasa :

“Laoi iongantach a bhí innti seo. Seach ceann ar bith eile dá gcuala mé féin nuair a bhí mé ag éirghe aníos sháirigh orm ariamh ‘Laoi na mBuaidheann’ a thógáil. Trí h-uaire a ba chóir a rádh do ócáid ar bith, agus dá dtigeadh a rádh trí h-uaire as déis a chéile gan a ghabháil fríthe, ba chomhartha sin nach rabh caill ar bith le theacht le linn na h-uaire.

“An oídhche seo thoisigh an tsean-bhean agus dubhairt í trí h-uaire ó thús go deireadh gan focal a chailleadh. ‘Tá leó,’ arsa Mícheál Bán, nuair a bhí sí réidh. ‘Tá,’ ars’ an tsean-bhean, ‘ní bháithfear a’n nduine a’nocht.’ ”

Siúd sompla de’n fhéidhm ba ghnáth a bhaint aisti seo; cineál de órtha bhí innti.
(Ó Muirgheasa, É., 1936, 183).

Bua agus cosaint ar rud amháin nō ar rud eile a bhíonn i gceist. Tarlaíonn ceathrúna breise i gConnachta i gcás ortha eile a tháinig anuas chugainn i dtraigisiún na lámhscríbhinní agus sa traidisiún béis araon. Is é An Mharthain Phádraig an ortha ina dtarlaíonn na rainn tráchta sa bhereis ar an ortha féin. Is iomaí rann de chuid na Marthana a gheallann cumhdach le líne thosaigh mar seo a leanas :

‘An té a déarfas mo Mharthain ’

Is beag idir sin agus línte breise na laoi mar a bhfuil gealladh cumhdaigh le fáil :

‘A gabháil gach Déardaoin ’ (ibid., 181, xii, a)

agus :

‘A gabháil fá dó dhéag ’ (ibid., 181, xiii, a)

agus :

‘A cur in do dhorn dheis ’ (ibid., 182, xv).

Bhíodh laoi eile darb ainm ‘Sciathlúireach Mhuire’ á casadh i gContae an Chláir ag Eoghan Mór Ó Comhraí (Ó Madagáin, B., 1983, 73).

I do not remember having heard any other poem sung to the air of these Ossianic pieces but one, and that one is a beautiful ancient hymn to the Blessed Virgin, some seven hundred or more years old (ibid.).

Ba é an fonn ‘Laoi Chnoc an Áir’ a chuití leis (*ibid.*, 77). Bhí dhá rann déag ann agus bhíodh sé rann breise ag gabháil leis a raibh an fotheideal ‘Buanna na Sciathlúirí’ leo (*ibid.*, 82). Is ag gealladh a chosanta a bhíodh na rainn bhreise seo don té a ‘léadh’, nó a ‘mbíodh’ an laoi aici :

13

Gach bean i dtinneas linbh
gá mbiaidh so aici nó a léamh di

14

Ag triall chuim taistil mara,
nó ag dul do chomhrac aonair

15

Gach n-aon do gheabhas í' mheabhair
is déarfas í le caomhshearc (ibid.).

I dtaca le Laoi na mBuadh agus An Mharthain Phádraig, tá cosúlacht eile acu lena chéile sa mhéid go leagtar gach ceann acu ar naomh iomráiteach. Dhírigh Feargal Ó Béarra, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, aird an chláir raidió, *Leagan Cainte*, ar réamhtheachtaí nó sinsear na Marthana, mar atá, *Claittir libh fert fiail-Ethne*. Bualadh cló air mar chuid den scéal *Altram Tige Dá Meadar* (Duncan, L., 1932, 184 - 225). Leagtar An Mharthain Phádraig ar Naomh Pádraig sa chuntas sin agus is feasach sinn ó nota teidil Laoi na mBuadh TCD H. 5. 19., gur leagadh é siúd ar Cholm Cille : - ‘Coluim Cille cecinit et Laigh na mbuadh a hainm’. Ní ionann dán a leagan ar naomh ar leith, ar ndóigh, agus a chruthú gurb é féin fear a chumtha. Nua-Ghaeilge atá sa duan Laoi na mBuadh, agus ní mheastar cinnteacht údair, mar sin, ach le péire dár cheap Colm Cille, mar atá, *Altus Prosator agus Noli Pater indulgere* (Kenney, J. F., 1929, 263 - 5).

D'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil macalla Bheatha Cholm Cille ar an duan sa mhéid go raibh trácht sa Bheatha ar ghuaiseanna farraige a sheachaint trí eadarghuí an naoimh. Is iondúil gurb é Colm Cille a dhéanann an eadarghuí ar son naoimh, nó ar son duine eile, ach sa chás seo a leanas, bhí Colm Cille sa ghuais chéanna le daoine eile :

Fechtus eli do *Columb Cille* ag siubal na fairge cedna, *acus* do eirigh an oired sin do sdoirm *acus* d'anfadhbh uirre indus co ndeachuidh a ciall *acus* a resún fen on a raibhe fáris 'sa luing re hecla, *acus* do glaedhatar co roard ac iarruidh air furtacht d'fhaghbaill o Día doibh on guasacht sin a rabhutar. Do freuir *Columb Cille* go cendsa iad *acus* assedh adubairt : 'Ni horum-sa ticc guide ar bur son aniugh,' ar se, 'acht ar in ab naemta .i. ar Caindech ata 'n-a mainistir fen a n-Achudh Bó a ríghacht na

hErend;’ *acus* do cuala Caindech an comradh sin *Coluimb Cille*, gerb fada uadha é, ar na fhoillsiughadh a cluasuib a croidhe don *Spiraid Naem*. Acus as amluid do bi Caindech an uaír sin a ndíaidh serbíse De do crichnughadh san ecluis dó, *acus* se ac suide docum an buird ac tindscna an proind do bí n-a fiádnuse do roind ar cach, *acus* a lethbrócc ime *acus* a lethbrog eli n-a fecmais; *acus* do erich go ro-deithnesach, *acus* nír an ris an mbroicc sin do bi n-a fhecmais do cur uime no ris an mbiadh do bi ’n-a fiadnaise do roind ar cach, acht do cuir ’n-a rith d’indsaighe na hecluisi é, *acus* do len a coimthiol e *acus* do indeis doib co raibhe *Columb Cille* ag siubul na fairge, *acus* co raibe an long araibe se a nguasacht a baíte o mhéid na doininde *acus* na sdoirme do bi uirre, *acus* cor cuimnich se air fen, *acus* corub ag tabairt taeba ris, do lecc sé de Dia do guidhe d’fhaghail furtachta dó on guasacht mor sin araibe se. Les sin do leic Caindech ar a gluínib é, *acus* do guid se Dia co duthrachtach fa furtacht d’fhagail do *Columb Cille*. Acus ar crichnughadh a urnaidhe dó, fuair *Columb Cille* cíunus *acus* aimser maith sithcánta, *acus* do indiss d’fhoirind na luinge corub é Caindech naemh fuair sin ó Día doib. *Acus* tainec *Columb Cille* fen ó spiraid an uair sin mar araibe Caindech san ecluis sin, *acht* gerb fhada uadha ó corp *acus* o inadh é, *acus* do labuir ris *acus* assedh adubhairt : ‘A Caindigh,’ ar se, ‘as urussa dúind a tuicsin co n-estend Día red guidhe *acus* ret urnuide, *acus* as maith do cuir an rith dorindeis docum na hecluise aniugh rinde, *acus* gan umat acht lethbrocc, oir fuaru[i]s o Dia ar saerudh on guasacht ro-mhor arabumar ar an fairge.’ Do imthigh *Columb Cille* remhe iar sin tar eis na cuarta ainglidhe sin do denamh ac Caindech; cor moradh ainm De *acus Columb Cille acus Caindigh* de sin.

(O Kelleher, A. & Schoepperle, G., [1994], 296, 298).

Ní miste an chéad laoi a bhain le slánú ar ghuais na farraige a lua. Is é sin, ‘Laoi an Bhua’ a dúirt Maois i ndiaidh slánú na n-Iúdach agus síothú na n-Éigipteach a bhí sa tóir orthu, i Muir na nGiolcach (Ó Fiannachta, P., 1981, 63).

Mar a luadh thuas, tugadh ‘Tiomna Cholmcille’ ar an laoi chomh maith. Is mar ‘ortha’, áfach, a thagair Ó Muirgheasa don laoi seo, rud a spreagann ceist na cantaireachta. Spreagann sé sin ceist an chur i láthair a mbainfí feidhm as. Arbh fhéidir a rá gur ‘hum’, ‘sing’, nó ‘chant’ mar a bhí i gceist ag Terence Mc Caughey san aiste ‘The Performing of Dán’ (Ériu 1984, 55)? Más ionann iadsan agus ‘laoidh’, ‘duan’ agus ‘rosog’, tá leideadh againn (*ibid.* 56). Chuir Úna Ní Ógáin nótaí ceoil lena heagrán sise, áisiúil go leor, agus scríobh sí os a chionn :

Ceol na ndaoine ó Mhaighread ní Annagáin (Ní Ógáin, Ú., 1928, 86).

Tugadh leideadh eile leis ag túis na nótaí ceoil :

Aréir is mé (ibid.).

D'éist mé leis á sheint agus níl mé a rá gurb é an ceol is ársa ar domhan é. Is túisce a shamhlóinn le ceol foirmiúil na heaglaise é ná le haon ní eile. Is é is aonad ceoil dó, gach trí rann, rud a chiallaíonn nach bhféadfaí ocht rann nó deich rann a rá leis. Chaithfeadh a trí, a sé, nó naoi rann, agus mar sin de, a bheith ann.

Is intuigthe tóir a bheith ag Tadhg Ó Rodaighe ar ábhar a bhain le Colm Cille, tharla seanchas nach beag i dtaobh an naoimh chéanna sin, síos trí Leabhar Chaillín. Tagraítear 21 uaire do Cholm Cille idir leathanach 94 agus leathanach deiridh an leabhair. Tuairiscítear ann gurbh é Caillín ‘rob oidi ocus ro ba anmchara do Cholam fein.’ :

Fecht n-aen dia tainic Colamb cilli go Caillin i.e. iar mbrisid chathai do, air robris Colam tri catha in Erinn i.e. catha na tri cul, ut poeta dixit :

Cath cula Dremni nan drenn,
Ro chualatar fir Erenn;
Cath chuili Feada is fir soin,
Ocus cath chuili Rathain.

Tainig imorro Colam iar cur chatha egin dib sin co hairm i raibi in lia logmar ocus in fir naom forglide, ocus in locharn lasamuin o fertaib ocus mirbailib, ocus in teni bitheo congris n-goirthighe i.e. Caillin mac Niatach, co Fidhnacha Muige rein, do chuinngid dilgada dia anmain. Is aigi ba doig lais a fhuaslagad o a thargabalaib ocus dimas. Ba himairgide ocus ba himchubaid dosom sin, uair ba he Caillin sinnser noem hErenn, ocus ba hardlegoid ocus ba hairdepscop Erenn he fos; ocus ba he rob oidi ocus ro ba anmchara do Cholam fein. Ro indis iarum a thargabala do Chaillin, co tartt dilgad ocus maithem do.

(Hennessy, W. M. & Kelly, D. H., 1875, 164).

Seacht lá na seachtaine atá faoi thrácht síos tríd an laoi, ag tosú ar an Satharn i rann a haon, ag leanacht síos go dtí Dé hAoine i rann a seacht agus ag cur bailchríche ar an obair dhá rann ina dhiaidh sin.

Colum Cille cecinit et Laidh na mBuadh a hainm

1

Comhnaigh, a Chríost, um¹ chroidhe,
a Choimhdhe, a Mhic Muire;
gach Sathairn, tarr, a bhrúthair,
agus áitigh am chroidhe.

1530

2

Ná déana siubhal na saoire,²
do nós na ndaoine oilé;
a Mhic Dé, tarr gach Domhnach
agus comhnaigh im' chroidhe.

1535

3

Dia Luain isan áit cheadna,
a réalta eoil ár n-anmann,
comhnaigh, a Chríost, am chroidhe,
a Rí nimhe agus talmhan.

1540

4

Gach aon Mháirt go lá m' éagtha
- tearc dár³ déanta a ndearnadh -
líon mo chroidhe dot' rathal,
a oidhre an Athar neamhdha.

5

Dia Céadaoine, a Dhé Naomhtha,
d'éis ár saortha aroile,
go n-íocaidh Críost an cogadh,
tarra a chodladh im' chroidhe.

1545

6

Diardaoín, a aon-Mhic Muire,
tarr im' chroidhe led' ghrásaibh,
saor sinn, a laoich na cruinne,
a dhearbhruíthair cloinne Ádhaimh.

1550

7

Tarr im' chroidhe Dia hAoine,
a naomhchara, a Mhic Muire,
a liaigh leighis gach anman,
a lámh chabhradh na cruinne.

1555

8

Tarr im' chroidhe 's im' lámhaibh,
éist, a bhráthair, ár nguidhe,
tarr im' bhéal is im' shúilibh,
tar, a Dhúilibmh, im' chroidhe,

1560

9

Tarr im' cheann is im' chluasaibh,
a rígh uasal an Domhnaigh
d'éis ár saortha ar oilé,
tarr im' chroidhe, is comhnaigh.

Comhnaigh⁴, a Chríost.

A poem by Collum Cille⁵

.....

Teideal : Colum Cille cecinit et Laigh na mbuadh a hainm

An Mheadaracht

Ógláchas ar an Rannaíocht Bheag, 7² + 7²

Cuibheas Déanach : B agus D ag comhardadh.

Cuibheas Inmheánach : Is annamh comhardadh.

Aicill : c/d, ach a bheith ar iarraidh 1 c/d. (bhráthair : áitigh(e)) a/b aicilleach an chuid is mó den am.

Uaim : Tuairim is leath de na línte nach bhfuil uaim iontu.

Léamh na Lámhscríbhinne

TCD H. 5. 19.

Laoi na mbuadh, Colum Cille cct;

1a chríostt, 1b Chomhde, 1c Sathairn, tarr, 1d aitighe. 2a Na deana, saoíre, 2b ndaoíne, 2c mhic, tarr, 2d comhnuigh. 3a Lúain, 3b réulta, air, nanmann, 3c comnuigh a críost, 3d rígh. 4a aonn mháirt, meugtha, 4b dair deanta andearnadh, 4c chroídhe dot, 4d aoidhre anathair. 5a cedaoíne a dhe; 5b air, air, 5c níocidh Criost, 5d cholladh, croidhe. 6a Díardaoín, aón mic, 6b led ghrasuibh, 6c Saór sin,

6d a dhearbháitair cloinne adhamh. 7a hAoíne, 7b anaomh chara a mhic, 7c a líagh, 7d a lamh. 8a lamhuibh, 8b eist, a bhrathair, air, 8c bhéul, 8d a dúilibh. 9a sum, a chlúasaibh, 9b domhnaigh, 9c air, 9d tarr. Criost.

.....

Nótaí

1. Tá ‘um’ agus ‘am’ roimh ‘croidhe’ síos tríd an téacs. Is féidir glacadh leis gur ‘im’ (< i + mo) a bhí i gceist i gcéaduair.
2. Imirt chliste is ea an rann seo ar théama Cháin an Domhnaigh. Cruthaítar codarsna anseo idir thaisteal ar an Domhnach - rud ab ionann agus peaca - agus cónaí, is é sin, gan taisteal. D’achtaigh Cathal Mór / Charlemagne, rí, sa bhliain 791 AD., nár cheart aon bhlás oibre ná taistil a dhéanamh ar an Domhnach (Hull, V, 1966, 157).

Bhíodh cead roimhe sin, le linn Chonstaintín, roinnt oibre feirme a dhéanamh ar an Domhnach :

‘Soíre Domnuig ó tráth espartai Dia Sathairn co fuine maitne Die Lúain cen imrim, **cen imthecht**, cen creic, cen cundrad, cen acrae, srl.’
(*ibid.*, 160).

Ní hé is inmholta, taisteal an Domhnaigh, de réir ‘Thochmarc Bechfola’ :

At-raig-si didiu matin moch dia domnaig ó Díarmait.

‘Cid so, a ben?’ or sé.

‘Ní cid maith,’ or sí.

.....

‘Ná téig’, or Díarmait, ‘isin domnach. Ní maith imadall in domnaich’.

‘Nech lim-sa’, or sí, ‘as.’

‘Níba húaim-sea ón.’ or Díarmait (*Breathnach*, M., 1984, 73).

3. ‘tur-dhéanta’ atá ag Ó Muirgheasa, H., 1936, 180. ‘turdhéanta’ atá ag Ó Laoghaire, D., 1990, 165. ‘dár déanta’ atá ag Úna Ní Ógáin (1948, 87). ‘dar déanta’ atá ag Ó Canainn (Ó Canainn, P., 1940, 265). Is é an leagan deiridh seo is gaire do leagan na lámhscríbhinne, TCD H. 5. 19., *dair deanta andearnadh*;
 4. ‘Comhnaigh[....?] a Chríost.’ Comharthaíodh go soiléir go raibh nod le síneadh anseo, ach ní theastaíonn aon síneadh.
 5. ‘A poem by Collum Cille’ : Nílim in ann a rá cér leis an lámh Bhéarla seo. Níl ceannlitir A an Bhéarla ar nós Bhéarla Thaidhg Uí Rodaighe.
-

Béarla ar :

‘Laoi na mBuadh’

1

Stay, Christ, in my heart,
o Lord, o Son of Mary,
come every Saturday, brother,
and dwell in my heart.

2

Don’t travel on a holy day
as the other people do,
o Son of God, come every Sunday
and stay in my heart.

3

In the same place on Monday,
o guiding star of our souls,
stay, Christ, in my heart,
o King of heaven and earth.

4

Every single Tuesday until the day that I die
-- few who ought to do what you did --
fill my heart with great love for you,
o heir of the heavenly Father.

5

On Wednesday, o Holy God,
after our having being released from all,
may Christ heal the conflict,
come to sleep in my heart.

6

Thursday, o only Son of Mary,
come into my heart with your graces,
free us, o hero of the world,
o brother of the family of Adam.

7

Come into my heart on Friday,
o saint-friend, o Son of Mary,
o healing leech of every soul,
o helping hand of the world.

8

Come into my heart and my hands,
listen, o brother, to our prayers.
come into my mouth and into my eyes,
come, o Lord, into my heart.

9

Come into my head and my ears,
o noble king of the Sabbath,
after we have been released from all,
come into my heart and stay (there).

Stay, o Christ.

A poem by Collum Cille

.....

Aithne dhamh gach meirge mór,

TCD H. 5. 19., 139 - 142 = *H*

RIA 23 P 16, 124 - 125 = *P*

RIA 12 F 3, 3 = *F*

Dinneen, Patrick, 1908, 126.

Ba é Tadhg Ó Rodaighe a scríobh cóip TCD H. 5. 19. den dán seo. Ba sa lámhscríbhinn chéanna sin a scríobh Tadhg ‘Laígh na mBuadh’ freisin (TCD H. 5. 19., 77). Is spéisiúil gur ‘Leabhar Leathaoin in Urmhumhain’ a thug sé ar an leabhar a bhí mar fhoinsé aige don dán seo, ‘Aithne dhamh gach meirge mór’. Tá an dán seo le fáil chomh maith i lámhscríbhinn Acadamh Ríoga Éireann 23 P 16, 124 r., nó an Leabhar Breac, ls. a bhain le muintir Uí Mhadagáin agus le clann Mhic Aodhagáin. Scríobh Murchadh Ó Cuinnlis iomlán na lámhscríbhinne sin ag túis an cúigíú haois déag (Ó Muráile, N., 1996, 31). Tháinig sí i seilbh an Acadaimh sa bhliain 1789 A. D. (Innéacs RIA).

Tugadh ceithre rann déag an dáin seo faoin ainm ‘Aithne dam gach meirge mhór,’ i lámhscríbhinn eile chomh maith. Is é sin, RIA 12 F 3, lámhscríbhinn de chuid an naoú haois déag agus meastar gurb é John O Daly a scríobh an chuid sin di a bhfuil an dán seo thíos ann, leathanaigh 3 - 18 (Innéacs RIA). Níl an liosta sin ar a dtugtar ‘Suaitheantas Clainne Iosrael’ roimh an dán sa lámhscríbhinn RIA 12 F 3.

Tugtar liosta de Chlanna Iosrael roimh an dán sa Leabhar Breac, i bhForas Feasa ar Éirinn agus tugtar é roimh leagan Thaidhg Uí Rodaighe i lámhscríbhinn TCD H. 5. 19. freisin. Scríobh Tadhg ‘The coats of arms of the 12 tribes of Israel’ mar theideal os cionn an liosta. Ní hionann an dá liosta ina leagan amach. ‘Suaitheantas’ nó ‘bratach’ a scríobh Tadhg, in áit ‘Merci mar a bhí sa Leabhar Breac. Is é an focal ‘suaitheantas’ atá Foras Feasa ar Éirinn (Dinneen, P., 1908, 126).

Shamhlófaí gur tharraing Tadhg Ó Rodaighe a chóip siúd i gColáiste na Tríonóide (*H*) den duan as Foras Feasa ar Éirinn ar chosúlachtaí focail mar sin atá acu araon. Is léir ar léamh an duain ‘Aithne dhamh gach meirge mór’ duifear a bheith síos tríd idir leagan Thaidhg (*H*) agus leagan Mhurchaidh Uí Chuinnlis (*P*), agus is léir, chomh maith le sin, gur dílse i bhfad cóip John O Daly (*F*) do leagan Mhurchaidh sa Leabhar Breac. Luíonn leaganacha Uí Chuinnlis agus O Daly lena chéile ag na pointí seo thíos, ach tagann *FFÉ* leo chomh maith, san áit a bhfuil foirmeacha Thaidhg Uí Rodaighe ag teacht salach orthu :

fios (H) vs. aithne 1d, sloinnte (H) vs. sláinte 4c, sluagh diomsach (H) vs. sluaigh síomais 5d, mór thearc (H) vs. níor thearc 8d, braithmheirge (H) vs. luath-mheirge 8d, líne 9d bán ar fad ag Tadhg, ach bhí sí sna lsí eile, an dá líne 10 c/d acu mar a chéile, ach iad gan a bheith ag Tadhg.

Ba eisceachtúil chomh maith an dóigh ar chaith Tadhg Ó Rodaighe leis an bhfocal ‘meirge’ mar bhaininscne, rud nár cheart de réir gach foinse. Tharla gur ghearr sé an dara siolla de ar líne 1a chomh maith le sin, agus líon easpa siolla na líne le mír ghairme. Is féidir go raibh an dá fhocal ‘meirg’ agus ‘meirge’ meascaithe ina chéile aige. Comharthaíonn luiteamas Thaidhg leis an bhfocal ‘bratach’ leathanach roimhe sin, go mb’fhéidir nár ghnáthfhocal ag Tadhg an focal ‘meirge’ (TCD H. 5. 19., 139).

D’áirigh Tadhg Treibh Léiví sa tríú háit ar a liosta féin, ar nós *FFÉ*. Is é an chaoi gur áirigh Tadhg gach treibh díobh ar a liosta san eagarr céanna inar áiríodh sa duan féin iad. Choinnigh Ó Cuinnlis siar go dtí an deireadh iad, ‘Treb Levi’, agus thug sé cuntas gairid orthu a mhínigh nach mbídis ag slóigeadh amhail na coda eile :

Treb Levi immurgu
 nirabutar meirci catha leo. *acht coimeat áirce*
imcoimded ar batarside soer ó cec écin acht freastal eclaise de. nó comad hi delb
nó taiselbad nahairce coimdeata bainnci leo intan ba himnairc doib. ut dixit
 (23 P 16,124).

Caithfidh sé gur codanna áirithe de Leabhar Geineasais a chéadspreag an dán mar go bhfuil macallaí agus leideanna go foradh bachall, síos tríd, ar na suaitheantais a bhain le Clanna Iosrael. Míníonn Alt 49 i Leabhar Geineasais níos mó de na suaitheantais ná aon alt eile :

Iúdá 49.9
 Iosáchár 49.14
 Zabúlon 49.13
 Naftáilí 49.21
 Gád 49.19
 Biniáimin 49.27
 Dán 49.17 (Ó Fiannachta, P., 1981, 49 - 50).

Tugann ‘sóláis a sholáthar do bhord an rí’ an leide dúinn i dtaobh Áiséar a bheith i mbun ‘craobh álainn fionnola’, is é sin, crann ola, nó olóige (*ibid.*, 49). Deimhníonn cuntas an Bhíobla mar a chéile dúinn i gcás an fhocail *daimh*, a bhí mar mheirge ag treibh Naftáilí, gur damh carria a bhí i gceist.

Tá dhá epigramme i ndiaidh an dáin i lámhscríbhinn Choláiste na Tríonóide, ach nílid in aon cheann eile de na lámhscríbhinní (TCD H. 5. 19., 142). Tá roinnt uimhríochta ina sleasluí á leanacht sin. Ní dóigh liom gur bhain an uimhríocht ná an dá epigram le scéal na meirgí ón túis.

.....

H, 139 :

The coats of arms of y^e 12 tribes of Israel.

H, 139 agus P, 124 :

Treibh Reúbaen, mandrác ’na bratach *mar* shuaitheantas,
Treibh Shiomóin, ga ina bratach *mar* shuaitheantas,
Treibh Léiví, an Áirc ’na bratach mar shuaitheantas,
Treibh Iúdá, leomhain ’na bratach *mar* shuaitheantas,
Treibh Iosácár, asal ’na bratach *mar* shuaitheantas,
Treibh Zabúlun, long ’na bratach *mar* shuaitheantas,
Treibh Naftáilí, deilbh daimh allaidh ’na mbrataigh,
Treibh Ghád, deilbh banleomhain ’na mbrataigh,
Treibh Ioseph, tarbh ’na mbrataigh *mar* shuaitheantas,
Treibh Bhiniáimin, faol ’na mbrataigh *mar* [shuaitheantas],
Treibh Dán, nathair nimhe ’na mbrataigh,
Treibh Áiséar, craobh ola ’na mbrataigh [mar] shuaitheantas.

H, 139 :

Ag seo síos, suíomh an tseanchaidh ar
Shuaitheantais Chloinne Israel,
amhail a léitear as an Leabhar Leathaoín
in Urmhumhain.

1

Aithne dhamh gach meirge mór,
ro bhí ag Clainn uallaigh Iacób,
tearc neich as a haithle ann
ag a mbeith¹ aithne a n-anmann.

2

Treabh Reúbaen, rath roschobhair,²
rob' é a meirge mandrogair,³
ré bhuan ro chaith an treabh the,
ro lean sluagh maith a meirge.

1605

3

Treabh Shiomóin, níorbh fhíor meirge
ach ga duaibhseach díbhfeirge,
Siomón níor chríonna cealgach,
am' dhíona, ba dhíbheargach.

1610

4

Treabh Léiví, lucht na hÁirce,
iomdha a dtréaid 'sa dtromtháinte,
ba thaiscidh dá sláinte⁴ so,
faicsín na hÁirce acu.

1615

5

Meirge ag treibh Iúdá amhra,
samhaíl leomhaín⁵ lánchalma;
treabh Iudais in uair bhfeirge,
sluaigh díomais na díbheirge.⁶

1620

6

Treabh Íosácár an ghlóir ghloin,
meirge aici mar asail,⁷
minic slógh go ndeirge ndreach
um an meirge mór maiseach.

H, lch. 141

7

Treabh Stabúlon na stiall nglan,
deilbh a meirge, long⁸ luchtmhar,
ba ghnách ar thonnaíbh tana,
cách 'na longaibh luchtmhara.

1625

8

Deilbh daimh⁹ allaidh mháisghirr¹⁰ mhir
 ag treibh Naftáilí neimhnigh;
 don treibh ro chleacht fraoch feirge,
 níor thearc laoch 'mun luathmheirge.

1630

9

Meirge ag treibh Gád an ghleoghaile,
 mar dheilbh bhíos ar bhanleomhain¹¹
 nachar thim re fraoch feirge
 gach laoch rinn 'mun rímheirge.

1635

10

Meirge mar tharbh¹² go nós nirt,
 thoir ag treibh Ioseph oirdhirc,
 suainní no shireadh badhbha,
 an cineadh don chomhartha.

1640

11

Treabh Bhiniáimin go mbrí mhir
 do bhí a meirge os meirgibh,
 meirge mar an bhfaol¹³ bhfoghlach,
 deirge san chaomh comharthach.

12

Treabh Dhán, ba dhuaibhseach an dream
 oireacht¹⁴ neimhneach, toí,¹⁵ tuaicheall¹⁶
 - tréan re hathghoin, ba dhóigh de -
 mar nathraigh¹⁷ mhóir a meirge.

1645

H, lch. 142

13

Treabh Áiséar, níor chruaidh um chrodh,
 meirge dar lean mar lothar,¹⁸
 - mar aon, táraill¹⁹ a togha -
 is craobh álainn fhionnola.²⁰

1650

14

Ro áirmheas thall a dtreabha,
 ro áirimh mé a²⁴ meirgeadha
 - mar 'táid - diongna²⁵ na dtreabh dte,
 fear cá n-iomdha anaithne.

1655

Aithne

Foinsí : TCD H. 5. 19., 139 - 142; RIA 23 P 16, 124 - 125; RIA 12 F 3, 3

Teideal : Mar atá thuas.

An Mheadaracht

Deibhí $7^x + 7^{x+1}$ (Caithfear an t-ochtú siolla ar líne 1b a bhá.)

Cuibheas Déanach : Rinn agus ardrinn ag comhardadh síos tríd.

Cuibheas Inmheánach : Dhá fhocal ar líne *c* ag comhardadh le péire ar *d* síos tríd, seachas 3 c/d, 10 c/d agus 14 c/d mar a bhfuil péire aonar. Cúpla cás amhrais thall is abhus 5 c/d (íodhais ? : díomais, nó díomhais, cé nach bhfuil ‘m’ séimhithe in aon cheann de na lsí?), nó caithfear lúb a bhaint as tuiseal : 1 c/d (neich : mbeith).

Uaim : Críochnaíonn leath (28) de línte an dáin (56) le fíoruaim, 1a, 1b, 1c, 7b, 7c, 7d, 14c mar shampla.

Léamh na lámhscríbhinní

TCD (1391) H. 5. 19., 139 = *H*

RIA (1230) 23. P. 16, 124 = *P*

RIA (616) 12. F. 3, 3 = *F*

[The coats of arms of y^e 12 tribes of Israel. *H*]

Treabh Ruben *F*, Treb ruben *P*, Mandracá na bratac *mar* shuaithchionntas *H*, bahe amerceside madregair *P*,

Treib Simoin. gai na bratach *mar* suaithintreas *H*, Merci amhail goi catha octreb séamion *P*,

Treib Levi an Airc na bratach ” suaithiontas *H*, (*Féach thíos le haghaidh Levi*)

Treibh Iudai leomhain na bratac *mar* suaithiontas *H*, Merci amhail deilb leomaoin oc treb iuda. *P*,

Treibh Isachar Asal na bratach *mar* suathintreas *H*, Merci amhail deilb aisain octreb isacar *P*,

Treibh Stabulon long na bratach *mar* suaichiontas *H*, Merci amhail deilb lunga octreb (os cionn na líne : arno gnathaigus forinuir) cabulon *P*,

Treib Neptalm deilbh doimh allaidh na mbrataigh *H*, Merci amhail damnallaid octreb Neaptalaim *P*,

Treib Gad deilbh ban leomhain na mbrataig *H*, Merci amhail deilb bis forbannleaois octreb gád *P*,

Treibh Ioseph *treabh* na mbrath mar suaithiontais *H*, Merci amhail tarb tnuthach octreb iosep *P*,

Treibh Bhinniaman faol na mbrataigh mar *H*, Merci amhail fhoelchoin nemnig octreb Beaniamin *P*,

Treibh Dan. nathir nime na mbrataigh *H*, Merci amhail nathraig neimi octreb dán *P*,

Treibh Asar craobh ola na mbrataigh suaithiontais. *H*, Merci amhail lothar octreb Aser *P*. Treb leui immorro nirabutar merci catha leo. *acht* coimeat áirce imcoimded ar batarside soear ócen écin *acht* freastal ecla de. *nó* comad hi delb *nó* taiselbad nahairce coimdeata bainnci leo in tan ba himnairc doib. *P*

Aig so, Suigmh in, air, Shuaithcionntais cloinne Israel, leaigtear asean leabhar leataoin a nuirmumain. *H*

1a A aithne dhamh *H*, Aichnid dam cech merci mor *P*, gach meirg mhor *H*; 1b Roboi oc *P*, ró *F*, bhi *H*, Cloinn uallaig *H*, Cloind uallaig *P*; 1c teirc *P*, teirc *F*, nech *P*, asaaithle and *P*, asa *H*, h-aithle *F*; 1d ocam beth *P*, aga *FH*, m-beith aithne *F*, aichne ananmand *P*, ananmann. *H*; 2a Treb *P*, Treibh *FH*, rubén *P*, Rube *H*, Ruben *F*, roscobair *P*, ros Cobhair *H*; 2b robé *P*, Ró bé *H*, ro bé *F*, amerci madrogair *P*, Mandrogair *H*, Mandraghair *F*; 2c re *P*, rae *H*, rochaith *P*, ró chaith *H*, a chaith *F*, intreb *P*, ni treibh *H*; 2d ro len sluag *P*, amerce *P*; 3a Treb *P*, Treab *H*, shemeon *P*, Simeón *F*, Simoín *H*, nirfhir *P*, nior *FH*, fhír *F*, fhior *H*; 3b *acht* gói *P*, *acht* go *H*, achd gai duaibhsioch *F*, duaibhsech *P*, duaibhseach dibfeirge *H*, díbh-feirge *F*; 3c semeon *P*, Simeon *F*, Simon inn Crionna *H*, nícrinna celaich *P*; 3d Ím dhiona *H*, im dína badíbearcach *P*, ba dibhirgeach *H*; 4a Treb leui *P*, Treibh levi *H*, nahairce *P*, h-Airce *F*, hairce *H*; 4b imda a treudit *P*, a ttreoid *H*, a t-treoid isa t-trom-tháinte *F*, isa táinte *P*, sa ttromthainte *H*; 4c Bataiscich *P*, taisge *F*, taisgich da sloinnte *H*, daslánti so *P*; 4d aicsin *P*, faigin *F*, nah *P*, hairce aca *H*, h-Airce aco *F*, acco *P*; 5a Merci octreb *P*, Meirg *H*, iudea *P*, Iudai *H*, Iuda *F*, amra *P*; 5b samhail *P*, Samhuil *H*, leomain lan *P*, leoghain *F*, lanCalmadh *H*; 5c treb iudais *P*, Treibh, anuair bhfeirge *H*, Iódhais a n-uair fheirge *F*, fhergi *P*; 5d sluaig diumais *P*, sluagh diomsach na dibheirge *H*. sluaigh díomais na díbh-fheirge *F*, inandhégmerci *P*; 6a Treb *P*, Treibh *H*, isacar *P*, Isachar *H*, inoir gloi n *P*, an ghlóir ghloin; 6b merci aice *P*, os cionn na líne : aige *H*, aice *F*, mar aisain *P*, ariss *F*; 6c slogan *P*, slogan *H*, condergi ndhreach *P*, n-deirge n-dreach *F*; 6d imon merci mor maisech *P*, Meirge mhoir mháiseach *H*, mór máiseach *F*; 7a Treb cabuloin *P*, Treibh *H*, na stíall *H*, sdíall *F*, ngan *P*, n-glan *F*, 7b delb *P*, dealbh *F*, amerci *P*, long *P*, lóng *F*, loing *H*, luchtmari *P*, luchtmhur *H*; 7c bagnath *P*, gnathach *H*, fortonnaib *P*; 7d cach *P*, cach na *H*, nalongaib luchtmara *P*, lóngaih lucht-mhara *F*, luchtmhuire *H*; 8a Delb *P*, Dealbh *F*, doimh alladh *H*, allaid *P*, alluidh *F*; maisgir H, mhásgir P, 8b Neptalem *P*, Neptalem *F*, Neptailim *H*,

nemnig *P*, neimhnighe *H*; 8c dontreb rochlecht *P*, ro *F*, froech fergi *P*, Fraoch *H*; 8d nirtherc *P*, móir thearc *H*, loech iman luathmerci *P*, luath-mheirge *F*, braithmheirge *H*; 9a Merci oc treb gad *P*, Ghad *F*, in gleo gail *P*, a n-gleó-ghoil *F*, gad anghleogheal *H*; 9b deilb bí *P*, bhios *H*, forbandleomain *P*, bhain-leomhain; 9c na cor dímm *P*, noch ar *F*, nochar *T*, refroech fergi *P*; 9d cen rínd rith manrigmerci *P*, rínn mun maoith-mheirge *F*, 9d bán arfad *H*; 10a Merci *P*, Meirg *H*, oc treb *P*, nos neart *H*; 10b oc treb *P*, aig *H*, iosep ordirc *P*, Ioséph oirdeirc *F*, ordearc *H*; 10c suaichnid noshirred badba *P*, meirg mar an bfaol bhfoghlach *H*, suaithe na siriodh badhbha *F*; 10d incined dán comarda *P*, deirge san chaor comharthach *H*, an ciniodh dan cómhartha *F*; 11a Treb *P*, Treibh *H*, Biniamín *P*, Binnjamen *H*, Beniamin *F*, combrig mir *P*, mbrigh mhir *H*; 11b nobíd *P*, ro *F*, bhi *H*, amerci *P*, a mheirge *H*, ós mercib *P*; 11c merci marinchoel fháglach *P*, bh-faol bh-foghlach *F*; 11d dergi sin choem chomardach *P*, cobharthach *H*; 12a Treb *P*, dan *H/P*, Dan *F*, baduaibsech in *P*, duaibhseach in *H*, duaibhsioch *F*, drém *P*; 12b oirecht *P*, oiriocht *F*, némnech túi tuaichell *P*, toighe tuaitheac /iYo *H*, toige tuaithchioll; *F*; 12c trén *P*, tren *H*, trén re athghoin *F*, aitghoin *H*, dhoigh *H*, dhe *F*; 12d marnatrig *P*, nathruigh *F*, nairighe *H*, moir *H/P*. 13a Treb asér *P*, Treaibh Ásar *H*, nirchruaid imchrad *P*, chrúaidh im Crod *H*; 13b merci dar *P*, dáir *F*, len *P*, lothar *P*; 13c maroen *P*, mar aón *H*, taraill *P*, tar aill *H*, táruill *F*, athoga *P*, a tógha *F*; 13d iscroeb alaind fhindola *P*, álúinn fionn ola *F*, alaín Fionnola. 14a Ro airmes *P*, Ro airmheas *F/H*, tall atreba *P*, t-treabha *F*, ttreabha *H*; 14b ro airim me *P*, ro airimh me *F/H*, amerceda *P*, meirgeadh *H*; 14c mar tatt *P*, mar táid *F*, dingna *P*, d'íongna *F*, diongna *H*, natreb te *P*, ttreabh tte *H*, t-treabh t-te *F*; 14d in fer cán imda *P*, Feargana h-iomdha *F*, fear gá iomdha *H*, anaichne *P*, an-aithne *F*, anaithne *H*.
 a. d. c. m. mor et cetera *P*. a=i=t=h=n=e *F*. aithne *H*.

.....

Epigramena

A fhir ghaltta Mhitheamhuil
 a shínior thugain do mhíar
 mar gan do thrionnsiur
 dfaguis falamh dhá dtrían
 nor tains to ghu et níl (os cionn no thanks to you)
 duinn sochar do bhíadh.

Epigramma

Mo mhile mallacht ar ainm gach dóid dar líon
chum gloine in leanna i bhfaicear gach deor da mbion
mo mhían is maiteas an maide air mbord fa níon
och mo mhile beannacht air hanam a mhornán mhaol.

(archlé :) 14/284/ 10 14/369/.24
 28 30
 .4 69
 00

Nótaí

1. mbeith : 3^ú p. u. u. Modh Coinníollach an bhriathair shubstaintigh.
2. roschobhair : -s- forainm intáite aicme A, 3^ú p. u. iol. le hAimsir Chaite Fhoirfe 3^ú p. u. u. an bhriathair dhiúscartaigh *cobraithir*.
3. mandrogair : Tagaírt é seo d'alt 30 i Leabhar Geineasais an tSean-Tiomna ó líne 14 síos : ‘Gabh Reúbaen amach le linn fómhar na cruithneachta agus fuair sé mandráic sa ghort agus thug chun a mháthar Léá iad.’
Mandrogair f. (late Lat. *madragora*) mandrake *DIL*.
Is planda nimhe é an mandráic (.i. man + dragon) a bhfásann toradh mór buí air. Shíltífadó go raibh cruth daonna ar fhréamh an phlanda agus go ligfeadh sé uaill as tráth a stoite. *OED*
4. dá sláinte vs. dá sloinnte, ls. *T* : Dá mba ‘sloinnte,’ seachas ‘sláinte’ mar atá ag ls. *F*, thiocfadh dó gur ciall an fhocail *Levi* a shamhlú le *leviathan* is bun leis an rann agus an dá thagairt don Áirc. *Leviathan* 1. a sea monster, 2. anything very large or powerful, esp. a ship. *OED*
5. Coileán leoin é Iúdá. Geineasas 49.9.
6. ‘dea-mheirge’ ag an Leabhar Breac amháin.
7. Asal tréan é Íosácár. do. 49.14.
8. Beidh cónaí ar Zabúlon cois na farraige; beidh sé ina fhoscadh ag loingeas agus beidh imeall a chríoch i gcóngar Shíodón. do. 49.13.
9. daimh allaidh : Is eilit ar scaoileadh léi Naftálí agus oisíní gleoite á mbreith aici. do. 49.21.
10. mháisghírr : más+gearr.
11. banleomhain : Treibh Ghád, deilbh banleomhain ’nambrataigh. TCD 1391, 139.
12. tharbh : Treibh Joseph, *tarbh* ’na mbratach mar [shuaitheantas]. do.
13. Faolchú craosach é Biniáimin. Geineasas 49.26.

14. oireacht : Beidh Dán ina bhreitheamh ar a phobal, mar cheann de threibheanna Iosrael. do. 49.16.
15. toí : 2 tóe io, ia *cf.* 1 tóe. ... *silent.* *DIL*
16. tuaicheall: *túaichel(l)* (*to-fo-cell) ... clever, cunning, astute, wise, prudent. *DIL*
17. Beidh Dán ina nathair nimhe ar an mbóthar, agus ar an gcosán ina nathair adharcach, ... Geineasas 49.17.
18. lothar : lothar 1 secret meaning(?), conspiracy(?) (same wd. as 2 lothar?) lothar 2 gathering, assembly. *DIL*
19. táraill : 3rd p. u. u. Aimsir Chaite an bhriathair *do-aidlea* :
 Pret. and perf. (a) With infixd -ro- (quantity of vowel uncertain) ... (a) comes to, approaches, visits, touches : táraill i. do thadhail no do-riigne cuairt. *DIL*
20. craobh ... fionnola : Treibh Áiséar, craobh ola 'na mbrataigh [mar] shuaitheantas. TCD 1391, 139.
 Is saibhir é arán Áiséar agus déanfaidh sé sóláis a sholáthar do bhord an rí. Geineasas 49.20.
-

Béarla ar : ‘Aithne dhamh gach meirge mór’

1

I know every great banner
 which the proud offspring of Jacob had,
 few remain in their wake
 who would have knowledge of their names.

2

The tribe of Reuben, success helped them,
 its banner was a mandrake,
 a lasting reign did the warm-blooded tribe spend,
 a good host followed its banner.

3

The tribe of Simon, no banner would be more fitting
 than a dark angry javelin,
 Simon was not prudent, deceiving,
 was ardent about Díona.

4

The tribe of Levi, people of the Ark,
 many are their flocks and their abundant herds,
 a preservation of their health was
 the sighting of the Ark by them.

5

The tribe of distinguished Iúdá has a banner
like a rampant lion.

The tribe of Iúdá in time of wrath
the proud host of the fine banner.

6

The tribe of Iosácár of the clear voice
has a donkey for its banner,
often a host with reddened complexion
[is] round the great elegant banner.

7

The tribe of Zabúlon of the clean girdles,
the shape of its banner, a loaded ship;
usually, on crossing reefs,
all would be aboard their loaded ships.

8

The form of a fast, short-flanked, wild deer
has the tribe of venomous Naftáilí,
for the tribe who practiced of anger-frenzy,
warriors were not few around the prompt banner.

9

The tribe of Gad of the battle-tumult has a banner
in the likeness of a lioness
we do not find weak when in a storm of anger;
every warrior around the regal banner.

10

A rampant bull as its banner
has the tribe of venerable Joseph in the east;
it's well known that war godesses seek
the people who match the symbol.

11

The tribe of Benjamin of fast disposition,
their banner was above [other] banners,
[having] a foraging wolf as a banner,
a redness in the symbolic companion.

12

The tribe of Dan was an stern group,
a venomous council, silent, clever
- [they] would most likely be strong in revenge -
their banner is like a large snake.

13

The tribe of Asar who were not ungenerous with cattle,
a banner that they followed as a group,
- unanimously, it was chosen -
is a beautiful branch of the bright olive.

14

I have enumerated their tribes above,
I have enumerated their banners
- as they are - the pre-eminentes of the warm tribes,
how many men do not know?

Known

Dánta a bhain le Tadhg mac Taidhg Uí Rodaighe

Maith, tráth, do thoigheacht, a ThaidhgTCD H. 6. 15., 303 r. = *H*RIA B iv I, 125 r. = *B*

Ó Raghallaigh, Tomás, 1938, 386-388.

Fearghal Muimhneach Ó Duibhgeannáin a chum.

Duan deibhí 12 rann is ea ‘Maith, tráth, do thoigheacht, a Thaidhg.’ Snaidhmthe as a chéile nach mór, sa lámhscríbhinn seo TCD H. 6. 15., a tugadh dhá dhuan a mholann an Tadhg áirithe Ó Rodaighe seo, is é sin, Tadhg Óg mac Taidhg. Mínítear le dhá nota a scríobhadh i lár báire idir an duan seo agus ‘Aoinsciath chosnaimh na gceall’ a leanann é, cén Tadhg Ó Rodaighe áirithe a bhí i gceist. Mar a luas roimhe seo sa chaibidil tosaigh, is in aon lámhscríbhinn amháin, lámhscríbhinn Mhaigh Nuad C 74, j, lch. 29, a scríobhadh craobh ghinealaigh Thaidhg Óig mhic Thaidhg, mhic Bhriain Bhuidhe Uí Rodaighe. Níor bh annamh an bheirt in iomrall a chéile ag daoine in imeacht na mblianta. Bheimis dall ar an ngaol fola a bhí idir an bheirt acu, Tadhg Óg mac Taidhg Uí Rodaighe agus Tadhg mac Gearóid Óig Uí Rodaighe, murach an scoileadh eolais sin as lámhscríbhinn Mhaigh Nuad.

Bhí tábhacht taobh na máthar ag baint le Tadhg Óg mac Taidhg Uí Rodaighe, is cosúil. Roinntear eolas linn faoi ag deireadh na dtrí rann de chuid Con Choigríche Uí Dhuibhgeannáin i ndiaidh an duain seo. Scríobhadh ansin gurbh í Nuadhlaith Ní Ruairc [a mháthair, is é sin,] máthair Thaidhg Óig Uí Rodaighe :

Nuadhlaith Ní Ruairc, iníon Tigearnán mhic Aodha a mháthair mhaith, *et cetera.*

(H. 6. 15., 304 r.).

Chríochnaigh gabhal ginealaigh Shliocht Thaidhg na gCaor Uí Ruairc leis an dá ainm baiste úd, mac is athair, Tighearnán mac Aedha, ach tá fáitíos de chineál orm go raibh an bheirt sin an-déanach ar an bhfód (RIA 23 D 17, 134). Nuair a áirítear na glúnta oibríonn sé amach go mbeadh Nuadhlaith, máthair Thaidhg Óig Uí Rodaighe, trí ghlún níos óige ná Brian na Samhthach Ó Ruairc (RIA 23 D 17, 133) an té a bhásaih i ndiaidh Chogadh an Dá Aodh sa bhliain 1604 A.D (Casway, J., 1988, 560). Fós féin, bíodh gur tharla roinnt Ruarcach eile liom sna Fiants gusan ainm baiste ‘Tighearnán’ orthu, níor theagmhaigh mé le héinne de na Tighearnáin seo a raibh ‘Aodh’ mar ainm ar an athair acu. Tá sé le rá ar son na líne sin freisin, gur Ruarcaigh dheiscirt Chontae Liatroma is ea Ruarcaigh seo Sliocht Thaidhg na gCaor. Is é sin, gurbh iad na Ruairc ba foisce do Mhuintir Rodaighe iad. Áiríodh an sliocht sin mar ‘Sleught Teg ne Geyrr’

i gCowlovlyn (= Cúil Ó bhFloinn) sa cháipéis ‘The county of Leitrim limited and appointed AD. 1583.’ (Hardiman, J., 1844, 347). Is le taobh Ffyenaghe (= Fiadhach) agus Killfover (= Coill Fobhair) ‘all belonginge to the bishoprick of Ardagh’ a cuireadh ‘Sleight Teig ne Gier O’Royerke’ sa Composition of Connaught, áit a raibh ‘Sleight Cahall Ballaghe.’ (ibid. 349). Ba intuigthe a bpósadh ar mhuintir Rodaighe as Fiadhach ina gcompall féin tíre. Is féidir mar sin, gurb í an líne Ruarcach seo a leanas ginealach athar móir Thaidhg Óig Uí Rodaighe, taobh na máthar. Tabharfar faoi deara gur tharla Seán mac Uaithne ar an líne ghinealaigh seo faoi thrí. Ní miste cuimhneamh ar an méid sin agus sinn ag iarraidh ceist an ama a réiteach le himeacht na nglúnta :

Tighearnán	
mac Aedha	<i>mhic</i> Sheáin
<i>mhic</i> Sheáin	<i>mhic</i> Uaithne
<i>mhic</i> Uaithne	<i>mhic</i> Chathail Bhallaigh
<i>mhic</i> Sheáin	<i>mhic</i> Airt,
<i>mhic</i> Uaithne	<i>mhic</i> Thaidhg na gCaor srl.

(RIA 23 D 17, 134)

Fearghal Muimhneach Ó Duibhgeannáin, file.

I dtaoibh Fhearghail Mhuimhnigh Uí Dhuibhgeannáin, an file a cheap an chéad duan seo ‘Maith, tráth, do thoigheacht, a Thaidhg,’ thig linn glacadh leis gurb é a ghinealach siúd atá i lámhscríbhinn de chuid Acadamh Ríoga Éireann, RIA E IV 4, 12, faoin teideal uasal seo a leanas :

*Genelach Mhuintire Dhuibhgeannáin Cille Rónáin,
ardollamh Chlainne Mhaol Ruanaidh*

Fearghal Muimhneach	
mac Maol Muire	[<i>mhic</i> Fhearghail]
<i>mhic</i> Dhuilbh	<i>mhic</i> Fhearghail Mhuimhnigh
<i>mhic</i> Dhubbthaigh Óig	<i>mhic</i> Lúcais Angcuire
<i>mhic</i> Dhubbthaigh Mhóir	<i>mhic</i> Phoíl <i>mhic</i> (sic) an Fhíona
<i>mhic</i> Mhaoil Sheachlainn	<i>mhic</i> Naomhuic
<i>mhic</i> Mhatha Ghlais	<i>mhic</i> Dhuibginn a quo Muinntear Duibhgeannáin (RIA E V 4, 12)

Pól Breathnach a líon bearnaí na craoibhe sin mar a bhfuil na lúibíní cearnóige léi anois (Walsh, P., 1947, 5, nota 4). Ghlac an Breathnach leis gurbh é Fearghal Muimhneach mac Maol Muire an ghinealaigh úd, file an duain seo atá idir lámha againn :

‘The Trinity College MS. H. 6. 15 (= 1419) contains three poems to Tadhg O Roddy by three of the O Duigenan family, viz. : ‘Beannacht uaim ó rún chroidhe’ (A blessing from me from my heart’s core) by Seán Ballach O Duigenan, Ferghal Muimhneach’s poem ‘Maith tráth do thraigheacht a Thaidhg’ (Good is thy coming then, Tadhg) and portion of one by Cúcoigcríche O Duigenan (the Annalist) beginning ‘Aoinsciath chosnaimh na ccell’ (The one protectiong shield of the churches). The genealogies of Seán Ballach and Ferghal have already been given. Cúcoigcríche was son of Tuathal.’

(ibid. 8 - 9)

Tagraíodh do ‘Ferrall Moynagh O Doygenan gent. of Tullynahaghadegean’ i bhFians Rí Séamas I Mí Lúnasa na bliana 1617 A.D. Mheasfainn gur Tullynaha an lae inniu a bhí i gceist. Tá baile fearainn Tullynaha tuairim is míle bealaigh lastuaidh de shráidbhaile Airgní, cuid de pharóiste Chill Rónáin, i bhfíorthuaiseart Ros Comáin. Thart ar chúig mhíle laistiar de sin i gContae Shligigh a bhí a athair, ‘Mulmurre O Dugenain of Schanhoa’ de réir Fiant Eilis ar an 10ú lá de Mheitheamh na bliana 1585 A.D. (Fiant uimhir 4706). Ós ag Seanchua sinn, is é an chaoi gur bhreac fear gaoil de chuid Fhearghail Mhuimhnigh, cóip den duan seo atá idir lámha againn sa lámhscríbhinn RIA B iv I, 125 r. Ba é sin, ‘Dábhidhe mac matha glais, mhic duílbh, mhic Páidín, mhic Mháol luinn.’ Thug Pól Breathnach cuntas spéisiúil ar an scríobhaí seo (Walsh, P., 1947, 25 - 33). Maidir le cóip Dhábhidhe den duan seo, níl ach aon bhlás difríochta amháin idir an dá leagan. Chuir Dábhidhe línte 8 d agus 8 b in áit a chéile, go contráilte :

8

Cuirfidh sé san rocht roimhe
a rís ón uile éccáir,
gan sgís na suidhe go sáimh,
cealla mhuighe máonmhaighe (RIA B iv I, 125 r.).

Ní mé ar chreid an file leath dá ndúirt sé i dtaca leis na hathruiithe a thiocfadh ar iompú na boise, ar nós ábhair an rainn a tugadh anois díreach. Is é seo an chéad ghlún ionlán, dhá scór bliain i ndiaidh Chath Chionn tSáile. Caithfidh sé gur fait accomplished a bhí ar bun aige agus an tÉirí Amach tosaithe cheana féin, Deireadh Fómhair 1641 AD., faoi am a chumtha. Tá a fhios againn gurbh amhlaidh a bhí, mar go raibh Tadhg Óg

tagtha abhaile de réir na gluaise a lean deireadh an duain agus atá tugtha sa tráchtas thuas (lch. 39. Níor tugadh an għluais sin i lámhscríbhinn Dhábhidhe Uí Dhuibhgeannáin, ach an duan amháin a thugtar ansin as féin.

Cairdeas agus polaitíocht is ea bun agus barr an duain. Is spéisiúil nach luaitear Críost, Muire, naomh ná éarlasmh óna thús go dtí an deireadh.

.....
H, 303 r.

B, 125 r.

Fearghal Muimhneach Ó Duḃhgeannáin cecinit do Thadhg Óg Ó Rodaighe, mac Taidhg, mhic Bhriain Bhuidhe.

1

Maith, trá, do thoigheacht, a Thaidhg,
do thuras is tuar áinaird,¹

trí

H, 303 v.

trí iomchur na ngaothluath² nglan,
tiomchol ó shaorchuan Saxon.

1660

2

Do thoigheacht ó eing go heing,
eidir Albain, is Éirinn,
loinn³ leam ar mbreith buaidhe duit,
do do dhreich nuaidhe nuadhbhuig.

3

Oirchinigh Chóigidh Chonnacht,
tráth duit béisim dá mbuachallacht,
's a moghsaine ar gcúl do chur,
a rún cobhsaidhe ciallmhur.

1665

4

Oidhre⁴ Fiodhnach fuair anoir,
'na scríbhinn leis ó Lonndoin,
dá dtug síos go teann teangaidh,
cíos seang ar na seincheallaibh.

1670

5

Tadhg mac Taidhg *mhic* Bhriain Bhuidhe
de fhréimh ríoghdha Rudhraighe,
báraidh a oirbheart inn⁵ tar ais,
go hoirdhearc 'nár gcill chádhais.

1675

- 6
- Buain d'oidhreacht an fhuinn scathaigh,
má smuain Easpag Ardachaidh,⁶
cuirfidh sé síos a shochar,
gan chíos, ós é a n-ordachadh. 1680
- 7
- Scaoilfidh ár gciachbhrat⁷ cumhadh,
sreathfaidh dínn ár ndocumhal,
lónfaidh crú cathiarsma Ó gCuinn,⁸
a-nú⁹ athshiamsa ionainn.
- 8
- Cuirfidh sé sa riocht roimhe
cealla mhuighe Maonmhuighe,¹⁰
gan scís 'na suidhe go sáimh,
arís ón uile éagáir. 1685
- 9
- Thú fhóirfeas a mbreach bhroide
is díochras¹¹ a ndochraide,
's do scaoil doghraing a ndeacrá,
det' fhoghlaím shaoir shaoidheachta. 1690
- 10
- Thú a bhfortacht in am éigne,
is cabhair i gcoimhéigne,
thú an aondóigh don uile fhearr,
cuire caomhshlóigh dár gcóigeadh. 1695
- 11
- Thú aoinliaigh leighis a luit,
a áirsigh de chrú Chormuic,¹² thú
H, 304 r.
- thú an t-aon do fhóir orra,
nár chóir, ach comhthroma. 1700
- 12
- Ó Rodaighe rún treorach,
ár dTadhg feasach fir-Eolach,¹³
mac Nuadhladha nár ghlac gomh,
ár mbrat suanfadha¹⁴ sochar.

Nuadhlaith Ní Ruairc, iníon Tighearnáin *mhic* Aodha a mháthair mhaith, *et cetera.*

.....

As Lonndinn, tháinic, *far*, chuirg bhlíadhain a, dho, ris, heaspucaigh, chealluibh Eireann da mbuain dona heaspucaibh, deighrigh, ttainic, héirinn tré Alboin, i ttós an choguigh. 1641. ní raibh, eirinn, dab fhogluma, ina, dhfhear dliugh inaé.

Foinse : TCD H. 6. 15., 303 r. & RIA B iv I, 125 r. = *B*

Teideal : Mar a tá thuas.

An Mheadaracht

Deibhí $7^x + 7^{x+1}$ Easpa siolla ar línte 5 c agus 11 d agus corr líne thall is abhus ar gá guthaí a choinneáil scartha lena lón siollaí a shlánú.

Cuibheas déanach : Rinn agus ardrinn ag comhardadh in gach cás.

Cuibheas inmhéanach : Níl dhá chéile inmhéanach i gcomhaid rann 10 agus 11 ag comhardadh.

Uaim : Fíoruaim go barra bachaill leis an eisceacht ar 1 d.

Léamh na lámhscríbhinní

TCD H. 6. 15. = *H*

RIA B iv I = *B*

mhuimhniú ó Duibhgeannain, thadhg Óg ó Rodoighe, Briain.

1a toigheacht *B* thaidhg *BH*, 1b do thurus *B* as *H* túar *BH* ainaird *B*, 1c tre *BH* ngáothlúath *B*, 1d tiomchoil *B* tiomchiol *H* sháorchúan saxan *B*. 2a thoigheacht *H* o *B* 2b eidir albuin *B* Alboin *H*, Éirind *B* Eirind *H*, 2c buidhe *B* dhuit *BH*. 2d dot dreich núайдhe núadhbhuig *B*. 3a Orrchinnigh *H* chóigidh *BH* chonnacht *B*, 3b trath *B* trath *H* dhuit *BH*, bÉin *B* da *H* mbúachallacht *B*, 3c sa *BH* mbodhsuine *B* ar *H* ccúl *BH*. 3d cobhsuidhe cíallmhur *B*. 4a Oighre Fiadhniúch *H* fúar *B* anóir *H*, 4b na *BH* sgríbhinn o *B*, lunnduin *B* lunndoin *H*, 4c da *H* ttug *BH*, co *H* teanguigh *B*, 4d seang *B* seiinchealluibh, *B* seainchedllaibh *H*. 5a mac *B* mhac *H* mhic *B* Briain *B* briain bhuidhe *H*, 5b do *BH* réimh *B* fhereimh rioghdha *H* rughraighre *B* Rúdhraighe *H*, 5c béraidh *BH*, 5d hoirrdhearc *B* nar *B* nar *H* ccill *BH*. 6a Búain *BH* doidhreacht *B* doigreacht *H* sgathaigh *B* sgathaigh *H*, 6b ma *BH* smúain *B* eásbog ardachaíd *B*, eáspac Árdachaigh *H*, 6c cuifidh *B* shocchar *H*, 6d cíos ósé *H* a ordachadh *B* anórdachadh *H*. 7a Sgáoilfidh ar *B* Sgaoilfighar *H* ccíochbrat *B* ccíochbhrath *H* cumhadh *B*, 7b

sreadhfaidh dhínn *B* sreathfíd dhinn *H* ar *BH* ndocamhol *B*, 7c líonfaidh *B* líonfuidh *H*, chathíarsma *H* ó *BH* ccuinn *B* Ccuinn *H*, 7d athsionsa *B* ionnainn, 8b Cuirfidh , san *B* Máonmuighe *H*. 8d a rís ón uile éccáir *B*, 8c sgís na *BH* síudhe *H*, 8d éaccáir. *H*, 8d cealla mhuighe máonmhaighe *B*, 9a fhóirfeas *B* fhóirfios *H* bhroide (*ponc os cionn an phoinc*) *B*, 9b dhíochrus indochruide *H* andochraide *B*, 9c sdo *BH* sgáoil *B* sgaoil *H*, andeacra *BH*, 9d dot *BH* thfhoghlum *B* tfhoghlum *H*, 10a bhfurtacht *BH* anam *B* inam *H* eigne *B*, 10b a ccoimhéigne *B* a ccóimhéigne *H*, 10c Aon ndóich *B* aondóich *H*, 10d cáomhshlóigh *BH*, dar *B* ccóigeadh *BH*. 11a Aonliaigh *B* aonlíagh *H* a Puit *B*, 11b áirsigh do *BH* cormaic *B*, 11c tÁon *B* táon *H*, 11d nar *H* chláon cóir *B*, comhthroma *B* comhthroma *H*, 12a roduighe run treórach *B* treórach *H*, 12b air ttadhg *B* ar ttadhg *H*, feasach fíreólach *B* fíreolach *H*, 12c mac núathladha *B* Nuatladha *H* nar *B* goimh *B* goimh *H*, 12d air *B* ar *H*, súanfadha *BH* sochar *B*, Maith// thrath//dano//thráth do thoidheacht//a thaidhg// *B* nuathlaigh ní ruairc inghion tigarnáin, aodha a mhathair *H*

(Ag *H amháin* :)

As lonndinn, thíanic, íar, chuig bhlíadhain a, dho, ris, heaspuchaigh, chealluibh Eireann da mbuain dona heaspuchaibh, deighrigh, tainic, héirinn tré Alboin, i ttós an choguigh. 1641. ní raibh, eirinn, dab fhogluma, ina, dhfhear dliugh inaé.

.....
Nótaí

1. áinaird : *án + ard*. 2 *án* aidiacht o/a-tamhan, brightly, glowing. *DIL*
ard Subst. o-tamhan, high place, height. *ibid.*
2. ngaothluath : Ní ‘luathghaoth’ a scríobhadh ach an cumasc ag glacadh leis an ainmfhocal roimh an aidiacht mar réimír. Cúinse an chomhardaidh a chinn gurbh amhlaidh a bheadh an scéal agus ‘shaorchuan’ ar líne 1d mar chéile ag an ‘ngaothluath.’
3. loinn leam : *Lainn* 1. i-tamhan also loinn, luinn with cop. and preposition. Is loinn la desires, delights in *ibid.*
4. Oidhre Fiadhna : Mura mbeadh a fhios againn faoin údar a thiomáin Tadhg Óg chun dlí, dheimhneodh an tagairt seo gur ar sliocht na gcomharbaí é, Tadhg Óg.
5. ‘béaraidh inn tar ais inár gcill cádhais’ : Fearghal Muimhneach eile Ó Duibhgeannáin ba ea a thóg Teampall Chill Rónáin (*Ann. Conn.* 1339.9) ocht nglún roimh am an fhile, Fearghal Muimhneach, mac Maoil Muire, Uí Dhuibhgeannáin (Walsh, P., 1947, 5).
6. Easpag Ardachaidh : John Richardson (Logan, J., 1971, 322).
7. gcíochbhrat cumhadh : Is é is dócha gur ‘ciach’ céad siolla an chumaisc seo. 1. ceó ... In mid. Ir. usually as k-stem (gs. cíach ...) Composition-forms cíach-, ceó-. (A)

mist (C) gloom, sadness, grief ... Compds. With nouns : nó go dtuitidh an ciach-bhrat ... anús orainn (i. e. the sky), ... téarnamh ó chiachbrot chumad gloom. *DIL*

8. Ó gCuinn : Conn Céadchathach. Ainm príomhthreibhe Chonnacht, Uladh agus na Mí, as ar sloinnneadh - mar ainm treibhe - síol Cuinn Chéadchathaigh. ‘Is uatha ainmnighthear na fearainn i n-ár’ ghabhsad comhnuide i n-Éirinn, mar atá ... Magh Maoin mic Ughmhoir, ...’ (Comyn, D., 1902, 200).

9. a-nú : aniú/inniu agus an réamhfocal scartha leis ar son na meadarachta.

10. Maonmhuiighe : Magh Maoin nó barúntacht Clainne Riocaird an lae inniu, an machaire lastuaidh de Bhaile Locha Riabhach, Co. na Gaillimhe. ‘Maonmhagh, al. Magh Maoin’ (Dinneen, P., 1914, 373).

m. main; ... al. M. Maen, M. Maoin ... L. Riach is in it. ... al. Moenmag i Tir Maine (Hogan, E., 1910 [1993], 525).

11. díochras : Ní ‘díochracht’ atá sa lámhscríbhinn.

12. Chormuic : Cormac mac Airt.

13. fír-Eolach : Is déchiallach ‘Eolach.’

14. suanfadha : súanach? 2 súanach a, f., ... *cloak, mantle.*

Béarla ar

‘Maith, thráth, do thoigheacht, a Thaidhg’

1

Good, indeed, is your coming, Tadhg,
your trip is an omen of a bright excellence
by delivery of the fast clear winds
around from the noble sea of England.

2

Your coming from place to place
through Scotland and Ireland,
I delight in your bearing victory,
after your placid young complexion.

3

The erenechs of the province of Connacht,
it is time for you to strike for their protection
and to reverse their serfdom,
o stable sensible sweetheart.

4

The heir of Fiadhach has brought from the east
 with him in his document from London,
 which stipulates in strong language,
 a low rent on the old churches.

5

Tadhg, the son of Tadhg, the son of Brian Buidhe
 of the royal line of Rudhraighe,
 his achievement will bring us back
 in splendour to our noble church.

6

If the Bishop of Ardachadh thought to
 take from the inheritance of the flowering land,
 he shall put down his asset
 without rent, since that is their order.

7

He will release our gloom,
 he will disperse from us our distress,
 he shall fill the battle-remnants of the race of Conn's descendants
 now [there is] renewed joy in us.

8

He will put into the former state
 the churches of the plain of Maonmhagh,
 tirelessly, seated at their ease
 (free) again from all injustice.

9

You will come to their help in their moment of difficulty
 and utmost of their distress
 and you have released the hardship of their trouble
 by your noble philosophical learning.

10

You are their strength in time of tribulation
 and help during constraint,
 you are the only hope for every man,
 the champion of a fine host for our province.

You are the one surgeon to cure their wound,
o venerable one of the race of Cormac,
you are the only one who helped them,
which wasn't justice, but equity.

Ó Rodaighe, guiding sweetheart,
our knowledgeable truly erudite Tadhg,
son of Nuadhlaithe who did not take offence,
our beneficent protective mantle.

Nuadhlaithe Ní Ruairc, daughter of Tighearnán, son of Aodh, was his good mother, *et cetera.*

.....

Scríobhadh leagan Béarla ar chuid de réamhrá an dáin seo, i lámh dhéanach, ar lch. 303 r. an chóipleabhair mar a bhfuil an lámhscríbhinn *H*. Is é sin le rá, nach ar an mbunlámhscríbhinn féin atá sé, ach ar an leabhar a bhfuil sí ar coimeád :

Fergall Momonicusis O Duigenan cecinit for Teigue Oge O Rody, son of
Teigue, son of Brian Boy

Good is the time of thy arrival o' Teigue

Aoinsciath chosnaimh na gceallTCD H. 6. 15.; 304 r. = *H*RIA 23 N 11, 166 = *N*

Ó Raghnalláigh, Tomás, 1938, 389.

Cú Choigríche Ó Duibhgeannáin a chum.

Tá cóip eile den dán trí rann seo sa lámhscríbhinn RIA 23 N 11 a scríobh Mícheál mac Peadair Uí Longáin tuairim an ama 1766 - 70 A. D. Níor tugadh aon réamhrá leis ansin. Níl aon difríocht mhór le sonrú idir an leagan sin agus an leagan a tháinig ó láimh Mhuiris Uí Nuabha, TCD H. 6. 15., 1714 -15 A. D.

Is le muintir Dhuibhgeannáin Choilleadh Fobhair, nó Castlefore an lae inniu, i ndeisceart Chontae Liatroma, a bhain file na dtrí rann seo, Cú Choigríche mac Tuathail Bhuidhe Uí Dhuibhgeannáin. Is mór an cháil atá air as a shaothar annála agus is soaitheanta é mar Peregrine O Duigenan, fear de na Ceithre Máistrí mar a baisteadh orthu. Baineadh dá cháil nuair a d'áirigh John O Donovan Conaire O Cléirigh ina áit mar dhuine den cheathrar cáiliúil. Lean foireann eile an leagan sin ach chuir Pól Breathnach ar son Con Choigríche (Walsh, P., 1947, 3). Tá dhá chóip eile de na trí rann seo dar túis ‘Aoinsciath chosnaimh na gceall’ i lámhscríbhinní eile, RIA 23 N 11, 166, a scríobh Mícheál mac Pheadair Uí Longáin agus lámhscríbhinn RIA B iv I, 125, a scríobh Dáibhí Ó Duibhgeannáin, fear de bhunadh Chill Rónáin. Ní miste a lua go raibh an dá ainm baiste Cogogrie agus Toell le muintir Dhuibhgeannáin in ‘Dromecalpe’ mí Iúil na bliana 1590 A.D. (Fiant Eilíse uimhir 5439). Tá Drumcollop an lae inniu tuairim is míle bealaigh ó dheas as Coill Fobhair.

Is fiú a chuimhneamh i dtaobh ábhar an dá shliocht filíochta seo, ‘Maith, tráth, do thoigheacht, a Thaidhg’ a tugadh go díreach roimhe seo, agus ‘Aoinsciath chosnaimh na gceall,’ gur bhain tromchúis thar na bearta leis an gcaingean dlí a thionscain Tadhg Óg Ó Rodaighe i Londain. Is scéal ann féin é atá pléite agam roimhe seo, ach ní dochar aird a tharraingt in am ar bith ar an tábhacht a bhain le cás athsheatbhaithe seo talamh na comharbachta. Murach an t-éirí amach a thosaigh Deireadh Fómhair na bliana 1641 A.D., is rite a rachadh sé leis na húdaráis abhus an ceart a cheilt ar theaghlaigh an chomharbais ar fud Éireann.

I dtaca leis an ‘scríbhinn leis ó Lunndoin’ (líne 4 b), caithfidh sé gur thug Tadhg cóip de bhreith Theach na Coiteannachta leis abhaile. Is é an chaoi gur ordaíodh Easpag Ardachaidh, John Richardson, ball de Theach na dTiarnaí in Éirinn, go Londain le

cruthú dá mb'fhéidir leis, a cheart ar thalamh chomharba Chaillín i bhFiadhach. D'ordaigh na 'Commons' i ndeireadh báire 'that the petition should be remitted to the Parliament in Ireland, with recommendation for relief of the petitioners.' (Litir ó Record Office, House of Lords, chuit an Dr. John Logan). Ba ghearr, áfach, an t-achar a mhair an bua, mar a léirigh John Logan :

His appeal to the House of Lords in London failed, mainly due to the influence of the spiritual peers in Dublin. Disaffection was an inevitable result of such a conflict and it is not surprising to find the same member of the family as one of the leaders of the Gaelic landholders when the rebellion spread to south Leitrim in late 1641.

(Logan, J., 1971, 322)

I measc na dtuairiscí nó na 'depositions' a bhaileigh na húdaráis i ndiaidh Éirí Amach na bliana 1641 A.D. luaigh 'James Stevenson pawson of the pawwish of Kiltoughart' 'Teige o Roddy of Pfonah' ar dhuine díobh sin a bhí amuigh 'a monges Ye Rebells' agus ba shin sin (TCD micreascannán 831, 3). Dá mbeadh mórán éilimh ar cheart nó ar chóir aige feasta, ba bheag an éisteacht a gheobhadh sé. Is leathchosúil ar ráiteas an 'pawson of the pawwish of Kiltough[ert]' James Stevenson gurbh abhcóide é, Tadhg :

O Roirk ... Mc Gwanald, ... Teige Mc Anaw of Muntirkenny a freeholder[,] Jro Roinolds of See beag[,] Capt and a freeholder in the barony of Leitrim[,] Teige o Roddy of Phonah and also a monge(s?) Ye Rebell(s?) the **kinges attorney**, whoe was occownted cheoyf instrument in this Rebellion[?] Goffroy o Roirk of ye barony of Carrickgallen a fweeholder[?]

(micreascannán TCD 831, 3 - 4)

H, 304 r.

N, 166

Is don Tadhg céanna do righne Cú Choigríche *mac* Tuathail Bhuidhe Uí Dhuibhgeannáin an dán órdha díreach, fón am inar ghlac an sibhte réamhráite de láimh, i n-aghaidh ghailleaspaig Éireann. Do chailleas an dán, *ach trí rainn, et is olc liom é*. Ag so na *trí rainn*.

1

Aoinsciath chosnaimh na gceall
ní bhfuair an chliar go coitcheann
in iath Mheadhbha¹ ná Mhacha,²
ach triath feardha Fiadhna.

1705

A ainm os aird, buan a bhladh,
méid a aignigh, ní hiongnadh,
ó Rúdhraighe na nglonn³ nglan,
's ó ⁴Chonn chúlbuidhe Chruachan.

1710

Mian a thola ag Tadhg Óg,
triath Mhaigh Réin⁵ na ríoghród;
ní hantrom dá gcéill a c[h]ur
ag altrom mhéin na n-ughdar.

1715

.....

An Mheadaracht

Deibhí 7^x + 7.^{x+1} Easpa siollaí ar línte 1a, 3b agus caithfear gan gutaí a bhá le línte 2b agus 3a a líonadh.

Cuibheas déanach: Comhardadh slán ag rinn agus ardrinn.

Cuibheas inmheánach: Dhá fhocal ar líne c chun a chéile le péire ar líne d.

Uaim: Ar gach líne ach amháin 3d.

.....

Léamh na Lámhscríbhinní

TCD H. 6. 15., 304 r. = *H*

RIA 23 N 11, 166 = *N*

Do thádhg *ua* Rodaighe. Cu Chóigcríoch ó duibhgheanáin. *cecinit. N;* do righne Cúchoiccríche, tuathail bhuídhe uí Dhuibhgeannain órdha dirioch, fón, ann ar, reimhráidhte, a naighe ghailleaspúic Eireann, do chaillios, acht, rainn, ag so. *H*

1a Aoinsgiath *N* chosnaimh ccedl *H*; 1b ffuair *N* chlár *H* coitchionn *H* coitcheann *N*;
1c Meidbe *H* Mhéidhbhe *N* na *H*; 1d acht tríath fearrdha fiocnacha *H* fíodhnacha *N*;
2a ainim *N* ós *HN* áird búan *H* bladh *N*; 2b níead aignidh *N* hióngnamh *H*; 2c Ó
Rúdhraighe *H* ó Rúghruide *N* nhglonn *N*; 2d só *N* (*ar ceall le poncanna*: clan) chonn
N chulbhuidhe chrúachan *H* cúlbhúidhe cruachan *N*; 3a Mían *H* Miann *N* tádhg *N* óg
HN; 3b Mhaighréin *H* maighréin *N* rioghród *H*; 3c hanntrom *N* dha céill *H* cceill *N*;
3d altrom méinn *N* mhéin *H* núghdar. *HN*

.....

Nótaí

1. in iath Mhéadbha : *os cionn na líne* : .i. i cconnacht.
 2. ná Mhacha : *os cionn na líne* : .i. i nEirinn
 3. nglonn : gluais os cionn na líne ‘na ccath.’
 4. ’s ó Chonn : ‘so clan Chonn’ a scríobhadh, ach an focal ‘clan’ cealaithe le poncanna faoin líne, TCD H. 6. 15., 304 r.; só chonn (RIA 23 N 11, 166).
 5. Mhaigh Réin : Ceantar Mhuintir Eolais, .i. deisceart Liatroma. ‘M. réin; Campus rein, al. Muinter Eolais, ... Fidnacha, Fenagh, in it, ... in S. Leit., name is prob. preserved in Loch Reane’ (L. Réin) (Hogan, E., [1910] 1993, 529).
-

Béarla ar ‘Aoinsciath chosnaimh na gceall’

It is for the same Tadhg that Cú Choigríche son of Tuathail Bhuidhe Uí Dhuibhgeannáin composed the grand strict metre poem about the time in which he undertook the aforesaid legal dispute against the foreign bishops of Ireland. Other than three quatrains, I have lost the poem, and this I greatly lament. Here are the quatrains.

1

The only defensive shield of the churches,
the clergy obtained entirely
in the land of Méadhbh and Macha,
(waas) the manly prince of Fiadhna.

2

His name aloud, lasting his fame,
the expanse of his mind, is no wonder,
from Rudhraighe of the clean battles
and from fair-maned Conn of Cruacha.

3

Tadhg Óg has his heart's desire,
prince of Magh Réin of the royal roads,
it is not inequitable to their sense
to put him nursing the interests of the authors.

.....

Aguisíní A - F

Aguisín A

Donnchadh Mac Con Mara,
(mac Donnchaidh, mhic
Sheáin Riabhaigh)

Ní beag an t-adhmaid is féidir a bhaint as cuntas ar bhás Dhonnchaidh Mhic Con Mara le cur lenár dtuiscint ar chaighdeán léinn Thaidhg Uí Rodaighe. Ba dheartháir cleamhnaí Thaidhg é.

On the Death of Donough Macnamara, a Most atcomplished young Gentleman.

In tomb'd here lyes the Mirrour of our Days,
whose reachless gifts desorved the golden bays.
Donnough Mac Namara, whofe peerleſ parts,
no bounds or rivals had, Not Envoy's darts,
Nor time nor age, Shall blast his memory,
which fresh Shall live to all posterity.
Grave Silence ruled his tongue, no braggs unfitt,
or shew of vanity, 'ere ruled his Witt.
But when he spoke, ye Tully then would note
revived, to speake beyound what Cato wrote.
His words were Axioms expressed in Season,
Authentik Epitoms of Sense and reason,
Fame never did in all her progress meet.
a man as th her so great, half so discreet.
He only was the Youth from vines free,
None vertuous rules observed more sthruth than h
His willing hands still ready *at* the door.
His charity extendid to the Poor

2 Expendig what

What Greece, or France, what Germany, or Rome,
What England k[n]ew, or Spain, what Chrisendon
What Asian wits or Affrik Sages wrote.
What was beyond the tropick times of Note,
from East to West, he well retained the Whole.

He all things knew, not willing to be known,
his matiless parts, he freely would disown

The Popes Library.

Thy Living Vatican Poor Ireland now is dead,
the records Sleep in their Eternal bed.
One Thousand years, Six hundred, Ninety two
June the Sixteenth, most fatall was to Y^{ue}.

Epitaphium

Donaty junior, Donati Mara Joonnis
Conditur hoc busts, proh dolor! exigu[u]s.
Hic temit qui quiim claris ab origine Mundi.
Mandarat, fostis tristis Ierna Suis.
Hispanus, Gallus, Graecus, praeclarus Hibernus,
Anglus, et Hebraeus conditur hoc tumulo,
Musuus, Atque Sophus, logus hac theo conditur urna.
Scrutector Thomae, Scoti et Aristotolis.

this

270

this Said Gentleman died at Mureske in the County of Clare on Thursday June 16. 1692.

the Said Epitaph was composed by ye *Said Mr Roddy* (TCD H. 6. 15., 268).

Tharla mórán an t-eolas céanna ar Dhonnchadh áit eile sa lámhscríbhinn le linn trácht ar bhás athar na beirte, is é sin, Donnchadh mac Seáin Riabhaigh Mhic Con Mara :

A mhac oighreachta Sean d'éug i cconndae an chláir *october 23 169[?]* A mhac oilé Donnchadh óg priomhshaoi gaoidhlice, laidne, Greigise, abhruise, Frainnce, ceoil *et cetera* déug san Muiríasc i cconndae an chláir 16 July 1692. *ano aetatis. 35.* Níor fhág a aithghin beó san rioghacht (ibid., 311 r.).

Scríobhadh ‘July’ an iaraidh seo, ach is fearr glacadh le mí Meithimh mar gur ‘June’ a scríobhadh sa chuntas thusa roimhe faoi dhó, le héiginnteacht an fhéilire is dóigh. Is féidir gurbh é seo an ‘Donnchadh Mac Con Mare’ a scríobh a ainm amhlaidh i measc dhá líne Ogham Órtha de chineál doléite ar lámhscríbhinn atá anois in Óstaí an Rí (Óstaí an Rí 19, 189).

Aguisín B

Ruaidhrí Ó Seachnasaigh

Caithfear tagairt don tábhacht a bhain le comharsana Thaidhg agus Fhionnghuala i dtuaisceart an Chláir dóibh, ‘Oighre Ghúaire mhic Colmáin’ - Muintir Sheachnasaigh Ghort Inse Guaire :

Oighre Ghúaire mhic Colmáin rig Connacht, Ó Seachnusaigh. atáid rochluteach
díaidh a ndíaidh, *et cetera* (TCD H. 6. 15, 271).

D’fhan Tadhg Ó Rodaighe lena bhean ag Doire Fhada/Derrada, Co. an Chláir, ceithre mhíle lastoir de Ghort Inse Guaire, tráth seo a lonnaithe i dTuamhain :

Ó SheaghnaSy came home sick, not wounded from ye battle of Boine where King James and ye Irish were routed by the Prince of Orange. and died at Gort 11/7/1690. Thady was then living in ye County of Clare at Deradda within 4 miles of Gort Innsi Guaire (ibid., 271).

Ní fheadar cén fáth go lonnóidís chomh fada aneas ó sheanulacha Sheáin na nGeimhleach Mhic Con Mara, sa chás seo ar leac dorais Ó bhFiachrach Aidhne, mura raibh dílseacht aisteach do ‘Oighre Ghuaire’ á dtiomáint ann. Bhíodh ‘Cuherbally-mullrony’ ina sheilbh ag Seán na nGeimhleach agus fágadh trian de Bhallykelly ag a mhac, Shane (= Seán Riabhach) le gabháil chine, mar a chonaiceamar faoin trácht orthu thuas (Mac Namara, N. C., 1896, 187). Níor fágadh leideadh againn a thabharfadhl le fios gur dhream cleamhnaí iad Muintir Sheachnasaigh le Clann Mhic Con Mara. Murarbh shin é, is féidir gur ghaol polaitíochta linne a bhí á dtáthú dá chéile.

Ba dhream shuinniúil iad Muintir Sheachnasaigh, a sheas fód a n-oidhreachta go deireadh báire (JGAS, iml. vi 52-64, vii 53, viii 148). Ba dhream iad nár choigil a raibh acu. Deirtear faoi Ruaidhrí Ó Seachnasaigh :

a large quarter of his Estate called Gortán Chárnáin was given by him rent free to poor widows. the best oakwood was then upon that quarter.

(TCD H. 6. 15, 271).

Is cosúil an cuntas seo a tugadh ar Ruaidhrí Ó Seachnasaigh ar mórán bealaí leis an gcuntas a tugadh leath leathanaigh roimhe sa lámhscríbhinn, TCD H. 6. 15., ar bhás Dhonnchaidh Mhic Con Mara, deartháir cleamhnaí Thaidhg Uí Rodaighe. Tugadh

marbhna an duine leo chomh maith. Níl ach trácht għairid ar chúrsaí aimsire idir an dá mħarbhna sin. Scríobhadh sa chuntas úd ar Dhonnchadh Mac Con Mara, gurbh é Tadhg Ó Rodaighe, ‘the said M[r] Roddy’, a chum a mħarbhna seisean (TCD H. 6. 15., 270). Ní leagtar an marbhna seo thíos ar Thadhg Ó Rodaighe, ach is cinnte ar an tagairt a dhéantar thusa do Thadhg a bheith sa chomharsain ag Ruaidhri Ó Seachnasaiġ gur bhain tābhacht nach beag leis i súile Thaidhg. Is léir, chomh maith, ar an tagairt thusa do Ruaidhri Ó Seachnasaiġ a bheith ag Cath na Bóinne, go mbeadh sé ar aon tuairim polaitioċhtale Tadhg Ó Rodaighe a thaobhaigh le James I.

TCD H. 6. 15., 270

Upon ye Death of the most Noble Roger Ó Sheaghnasy, *aristocrat*, the Ó SheaghnaSy *eadhon* Ruaidhri mac Sir Diarmada, *mhic* Ruaidhri, *mhic* Diarmada, *mhic* Ruaidhri, *mhic* Diarmada, *mhic* an Ghiolladhuibh, *mhic* Diarmada riabhcha, *mhic* an Giollandhuibh. *et cetera*.

271

Sad[ly] Ireland's care, and fatal loss of late,
her threat[h]ned ruine, *and* bloody fickle State.
though Gods Strong hand, our Sts. *and* Patrons all,
will Still reverse (if we repent) our fall.
Prevents ye Common grief, *and* dismal moan's, (sic)
the piercing Sobs, ye tears, *and* deadly groan's, (sic)
Which for Ó Sheaghnasy's death would resound,
from North to South, through Irelands fatal ground.
If we bemoane ye blood or Worth of Man,
endowed with Natures rarest gifts; or can
Deplore to See free hopitality,
Suppressed by Death *and* Liberality.
Entombed here Lyes ye man, in whom alone
whose gifts excelled by true Succession,
Roger Ó Sheaghnasy, the noblest heart.
that tyrant Death could ever wound *with* Dart.
An Hero milde familiar *and* kind,
both great *and* good in body *and* in mind:
A Lord compleate, *and* Still secure of fame,
as were ye rest *yet* bore ye Lord by Name.
Ó Sheaghnasy, o name which all men call,
and Goodness, Still two terms reciprocall;

A firm and Solid Rock for bounty famed,
the Widdows Magazine, ye poor's Store house Named;
the Nobles Inn, where Ladys long reposed,
At Gort, with thee, thy death hath discomposed.
the God of of (sic) rest, from restless Earth thee drew,
Is Crown thy bliss among his peacefull Crew,
though mortalls all for human losses pine
Not weighing well the Mysteries Divine,
We rather Should rejoice (if we knew all)
to See poor mortall man, turn Immortall,
to see Dull Earth turn Diaphantik rays,
to Splendant beam's, bedecked *with* Godly bayes.
If inward grief, which bleeding hearts produce,
If mortalls merits, could our God induce,
the Good Dead to revive, no man Should longer,
on Earth Survive, than Should our Lordly Roger.
His Lady's piercing grief, his Offsprings cry's; [sic]
would him on Earth *with* us Still Eternize,
May God to him in his own hall appeare,
as milde *and* free, as he to us was here.
May milder fates, his Progeny Attend;
Sweet peace, *and* blessed rest may Crown our End;

May / 273

May We this Hero meet in Heaven then
Among the Sacred Quiristers. Amen.

Epitaphium

Marmorea premitur SheaghnaSy Roderig in urna
Conatiae Stabilis furia, columna jacet.
Hic probitas, hic prisca fides, hic Sensus UlySis.
Hic et Ierni genum publica menfa jacet.

Chronosticon

Uno, et bis quinto Quintilis sole Rogerus

I II II III I II

Nobilis et Mitis, raptus ad astra fuit. (militis?)

III III I I II

Aguisín C

Eolas ar Mhuintir Rodaighe, nó Rodacháin : Comharba Chaillín

Each 'na sheasamh fo neart,
leomhan 'na sheasamh go fircheart,
brat den sról áille buidhe,
ag sin armas Uí Roduighe. *et cetera* (Maigh Nuad MF 9, 75).

Ba ait leis an Athair Pól Breathnach an sloinne Ó Rodacháin nó Ó Rodaighe sa mhodh a ndéanfadh an dá fhoirm uainíocht ar a chéile. ‘The surname Ó Rodacháin is peculiar in that it has a by-form Ó Rodaighe’ a scríobh sé (Walsh, P., 1947, 51). D’fhág Patrick Woulfe a thuairim ar bhabhtáil sloinnte againn (Woulfe, P. 1922, 33). Is iomaí athrú ar glacadh leis in imeacht na mblianta, Mac Duinn Shléibhe > Ó Sléibhín, Ó Maoil Doraidh > Ó Doraidhean, Ó Maoil Gaoithe > Mac Gaoithín agus mar sin, ina measc. I gcás babhtála mar seo áfach, ní hinmhuiníní an lámhscríbhinn féin ná an béaloides faraor. Feicimid, mar shampla, go raibh Ó hUicing (= viking) in ann babhtáil le Mac Danair (= dubhlochlannach) i measc na bhFear Sceinne (Knott, E., 1926, 305). Ar bhun sanais a d’athrófaí an ceann deiridh seo. ‘A curious parallel to Ua hUicing’ mar a thagair Eoin Mac Néill dó (ibid.). Ní ar an mbun sanais ar fad, ach ar bun iompú foirme nó iompú an tuisil ghinidigh a athraítéar na cinn eile a tugadh thuas. Is léir ar na lámhscríbhinní gur ghinideach an chéid díochlaonadh a bhí ag lucht scríofa an ainm ‘Rodachae’, is é sin, an díspeagadh ‘-án’ gona shíneadh fada, ‘.... *mhic* Rodacháin ...’ (RIA 23 Q 10, 45) agus ‘... *mhic* rodacáin’ (RIA E IV 4, 21). Sílim gur fóirsteánaí fós féin, n-tamhan ar an mbun cianstaire. Chuaigh sloinne nó dhó eile as an gcúigiú díochlaonadh go dtí an chéad díochlaonadh : Ó Nuadhan - Ó Nuadháin, Mac an Bhreitheamhan - Mac an Bhreitheamhnaigh. Tréigean an chúigiú díochlaonadh ar an gceathrú díochlaonadh a thiontaigh Ó Ruanaidhean thuaiscirt Liatroma go hÓ Ruanaidhe/Ruanaí. Roonian a bhí sa chaint go dtí le gairid (Heraughty, P., 1989). An obair chéanna a chlaochlaigh Ó Maoil Bheannachtan go hÓ Maoil Bheannachta, dhá leagan a bhronn Mulvanerton agus Mulvanerty, Blessington agus Blessing ar an mBéarla. Feidhmítear roinnt de na leaganacha éagsúla seo i bparóiste Achadh an Mheasa ar na gaobhair do Fhiodhnach inniu féin ar Liosta na Vótóirí.

Níor tugadh aon fhoirm ar leith ginidigh de ‘Rodachae’ i Leabhar Caillín ach an fhoirm chéanna i gcónaí, Rodachae, i ngach tuiseal (Hennessy & Kelly, 1875, 390; Macalister, R. A. S., 1939, 50). Maidir le hathrú an fhoircinn ón gcéad díochlaonadh

‘..áin’ go dtí an ceathrú díochlaonadh ‘...aighe,’ síleadh gurbh é Tadhg mac Gearóid Uí Rodaighe a d’athraigh an t-ainm ón seanleagan Ó Rodacháin ach shéan seisean, Tadhg, an scéal sin. Fear de Ruarcach a raibh aithne aige ar Thadhg a d’fhág tuairisc an scéil sin againn roinnt blianta i ndiaidh a bháis. Scríobh an Captaen Thady Roirk cuid ‘d’ de lámhscríbhinn C IV I, an R. I. A., sa bhliain 1714 :

O Rodaigh no O Rodachan ionann doibh do bhri go bfhuil Rodachán i n-ionad do sheanleabhraibh i n-áit Rodaigh agas measuim nach bfhuil do bhrigh ’san bfocal Rodaigh seoc Rodachán acht (festivitatis gratia) et fós go guala me an Tadg ainmamhail O Rodaigh ag innsin damh ’san aimsir dheighanaigh roimre n-a bhás gur chum fodhaoíne coitchinn garb e féin d’arrthaigh an slointhead; gideadh, do dhearbh dham fa mhionnaib an Bhiobla nach é, et nár mheas maith ’san mbioth bheth isoin sloinnte seoch a céile. (C IV I, 211 v.).

Dá mba é a mhalairet a bhí fíor chloisfimis ó Thadhg é. Léirigh sé spéis sa tsloinnteoireacht féin agus d’fág alt gearr ar an ábhar céanna againn. Níl a fhios agam cén chaoi ar cuireadh leis an lámhscríbhinn seo é, Maigh Nuad B 8, ach is í lámh Thaidhg Uí Rodaighe a scríobh é gan aon agó. Tá ‘Ag so leabar Thomas O henicane a Sligioch’ agus an dáta 1765 leis, ach measaim gurbh í lámh sínitheora eile lámh a scríofa. Is é Éinrí ‘Ó Carraic’ nó Éinrí ‘mac Carraic’ nó Éinrí ‘mac Carrtha’ an té sin. Mhínigh sé gur cheannaí é agus gur scríobh sé an lámhscríbhinn ‘an gach eidirsgíth’ sa bhliain 1700 AD. (Maigh Nuad, B 8, 99). Ba é ‘a charaid ionmhuin’ a thug sé ar Sheán Ó Gadhra agus má bhí aithne aige ar Sheán, is féidir go raibh aithne aige ar Thadhg leis. Is féidir gur scríobh Tadhg chuig Éinrí é féin nó go bhfuair sé an aiste ó Sheán:

Tuig a leughthóir *gurab lé linn* Bhríain Bhoroimhe mhic Cinnéidigh tugadh sloinnte go coinchionn ar Eirionnachuíbh; Anno Domini 1002, do ghabh brían flaithios Eirion, do réir an leabhair Gabhála, tobar eoluis Eiriond, tuig nach bfuil slointheadh as *fearr* ina is measa ina a cheile ar aon aca, *acht* ainim baistighe dhuine éigin da dtainic roimhe, *agus* ní bfuil ainim baistighe is *fearr* na cheile, óir ní *fearr* an tainim Carrthaigh, briain, Níall, Conchobhuir, Ruarc, Domhnoll, ó bfuil Clann Charrthaigh, Ó Briain, Ó Neill, Ó Conchobhuir, Ó Ruairc, Ó Domhnuill, ina tadhg, toirrdhealbhach, Aodh, Seán, ---- Murchadh, Donnchadh. *et cetera.* na cumhachta thug fine, *et* slointheadh ní as measamhla na cheile, mar as follus do gach duine céillidhe, tuig nach bfuil céim, Síol, clann, no muinntir, do radha le slointheadh seach a cheile, *acht* mar thig deaghmhaise, *et* gnás na canamhna, mar ata Síol Ruairc, muintir Ruairc, muintir

Raghallaigh a der an leabhair Connachtach riu, thig Síol don uile sloinneadh do radha ris. et rl. Ráite Thaidhg ui Roduighe sin (Maigh Nuad, B 8, 99).

Is léir gur leagan Foras Feasa ar Éirinn atá sa mhéid sin, córas an tsloinne a leagan ar Bhrian Bóraimhe (FFE 137). Luaih Tadhg Brian Bóraimhe ina údar ar na sloinnte agus é ag scríobh chuig William Molyneux sa bhliain 1683 :

... The chiefe men in those two Baronies of Leitrim & Mohil were the Convacknyes, a branch of the Clanna = Ruryes, the chief of wch these suite Sr. names began in regno Brianni Boroui ano Dni 1002; were the MaGranells (Reynolds) (RIA 12 W 22, 327).

Tharla sinn ag cíoradh cheist an ainm, ceileadh ainm Thaidhg go cliste i gceann de thrí rann iarchomhairc ó fheile anaithnid mar seo romhainn agus an t-imeartas sanais leis an ainm ar bun ann :

TCD H. 6. 15, 306 r.

File sa teinm laoidhe,
ainm an tsaoirfhir nach falsa,
agus borbaistear a shloinne,
dóid is ullamh um almsa.
(dán XVI thíos, r. 26)

‘A poet’ in teinm laoidhe,
is the active nobleman’s name,
and a crude journey is his surname,
ready is his hand in almsgiving.

Rianaigh an mhuintir Rodaighe/Rodacháin seo iad féin siar ar dhream ar a dtugtaí ‘Muintir Eolais’. Ba chuid den treibh iad sin ar a dtugtaí ‘Conmhaicne Maigh(e) Réin’, ainm treibhe a chuimsigh Muintir Eolais agus a ngaolta laisteas díobh, Muintir Anghaile. Ó thaobh réim téire agus sleachta ba ionann Muintir Anghaile agus Muintir Fearghail Chontae Longfoirt gona gcraobha : Ó Cuinn, Mac Taidhg, Mag Phionnbhairr, Mac Seáin, srl.

Mar a chéile do Mhuintir Eolais, ba ionann iad agus Clann Raghnaill dheiscirt Liatroma gona gcraobha : Ó Maoil Mhiadhaigh, Mac Giolla Ghuala, Mac an Phríora, Mac Dhorchaidh, Ó Rodacháin, Ó Maoil Mhochéirghe, (agus i dtuaisceart agus lár Liatroma : Mac Cagadháin, Mac an Óglaigh). Ba mhór ag Tadhg Ó Rodaighe an t-ainm treibhe ‘Eolas’ is dóigh liom, óir feictear é go minic i ndánta á mholadh, amhail is go raibh lucht a geumtha á choinneáil leis.

Mar leis an ainm pearsanta, ‘Eolas,’ mhol Pól Breathnach a shanas a mheas le hais cinn eile dá mhacasmhail, mar atá, ‘tuileagna’ (tuile + eagna) :

Eólus is a man's name, having the abstract meaning, 'knowledge.'

(Walsh, P., 1947, 71).

Is ainmfhocal teibí é a fheidhmíodh mar ainm pearsanta. Is annamh a theagmháimid leis mar ainm pearsanta seachas i gcraobh ghinealaigh mhuintir Uí Mhaoil Chonaire.

Ba gabhal iad Conmhaicne (Maighe) Réin de Chonmhaicne Mara, sliocht a bhaist réimse mhór thíre in uachtar Chonnacht, Conamara. Ciallaíonn 'Réin,' - is é 'rian' an tuiseal ainmneach - 'uisce,' agus is fíor nach tirim an mhá chéanna. Is ionann Conmhaicne agus an sliocht a shíolraigh ó Chonmhaicne mar is ionann an foirceann ' .. ne' agus 'muintir.' Is comhartha ársaíochta in ainm é an foirceann seo (Mac Niocaill, G., 1972, 3).

Ríomhtar searchas Chonmhaicne Mhaigh Réin i Leabhar Caillín. Is é an trácht a bhí orthu mar Chonmhaicne Réin gurbh 'ó mhagh co Sionainn' a bhíodar. In aon lámhscríbhinn a raibh baint ag muintir Rodaighe léi nó ar fhágadar a lorg uirthi, feicimid trácht beag éigin den chineál sin orthu, an treibh ar díobh iad. Tá áireamh orthu i dhá lámhscríbhinn a bhaineann le Tadhg Ó Rodaighe, Maigh Nuad, C 74, roinn j, 25 agus ls. Maurice Newby, TCD H. 6. 15., 259. Ba é Tadhg mac Taidhg Uí Rodaighe a scríobh, dar liom, ceann Mhaigh Nuad agus bhí sí seal i seilbh Thaidhg mhic Gearóid Uí Rodaighe ina dhiaidh. Táthar den tuairim gur anuas as saothar Thaidhg mhic Gearóid a bhreac Muiris Ó Nuabha TCD H. 6. 15., ceist a luaitear faoi ls. uimh. 8 i gcaibidil 2 thíos (McAdoo, H. R., 1939, 161; Ó Ciardha, P., 1977-78, 270) :

Cúig Conmhaicne Connacht .i. Conmhaicne Réin, ó mhagh co Sionainn, Conmhaicne Chalaigh, Conmhaicne Dúine móir, Conmhaicne Mhara, Conmhaicne Chúile, ag sliocht Chonmhaic mhic Fearguis, mhic Rosa, mhic Rudraighe bhiodar re hathaidh. et cetra. Aodh Fionn tug Conmhaicne Réin do Chaillin naomhtha, et Caillinn tug do Conmhaicníbh í.

vide lebhar Chaillinn. Bladh don Bhréifne (TCD H. 6. 15., 259).

Tá tuilleadh eolais ar chuid de na sleachta sin i Leabhar Caillín féin, ach níl 'Bladh don Bhréifne' ann (Hennessy/Kelly, 1939, 382 - 384). Ba de Shliocht Ír an Conmhaicne agus is ar ais ar na sean-Ulaidh a rianaítéar iad.

Le rianadh siar ar líne Uí Rodaighe dá gceapshinear ó Thadhg, comharba na bliana 1447 A. D. i bhFiadhach de réir Annála Ríochta Éireann, amharcaimis ar lámhscríbhinn RIA E iv 4 óir is í is glaine :

Tadhg

<i>mac Uilliam</i>	
<i>mhic Mhatha</i>	
<i>mhic Roibeard</i>	
<i>mhic Sheain</i>	
<i>mhic Lucáis</i>	
(<i>mhic Eile</i>	
<i>mhic Gilla na Naomh)</i>	
<i>mhic Eile</i>	
<i>mhic Gilla na Naomh</i>	
<i>mhic Eighnigh</i>	
<i>mhic Gilla Íosa</i>	
<i>mhic Mhaoil Mhichile</i>	

<i>(mhic Mhaoil Muire)</i>	
<i>mhic Fheichín</i>	
<i>mhic Gilla Muire</i>	
<i>mhic Gilla Bhearaigh</i>	
<i>mhic Domhnaill</i>	
<i>mhic Aodha</i>	
<i>mhic Mhaoil Mhichile</i>	
<i>mhic Maoil Muire</i>	
<i>mhic Mhaoil Íosa</i>	
<i>mhic Ghilla Críst</i>	
<i>mhic Gormghuil</i>	
<i>mhic Ghilla Mancháin</i>	

<i>mhic Ardghail</i>	
<i>mhic Alaxanduir</i>	
<i>mhic Eóin Fhinn</i>	
<i>mhic Rodacháin</i>	
<i>mhic Naradhaigh</i>	
<i>mhic Fhillead</i>	
<i>mhic Onchon</i>	
<i>mhic Fhionnlogha</i>	
<i>mhic Fhinnfhir</i>	
<i>mhic Cumhsgraith</i>	
<i>mhic Ceucht</i>	

De réir Leabhair Caillín, is iad muintir Rodaighe a bhí leis na cianta cairbreacha ina gcomharbaí ar Chaillín i bhFiodhnach, baile beag i ndeisceart Liatroma :

Genealach *Uí* Rodaichae sunna hi bfechds *eadhon* comarba Fidnacha Muigi Rein inu fiadnuse. (Hennessy, W. M. & Kelly, D. H., 1939, 392).

Is as an bhfocal ‘fiodh’, arbh ionann é agus ‘adhmad’, a mhínítear an logainm (Walsh, P., 1947, 49) :

The Irish of Fenagh was at first *fidnach*, a feminine word which signifies ‘twigs,’ ‘brushwood,’ gen. case *fidnaige*, acc. case *fidnaig*. The plural *fidnacha* came to be used for the singular, and the gender changed to masculine. The modern Irish would be either Fiodhnach or Fiodhnacha. (ibid. 49).

Ba é Dún Baile seanainm na háite de réir an tseanchais :

Cidh dia nebradh dun mBaile cedamus fris in n-inadsin. Ni annsa son. Ri uasal oirbidnech ro gab hErind fecht naill .i. Conaing mac Congail. Is ann imorro robui domgnas ocus dunaras in rig sin ar Mag Rein intshainred. Do ronad imorra daingen ocus caisil cloch lais indusin i farrad Lacha salach. Salach

mac Samail do Troiannaib is he ba drai don Conaing sin mac Congail, ocus is uada ainmnigher loch Salach. (Hennessy/Kelly, 1939, 112).

Bhain tábhacht le Fiadhnaich as adhlaiceadh Conall Gulban ‘i fFiadhnaich Mhaighe Réin la Naomh Caillin’ sa bhliain 464 A. D. (ARÉ). Luadh comharba, nó comharbacht, Chaillín, sna hannaíla mar seo a leanas.

Tá an chéad tagairt in Annála Connacht ar cheann de na giotaí eolais is spéisiúla riamh. Is spéisiúil é ar bhun na staire logánta ar ndóigh. Is spéisiúla fós é, b’fhéidir, as a bhfuil de dhraíocht le brath síos tríid. Sa bhliain 1244(.5) :

Sluagad adbalmor la Fedlimid mac Cathail Crobdeirg isin mBrefne sair dochum h. Raigillig do digail a daltaí et a brathar i. Taidc h. Conchobair, co rabatur adaig longpuirt hi Fidnach Moigi Rein, et ni bai in comarba fein isin baili ind adchi-sin. Et o nach rabi, do loscidur rutada an tsluaig botha et belscalana do batur isin tempull istig can cet da ndainib maithi, et do muchad dalta De in comarba ann; et is ed innisid eolig conad amlaid fuair in comarba an dalta-sin, a fagbail ar carraig cloichi bai isin baili, et ni fedatur mathair no athair occa riam, et gradaigis in comarba he, et aithristir co tuc se lacht do asa cigib budein; et tanicc in comarba chuchta arabarach co feirc et co lonnus i ndeoid a dalta et do iarr se eraicc a dalta ar h. Conchobair et adubairt h. Conchobair co tibred a breith fein do. “Is hi mo breth-sa” ar in comarba, “ant aenduine is ferr accaib i n-ericc meic De do losced lib.”

“Magnus mac Murcertaig Mumnid sin,” ar h. Conchobair.

“Ni he, etir,” ar Magnus, “acht an ti is cenn arin sluag.”

“Ni scerad-sa fríb amlaid sin,” ar in comarba, “co fagbur eraicc mo dalta uaib.”

Do imthig in sluag asin bali amach iar sin et do len in comarba iat co hAth na curri forsin Gerctig, et do bai an tuili dar bruigib di et ni rancatar tarsi co ndernsad tech spitel Iohannis Basti do bai ind imbel ind atha do scailed da cur faorsan abaind do dol tarsi don tsluaig, co ndechaid Magnus mac Murcertaig Mumnid isin tech et Conchobar mac Cormaic Meic Diarmata, co nd-ebert Magnus risin fer bai thus ac scailed in tigi, ac sined sepeite a claidim uada suas : “Ac sin in tairngi ata ag congail in tigi can toitim.” Risin comrad-sin do toit airrgi in tigi i cend Magnusa co nderna bruiligid dia chinn arin lathair-sin, et cur adlaiced e i ndorus timpuill Fidnacha allamoig et co tucad tri lan cluicc na rig d’ofrail arcit leis et deich. n-eich bhfichead, curap amlaid sin fuair comarba Caillin eric a dalta De fa deoid uathar; et doronad lecht lanmasech do chloch snaigti cros caindenmusach cloiche osa chind iar sin, et do brimsidár Muinter Ruairc in lecht-sin iar trill do toradh namatais (Freeman, A., 1983).

Sa bhliain 1255(.16) : Iuliana ingen comarba Caillinn *ocus* Gilla na Naem mac in comarba mortui sunt (ibid.).

Sa bhliain 1360(.18) : Uilliam mac comarba Caillin *occisus est* (ibid.).

Sa bhliain 1377(.6) : Seaan h. Rodachan comarba Caillin sai Erenn quieuit (ibid.).

Sa bhliain 1447(.1) : Comorba Fiodnacha fear tighe aoidheadh coitcinn da gach aon do écc (CELT).

1447(.3) Matha h. Rodachan comarba Fidnacha, tobur aided *ocus* saidbriusa cell Erenn, quieuit (Freeman, A., 1983).


Sa bhliain 1532(.12) : Comorba Fidhnaca i. *Brian mortuus est.*

Is go fabhtach a cumadh ginealach Uí Rodaighe de réir na tuairisce (Walsh, P., 1947, 51 - 52). Níorbh í an líne ab fhusa riamh, fiú amháin ag an Athair Breathnach (ibid. 50). Ghlac Breathnach le ‘mac Céle’ mar shloinne buan seachas mar shloinne neamuan ar bheirt, mac agus athair de mhuintir Rodaighe. Tagairt do ‘Gilla na Naomh mac Céle’, comharba na bliana 1331 a bhí i gceist. In aon abairt le Gilla na Naomh luaigh sé ‘the first O Rodachán that we read of in that office or position died in 1377.’ Is cosúil ar lámhscríbhinn amháin, RIA 23 Q 10, gurbh é an Gilla na Naomh thuas, athair mór an tSeáin Uí Rodachán sin a bhásagh, comharba na bliana 1377 A. D. Níor tugadh an tEile is athair do Lucás na lámhscríbhinne thíos, RIA E iv 4, mar athair dó sa lámhscríbhinn eile de chuid an RIA, 23 Q 10, 21, mar shampla, ná sa lámhscríbhinn de chuid Mhaigh Nuad, C 74 (j), 29. Is é an dara leagan acu is fearr a réitíonn leis na hannála agus a fhágfaidh gaol trí ghlúin idir Gilla na Naomh agus an comharba Seán . Luíonn sé le céill, ar ndóigh, go rianfadhbh aos léinn nó aos eaglaise a shantaigh cáil an léinn, a gceapshinsear siar i bhfad i gcás mhuintir Rodaighe, cuireadh siar ar aonghlúin le Naomh Adhamhnán é :




Rodachae, imorro, is do ro tidhnaic Adhamnan abduine Fidnacha do gres, *ocus* da shil co brath. (Hennessy,/Kelly, 1939, 390).

Ba fhurasta lena raibh d'ainmneacha ar nós Giolla Íosa, Maol Íosa, Maol Muire is mar sin ar an nginealach, meancóg chóipeála a dhéanamh iontu. Cén tráth a raibh Rodachae beo mura nglacaimid le seanchas Leabhair Caillín ina thaobh?

Tá a fhios againn ó Leabhar Caillín gur chol seisir do ‘Mhaelmochergi’ é, is é sin, don Mhaol Mochéirghe céanna ónar sloinneadh comharba eile an cheantair, Ó Maoil Mochéirghe Droma Oirbhealaigh :

... Roidaichae [sic]a quo	... Maelmochergi o fuilit...
<i>mhic</i> Naradaigh	<i>mhic</i> Dhuib
<i>mhic</i> Fhillid	<i>mhic</i> Luachain
	
clann :	<i>mhic</i> Oncon
	<i>mhic</i> Flinnloga
	<i>mhic</i> Flinnfir (Hennessy/Kelly, 1939, 384, 388 & 390).

De Mhuintir Eolais Chonmhaicne Mhaigh Réin an dá dhream sin. Beirt chol seisir Rodachae agus Maol Mochéirghe, is léir. Más ceadmhach dom oibriú suas cúig ghlúin ó bhás ‘Conbuidhe uí Thormadain,’ fear gaoil a shíothlaigh sa bhliain 1159 A. D. de réir Annála Uladh, beimid in ann barúil éigin a thabhairt ar *floruit* Rodachae (Logan, P., 1958, iml. 1, 76 - 81).

... Cú Buidhe (+ 1159 A.D.)	.. Orchadh a quo ...
<i>mac</i> Uarusci	
<i>mhic</i> Thormadain	<i>mhic</i> Chagadhain
	
<i>mhic</i> Mhaelcinn	... Maelmochergi ...
<i>mhic</i> Flind	<i>mhic</i> Dhuibh
	
	<i>mhic</i> Luachain
	<i>mhic</i> Onchon

Shamhlófaí gur mhair Rodachae faoi lár an aonú céad déag. D’fhágfadh sin an sloinne Ó Rodaighe alias Ó Rodacháin, céad go leith bliain nó mar sin níos moille ag teacht ar an saol ná Ó Ruairc, Ó Maoil Doraídhe ná Ó Dubhda, más aon slat tomhais dáta a gceapshinsir (Hennessy/Kelly, 1939, 390; RIA 23 D 17, 132). Nílimid dall ar chúlra mháthair cheapshinsir na clainne, Bé Bhinn, máthair Rodacháin. Ba í iníon Cearnacháin *mhic* Dhuibh Dothra *mhic* Bhaeithín *mhic* Blathmhaic *mhic* Fheidhlimidh *mhic* Chruimhthinn *mhic* Scannláin *mhic* Aedha Finn *mhic* Fheargna (Duignan, M. V., 1934, iml. lxiv, 230). Is é sin, líne na Ruarc, lucht cinsil agus drochfhala Chonmhaicne. An bhféadfaí dáta Rodachae a dheimhniú le croinic thaobh na máthar?

Más aon leideadh taobh na máthar bhí deartháir Bhé Bhinn, Ceallachán nó Seallachán ar an bhfód faoin mbliain 930 A. D. (RIA 23 Q 10, 45; RIA E iv 4, 21). Is léir nach bhfuil an dá am ag teacht glan díreach lena chéile, am líne Mhaolmhochéisírghe agus am riain na Bé Binne. Am éigin idir 960 agus 1030 A. D. a mhair Rodachae.

.....

Aguisín D

TCD H. 6. 15., 310 v.

Of an Iron work.

Malleus ascendens tonitru treme feiith olympum.

Retrowentis onus, Jartarus ipse Iimet. -----

.....

Aguisín E

iibid.

Concerning Bad Ale.

Cur bibitis potum, confectum ex felle et aieto?
ex phlegetontis aquis : ex fluctibus acris Arverni?
Laethifero ex vomitu canis Orei : ex Suno a coniti?
Gorgonis et cerebro? Caiodaemonis *ex quas* medullis?
Sanguine Serpentum? capitis ex parte Medusae?
urina es Circis? Ietriio (letriio?) ex Sudore Calistús?
face venenata ex rerum quarum libeth orbis?
insuper (imfuper?) atqus emitis; queenam (qucenam?) Dementia Major?

Who ever saw beer brewed of Such Malt, hops, water. *etcetera.*
as the ingredients of that beer were. -----

.....

Aguisín F

ibid.

Upon a bad treate by a }
deformed Gentlewoman. -- } Consimiles

311 r.

Consimiles epulee Margaretee, et vultus ad unguem,
Deterius nihil est, nihil est deformius usquam
Ambobus; viva tacta, gustqus necarent,
Olfactu, auditu, niss Joxua, toxuapellant,
His pejus nihil est, nihil est, et amarius orbe,
Non fel, non vomitus, Saliies (Salues?) aionita venenum,
Non p)Thlegetontis aquee, non styx, staygumq ve cadaver.
de fuit his Stugys, nil praetur acetum. -----

Clár na bhFoinsí

Príomhfhfoinsí:

Acadamh Ríoga Éireann:

- Ls. B iv i.
- Ls. C i I.
- Ls. C vi I.
- Ls. 12 F 3.
- Ls. 12 W 22.
- Ls. 23 D 5.
- Ls. 23 L 34.
- Ls. 23 M 23.
- Ls. 23 P 16.
- Ls. 23 P 33.
- Ls. 24 P 25.

An Leabharlann Náisiúnta: Ls. G 47.

Maigh Nuad, Coláiste Phádraig:

- Ls. B 8.
- Ls. C 74, j.
- Ls. M 8.

Mainistir Fhear Maí: Ls. CF 23.

Ollscoil na Tríonóide, BÁC:

- Ls. TCD H. 2. 16.
- Ls. TCD H. 3. 18.
- Ls. TCD H. 5. 19.
- Ls. TCD H. 6. 15.

Óstaí an Rí, BÁC: Ls. 19.

Sasain, Leabharlann na Breataine: Ls. Egerton 127.

Foinsí Eile:

Acadamh Ríoga Éireann: Ls. F v 3, ls. 24 P 41.

Ollscoil na Tríonóide, BÁC: Ls. TCD 1. i. 2.

Ollscoil na Tríonóide, BÁC: Micreascannán uimhir 831;

Foinsí Cló:

Abbott, T. K. (1900) : *Catalogue of Irish Manuscripts*. BÁC.

(1920) : *Catalogue of Irish Manuscripts*. BÁC. (eagrán athraithe)

Adams, G. B. (1978) : ‘Surname Landscapes’, Bulletin of the Ulster Place-name Society, series ii, iml. i. Béal Feirste.

Ardclon (1935) : ‘report of a Special Sessions in Carrick, 27th July, 1714’, Ardclon., iml. 1, uimh. 5, gan ainm údair, 14 - 16.

Ardclon (1937) : ‘Inscriptions on tombstones and monuments’, Ardclon., iml. 1, uimh. 6, gan ainm údair, 65 - 74.

Bergin, Osborn (1938) : ‘varia 1’, Ériu xii, cuid 2, 215 - 235.

(1981) : *Sgéalaigheacht Chéitinn*, athchló. BÁC.

Binchy, D. A. (1923) : An Uraicecht Becc, in PRIA, XXXVI, section c, no. 16, 265 - 316.

(1955) : ‘Coibnes Uisci Thairidne’, Ériu 17, 52 - 85.

(1975) : *Scéla Cano Meic Gartnáin*, BÁC.

(1978) : *Corpus iuris hibernici : ad fidem codicum manuscriptorum recognovit*, BÁC

Breatnach, Pádraig A. (1997) : *Téamaí Taighde Nua-Ghaeilge*, Maigh Nuad.

Breatnach, Liam (1984) : ‘Canon law and secular law in early Ireland: the significance of Bretha Nemed’, Peritia 3, BÁC.

(1987) : *Uraicecht na Ríar; The Poetic Grades in Early Irish Law*, BÁC.

(1989) : ‘The first third of Bretha Nemed Toísech’, Ériu 40, 1 - 40.

Calder, George (1995) : ‘Auraicept na n-éces’, BÁC [1917]

Campbell, J. L. (1960) : ‘The Tour of Edward Lhuyd in Ireland in 1699 and 1700’, Celtica 5, 218 - 228.

Carney, James (1943) : *Topographical Poems* BÁC.

(1950) : *Poems on the O'Reillys* BÁC.

(1958) : *The Irish Bardic Poet*. BÁC.

(1969) :

Casway, Jerrold (1988) : ‘The Last Lords of Leitrim : The sons of Sir Teige O Rourke’, Breifne vii, 26, 556 - 574. An Cabhán.

- Comyn, David (1902) : *Foras Feasa ar Éirinn* I. Londain.
- Crystal, David (1989) : *The Cambridge Encyclopedia of Language*, Cambridge.
- de Búrca, E. (1994) : *Fians*, iml. 2. BÁC.
- de Hae, Risteárd & Ní Dhonnchadha, Brighid (1938) : *Clár Litridheachtana Nua-Ghaedhilge*, I, BÁC.
- Dinneen, Rev. Patrick S. (1908 a.) : *Foras Feasa ar Éirinn* II, Londain.
- (1908 b.) : *Foras Feasa ar Éirinn* III, Londain.
- (1914.) : *Foras Feasa ar Éirinn* IV, Londain.
- (1927) : *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*, BÁC.
- Dobbs, M. E. (1929 - 30) : ‘Altram Tige Dá Medar’, *Zeitschrift fur Celtische Philologie* iml. 18, 63 - 69.
- Donohoe, P. M. (1929) : ‘Priests of Ardagh and Clonmacnoise in 1704’, Ardcron.
1929. (ar lean ó 1926)
- Duncan, L. (1932) : ‘Altram Tige Dá Medar’, Ériu 11, 184 - 225.
- Flower, Robin [1992] : *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Library*, iml. ii, Londain.
- Freeman, A. Martin (1936) : *The Composicion Booke of Conought*, BÁC.
- (1983) : *Annála Connacht : The Annals of Connacht*, BÁC.
- Frost, James (1973) : *The History and Topography of the County of Clare*. BÁC/Corcaigh.
- Gleeson, Dermot (1962) : *A History of the Diocese of Killaloe*, iml. 1, BÁC.
- Greene, David (1975) : *Fingal Rónáin and other stories*. BÁC.
- Gwynn, E. J. (1942) : ‘An Old-Irish tract on the privileges and responsibilities of Poets’, Ériu xiii, 1 - 60, BÁC.
- Hardiman, James (1831) : *Irish Minstrelsy*. Londain.
- (1846) : *West Or H-Iar Connaught*. Gaillimh [1978].
- Harrison, Alan (1984) : ‘Who wrote to Edward Lhwyd?’, *Celtica* 16, 175 - 184.
- Hennessy, W. M. & Kelly, D. H. (1875) : *The Book of Fenagh*. BÁC.
- Henry, P. L. (1966) : ‘Some Passages in Tecosca Moraind’, Ériu 20, 226 - 228.
- (1978) : *Saoithiúlacht na Sean-Ghaeilge*. BÁC.
- Hogan, Edmund (1910) : *Onomasticon Goedelicum*. BÁC.
- Hogan, James & Tate, L. (1958) : *Négociations de Monsieur le Comte d’Avaux en Irlande, 1689 - 90*. BÁC.
- Hull, Vernam (1966) : ‘Cáin Domnaig’, Ériu xx, 151-177.
- Jeffries, Henry A. (1999) : ‘Erenaghs in pre-plantation Ulster : an early seventeenth-century account’, *Archivium Hibernicum* LIII, lch. 16 - 19. Maigh Nuad.
- The House of Commons Journal, vol. 2 Londain, 109, 187, 193 - 194.

- Kelly, Fergus (1976) : *Audacht Morainn*. BÁC.
- (1991) : *A Guide to Early Irish Law*. BÁC.
- Kenney, James F. (1929) : *The sources for the early history of Ireland: an introduction and guide*. New York.
- Knott, Eleanor (1922) : *The Bardic Poems of Tadhg Dall Ó Huiginn*, iml. I. Lúndain.
- (1935) : *Irish Syllabic Poetry*. Corcaigh.
- Logan, John (1977-'78) : 'Tadhg O Roddy and Two Surveys of Co. Leitrim' : Breifne
iml. IV, uimhir 14, 318-334. An Cabhán.
- Logan, Patrick (1958) : 'Mac Dorchaidh Chiefs of Cinel Luachain', Breifne I, 76 - 81.
- Macalister, R. A. S. (1939) : *Book of Fenagh*. BÁC.
- Mac an Ghallóglach, Domhnall (1966) : 'Sir Frederick Hamilton', Bréifne iml. iii,
uimh. 9, 55 - 99;
- (1971) : 'List of Grants made by James I in Leitrim
(1621- 2)', Breifne iml. iv, uimh. 14, 251-254;
- (1988) : 'Breifne and its Chieftains 940 - 1300',
Breifne, iml. vii, uimh. 26, 523 - 555.
- Mac Cuarta, Brian (1999) : 'Leitrim Plantation Papers 1620 - 22', Bréifne iml. IX,
uimhir 35, 114 - 139. An Cabhán.
- Mac Domhnaill, An tAth. (1955) : *Dántais Amhráin Sheáin Uí Ghadhra*. BÁC.
- Mac Eoin, Gearóid (1962) : 'Invocation of the Forces of Nature in the Loricae,' *Studia Hibernica* ii, 212 - 217.
- Mac Lysaght, Edward (1964) : *Supplement to Irish Families*. BÁC.
- (1967) : 'Seventeenth Century Hearth Money Rolls with full
transcript relating to County Sligo', *Analecta Hibernica* 24, 1 - 89.
- (1978) : *The Surnames of Ireland*. BÁC.
- (1982) : *More Irish Families*. BÁC.
- Mac Namara, N. C. (1999) : *The Story of an Irish Sept : The Origin and History of the Mac Namara*s. BÁC. [London 1876]
- Matheson, Robert E. (1994) : *Special Report on Surnames in Ireland*. [1901, 1909]
BÁC.
- Mc Adoo, H. R. (1939) : 'Three poems by Peadar Ó Maolchonaire', Éigse I, cuid iii,
160 - 166.
- Mc Caughey, Terence (1984) : 'The performing of dán', Ériu 35, 39 - 57.
- Mc Cone, Kim et al. (1994) : *Stair na Gaeilge*. Maigh Nuad.
- Mc Cone, Kim & Ó Fiannachta, Pádraig (1992) : *Scéalaíocht Ár Sinsear*. Maigh Nuad.
- Mc Kenna, Lambert (1939) : *Aithdiogluim Dána*, iml. i. BÁC.

- Mc Kiernan, Francis J., (1972) : ‘Parish Priests of Kilmore’, Breifne iml. iv, uimh.
 15, 370 - 405.
- Meyer, Kuno (1914) : ‘The Guesting of Athirne (Aigidecht Aithirni)’, Ériu vii, 1 - 9.
- (1909) : ‘The Instructions of Cormac mac Airt’, Todd Lecture Series
 XV, BÁC.
- Mhág Craith, Cuthbert (1967) : *Dán na mBráthar Mionúr*. BÁC.
 (1980) : *Dán na mBráthar Mionúr*. notaí. BÁC.
- Mulchrone, Kathleen (1970) : *Catalogue of Irish manuscripts in the Royal Irish Academy*, le O Rahilly, T. F., et al. [1926-1958]
- (1978) : *Caithréim Cellaig*. BÁC.
- Mulchrone, Kathleen et al. (1926 -70) : *Catalogue of Irish MSS in the R. I. A. General Index*. BÁC.
- Murphy, Gerard (1961) : *Early Irish Metrics*. BÁC.
- Ní Dhomhnaill, Cáit (1975) : *Duanaireacht*. BÁC.
- Ní Mhurchú, Máire & Breathnach, Diarmuid (2000) : *Beathaisnéis 1560 - 1781*. BÁC.
- Ní Ógáin, Róis (gan dáta) : *Duanaire Gaedhilge II*. BÁC.
- Ní Ógáin, Úna (1928) : *Dánta Dé*. BÁC.
- Níc Philibín, Mairghréad (1938) : *Na Caisidigh agus a gCuid Filidheachta*. BÁC.
- Ó Braonáin, M., (1994) : *Príomhshruit Éireann*. Luimneach.
- Ó Buachalla, Breandán (1996) : *Aisling Ghéar*. BÁC.
 (1998) : *An Caoine agus an Chaointeoiracht*. BÁC.
- Ó Cadhain, Máirtín (1949) : *Cré na Cille*. BÁC.
 (1999) : *Tone - Inné agus Inniu*. BÁC.
- Ó Cadhlaigh, Cormac (1940) : *Gnás na Gaeilge*. BÁC.
 (1956) : *An Rúraíocht*. BÁC.
- Ó Canainn, Pádraig (1940) : *Filidheacht na nGaedheal*. BÁC.
 (gan dáta) : *Filidheacht na nGaedheal*, notaí. BÁC.
- Ó Cianáin, S. F. (1935) : ‘The Meares of Annalie’, Ardclon. iml. 1, uimhir 4, 46 - 75.
- Ó Ciardha, Pádhraic P. (1977 - '78) : ‘Tadhg Ó Rodaighe,’ Breifne iml. V, uimhir 18,
 266 - 277. An Cabhán.
 (1980) : ‘Beach / beach eolais’, *Celtica* 13, 115 - 119.
- Ó Cléirigh, Tomás (1985) : *Aodh Mac Aingil agus an Scoil Nua-Ghaeilge i Logháin*.
 BÁC.
- Ó Concheanainn, Tomás (1970) : *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasciculus xxviii. BÁC.
- O Connor, Patrick (2002) : *An Atlas of Irish Placenames*. Luimneach.

- Ó Corráin, Donncha (1980) : *Ireland before the Normans*. BÁC.
- (1986) : ‘Seathrún Céitinn (c. 1580 - 1644) : An Cúlra Stairiúil’, Dúchas 1983 - 1985, 56 - 68.
- Ó Corráin, D. & Maguire, F. (1981) : *Gaelic personal names*. BÁC
- Ó Dónaill, Niall (1977) : *Foclóir Gaeilge - Béarla*. BÁC.
- Ó Donnchadha, Tadhg (1931) : *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe*. BÁC.
- O Donovan, John (1861) : *Ulster Journal of Archaeology*. Béal Feirste.
- (1976) : *The Tribes and Customs of Hy-Many, commonly called O'Kelly's Country*. [1843] Corcaigh.
- Ó Duigneáin, Proinnsíos (1990) : *Dromahaire, Story and Pictures*. Cluainín Uí Ruairc.
- Ó Duinn, Seán (1990) : *Orthaí Cosanta sa Chráifeacht Cheilteach*, Maigh Nuad.
- Ó Fiannachta, Pádraig (1969) : *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad* Maigh Nuad.
- (1972) : *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad* Fascúl VII. Maigh Nuad.
- (1973) : *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad* Fascúl VIII. Maigh Nuad.
- (1974) : *Léas ar ár litríocht* Maigh Nuad.
- (1981) : *An Bíobla Naofa*. Maigh Nuad.
- O Flaherty, R., féach Hardiman, James (1846).
- Ó Floinn, Tomás (1955) : *Athbheo*. BÁC.
- Ó Háinle, Cathal (1978) : *Promhadh Pinn*. Maigh Nuad.
- (1991) ‘Refrains in Ógláchas Poems’, Ériu xlii. BÁC.
- Ó hÓgáin, Daithí (1991) : *Myth, Legend and Romance*. London.
- O Kelleher, A. & Schoepperle, G. (1994) : *Betha Colaim Chille*. BÁC. [1918]
- Ó Laoghaire, Diarmuid (1990) : *Ár bPaidreacha Dúchais*. BÁC.
- Ó Madagáin, Breandán (1983) : ‘Ceol a chanadh Eoghan Mór Ó Comhraí’, Béaloideas iml. 51, 71 - 86.
- Ó Máille, T. S. (1973) : *Breacadh*. BÁC.
- Ó Máille, Tomás (1936) : *An Béal Beo*. BÁC.
- Ó Maonaigh, Cainneach (1952) : *Scáthán Shacraminte na hAithridhe*. BÁC.
- (1962) : ‘Scríbhneoirí Gaeilge Ord San Froinsias’, *Studia Hibernica* iml. 2. BÁC.
- Ó Mórdha, Seán P. (1961) : ‘Lámhscríbhinní Gaeilge i gColáiste Phádraig’, *Studia Hibernica* iml. I, 182 - 190.
- Ó Muirgheasa, Énrí (1936) : *Dánta Diadha Uladh*. BÁC.

- Ó Muraile, Nollaig (1996) : *The Celebrated Antiquary : Dubhaltach Mac Fhirbhisigh*
 1600-1671. Má Nuad.

(1998) : ‘A description of County Mayo c. 1684 by R. Downing’ in
A Miracle of Learning, eag. Barnard, T. et al. Aldershot. Sasain.

Ó Nolan, Gerald (1920) : *Studies in Modern Irish* Part I. BÁC.

O Rahilly, Thomas F. (1921) : *Dánfhocail*. BÁC.
 (1955) : *Desiderius*. BÁC.

Ó Raghallaigh, Tomás (1930) : *Duanta Eoghain Ruaidh Mhic an Bhaird*. Gaillimh.
 (1938) : *Filí agus Filidheacht Chonnacht*. BÁC.

Ó Rathile, Tomás (1926) : *Dánta Grádha I*, BÁC & Corcaigh.

O Reilly, Edward (1970) : *A Chronological Account of nearly Four Hundred Irish Writers*. Shannon. [1820 BÁC]

Ó Súilleabháin, Seán (1980) : *Caitheamh aimsire ar thórraimh*. BÁC.

O Sullivan, A. & W. (1962) : ‘Edward Lhuyd’s collection of Irish manuscripts’,
 Transactions of the Honorable Society of
 Cymmrodorion. 57 - 76. London.

O Sullivan, Harold (1995) : ‘Women in County Louth in the Seventeenth Century’,
 Co. Louth Archaeological and Historical Journal xxiii, uimh. 3, 344 - 374.

O Sullivan, William (1976) : ‘The Irish Manuscripts in case H in Trinity College Dublin
 catalogued by Matthew Young in 1781’, *Celtica* 11, 229 - 250;
 (1999) : ‘The Book of Domhnall Ó Duibhdábhoreann, Provenance
 and Codicology’, *Celtica* 23, 276 - 292.

Petrie, George (1837) : *Transactions of the Royal Irish Academy* xviii. BÁC.

Preston, Christopher (1950) : ‘Commissioners under the Patriot Parliament, 1689’,
Public Records Ireland, The 15th. Report of the Deputy Keeper, (1883) BÁC.

Quin, E. G. (1983) : *Dictionary of the Irish Language based mainly on Old and Middle Irish Materials*. BÁC.

Simington, R. C. & Mac Giolla Coille, B. (1967) : *Books of Survey and Distribution*,
 vol. iv County of Clare, BÁC.

Simms, J. G. (1969) : *Jacobite Ireland 1685 - 91*. Londain.
 (1974) : *The Jacobite Parliament of 1689*. Dún Dealgan.

Strachan, John (1984) : *Old-Irish Paradigms*. BÁC.

Thurneysen, Rudolf (1914) : ‘A Third Copy of the Guesting of Athirne’, *Ériu* vii,
 196 - 199. BÁC.
 (1935) : *Scéla Mucce Meic Dathó*. BÁC.
 (1980) : *A Grammar of Old Irish*. BÁC.

Todd, J. H. (1846) : ‘Autograph Letter of Thady O’Roddy’, *Miscellany of the Irish Archaeological Society*, iml. 1, 112 - 125. BÁC.

- Wagner, Heinrich (1979) : *Gaeilge Theilinn* BÁC.
- Wall, Maureen (1976) : *The Penal Laws, 1691 - 1760*. Dún Dealgan.
- Walsh, Paul (1920) : *Leabhar Chlainne Suibhne*. BÁC.
- (1947) : *Irish Men of Learning*, BÁC.
- Williams, J. E. & Ní Mhuiríosa, M. (1979) : *Traidisiún Litearthana nGael*. BÁC.
- Woulfe, P. (1922) : *Sloinnte Gaedhal is Gall*, Cuid a Dó, BÁC.

Foinsí idirlín:

www.dcu.ie/ria/
www.dcu.ie/tcd/
www.ucc.ie/celt/
www.ucc.ie/locus/

.....

AN GHLUAIS

a h- 1159 as	aithghin 885, 993, 1298 macasamhail
abhall 406 úll	áithiosaigh 231 rafar
acht, gan a. 245 gan amhras	aithis, gan a. 899 gan smál
ad-re 305 sroicheann, ionsaíonn	aithle, as a ha. 1603 ina dhiaidh
adhbhacht 1346 binneas	albha 698 ?
adhnadh 1288 adhaint	am 1532, 1539 i mo; féach ‘um’.
ágh 205, 221, 427, 574, 1115, 1179,	am 1612 do mo
1325, 1458, 1500; móradh áigh 1000	amhra 1528 iontach, uasal
móradh gaile	án, áin 83, 94, 107, 197, 224, 294, 382,
agh 273 damh, carrfha	793, 1094, 1307 iontach, geal, uasal,
ághach 939; an t-aos á. 971 na gaiscígh	maorga
ághmhair 209 laochta	anbhann, na n-a. 120 an dream dearóil
aice, ’na aice sin 161 lena chois sin	anbharr 752 iomad, fuíollach
aiceacht, aiciocht 492, 712 teagasc, léann	anchruth 867 anchuma
aidhmhilleadh 1040 adhmhilleadh	anmhain 630 fanacht
ailbhín 416 glac eallaigh, tréad beag	annsa 13, 31 ansa, grá, searc
áilghean 1303 sochma, socair	annsa 1430 breith
áin : féach ‘án’.	annsacht. 1268 searc
áinard 1658 (án+ard) ardheal, amhra	anóir 1669 oineach
ainbhfine 670 smacht eachtrann,	anradhta 904 laochta, misniúil
	antoil 912 drochmhanach
ainbhfíor 592	antrom,ní ha. 1715ní éagóir
ainbhfiós 1501; > ainbhfis 98 (tuis. gin.)	anú 1684 (< andud) tinfeadh, spreagadh
áineasa 39 taitnimh	aobhdha 354 álann
alinglidhe 4 ainglí, álann	aobhdhacht 559 aoibh
airce 59 easpa, díth	aoi 350, 1331 foghlaim
áirchíos 286 cíos críochnaithe a chaithfí a	aoibh, a n-a. 1333
	aoibhfolt 754
airdshliocht 1069	aoidhigh 441 aoi
airghidhse 158 airónna seo	aoinmheidh 778 aon mhiadh
airgne, a. ar Ultachaibh 300 ár ar Ultaibh	aoinmhéin 1330 aontuairim
airgtheach 1446 scriosadóir	aoinmhian 56 grá geal, meanmarc
airmghéir 232	aoinsciath 1705
aimsheana 1134 seanairm	aomhaim (uaim) 5 faomhaim (uaim)
áirseach, a áirsigh 1698 a sheanfhondúir	

aon, úidh <i>gach</i> aoin aca 943	tuairim gach	bhaoi 521, 547, 553	bhí
éinne acu		bhéar, do bh.	173 do-bheir
aondóigh 1695		bhuing 1426	scinn, d'éalaigh
araile 443 a chéile		bí, ro ba	287 a bhí
ardfhlaithe 1524		biatachas 440	gnó an tí aíochta
ardos 416 fia ard		bil, i mBéarla	bhil 895 i mBéarla milis
armghráin 198		bile 15, 104, 136,	498, 1039, 1291
arrachtach 200, 818 ollmhór		gaiscíoch, curadh,	crann naofa na treibhe;
athaidh 9, 29 aga, seal, tamall		<i>feidhm aid.</i> : laoche, mórcháile,	uasal
athaoi 323 tá tú		bine, gan bh.	769 gan dochar
atharthacht 614 oidhreacht		binnfhear 466	
athghoin 1647 díoltas		biodhbha 1454	eascara
athshíamsa 1684		bior, a beará 387 a huisce	
badhbh 1639		biorar 390 biolar	
baincheann 755 ceannaire mná		biothbhuaín 6 buan síoraí	
báintigh 21 bánta (b. féir, eallaigh)		biothchnaoidhios 937 bithchnaíonn	
baisghead 1344 bosgheal		biothghlais 420 síorghlas	
balsum 111 smearadh leighis		biothmháirg 452 maирг bhuan	
banbh 438 scoth (cárta), an t-aon a hairt		bith; críoch an bheatha 6 an chruinne, an	
bandáil 28, 1287 slua ban, comhthionól		domhan	
ban; bandál; grá bandála 1038 searc		bithleonta 1310 leonta go brách	
cruinnithe ban;		bladh 397, 597, 884, 1296, 1599, 1709	
bann 691 corraí, nó, bann		cáil, meas	
baoth mearaigh 65 siún sincín		bláith 1433 áille, gile	
barrlag 405 lag ina mbarr		bláith 421 bláthanna	
bé 361, 1373 bean, maighdean		bláithgheal 425 gile blátha	
beachtruire 931		bláthdhuinne 477 doinne an bhlátha	
béad 638 náire		bláthmhaire 397 áille	
béad, curaidh gan bh.	940 gan dochar	bleidhioch 714 corn óil	
beart > beirt 96 tuis. tabh.		bóchna 1363 farraige	
beigchrídhsé 1367 croí beag		borbaistear 1359	
béim 1666 buille		borbshlat 1406 slataire borb	
béim 401 coiscéim		braise, gan bh.	1043 gan mhire
béin 1291 buaint, baint		breath, na mb.	297 na mbreitheanna
beobhrasach 545 beothapa		breicmhín 421 míن agus breac	
beodhos 792 file beo		bréideadh, ag b.	433 ag éidiú, ag cur
bhádar 512, 517 bhíodar		éadach ar ...	

breisim, an bh.	524	an briseadh	callghlan, sreatha c.	406	s. de choill
briocht	397, 420, 477	áille, gile, ruithne,	ghlana		
		snas			
briocht	38	ortha	caoimhchleith	916	taoiseach
broide	1689	broideadh	caoimhfheár	188	
brosnadh	1362	brosna	caoimhthreálbhaibh		de ch.
brugh, t. g.	brogha	1191; faoi bhrugaibh	threalaímh bhreáthá	476	de
387			caoin	111	leigheas
brughaidh	1457		caoin,	ba ch.	cumann 888 ba bhreá
buabhall	1296		caoinghin,	an ch.	1315 naí caoin
buachallacht	1666		caomh	1460	duine caomh
buadh,	go mbuaidh	1039 le bua	caomh comharthach	1644	duine breá
buadha,	trí b.	903 bua, mianach	caomh,	an ch.	1120 an bhean shéimh
buain	1677	baint	caomh,	an ch.	1344
buain-neart	242		caomhchláir	437	críoch chaomh
buainchríonnacht	326	ciall sheasta	caomhchlann	216	
buaineascar,	gan bh.	806 síoraí gan athrú	caomhchonáigh	1121	dea-rath, dea-thoradh
buanhbladh	1064	cáil bhuan	caomhlus	28	an drualus
buamholta	1077		caomhshláig	1696	
búidh	1310	breá	caomhthach,	caoimhthioch,	caomhthoigh
búidh	450	séimh, suaimhneach	(iol.)	146, 201, 1041	leathbhádóir, céile
búidh	597	míntláith	caomhuaimthe	488	mínuamtha
cadad	488	díshéimhiú consan	caorshluagh,	ríoghraíd	... chaorshláig
		comhghaolmhar	1514		
cádhais	1676	áin	cathaigh,	nár ch.	1386 nár throid
cádhais	706	oineach,	cathbhéim	1198	cathréim
cáidhe,	gan ch.	1100 gan on, gan ainimh	cathchalma	436	
caidridh,	gan ch.	361 aontumhach,	cathiarsma	1683	dream inste scéil
díomhaoin			céadghuine	278	céadghortú
cailg	48	cealg	céadna	1317	an chéad duine
cailg	876	cailleadh, peaca	ceannsaidhe	1372	ceansa
cailg	919, 968, 992	fealltach	ceap an chuire	283	ceann feadhna
caingle	1516	ceangal, nasc	cear,	ó ch.	455 ó fuair bás
cainnsior,	ar ch.	764 ailse	cearchaill,	c.	teagaisc 120 ceannadhait
cairt	7	reachtú	teagaisc,	nó crann	taca
caithrigh,	do ch	1289 shocraigh	ceártrath,	i	gc. 353 faoi rath ceart
calg	983		ceas	1510	eagla

